Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0424(COD)**

**15096/1/21**
**REV 1**

**ENER 561**
**ENV 1013**
**CLIMA 456**
**IND 388**
**RECH 568**
**COMPET 915**
**ECOFIN 1257**
**CODEC 1662**
**IA 209**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 804 final/2 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus hidrigine (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 804 final/2.

---

Faoi iamh: COM(2021) 804 final/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.11.2022
COM(2021) 804 final/2

2021/0424 (COD)

CEARTÚCHÁN

Leis an doiciméad seo ceartaítear an doiciméad COM (2021) 804 final an 15.12.2021

Baineann sé seo le gach leagan teanga.

Léifear an téacs mar a leanas:

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus hidrigine**
**(athmhúnlú)**

{SEC(2021) 431} - {SWD(2021) 455} - {SWD(2021) 456} - {SWD(2021) 457} - {SWD(2021) 458}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

1.1 Réamhrá

Tá sprioc uaillmhianach leagtar síos ag an Aontas Eorpach, is é sin bheith ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach faoi 2050. Chun é sin a bhaint amach, d'aontaigh na Ballstáit agus Parlaimint na hEorpa, sa Dlí Aeráide Eorpach, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55% ar a laghad faoi 2030. D'fhonn na spriocanna sin a bhaint amach agus, ag an am céanna, d'fhonn cuidiú le hiomaíochas, le fás agus le poist, is gá athrú córasach a dhéanamh ar an gcóras fuinnimh: Ní mór laghdú ar úsáid breoslaí iontaise – lena n-áirítear gás iontaise – agus cur leis na foinsí in-athnuaite. Dá bhrí sin, ní mór tosú láithreach agus an dearadh a dhéanamh i gcomhair aistriú uaillmhianach, in earnáil an gháis, i dtreo gáis ísealcharbóin agus gáis in-athnuaite.

Faoi láthair, is gás iontaise atá in 95 %, nó faoin tuairim sin, de na breoslaí gásacha a thomhlaítear san Aontas Eorpach. Breoslaí gásacha atá in 22 %, nó faoin tuairim sin, de thomhaltas fuinnimh iomlán an Aontais Eorpaigh faoi láthair (ar a n-áirítear 20 %, nó faoin tuairim sin, den táirgeadh leictreachais san Aontas agus 39 % den táirgeadh teasa). De réir na gcásanna ábhartha a úsáideadh sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an an bPlean um Sprioc Aeráide, is é 20 % an sciar de thomhaltas iomlán fuinnimh AE in 2050 a gheofar as breoslaí gásacha. Beidh na breoslaí gásacha ina gcuid thábhachtach den mheascán fuinnimh faoi 2050, rud a fhágann gur gá an earnáil gháis a dhícharbónú trí dhearadh réamhbhreathnaitheach le haghaidh margaí gáis dícharbónaithe iomaíocha. D'ainneoin a laghad díobh atá i meascán fuinnimh an Aontais faoi láthair, is é mar a bheadh faoi 2020 gur as bithghás, as bithmheatán, as hidrigin in-athnuaite agus hidrigin ísealcharbóin, agus as meatán sintéiseach – is gáis in-athnuaite nó gáis ísealcharbóin iad sin uile – a gheofaí dhá dtrian de na breoslaí gásacha sa mheascán fuinnimh agus gur as gás iontaise GSÚC (gabháil, stóráil agus úsáid carbóin) a gheofaí an chuid eile. Tá an tionscnamh seo ina chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55'. Cuimsíonn sé an dearadh margaidh le haghaidh gáis, lena n-áirítear an hidrigin. Cuirfidh sé deireadh leis na bacainní rialála atá ann cheana agus réiteoidh sé an bealach chun sin a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach. Is cuid thábhachtach é seo den aistriú chuig córas fuinnimh comhtháite lena n-íoslaghdófar costais an aistrithe i dtreo na haeráidneodrachta, go háirithe an costas ar thomhaltóirí, agus cuirfidh sé deiseanna nua ar fáil dóibh chun a mbillí fuinnimh a laghdú agus chun rannpháirtíocht ghníomhach a bheith acu sa mhargadh.

Meastar go n-úsáidfear an hidrigin go príomha sna limistéir nach indéanta dul leis an leictriú iontu, lena n-áirítear tionscal dianfhuinnimh an lae inniu (e.g. scaglanna, leasacháin, déanamh cruach) agus earnálacha iompair tromshaothair áirithe (an t-iompar muirí, an eitlíocht, feithiclí troma fad-achair). Is gá bonneagar tiomnaithe hidrigine a fhorbairt chun poitéinseal iomlán na hidrigine a bhaint amach sna feidhmeanna úsáide deiridh sonracha sin. Is é is cuspóir do chur chun cinn an gháis in-athnuaite agus an gháis ísealcharbóin, ná na hearnálacha sin a dhícharbónú, solúbthacht an chórais leictreachais a mhéadú a bhuí le teicneolaíochtaí 'Cumhacht a thiontú go X', slándáil an tsoláthair a neartú tríd an spleáchas ar allmhairí gáis nádúrtha a laghdú agus trína chinntiú go mbeifear in ann leictreachas a stóráil (agus a tháirgeadh). Fágann sin go mbeifear in ann earnálacha éagsúla den gheilleagar a nascadh le chéile, i gcomhar le cineálacha eile stórála agus solúbthachta – le ceallraí agus freagairt don éileamh, mar shampla. Ar an gcaoi chéanna, tacóidh sé sin leis an bhféintáirgeadh agus le húsáid chliste an tsoláthair fuinnimh dháilte agus is mó an chumhacht a bheidh ag tomhaltóirí

dá bharr. Is gá faisnéis shoiléir agus rochtain éasca uirthi a bheith ag na tomhaltóirí, chun cabhrú leo a gcuid patrún tomhaltais fuinnimh a athrú agus chun athrú chuig réitigh in-athnuaite agus chuig réitigh ísealcharbóin, ar aon dul leis an méid is féidir leo a dhéanamh sa mhargadh leictreachais.

Cé go bhfuiltear ag díriú ar an méid is mó is féidir de hidrigin in-athnuaite a bheith ar fáil ó 2030 ar aghaidh, d'fhéadfadh ról a bheith ag cineálacha eile gás ísealcharbóin, go háirithe hidrigin ísealcharbóin, sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, go príomha chun astaíochtaí ó tháirgeadh hidrigine atá ann cheana a laghdú go tapa agus chun tacú le cur in úsáid na hidrigine in-athnuaite, le linn an téarma sin agus sa todhchaí. I gcomhréir le straitéis hidrigine an Aontais Eorpaigh, ba cheart go sroichfeadh táirgeadh na hidrigine in-athnuaite san Aontas 1 mhilliún tona faoi 2024 agus suas le 10 milliún tona faoi 2030. Ón am sin ar aghaidh, ba cheart an hidrigin in-athnuaite a chur in úsáid ar mhórscála agus í a chur in ionad na hidrigine ísealcharbóin.

Chun forbairt éifeachtúil agus inbhuanaithe a dhéanamh ar gháis in-athnuaite agus ar gháis ísealcharbóin, agus ar an margadh hidrigine, freisin, is gá creat an mhargaidh a oiriúnú. Is amhlaidh atá toisc go mbíonn bacainní rialála roimh earnálacha na ngás in-athnuaite agus na ngás ísealcharbóin sa lá atá inniu ann maidir le rochtain ar an margadh agus ar eangach, bacainní a fhágann faoi mhíbhuntáiste iad i gcomparáid le hearnáil an gháis nádúrtha. Thairis sin, ionas go mbunófar margadh gáis dhícharbónaithe agus go gcuirfidh sé leis an aistriú fuinnimh, tá gá le córas fuinnimh comhtháite ina mbeidh sciar i bhfad níos airde d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, agus ina mbeidh rannpháirtíocht ghníomhach ag na tomhaltóirí i margaí iomaíocha. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin ar chumas na dtomhaltóirí tairbhe a bhaint as praghsanna inacmhainne, as dea-chaighdeáin seirbhíse, agus as fíor-rogha tairiscintí atá ag teacht le forbairtí teicneolaíocha.

Is dócha go n-úsáidfear cineálacha éagsúla gás in-athnuaite agus gás íseal-charbóin ag an am céanna agus meastar go bhforbróidh siad ar luas difriúil ar fud an Aontais Eorpaigh:

- comhlánóidh bonneagar hidriginbhunaithe an gréasán gáis nádúrtha de réir a chéile;
- bonneagar gáis ina gcuirfear foinsí meatáin eile in ionad gáis iontaise de réir a chéile.

Ina theannta sin, chuir imeachtaí maidir le praghsanna fuinnimh a mhéadú i gcuimhne dúinn go bhfuil athléimneacht chóras fuinnimh na hEorpa ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile ós rud é go ndéantar fuinneamh in-athnuaite níos díláraithe a chomhtháthú le córas fuinnimh an Aontais agus go gcuirtear deireadh de réir a chéile le breoslaí iontaise. Ní mór na socruithe maidir le slándáil an tsoláthair agus maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an gháis a bheith oiriúnach don aistriú chuig fuinneamh glan. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le dul i ngleic le praghsanna fuinnimh atá ag ardú (Bosca uirlisí gníomhaíochta agus tacaíochta)[1], leagtar béim ar an idirghníomhú idir slándáil an tsoláthair, an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainneachtaí stórála agus luaineacht praghsanna fuinnimh.

1.2 Cuspóirí an togra

Féachann an tionscnamh seo le dul i bhfód an gháis in-athnuaite agus an gháis ísealcharbóin sa chóras fuinnimh a éascú, rud lena gcumasófar an t-aistriú ó ghás nádúrtha agus chun go mbeidh na gáis nua sin in ann an ról is gá a imirt i ndáil le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais do 2050 a bhaint amach.

Sa chomhthéacs sin, tugann sé aghaidh ar na réimsí seo a leanas:

[1] COM(2021) 660 final.

**Leibhéal íseal rannpháirtíochta agus cosanta i margadh miondíola an gháis ghlais.** Le rialacha an mhargaidh mhiondíola, ba cheart é a chur ar chumas custaiméirí roghanna in-athnuaite agus roghanna ísealcharbóin a dhéanamh ionas go mbeidh ról iomlán ag gáis nua san aistriú fuinnimh. Ní hamhlaidh atá faoi láthair. Ina theannta sin, ní ann do chóras coiteann téarmaíochta ná deimhnithe san Aontas le haghaidh breoslaí agus gáis ísealcharbóin. Ina theannta sin, is léiriú iad na margaí gáis miondíola ar chomhdhlúthacht an mhargaidh agus ar leibhéil ísle iontrála agus nuálaíochta nua. Cuireann sé sin cosc ar chustaiméirí tairbhe a bhaint as an iomaíocht trí roghanna ísealcharbóin a dhéanamh.

Chun go mbeidh siad in ann roghanna fuinnimh inbhuanaithe a dhéanamh, tá faisnéis leordhóthanach ag teastáil ó chustaiméirí maidir lena dtomhaltas fuinnimh agus leis an tionscnamh fuinnimh, chomh maith le huirlisí éifeachtúla chun páirt a ghlacadh sa mhargadh. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun custaiméirí leochaileacha agus custaiméirí atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh a chosaint. Níor cheart an margadh gáis dícharbónaithe a fhorbairt gan iad a bheith in ann tairbhe iomlán a bhaint as agus gan aghaidh a thabhairt ar riachtanais gach glúine, idir óg agus aosta.

**Bonneagar hidrigine agus margaí hidrigine.** Leis an gcreat rialála d'iompróirí fuinnimh ghásaigh atá ann faoi láthair, ní thugtar aghaidh ar úsáid hidrigine mar iompróir fuinnimh neamhspleách trí ghréasáin thiomnaithe hidrigine. Níl aon rialacha ar leibhéal an Aontais maidir le hinfheistíochtaí bunaithe ar tharaifí i ngréasáin, ná maidir le húinéireacht agus oibriú gréasán tiomnaithe hidrigine. Ina theannta sin, níl aon rialacha comhchuibhithe ann maidir le cáilíocht hidrigine (íne). Dá bhrí sin, tá bacainní ann maidir le bonneagar hidrigine trasteorann agus margadh iomaíoch hidrigine a fhorbairt a bheadh éifeachtach ó thaobh costais de, ar réamhriachtanas iad chun glacadh le táirgeadh agus tomhaltas hidrigine. Is é is aidhm don togra seo aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin. Tá togra ann maidir le córas téarmaíochta agus deimhniú hidrigine ísealcharbóin agus breoslaí ísealcharbóin.

**Gáis in-athnuaite agus gáis ísealcharbóin sa bhonneagar agus sna margaí gáis atá ann cheana, agus slándáil fuinnimh.** Sa lá atá inniu ann, is sciar beag de mheascán fuinnimh an Aontais Eorpaigh atá ina ghás inathnuaite nó ina ghás ísealcharbóin. Is réamhriachtanas é leas a bhaint as an rochtain a d'fhéadfadh a bheith acu ar mhargadh mórdhíola an gháis, i.e. na pointí trádála fíorúla. Má chuirtear deireadh leis na costais a bhaineann le trádáil trasteorann na ngás sin agus má éascaítear nascadh na saoráidí táirgthe, cuirfear feabhas ar an gcás gnó freisin. Féadfaidh difríochtaí i bparaiméadair cháilíochta gáis agus sa toirt hidrigine atá cumaiscthe sa chóras gáis nádúrtha difear a dhéanamh do dhearadh bonneagair gáis, feidhmchláir úsáide deiridh agus idir-inoibríocht córais trasteorann, agus tá baol ann go ndéanfar an margadh inmheánach a ilroinnt. Mar sin féin, níl na rialacha reatha maidir le cáilíocht gáis oiriúnach chun déileáil le forbairtí a bheidh ann amach anseo. Maidir le gás nádúrtha leachtaithe ('GNL'), trí aghaidh a thabhairt ar na bacainní iarmharacha maidir le rochtain ar chríochfoirt GNL, d'fhéadfaí an bealach a réiteach chun gáis in-athnuaite agus gáis ísealcharbóin a allmhairiú ón gcoigríoch chun tacú le dícharbónú mhargadh gáis an Aontais. Ar deireadh, tá gá le socruithe iomchuí maidir le slándáil an tsoláthair chun athléimneacht a chaomhnú agus a neartú san aistriú.

**Pleanáil ghréasáin.** Mar a leagtar amach i Straitéis an Choimisiúin maidir le Comhtháthú Córas Fuinnimh, is réamhriachtanas é pleanáil agus oibriú comhordaithe chóras fuinnimh an Aontais ina iomláine, ar fud iliomad iompróirí, bonneagar agus earnálacha tomhaltais fuinnimh chun cuspóirí aeráide 2050 a bhaint amach. Tá na scéimeanna agus na cleachtais pleanála gréasáin atá ann faoi láthair easnamhach ós rud é go bhfuil neamhréireachtaí idir an plean forbartha gréasáin deich mbliana uile-AE ('PFG10B') agus pleananna forbartha gréasáin ('PFG') náisiúnta. Le nasc níos fearr idir PFG10B agus PFG, d'fhéadfaí malartú trasnáisiúnta faisnéise maidir le húsáid na gcóras tarchurtha a dhéanamh.

**Slándáil an tsoláthair agus na stórála**. Mar fhreagairt ar na méaduithe suntasacha uile-AE a tháinig ar phraghsanna fuinnimh i bhfómhar na bliana 2021, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún bearta meántéarmacha agus fadtéarmacha lena gcuirfí le hathléimneacht chóras fuinnimh an Aontais a mheas go pras, lena n-áirítear bearta lena bhfeabhsófar slándáil an tsoláthair. Chun rannchuidiú le freagairt thráthúil ar an ngéarchéim seo agus le géarchéim nua a d'fhéadfadh a bheith ann ar leibhéal an Aontais, áirítear sa togra seo bearta sonracha chun feabhas a chur ar chomhar agus ar athléimneacht, go háirithe chun a áirithiú go mbeidh na socruithe stórála níos éifeachtaí agus níos comhordaithe agus chun socruithe maidir le dlúthpháirtíocht oibríochtúil a áirithiú. Tá na bearta dírithe ar athléimneacht chóras fuinnimh an Aontais a atreisiú in aghaidh turraingí amach anseo ar bhealach tráthúil. Cumhdaítear leo bearta sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2017/1938 maidir le slándáil an tsoláthair gáis. D'fhonn freagairt chomhleanúnach a áirithiú, tá na bearta maidir le slándáil an tsoláthair ina gcuid den togra reachtach seo agus ní mholtar iad mar thogra reachtach ar leithligh. Mar a léirítear sa Teachtaireacht maidir le praghsanna fuinnimh an 13 Deireadh Fómhair 2021 dar teideal 'Ag dul i ngleic le praghsanna fuinnimh atá ag dul in airde: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta agus tacaíochta', is fíorthábhachtach slándáil an tsoláthair a chomhordú thar theorainneacha chun go mbeidh athléimneacht ann in aghaidh turraingí amach anseo.

Leis na bearta atá beartaithe ceanglaítear ar na Ballstáit stóráil a dhéanamh go sainráite mar chuid dá measúnuithe ar rioscaí maidir le slándáil an tsoláthair, ar an leibhéal réigiúnach, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le rialú ar stóráil ag eintitis ó thríú tíortha. Ba cheart do na Ballstáit bearta stórála trí chomhar réigiúnach a mheas i gcás rioscaí nach dtugtar aghaidh orthu. Sainítear sa togra coinníollacha cumasúcháin maidir le soláthar comhpháirteach deonach stoc straitéiseach gáis a bheidh le húsáid i gcás éigeandála. Tugtar bearta isteach freisin chun feabhas a chur ar thrédhearcacht agus rochtain ar stóráil, chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí cibearshlándála gáis agus chun socruithe déthaobhacha dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit a éascú i gcás géarchéime. Molann an Coimisiún do na Ballstáit leanúint ar aghaidh leis na socruithe dlúthpháirtíochta gan fanacht ionas go bhfaighidh teaghlaigh an gás atá de dhíth orthu fiú le linn géarchéime tromchúisí.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an tionscnamh beartaithe nasctha go láidir agus comhlántach leis na tograí reachtacha a tugadh chun cinn i gcomhthéacs an Phacáiste 'Oiriúnach do 55' chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme, lena n-áirítear:

**An Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite ('RED II'),** arb í an phríomhionstraim de chuid an Aontais í lena ndéileáiltear le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn. Is aidhm di dlús a chur le dul i bhfód an fhuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear gáis in-athnuaite sa chóras fuinnimh. Leis an leasú atá beartaithe, déantar sprioc na bhfoinsí in-athnuaite i meascán fuinnimh an Aontais a mhéadú go 40 % agus cuireann sé chun cinn glacadh na mbreoslaí in-athnuaite, amhail hidrigin in-athnuaite sa tionscal agus san iompar, le spriocanna breise. I ndáil leis an tionscnamh seo, in RED II sainítear hidrigin in-athnuaite mar 'breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch' agus 'breoslaí bithmhaise' lena mbaintear amach laghdú 70 % ub astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le breoslaí iontaise lena socraítear fospriocanna sonracha maidir le tomhailt hidrigine in-athnuaite (50 % de thomhaltas iomlán hidrigine chun críoch fuinnimh agus amhábhair san earnáil tionsclaíochta faoi 2030 agus 2.6 % den fhuinneamh a sholáthraítear don earnáil iompair).

**Déanann an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ('EED') agus an Treoir ghaolmhar maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh ('an Treoir maidir le FFF')** lena n-áirítear na tograí i ndáil lena leasú, idirghníomhaíonn siad leis an tionscnamh atá ann

faoi láthair toisc go ndéanann siad difear do leibhéal agus do struchtúr an éilimh ar ghás. Is féidir le bearta éifeachtúlachta fuinnimh an bhochtaineacht fuinnimh a mhaolú agus leochaileacht tomhaltóirí a laghdú. Ós rud é go bhfuil breoslaí gásacha i gceannas ar an soláthar téimh agus fuaraithe agus ar na gléasraí comhghiniúna san Eoraip i láthair na huaire, fanann a n-úsáid éifeachtúil i gcroílár na mbeart éifeachtúlachta fuinnimh. Tá an Treoir maidir le Gás agus an Rialachán maidir le Gás comhleanúnach le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh: Le margadh atá oscailte agus iomaíoch lena ngabhann praghsanna lena léirítear costais táirgthe, costais charbóin, agus costais agus tairbhí seachtracha na n-iompróirí fuinnimh, chuirfí hidrigin ghlan shábháilte ar fáil go héifeachtúil do na húsáideoirí deiridh is mó a bhfuil meas acu uirthi.

Is é is aidhm do Rialachán GTE-F, mar a mhol an Coimisiún i mí na Nollag 2020, tacaíocht níos fearr a thabhairt do nuachóiriú bhonneagar fuinnimh trasteorann na hEorpa don Chomhaontú Glas don Eoraip. Tugtar isteach leis bonneagar hidrigine mar chatagóir nua bonneagair don Líonra Eorpach um Fhorbairt. Is comhlánú é an tionscnamh seo ar Rialachán GTE-F atá beartaithe toisc go ndírítear leis ar ailíniú na bpleananna náisiúnta leis na ceanglais maidir leis an bplean forbartha gréasáin deich mbliana uile-AE.

Mar a fógraíodh i straitéis an Aontais Eorpaigh chun astaíochtaí meatáin a laghdú, molfaidh an Coimisiún **reachtaíocht chun astaíochtaí meatáin a laghdú in earnáil an fhuinnimh.** Leis an tionscnamh, féachfar le feabhas a chur ar an bhfaisnéis faoi na hastaíochtaí meatáin uile a bhaineann le fuinneamh. Is comhlánú é an tionscnamh atá ann faoi láthair toisc go bhféachann sé le dul i bhfód an gháis in-athnuaite agus an gháis ísealcharbóin a éascú, rud a chumasaíonn an t-aistriú ó ghás nádúrtha.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

**Leis an Scéim Trádála Astaíochtaí ('CTA')** méadaítear an praghas atá ar úsáid breoslaí iontaise i gcoibhneas le gáis in-athnuaite agus le gais ísealcharbóin agus, ar an gcaoi sin, cothaítear léi an t-éileamh ar gháis den sórt sin agus ar infheistíochtaí i dteicneolaíocht táirgthe ghaolmhar. Mhol an Coimisiún láidriú, lena n-áirítear treisithe sna hearnálacha eitlíochta, muirí, earnáil an iompair de bhóthar, agus an earnáil tógála, chomh maith le síntí leo. Faoin Scéim seo , áirítear gach saoráid táirgthe hidrigine, chomh maith le leictreoirí a bhfuil cumas táirgeachta acu is mó ná 25 thona in aghaidh an lae. Tá an Ciste Nuálaíochta, a bunaíodh leis an Treoir maidir le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE) don tréimhse 2021 go 2030, ar cheann de na hionstraimí cistiúcháin lena dtacaítear leis an aistriú chuig Eoraip a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. Tá an Ciste Nuálaíochta, a bunaíodh leis an Treoir maidir le CTA AE don tréimhse 2021 go 2030, ar cheann de na hionstraimí cistiúcháin lena dtacaítear leis an aistriú chuig Eoraip a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050.

**Le hathbhreithniú ar  an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh**, beartaítear go ndéanfaí an cánachas ar tháirgí fuinnimh a ailíniú le beartais fuinnimh agus aeráide an Aontais, ailíniú lena gcuirfear na teicneolaíochtaí glana chun cinn agus lena gcuirfear deireadh le díolúintí atá as dáta agus le rátaí laghdaithe a spreagann úsáid na mbreoslaí iontaise faoi láthair. Faoin Treoir athbhreithnithe, déantar na táirgí a chumhdaítear faoin Treoir a ghrúpáil agus a rangú de réir na feidhmíochta comhshaoil atá iontu. Dá réir sin, leagtar síos leis an athbhreithniú íosleibhéil fhabhracha cánachais de EUR 0.15/GJ (i gcomparáid le EUR 10.75/GJ le haghaidh breoslaí iontaise) le haghaidh breoslaí hidrigine in-athnuaite agus breoslaí hidrigine ísealcharbóin a úsáidtear mar bhreoslaí mótair. Maidir le breoslaí hidrigine in-athnuaite agus breoslaí hidrigine ísealcharbóin a úsáidtear mar bhreoslaí téimh, socraítear leis íosleibhéil cánachais de EUR 0.15/GJ (i gcomparáid le le EUR 0.6/GJ le haghaidh gás nádúrtha).

**An Rialachán athbhreithnithe maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha ('AFIR')**, lena n-aisghairfear Treoir 2014/94/AE maidir le himscaradh bonneagar breoslaí malartacha (AFID), mar a mhol an Coimisiún i mí Iúil 2021, is é is aidhm dó dul i ngleic leis an méadú ar astaíochtaí in iompar de bhóthar chun tacú leis an aistriú chuig flít gluaisteán atá nach mór saor ó astaíochtaí faoi 2050. Leis an Rialachán, ceanglaítear ar na Ballstáit a ngréasán bonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe a leathnú i gcomhréir le díolacháin na gcarranna astaíochtaí nialasacha, agus pointí luchtaithe agus breoslaithe a shuiteáil ionas go dtiocfar orthu go rialta ar mhórbhealaí móra. Leis an athbhreithniú maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha, ceanglaítear go mbeidh stáisiún athbhreoslaithe amháin (toilleadh íosta 2 t/la, 700 bar) gach 150 km trasna lárghréasán GTE-F agus i ngach nód uirbeach faoi 2030; ba é an toradh a bheadh air sin thart ar 700 pointe athbhreoslaithe hidrigine trasna nóid iompair, agus 88 pointe athbhreoslaithe hidrigine i nóid uirbeacha.

Is é is aidhm don **Leasú ar an Rialachán lena socraítear caighdeáin astaíochtaí CO2 do ghluaisteáin agus do veaineanna** bealach soiléir a áirithiú i dtreo iompar astaíochtaí nialasacha ó 2025 ar aghaidh. Sainmhínítear go háirithe leis an rialachán feithiclí astaíochtaí nialasacha mar fheithiclí ceallra-leictreacha, feithiclí breosla-chille agus feithiclí eile faoi thiomáint hidrigine, agus socraítear leis sprioc astaíochtaí atá nach mór neodracha ó thaobh an fhuinnimh de le haghaidh flíteanna feithiclí nua faoi 2030.

Is é is aidhm don **togra maidir leis an tionscnamh 'FuelEU Maritime'** an scair de bhreoslaí malartacha ísealcharbóin agus saor ó charbón a mhéadú sa mheascán breosla maidir le hiompar muirí idirnáisiúnta, lena n-áirítear na breoslaí malartacha seo a leanas: bithbhreoslaí leachtacha, leacht toitín leictreonach, gás dícharbónaithe (lena n-áirítear bithmheatán leachtaithe agus leictreaghás), hidrigin dhícharbónaithe agus breoslaí dícharbónaithe hidrigin-dhíorthaithe (lena n-áirítear meatán agus amóinia). Leis an mbéim ar bhreoslaí agus ar theicneolaíochtaí cumhachta, ba cheart laghduithe suntasacha agus tapa ar astaíochtaí a chumasú, agus na teicneolaíochtaí agus an bonneagar atá ann cheana á n-úsáid go hiomlán mar aon leis na dreasachtaí dá bhforáiltear le bearta eile atá le moladh. Ina theannta sin déanfaidh sé sainiú na mbealaí dícharbónúcháin le haghaidh na braisle muirí iomláine a éascú.

**Tá an togra maidir leis an Tionscnamh REFuelEU Aviation** neamhshaothraithe go mór, ar togra é a bhfuil sé ina sprioc aige acmhainneacht breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a chur chun cinn chun lorg gáis ceaptha teasa na heitlíochta a laghdú. Chun laghdú suntasach a dhéanamh ar a cuid astaíochtaí, beidh ar earnáil na heitlíochta an spleáchas atá aici faoi láthair ar bhreosla scairde iontaise a laghdú agus a bheith ag brath níos mó agus níos mó ar úsáid breoslaí eitlíochta inbhuanaithe (SAFanna) sna blianta amach romhainn. Sa togra, leagtar amach sciar íosta 0.7 % de 'bhreoslaí eitlíochta sintéiseacha' sna breoslaí eitlíochta a sholáthraítear d'oibreoirí aerárthaí i gcás inar breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch iad 'breoslaí eitlíochta sintéiseacha', mar a shainmhínítear sa treoir maidir le fuinneamh in-athnuaite.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Ní féidir cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta. Leis na bearta atá beartaithe sa tionscnamh seo, féachtar leis na ceithre chuspóir a leagtar amach in Airteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a chur chun cinn agus, ag an am céanna, rannchuidiú le dícharbónú gheilleagar an Aontais Eorpaigh. Glacfar na bearta atá beartaithe ar bhonn Airteagal 194(2) CFAE in éineacht le hAirteagal 114(1) CFAE. I réimse an fhuinnimh, tá inniúlacht chomhroinnte ag an Aontas Eorpach de bhun Airteagal 4(2)(i) CFAE.

Cuireann an togra reatha freisin le tacar cuimsitheach de ghníomhartha reachtacha a glacadh agus a nuashonraíodh le fiche bliain anuas. I dtaca le margadh inmheánach fuinnimh a bhaint amach, tá an tAontas Eorpach tar éis trí phacáiste reachtacha a ghlacadh i ndiaidh a chéile idir 1996 agus 2019, agus é d'aidhm uileghabhálach acu na margaí a chomhtháthú agus na margaí náisiúnta leictreachais agus gáis a léirscaoileadh. Cuimsítear réimse leathan gnéithe sna forálacha seo lena n-áirítear rochtain ar an margadh, trédhearcacht, cearta tomhaltóirí, méadú ar leachtacht na margaí gáis agus neamhspleáchas na n-údarás rialála.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Faoi láthair, níl aon rialacha ar leibhéal an Aontais Eorpaigh lena rialaítear gréasáin ná margaí tiomnaithe hidrigine agus hidrigin ísealcharbóin agus breoslaí ísealcharbóin. I bhfianaise na n-iarrachtaí reatha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun úsáid na hidrigine in-athnuaite a chur chun cinn in ionad breoslaí iontaise, thabharfaí dreasachtaí do na Ballstáit chun rialacha a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta maidir le hiompar hidrigine trí bhonneagar tiomnaithe. Fágann sé sin go bhfuil an baol ann go mbeidh creat rialála ilroinnte ann ar fud an Aontais, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar chomhtháthú na ngréasán agus na margaí náisiúnta hidrigine, rud a chuirfeadh cosc nó bac ar thrádáil trasteorann sa hidrigin.

Dá ndéanfaí na rialacha maidir le bonneagar hidrigine a chomhchuibhiú ag céim níos faide anonn (i.e. tar éis reachtaíocht náisiúnta a bheith curtha i bhfeidhm) bheadh ualaí riaracháin méadaithe ar na Ballstáit agus bheadh costais agus éiginnteacht rialála níos airde ann do chuideachtaí, go háirithe i gcás ina bhfuil infheistíochtaí fadtéarmacha i dtáirgeadh hidrigine agus i mbonneagar iompair i gceist.

Ach creat rialála a fhorbairt ar leibhéal an Aontais le haghaidh gréasáin agus margaí tiomnaithe le haghaidh na hidrigine, chothófaí comhtháthú agus idirnascadh na margaí agus na ngréasán náisiúnta hidrigine. Le rialacha ar leibhéal an Aontais maidir le pleanáil, maoiniú agus oibriú na ngréasán tiomnaithe hidrigine sin, chruthófaí intuarthacht fhadtéarmach d'infheisteoirí féideartha sa chineál sin bonneagair fhadtéarmaigh, go háirithe le haghaidh idirnaisc trasteorann (ach ab ea na rialacha sin, d'fhéadfadh siad a bheith faoi réir dlíthe náisiúnta éagsúla a d'fhéadfadh a bheith éagsúil lena chéile).

Maidir le bithmheatán, gan tionscnamh ar leibhéal an Aontais, is dócha go mbeadh éagsúlacht rialála fós ann faoi 2030 maidir le rochtain ar mhargaí mórdhíola, na hoibleagáidí maidir le nascthacht agus bearta comhordaithe oibreoirí córais tarchurtha (TSO) agus oibreoirí córais tarchurtha (OCD). Ar an gcaoi chéanna, gan comhchuibhiú áirithe ar leibhéal an Aontais, beidh costais a bhaineann le naisc agus instealladh an-éagsúil ar tháirgeoirí gás in-athnuaite agus gás ísealcharbóin ar fud an Aontais, rud a fhágfaidh nach mbeidh cothrom iomaíochta ann.

Gan tuilleadh reachtaíochta ar leibhéal an Aontais, leanfadh na Ballstáit de chaighdeáin éagsúla maidir le cáilíocht an gháis agus rialacha éagsúla maidir le leibhéil chumaisc hidrigine a chur i bhfeidhm, agus dá bharr sin bheadh baol ann maidir le srianta ar an sreabhadh trasteorann agus deighilt an mhargaidh. Leanfadh caighdeán cáilíochta an an gháis de bheith á sainiú de réir pharaiméadair cháilíochta an gháis nádúrtha, rud a chuirfeadh teorann le comhtháthú na ngás in-athnuaite sa ghréasán

Is dócha go laghdóidh na gnéithe sin uile an trádáil trasteorann sna gáis in-athnuaite agus sna gáis ísealcharbóin, rud a d'fhéadfaí a chúiteamh le hallmhairí gáis nádúrtha níos mó. D'fhéadfadh sé go leanfadh úsáid na gcríochfort GNL agus na n-allmhairí de bheith srianta do ghás nádúrtha, ina ainneoin sin, ní bheadh gá le críochfoirt GNL a oiriúnú i gcás ina bhfuil bithmheatán nó meatán sintéiseach ar fáil go hiomaíoch ó fhoinsí nach foinsí de chuid an Aontais iad.

Ní bheidh gá le pleanáil gréasáin náisiúnach a fhorbairt ach sna Ballstáit ina n-oibríonn Oibreoirí Tarchurtha Neamhspleácha agus Oibreoirí Córais Neamhspleácha. D'ainneoin go bhfuil plean náisiúnach gáis aonair ag formhór na mBallstát ina dtéann oibreoirí gáis i mbun comhair, tá teorainn leis an gcomhar trasteorann go fóill.

Tá sé léirithe go bhfuil ullmhú éigeandála comhordaithe an Aontais maidir leis an earnáil gáis faoi láthair níos éifeachtaí ná gníomhaíocht amháin ar an leibhéal náisiúnta.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an tionscnamh prionsabal na comhréireachta. Tagann sé faoi raon feidhme Airteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tá an idirghabháil beartais comhréireach le gné agus nádúr na bhfadhbanna a sainaithníodh agus le gnóthú na gcuspóirí a leagadh amach.

Ní théann an togra thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir ginearálta arb é is aidhm dó dícharbónú breoslaí gásacha ar bhealach iomaíoch a éascú, costais eacnamaíocha ar a laghad, agus slándáil fuinnimh a áirithiú agus tomhaltóirí a chur i gcroílár na margaí fuinnimh ag an am céanna. Meastar go bhfuil an tacar roghanna tosaíochta comhréireach agus go gcuireann siad, a mhéid is féidir, leis an gcur chuige atá ann cheana. An chothromaíocht idir oibleagáidí agus breithniú ar an acmhainneacht chun gníomhú i measc na mBallstát agus eintitis phríobháideacha, meastar go bhfuil sin iomchuí i bhfianaise a riachtanaí atá sé an aeráid neodracht a bhaint amach faoi 2050.

- **An rogha ionstraime**

Ag cur leis an meastóireacht fhoriomlán ar an gcreat rialála atá ann faoi láthair do mhargadh an gháis, is Treoir iad na hionstraimí a roghnaítear, chun Treoir 2009/73/CE a athmhúnlú, agus Rialachán chun Rialachán Uimh. 715/2009 a athmhúnlú. Má chinntear na gníomhartha atá ann cheana a athmhúnlú, cuirfear leis an tsoiléireacht dhlíthiúil. Bhí an baol ann nár leor gníomh leasaitheach chun aghaidh a thabhairt ar thacar leathan forálacha nua. Fágann na hionstraimí a roghnaíodh nach mór athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha atáthar tar éis a ghlacadh agus a chur chun feidhme cheana féin mar fhorbairt nádúrtha ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair, i bhfianaise na n-athruithe sin. Beidh gá le tuilleadh gníomhartha a leasú tríd an Rialachán maidir le Gás amhail: Rialachán SoS (AE) 2017/1938, Rialachán ACER (AE) 2019/942 agus Rialachán REMIT (AE) Uimh. 1227/2011.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Chuir teacht i bhfeidhm an Tríú Pacáiste Fuinnimh go dearfach le hiomaíocht agus le feidhmíocht na margaí inmheánacha fuinnimh. É sin ráite, díríonn an creat rialála reatha maidir le gás ar ghás nádúrtha iontaise-bhunaithe agus ní mheastar ann go dtiocfaidh roghanna malartacha le haghaidh gáis meatáin (lena n-áirítear gás nádúrtha agus bithmheatán) chun cinn, amhail hidrigin.

Tá gá le hathscrúdú maidir leis an gcreat rialála reatha maidir leis an margadh gáis agus fógraíodh é cheana sa Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an straitéis hidrigine le haghaidh Eoraip atá aeráidneodrach. Agus an acmhainneacht éagsúil i mBallstáit an Aontais maidir le táirgeadh hidrigine in-athnuaite agus hidrigine ísealcharbóin á cur san

áireamh, féadfaidh creat margaidh oiriúnach hidrigin a éascú chun an ról atá aici a imirt mar iompróir fuinnimh agus mar chumasóir do chomhtháthú an chórais fuinnimh.

Ar an mbonn sin, sainaithníodh ceithre phríomhthiomántóir faoi Réimse Fadhbanna I den Mheasúnú Tionchair: (i) mar thoradh ar dhícharbónú, tiocfaidh slabhra Eorpach luacha hidrigine chun cinn a bheidh ag brath ar mhargadh trasteorann hidrigine; (ii) cuireann easpa infheistíochtaí maidir le bonneagar hidrigine forbairt margaidh; (iii) is dócha go mbeidh bonneagar hidrigine ina mhonaplacht nádúrtha, arb é a bheidh mar thoradh air struchtúir margaidh neamhiomaíocha; (iv) féadfaidh rialacha éagsúla maidir le cáilíocht hidrigine bac a chur ar shreafaí trasteorann agus costais bhreise a thabhú.

Leis na rialacha gáis atá ann faoi láthair, lena ndírítear ar ghás nádúrtha iontaise-bhunaithe a allmhairítear go príomha ó thíortha lasmuigh den Aontas, ní thugtar aghaidh ar shaintréithe sonracha an táirgthe díláraithe maidir le gáis in-athnuaite agus gáis ísealcharbóin lasmuigh den Aontas. Thairis sin, déanann na toirteanna bithmheatáin, hidrigin agus GNL atá ag méadú difear don cháilíocht gáis agus do dhearadh an bhonneagair gáis agus feidhmeanna úsáide deiridh dá bhrí sin. Aithnítear sa Mheasúnú Tionchair, go háirithe, cúig phríomhspreagthóir a bhaineann leis an Réimse Fadhbanna sin: (i) rochtain shrianta ar an margadh agus ar an ngréasán do tháirgeoirí áitiúla bithmheatáin nasctha leis na gréasáin dáileacháin, éagsúlachtaí sna rialacha maidir leis an oibleagáid an gréasán i leith gáis in-athnuaite agus gáis ísealcharbóin a nascadh agus na costais a bhaineann leis an oibleagáid sin agus taraifí iontrála laistigh den Aontas agus ag imeacht ón Aontas, cuireann na nithe sin bac ar mhargadh gáis inmheánach a bhunú a bheadh comhtháite go hiomlán, leachtach agus idir-inoibritheach; (ii) féadfaidh difríochtaí i gcáilíocht an gháis agus sna leibhéil cumaiscthe hidrigine tionchar diúltach a imirt ar shreafaí trasteorann agus úsáideoirí deiridh, agus níl na rialacha maidir le cáilíocht gáis atá ann faoi láthair oiriúnach chun forbairtí amach anseo a láimhseáil; (iii) críochfoirt GNL atá feistithe chun gás nádúrtha a fháil go príomha, rochtain theoranta ar gháis nua i gcríochfoirt GNL; (iv) féadfaidh conarthaí soláthair fadtéarmacha maidir le gás nádúrtha gan staonadh gás nádúrtha a ghlasáil isteach agus soláthar gáis in-athnuaite i dtreo 2050 a bhac; (v) le comhshocruithe atá ann faoi láthair maidir le slándáil fuinnimh, ní thugtar aghaidh ach ar rioscaí a bhaineann le soláthar gáis nádúrtha agus ní thugtar aghaidh ar gháis in-athnuaite agus ar gháis ísealcharbóin.

Maidir le pleanáil ghréasáin, is gá don chomhar idir oibreoirí córais tarchurtha agus rialtóirí méadú a thuilleadh. Dul i bhfód méadaithe foinsí fuinnimh in-athnuaite inathraitheacha, fágann sin nach mór an córas fuinnimh iomlán comhtháite a bheith níos fearr agus nach mór an bonneagar a bheith níos idirnasctha, bunaithe ar chur chuige níos iomlánaíche agus níos comhtháite. Leis an Measúnú Tionchair léirítear trí phríomhspreagthóir maidir leis an Réimse Fadhbanna sin: (i) tá éagsúlacht sa phleanáil gréasáin idir na Ballstáit agus oibreoirí córais tarchurtha, pleanáil éagsúil maidir le leictreachas agus gás; (ii) níl trédhearcacht ar bith i leith acmhainneachta an bhonneagair atá ann faoi láthair maidir lena athmhúnlú nó lena dhíchoimisiúnú; (iii) ní chuirtear oibreoirí córais dáileacháin san áireamh go sonrach i bpleanáil oibreoirí córais tarchurtha. Thairis sin, chuirfeadh straitéis forbartha córais níos comhchuibhithe le tuilleadh idirnasc idir córais leictreachais agus córais gáis lena n-áirítear hidrigin.

Léiríodh sa mheasúnú gur gá iomaíocht a mhéadú chun a áirithiú go bhfaighidh tomhaltóirí an Aontais na sochair go léir a bhaineann le comhtháthú margaidh. Thairis sin, ceiltear na huirlisí tábhachtacha ar thomhaltóirí go fóill, is é sin na huirlisí a ligfeadh dóibh a bheith rannpháirteach sa mhargadh. Níl na forálacha um chosaint tomhaltóirí sa reachtaíocht anailísithe ach oiriúnach dá bhfeidhm go páirteach. Go háirithe, níl cothromaíocht maidir le cosaint do thomhaltóirí leochaileacha idir na Ballstáit agus tá bochtaineacht fuinnimh suntasach ar fud an Aontais go fóill. Ar aon dul leis sin, sainaithníodh trí chúis le fadhbanna i

Limistéar Fadhb IV: (i) acmhainneacht iomaíochta nár baineadh leas aisti i margaí miondíola; (ii) cumhachtú easpach tomhaltóirí maidir le hathrú a dhéanamh, uirlisí comparáide praghsanna, faisnéis bhilleála, pobail fuinnimh, agus rochtain ar shonraí; agus (iii) cosaint neamhleor tomhaltóirí go háirithe do dhaoine leochaileacha agus do dhaoine atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, rinne an Coimisiún comhairliúchán cuimsitheach ionchuimsitheach a bhí bunaithe ar straitéis comhairliúcháin a raibh réimse modhanna agus uirlisí comhairliúcháin mar chuid di. Bhí sé d'aidhm ag an straitéis sin a áirithiú gur gcuirfí an fhianaise ábhartha ar fad san áireamh, lena n-áirítear sonraí faoi chostais, faoi thionchar na sochaí, agus faoi thairbhí an tionscnaimh. Baineadh úsáid as roinnt uirlisí comhairliúcháin: comhairliúchán ar an measúnú tionchair tosaigh (Treochlár), comhairliúchán poiblí ar líne bunaithe ar cheistneoir, cur i láthair ón gCoimisiún agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an Fóram um Rialáil Gáis, plé leis na Ballstáit, le comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa agus le hÚdaráis Rialála Náisiúnta, agus plé le páirtithe leasmhara i gceardlann mhór le páirtithe leasmhara.

Fuair an Coimisiún 263 bhfreagra ar an gcomhairliúchán poiblí. Tríd is tríd, dhearbhaigh na freagróirí gur léir dóibh go bhfuil gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Gás agus ar an Rialachán maidir le Gás chun cuidiú na cuspóirí dícharbónúcháin a bhaint amach. Thairis sin, measann os cionn 60 % de na freagróirí go bhféadfadh na hathruithe teicneolaíochta agus rialála is gá chun an margadh gáis a dhícharbónú poist nua a chruthú faoi 2030.

**Maidir le bonneagar agus margaí hidrigine a fhorbairt**, tacaíonn formhór na bhfreagróirí le rialáil a thabhairt ag céim luath chun margadh agus bonneagar dea-fheidhmeach iomaíoch a chothú. Rinne freagróirí moladh go mbeadh creat reachtach de chuid an Aontais ann ina saineofaí príomhphrionsabail rialála agus ina nglacfaí cur chuige céimnithe. Tacaíonn tromlach mór le rochtain tríú páirtí, leis na rialacha i ndáil le rochtain ar phíblínte hidrigine, ar chríochfoirt allmhairithe agus ar stóráil, mar shampla, agus molann siad gníomhaíochtaí gréasáin a dhíchuachadh. Mheas an chuid is mó de na freagróirí go bhfuil sé tábhachtach ról na bpáirtithe príobháideacha i bhforbairt na hidrigine a shainiú go luath. Measann tromlach mór de na freagróirí freisin go bhféadtar gréasáin phríobháideacha atá an cheana nó a bheidh ann a dhíolmhú ó cheanglais rialála áirithe ach gur gá cóineasú maidir le creat rialála aonair a áirithiú. Measann formhór mór na bhfreagróirí gur cheart ceanglais maidir le cearta agus ceadú le haghaidh bonneagar hidrigine nua a bheith comhionann leis na cinn is infheidhme maidir le píblínte gáis meatáin inniu.

**Maidir leis an rochtain atá ag gáis in-athnuaite agus ag gáis ísealcharbóin ar an margadh gáis agus ar an mbonneagar gáis atá ann cheana a chur chun cinn**, aontaíonn na páirtithe leasmhara gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat rialála atá ann faoi láthair chun cuidiú le cuspóirí dícharbónúcháin a bhaint amach. Measann tromlach na ngeallsealbhóirí go bhfuil sé tábhachtach rochtain iomlán ar an margadh a áirithiú agus instealladh gás in-athnuaite agus ísealcharbóin isteach san eangach gáis a éascú. Molann roinnt freagróirí oibleagáid a chur ar oibreoirí gréasáin táirgeoirí gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin a nascadh agus laghdú ar mhuirear insteallta a thabhairt isteach. Tromlach na bhfreagróirí, tacaíonn siad chomh maith le feabhas a chur ar an gcreat trédhearcachta do chríochfoirt GNL. Tá tacaíocht láidir ann freisin do chur i bhfeidhm comhchuibhithe na gcaighdeán cáilíochta gáis ar fud na hEorpa, do chomhar trasteorann treisithe agus do bhreis trédhearcachta. Níl na freagróirí ar aonfhocal maidir le cumasc hidrigine, ach aontaíonn an tromlach go bhféadfadh sé a bheith ina chéadchéim éifeachtúil gasta, ina ainneoin na gcostas

ard teicniúil, i dtreo dhícharbónú an chórais fuinnimh. Níl ach roinnt bheag páirtithe leasmhara a thacaíonn le deireadh a chur le taraifí trasteorann laistigh den Aontas. Is é breithniú thromlach na bhfreagróirí go bhfuil tábhacht ag baint le dúshláin slándála a bhaineann go sonrach le gás agus le bearta cibearshlándála.

**Maidir le pleanáil na ngréasán comhtháite,** tacaíonn formhór na bpáirtithe leasmhara le huainiú an Phlean Forbartha Gréasáin ('PFG') a ailíniú leis an bplean forbartha gréasáin deich mbliana ('PFG10B'), agus plean gáis aonair beag beann ar an tsamhail dhíchuachta a roghnaítear. Ba mhó fós an tacaíocht a léirigh formhór na bhfreagróirí don chás inarb ann don leictreachas agus don ghás araon. Iarann líon substaintiúil de na geallsealbhóirí tionscail hidrigine a chuimsiú sna pleananna forbartha náisiúnta. Tá formhór na ngeallsealbhóirí ar aon fhocal maidir leis an ról atá ag na OCDanna faisnéis a sholáthar agus a chomhroinnt agus tacaíonn roinnt freagróirí freisin le go gcuireann na OCDanna a bplean féin ar fáil lena n-áirítear optamú córais sna hearnálacha éagsúla. B'fhearr le roinnt freagróirí plean comhpháirteach gáis agus leictreachais ná cásanna comhpháirteacha ina mbeadh pleananna ar leithligh. Thug roinnt geallsealbhóirí le fios gurb é an rogha ab fhearr leo plean comhpháirteach meatáin agus hidrigine mar aon le plean ar leithligh don leictreachas.

**Maidir le rannpháirtíocht agus cosaint na gcustaiméirí i margadh miondíola an gháis ghlais,** d'iarr formhór na bpáirtithe leasmhara uaillmhianta níos airde sna forálacha a bhaineann leis an saoránach/tomhaltóir trí bheith ar aon dul leis na huaillmhianta sa mhargadh don leictreachas. Ina theannta sin, ba cheart go gcuideodh forálacha maidir le bochtaineacht fuinnimh lena áirithiú nach n-íocfaidh tomhaltóirí as aistriú roghanna gásbhunaithe atá glan. Tacaíonn ionadaithe ar an earnáil phríobháideach le pleananna deireadh a chur le praghsanna rialáilte, agus roghnódh eagraíochtaí tomhaltóirí áirithe iad a choinneáil chun go gcosnófaí tomhaltóirí bochta agus leochaileacha. Ba mhian le beagnach leath de na freagróirí forálacha maidir leis an inchomparáideacht tairiscintí agus inrochtaineacht sonraí, trédhearcacht, córais méadrúcháin chliste agus aistriú a bheith á n-atreisiú. Níor thacaigh aon fhreagróir leis an gcur chuige neamhrialála.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Baineann an togra atá beartaithe agus an Measúnú Tionchair foluiteach leas as fianaise ó ionchur a fuarthas ó gheallsealbhóirí chomh maith leis na comhairliúcháin fhairsinge a rinneadh i ndáil leis sin, chomh maith le hathbhreithniú litríochta, agus samhaltú. Mar chuid den athbhreithniú litríochta, féachadh ar na torthaí ó shraith staidéar a rinneadh ar phríomhghnéithe amhail an ról atá ag bonneagar hidrigine agus bonneagar gáis dícharbónaithe, an margadh agus táirgeadh, a rinneadh don Mheasúnú Tionchair nó a chur lena raon feidhme, chomh maith le measúnuithe a rinneadh i dtionscnaimh ábhartha eile de chuid an Choimisiúin. Rinneadh conclúidí a glacadh faoi chuimsiú roinnt fóram geallsealbhóirí, ina measc an ceann ba thábhachtaí ar rialachán gáis (Fóram Mhaidrid) agus an ceann ar rialachán leictreachais (Fóram Fhlórans) a bhreithniú san anailís. Rinneadh idirphlé leis na Ballstáit, le comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa, leis na hÚdaráis Rialála Náisiúnta, le ACER agus idirphlé le geallsealbhóirí eile a bhreithniú ar bhonn comhionann freisin.

- **Measúnú tionchair**

De bhun na dtreoirlínte um Rialáil Níos Fearr, rinne an Coimisiún Measúnú Tionchair ar roinnt roghanna beartais. Chun tacú leis an obair sin rinneadh comhairliúchán struchtúrtha laistigh den Choimisiún trí Ghrúpa Stiúrtha Idirsheirbhíse.

Cuireadh an measúnú tionchair faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála (RSB), agus pléadh leis an mBord é. Thug an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála 'tuairim dhearfach le forcoimeádas' uaidh. Tugadh aghaidh ar na forcoimeádais leo seo a leanas go háirithe: (i)

conclúidí na meastóireachta a chomhtháthú sa tuairisc faidhbe, (ii) ról an tionscnaimh mar chuid den chreat cumasúcháin maidir leis an bpacáiste 'Oiriúnach do 55' a shoiléiriú, (iii) bonnlíne thionchar na roghanna beartais a shoiléiriú, (iv) idirdhealú níos soiléire a dhéanamh idir gníomhaithe éagsúla, go háirithe idir táirgeoirí agus tomhaltóirí de chuid gás nádúrtha agus hidrigin, (v) measúnú a sholáthar ar an gcaoi a bhféadfaidh an tionscnamh tionchair dhifriúla a imirt ar FBManna i gcomparáid le cuideachtaí eile (níos mó), (vi) léiriú níos fearr a thabhairt ar na tuairimí easaontacha agus na tuairimí mionlaigh ar fud na tuarascála, lena n-áirítear sa tuairisc faidhbe, tógáil na roghanna, anailís ar na tionchair agus rogha na rogha tosaíochta, (vii) na táblaí costais is tairbhe a chomhlánú san fhormáid iomchuí.

I rith na hoibre le haghaidh an mheasúnaithe tionchair, féachadh ar réimse beart ar fud gach réimse chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna agus ar na bunchúiseanna arna sainaithint d'fhonn cuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach. Tar éis measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas agus comhréireacht na mbeart, cinneadh go raibh pacáiste de roghanna tosaíochta ar an mbealach is fearr chun cur leis na cuspóirí arna leagan amach.

**Réimse Fadhbanna I: Bonneagar hidrigine agus margaí hidrigine**

Breathnaítear na roghanna beartais seo a leanas i Réimse Fadhbanna I: na cearta maidir le hoibriú gréasáin hidrigine a thairiscint (Rogha 1); na príomhphrionsabail rialála a thabhairt isteach atá bunaithe ar na prionsabail is infheidhme maidir leis an ngás nádúrtha faoi láthair ach arna gcur in oiriúint do chéim forbartha na margaí hidrigine (Rogha 2); agus córas rialála lánfhorbartha a bhunú maidir le hidrigin (cosúil leis na gceann is infheidhme faoi láthair in earnáil an gháis nádúrtha) gan an gá a bheith ann aistriú chuig margadh hidrigine níos aibí (Rogha 3). Is í an rogha thosaíochta príomhphrionsabail rialála a thabhairt isteach ón tús agus soiléireacht á tabhairt maidir leis an réimeas rialála deiridh (amach anseo). (Rogha 2b 'Príomhphrionsabail rialála a bhfuil fís ag gabháil leo'). Is é an phríomhthairbhe a bheidh leis an rogha sin go ndéanann sé comhtháthú margaidh a chothú, soiléireacht a thabhairt d'infheisteoirí, teacht chun cinn struchtúr margaidh neamhiomaíoch a sheachaint chomh maith le costais le haghaidh coigeartuithe ex post maidir le rialacha a luaithe a bheidh an margadh aibí, ach go bhfágann sé an tsolúbthacht an rialachán a shaincheapadh maidir le dlús céimneach a chur leis an earnáil hidrigine.

**Réimse Fadhbanna II: Gáis in-athnuaite agus gáis ísealcharbóin sa bhonneagar agus sna margaí gáis atá ann cheana, agus slándáil fuinnimh**

I Réimse Fadhbanna II cumhdaítear roghanna lena gcuirtear chun cinn rochtain ar an margadh agus ar an mbonneagar gáis atá ann cheana le haghaidh gáis in-athnuaite agus gáis ísealcharbóin (RES&LC). Cuimsítear leis na roghanna uile chomh maith leibhéal céimithe idirghníomhaithe chun aghaidh a thabhairt ar chúiseanna imní maidir le slándáil fuinnimh, go háirithe lena leathnaítear uirlisí, caighdeáin agus nósanna imeachta atá ann cheana chun gáis RES&LA a chumhdach, dlúthpháirtíocht éifeachtach, agus aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann le cibearshlándáil san earnáil gáis. Rogha 3 'Rochtain iomlán ar an margadh do gháis in-athnuaite agus do gháis ísealcharbóin a cheadú agus a chur chun cinn', is é sin an rogha tosaíochta le haghaidh Réimse Fadhbanna II agus is é atá sa rogha sin bearta lena dtacaítear le rochtain do gháis in-athnuaite agus do gháis ísealcharbóin ar an margadh mórdhíola, críochfoirt GNL, agus an eangach tarchurtha (gan beann ar an áit nasctha), lena n-áirítear lascainí taraife le haghaidh instealltа chuig an eangach agus iompar trasteorann. Dhéanfaí an cháilíocht gáis a rialú le cur chuige comhchuibhithe ag an Aontas maidir pointí idirnasctha trasteorann agus, san am céanna, d'fhágfaí an tsolúbthacht faoi na Ballstáit féin. Socraítear an uasteorainn cheadaithe do chumaisc hidrigine ag 5 % ag na pointí trasteorann go léir – leibhéal atá cost-éifeachtúil i dtéarmaí costais oiriúnaithe agus srianta.

Rochtain iomlán ar an margadh do gháis in-athnuaite agus do gháis ísealcharbóin a cheadú agus a chur chun cinn: Tá na bearta dá bhforáiltear comhsheasmhach le hiarrachtaí an Aontais chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus tá siad riachtanach chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach. Is é an phríomhthairbhe a bheidh ann go laghdóidh na bearta na costais táirgthe a bhíonn le seasamh ag táirgeoirí gás in-athnuaite agus gás ísealcharbóin, go méadófar ar an iomaíocht, ar an leachtacht agus ar an trádáil i ngáis in-athnuaite, agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ag an am céanna. Ar an gcaoi sin, bainfidh tomhaltóirí agus cáiníocóirí tairbhe as toisc go bhféadfaí an tacaíocht a laghdú. Déanfar leis freisin na rioscaí a bhaineann le slándáil fuinnimh a theorannú, sábháilfear am agus acmhainní, laghdófar neamhchinnteachtaí, feabhsófar éifeachtúlacht na mbeart éigeandála, agus neartófar ceanglais slándáilsonracha do chuideachtaí gáis.

**Réimse Fadhbanna III: Pleanáil ghréasáin**

I Réimse Fadhbanna III déantar breithniú ar roghanna maidir le pleanáil gréasán comhtháite. Maidir le Réimse Fadhbanna III is é  Rogha 2 'Pleanáil Náisiúnta bunaithe ar Chásanna Eorpacha'. Leis an rogha seo, is féidir pleanáil náisiúnta a dhéanamh ach éilítear go ndéantar sin bunaithe ar chásanna comhpháirteacha le haghaidh gáis agus leictreachais, i gcomhréir leis an bplean deich mbliana maidir le forbairt gréasáin, agus nasc idir í agus an Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide i gceist. Cuimsítear inti na gníomhaithe ábhartha go léir (OCDanna) agus cumasaítear léi píblínte a shainaithint ar féidir iad a n-úsáid a athrú ó mheatán go hidrigin (H2) ar leibhéal mionsonraí nach bhféadfaí a bhaint amach ar an leibhéal Eorpach.

Pleanáil Náisiúnta a bhunú bunaithe ar Chásanna Eorpacha: Is é an phríomhthairbhe go ndíothófar na rioscaí a thagann as go ndéanfadh OCTanna leictreachais agus gáis forbairt a gcóras a phleanáil bunaithe ar thoimhdí neamh-chomhoiriúnacha. Cumasaítear leis comhtháthú earnála agus plean córais choincheapúil agus, san am céanna, coinneofar na tairbhí a thagann as pleananna forbartha níos mionsonraithe ar ghréasáin earnáilsonracha. Áirithítear leis fís chomhchoiteann ag na geallsealbhóirí éagsúla lena dtugtar le fios go gcuirtear san áireamh sa phleanáil gréasáin na straitéisí dícharbónúcháin ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais lena laghdófar an baol gurb ann do ghaibhniú agus sócmhainní tréigthe.

**Réimse Fadhbanna IV: Leibhéal íseal rannpháirtíochta agus cosanta i margadh miondíola an gháis ghlais**

Tá roghanna i Réimse Fadhbanna IV lena dtacaítear le cur chun dul i ngleic leis an iomaíocht agus rannpháirtíocht tomhaltóirí nó, ina ionad sin, lena gceanglaítear aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna faidhbe trí bhíthin reachtaíochta nua, agus aithris á déanamh den chuid is mó ar an méid atá bunaithe cheana féin in earnáil an leictreachais. I bhfianaise na hanailíse, is é Rogha 2, 'Reachtaíocht sholúbtha', an rogha thosaíochta, rogha lena gcuirtear san áireamh an chosaint do thomhaltóirí i margadh an leictreachais agus na forálacha maidir le cumhachtú freisin. Is í an rogha sin is dóchúla a bheith éifeachtach, éifeachtúil agus comhsheasmhach le Réimsí Fadhbanna eile.

Is é an phríomhthairbhe go mbeifear in ann coigilteas suntasach féideartha a dhéanamh, cuidiú le soláthraithe agus soláthraithe seirbhísí nua dul isteach sa mhargadh, táirgí nuálacha a fhorbairt, rud as a dtiocfaidh méadú ar an iomaíocht, rannpháirtíocht tomhaltóirí agus tairbhe eacnamaíoch. Chuirfeadh sé ar a gcumas do shaoránaigh agus do phobail an glacadh sóisialta a mhéadú, caipiteal príobháideach a chur in úsáid agus úsáid gás in-athnuaite agus gás ísealcharbóin a éascú. Ach laghdú a dhéanamh ar an riosca maidir le ró-infheistíochtaí, imreofar tionchar dearfach ar an gcomhshaol.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Deartar na tograí chun an reachtaíocht atá ann faoi láthair a leasú i gcomhréir leis na roghanna beartais is costéifeachtaí de chuid na roghanna beartais a ndearnadh measúnú orthu sa Mheasúnú Tionchair. Meastar, bunaithe ar a bhfuil i roinnt de na roghanna tosaíochta, go méadófar na costais riaracháin, cur chun feidhme agus forfheidhmithe a bheidh ar chomhlachtaí rialála agus rannpháirtithe sa mhargadh. Mar shampla, níos mó malartuithe riaracháin idir údaráis náisiúnta rialála agus seoladóirí gás nádúrtha, iarrachtaí comhordúcháin níos mó idir oibreoirí córais dáileacháin agus oibreoirí córais tarchurtha, agus tuilleadh iarrachtaí rialála agus cur chun feidhme le haghaidh na mBallstát agus údarás náisiúnta, d'fhéadfadh na rudaí sin eascairt as na bearta atá beartaithe. É sin ráite, meastar go dtiocfaidh costais rialála níos ísle agus níos éifeachtúla de bharr an chreata leasaithe.

Thairis sin, léirítear sa Mheasúnú Tionchair gurb iad na bearta atá beartaithe na roghanna rialála is costéifeachtaí chun cuspóir uileghabhálach an tionscnaimh a bhaint amach, eadhon rialacha a bhunú maidir le tarchur, dáileadh, soláthar agus stóráil gás meatáin agus hidrigine lena bhféadfar tacú le dícharbónú an chórais fuinnimh agus fuinneamh slán agus inacmhainne á áirithiú.

Ní mór measúnú a dhéanamh ar na costais rialála gearrthéarmacha a thabhófaí i gcuid de na bearta tosaíochta i gcomhthéacs na gcostas agus na n-iarrachtaí a bheadh ag teastáil maidir le comhtháthú agus dícharbónú mall an chórais fuinnimh san fhadtéarma. Na tairbhí a mheastar a tháirgfidh na roghanna i dtéarmaí tacaíocht a thabhairt do fhoinsí in-athnuaite, comhtháthú an chórais fuinnimh, cosaint tomhaltóirí agus slándáil fuinnimh, beidh siad níos mó ná na costais riaracháin agus cur chun feidhme láithreacha.

Cuireann an togra freisin le simpliú an chreata rialála atá ann faoi láthair trí na forálacha maidir le bonneagar gáis agus leis an margadh a chur i gcomhchuibheacht leis an struchtúr rialála nua arna cheapadh ag an bPacáiste Fuinnimh Ghlain d'earnáil an leictreachais. Meastar go rachaidh níos mó ailínithe idir na hearnálacha chun sochair roinnt mhaith do réimsí rialála, go háirithe cumhachtú agus cosaint na dtomhaltóirí, rialachas agus formhaoirseacht rialála. Ar na rannchuidithe eile de chineál comhchosúil atá beartaithe, tá creat rialála le haghaidh bonneagair hidrigine agus margaí hidrigine, creat sin a thabharfaí isteach go luath. Cé gur dócha go méadóidh na rialacha sin na costais riaracháin agus na hualaí rialála a bheidh ar na húdaráis náisiúnta agus ar na hoibreoirí margaidh i dtús báire, meastar go n-ísleofar go mór, trí chomhchuibhiú a dhéanamh go luath ar na prionsabail rialála maidir le hidrigin, na costais chomhlíontachta san am amach anseo agus go gcuirfear cosc ar an riosca go mbeadh móréagsúlachtaí rialála agus mórchostais cur chun feidhme ann.

- **Cearta bunúsacha**

Rud ríthábhachtach is ea é luachanna an Aontais agus cearta bunúsacha agus slándáil na saoránach a chosaint fad a bheidh timpeallacht seo an fhuinnimh ghlais, dhigitigh ag teacht chun cinn. Is chuige sin a forbraíodh na bearta beartais atá beartaithe maidir le bainistiú sonraí, agus é d'aidhm leo rochtain agus úsáid fhorleathan teicneolaíochtaí digiteacha agus seirbhísí sonraí-bhunaithe a áirithiú agus, ag an am céanna, ardleibhéal a ráthú i dtaca leis an gceart chun saoil phríobháidigh agus chun cosanta sonraí pearsanta, mar a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Maidir leis an tionchar buiséadach ar bhuiséad an Aontais Eorpaigh a ghabhann leis an togra faoin bpacáiste seo, baineann sé le hacmhainní daonna na Gníomhaireachta um Chomhar idir

Rialálaithe Fuinnimh (ACER) agus Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh sa Choimisiún Eorpach (AS ENER) a bhfuil cur síos déanta orthu sa Ráiteas Airgeadais Reachtach a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún maidir le hathmhúnlú ar an [Rialachán maidir le Gás]. Go bunúsach, na cúraimí nua a bheidh le déanamh ag ACER, go háirithe na cúraimí maidir leis na rialacha lena n-éascaítear forbairt earnála hidrigine a bheidh iomaíoch, ach chomh maith leis sin, an méadú atá ag teacht ar chastacht na margaí gáis de bharr sciar méadaitheach de gháis eile seachas gás nádúrtha, is gá dá mbarr sin 21 choibhéiseach lánaimseartha breise a thabhairt isteach in ACER ó 2023 ar aghaidh. Ní mór acmhainní daonna Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh a threisiú le 5 choibhéiseach lánaimseartha, chun na rialacha nua a chur chun feidhme atá beartaithe le haghaidh earnáil atá nua agus ag fás, chun cineálacha nua gás a chomhtháthú sa mhargadh gáis agus sa bhonneagar gáis agus chun na forálacha neartaithe maidir le tomhaltóirí a fhorfheidhmiú.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe maidir le faireachán, meastóireacht agus tuairisciú**

Beidh dhá shraith sa chur chuige a úsáidtear san fhaireachán ar an dul chun cinn, eadhon tuairisciú bliantúil ó ACER agus meastóireacht ón gCoimisiún.

Sainordú ACER maidir le faireachán agus tuairisciú bliantúil ar fheidhmíocht an mhargaidh ina thuarascáil bhliantúil faireacháin mhargaidh (oibleagáid i Rialachán (CE) Uimh. 715/2009), coinneofar an sainordú sin, agus a raon feidhme arna leathnú chun an hidrigin a chuimsiú. Laistigh de bhliain amháin tar éis na tograí a ghlacadh, iarrfaidh an Coimisiún ar ACER athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar a tháscairí faireacháin (le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí lena mbaineann) chun a áirithiú go leanfaidh siad de bheith ábhartha maidir le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ionsar na cuspóirí is bun leis na tograí seo. Leanfaidh ACER de bheith ag brath ar na foinsí sonraí atá bunaithe cheana agus a úsáideadh chun an tuarascáil faireacháin margaidh a ullmhú, agus an tuarascáil sin arna leathnú chun na sonraí ábhartha maidir leis an hidrigin a chuimsiú.

Tiocfaidh tuairisciú bliantúil ACER in ionad oibleagáidí tuairiscithe an Choimisiúin, na hoibleagáidí sin atá fós ann faoin Treoir maidir le Gás. Áiritheofar leis na tograí mionsonraithe go mbeidh an faireachán a dhéanfaidh ACER comhlántach ar chleachtaí faireacháin eile (go háirithe leis an bhfaireachán a dhéanfar faoi rialachas an Aontais Fuinnimh agus faoin nGníomhaíocht ar son na hAeráide) agus dá réir sin go seachnófar forluí.

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht iomlán ar thionchar na dtionscnamh atá beartaithe, lena n-áirítear éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas agus ábharthacht leanúnach na dtograí, laistigh d'amlíne arna leagan síos tar éis theacht i bhfeidhm na mbeart arna nglacadh (5 bliana, de réir na dtásc). Faoin 31 Nollaig 2030, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Treoir agus déanfaidh sé tuarascáil ina leith sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Mar thoradh ar an rialú a thug Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa sa Choimisiún v an Bheilg (cás C-543/17), ní mór do na Ballstáit faisnéis atá soiléir agus beacht go leor a chur leis na fógraí a thugann siad faoi bhearta náisiúnta trasuite, faisnéis lena sonraítear cé na forálacha den dlí náisiúnta lena dtrasuítear na forálacha éagsúla de threoir. Ní mór foráil a dhéanamh maidir leis sin i gcás gach oibleagáide, ní hamháin ag 'leibhéal na n-airteagal'. Má chomhlíonann na Ballstáit an oibleagáid sin, ní bheadh orthu, i bprionsabal, doiciméid mhíniúcháin maidir leis an trasuí a chur chuig an gCoimisiún.

Déanfar an Rialachán a chur chun feidhme go díreach agus go haonfhoirmeach sna Ballstáit agus níl gá le Doiciméad Míniúcháin dá bhrí sin.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Deich gcaibidil atá sa **treoir athbhreithnithe** atá beartaithe, agus 91 airteagal.

**Caibidil I – Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe**

Leagtar amach i gCaibidil 1 ábhar agus raon feidhme na rialacha maidir le tarchur, dáileadh, soláthar agus stóráil gás a bhaineann úsáid as an gcóras gáis nádúrtha, agus na rialacha maidir le hiompar, soláthar agus stóráil hidrigine trí úsáid a bhaint as an gcóras hidrigine. Sainmhínítear inti freisin na príomhthéarmaí a úsáidtear sa treoir atá beartaithe.

**Caibidil 2 – Rialacha ginearálta maidir le heagrú na margaí**

Leagtar síos i gCaibidil 2 na rialacha lena n-áiritheofar margaí gáis a bheidh iomaíoch, dírithe ar leas an tomhaltóra, solúbtha agus neamh-idirdhealaitheach. Tá forálacha inti maidir leis an rochtain ar an margadh, forálacha maidir le gnéithe ar nós saor-rogha an tsoláthróra, praghsanna soláthair margadhbhunaithe, oibleagáidí na seirbhíse poiblí, an inbhuanaitheacht, an deimhniú i ndáil leis an ngás in-athnuaite agus leis an ngás ísealcharbóin, cur chun cinn an chomhair réigiúnaigh, agus rialacha teicniúla agus nós imeachta.

**Caibidil 3 – Cumhachtú agus cosaint an tomhaltóra, agus na margaí miondíola**

Go háirithe, tá i gCaibidil 3 sraith de chearta don tomhaltóir: Leagtar amach inti mionsonraí maidir le cearta conarthacha bunúsacha, cearta maidir le haistriú idir chonarthaí agus maidir le táillí, agus rialacha maidir le huirlisí comparáide, custaiméirí gníomhacha agus pobail fuinnimh saoránach. Tá forálacha ann freisin maidir le billeáil, méadrú cliste agus gnáthmhéadrú, agus bainistiú sonraí.

Tá forálacha ann freisin maidir le pointí teagmhála aonair, an ceart chun díospóidí a réiteach lasmuigh den chúirt, custaiméirí leochaileacha, agus margaí miondíola.

**Caibidil 4 – Rochtain tríú páirtí ar an mbonneagar**

Trí chuid atá i gCaibidil 4, codanna lena gcumhdaítear: An rochtain ar an mbonneagar gáis nádúrtha, an rochtain ar an mbonneagar hidrigine, agus diúltú rochtana agus nasctha.

**Caibidil 5 – Na rialacha is infheidhme maidir le tarchur agus stóráil gais nádúrtha agus maidir le hoibreoirí an chórais gáis nádúrtha**

Leagtar amach go mion i gCaibidil 5 cúraimí na n-oibreoirí córais tarchuir, córais stórála agus córais GNL, agus leagtar amach mionghnéithe maidir le rúndacht agus cumhachtaí cinnteoireachta.

**Caibidil 6 – Na hoibreoirí córas dáileacháin in earnáil an gháis nádúrtha**

I gCaibidil 6 socraítear ainmniú na n-oibreoirí córas dáileacháin, na cúraimí atá orthu, na cumhachtaí cinnteoireachta a bhaineann leis na saoráidí táirgthe nua le haghaidh gáis in-athnuaite agus gáis ísealcharbóin a nascadh leis an gcóras dáileacháin, díchuachadh na n-oibreoirí córas dáileacháin, oibleagáidí rúndachta na n-oibreoirí córas dáileacháin, forálacha maidir le córais dáileacháin iata, agus oibreoir iloibríochtaí.

**Caibidil 7 – Rialacha is infheidhme maidir leis na gréasáin thiomnaithe hidrigine**

Leagtar amach go háirithe i gCaibidil 7 cúraimí na n-oibreoirí gréasáin, stórála agus críochfoirt in earnáil na hidrigine, déantar foráil maidir leis na gréasáin hidrigine atá ann cheana, maidir le gréasáin hidrigine atá teoranta ó thaobh na geograife, maidir le córais hidrigine iata, maidir le hidirnascairí le tríú tíortha, agus maidir leis an rúndacht d’oibreoirí.

**Caibidil 8 – An phleanáil i ndáil le Gréasáin Chomhtháite**

I gCaibidil 8 tugtar mionléiriú ar fhorbairt gréasán agus ar chumhachtaí chun cinntí infheistíochta a dhéanamh, ar an tuairisciú i ndáil le forbairt gréasán hidrigine, agus ar mhaoiniú an bhonneagair hidrigine trasteorann.

**Caibidil 9 – Díchuachadh na n-oibreoirí córas tarchurtha**

Sé roinn atá i gCaibidil 9 agus cumhdaítear an méid seo a leanas sna ranna sin: díchuachadh na húinéireachta, oibreoirí córais neamhspleácha, oibreoirí tarchuir neamhspleácha, díchuachadh na n-oibreoirí gréasán tiomnaithe hidrigine agus an ainmnithe, an deimhniú le haghaidh oibreoirí córais gáis nádúrtha agus hidrigine, agus díchuachadh agus trédhearcacht na gcuntas.

**Caibidil 10 – Údaráis rialála**

Dírítear i gCaibidil 10 ar ainmniú agus neamhspleáchas na n-údarás rialála, ar chuspóirí ginearálta an údaráis rialála, ar chuspóirí agus ar chumhachtaí na n-údarás rialála, ar an gcóras rialála le haghaidh saincheisteanna trasteorann, ar an gcomhlíontacht i ndáil leis na treoirlínte um chóid ghréasáin, agus ar choinneáil taifead.

**Caibidil 11 – Forálacha críochnaitheacha**

Dírítear sa chaibidil dheireanach ar fhorálacha deiridh agus áirítear inti go háirithe airteagail maidir le bearta coimirce, maidir le cothrom iomaíochta, maidir le comhaontuithe teicniúla, maidir le maoluithe, maidir le nós imeachta cumhachtaithe, maidir le feidhmiú tarmligin, maidir le nós imeachta coiste, agus maidir le tuairisciú, le haisghairm, le trasuí, le teacht i bhfeidhm agus le seolaithe.

Baineann Iarscríbhinn I leis na híoscheanglais maidir le billeáil agus faisnéis bhilleála.

Baineann Iarscríbhinn II leis an méadrú cliste in earnáil an gháis nádúrtha.

Liostaítear in Iarscríbhinn III dáta cur i bhfeidhm agus teorainneacha trasuí na Treorach aisghairthe agus na leasuithe a rinneadh uirthi.

Tá tábla comhghaoil in Iarscríbhinn IV.

Ocht gcaibidil atá sa **rialachán athbhreithnithe** atá beartaithe, agus 69 n-airteagal.

**Caibidil I – Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe**

Leagtar amach i gCaibidil I seo ábhar agus raon feidhme na rialacha maidir le cuspóirí an Aontais Fuinnimh, maidir leis an gcreat aeráide agus fuinnimh agus maidir leis na tomhaltóirí. Sainmhínítear inti freisin na príomhthéarmaí a úsáidtear sa rialachán atá beartaithe.

**Caibidil 2 – Rialacha ginearálta maidir le heagrú na rochtana ar na margaí agus ar an mbonneagar**

Leagtar síos i gCaibidil 2 na prionsabail ghinearálta maille leis na nithe seo a leanas – scaradh na mbonn sócmhainní rialáilte, seirbhísí rochtana tríú páirtí, measúnú margaidh i ndáil le gás in-athnuaite agus le gás ísealcharbóin, prionsabail maidir le sásraí leithdháilte acmhainneachta agus leis an nós imeachta um bainistiú ar phlódú, trádáil na gceart acmhainneachta, rialacha cothromaithe agus muirir míchothromaíochta, córas na ndeimhnithe, agus an comhar idir na hoibreoirí córas tarchurtha.

**Caibidil 3 – An rochtain ghréasáin**

I gCaibidil 3 leagtar amach go mion gnéithe a bhaineann le taraifí i ndáil leis an rochtain ar ghréasáin, agus le lascainí.

**Caibidil 4 – Oibriú na gcóras tarchurtha, stórála, GNL agus chóras na gcríochfort hidrigine**

Leagtar amach i gCaibidil 4 forálacha maidir leo seo a leanas – an acmhainneacht ráthaithe i gcás gás in-athnuaite agus gás ísealcharbóin, comhordú trasteorann i ndáil le cáilíocht an gháis, cumaisc hidrigine, gréasán Eorpach oibreoirí córas tarchurtha earnáil an gháis, an faireachán a dhéanfaidh ACER, údaráis rialála, comhairliúcháin, costais, an comhar réigiúnach, PFG10B, na ceanglais trédhearcachta, agus coinneáil taifead.

**Caibidil 5 – Oibriú an chóras dáileacháin**

Leagtar síos i gCaibidil 5 na rialacha maidir leo seo a leanas – an acmhainneacht ráthaithe i gcás gás in-athnuaite agus gás ísealcharbóin, an comhar idir OCDanna agus OCTanna, an ceanglas maidir le trédhearcacht, an t-eintiteas Eorpach d'oibreoirí córas dáileacháin. Cuid d'ábhar na Caibidle nósanna imeachta agus cúraimí.

**Caibidil 6 – An rochtain ar ghréasáin thiomnaithe hidrigine**

Dírítear i gCaibidil 6 orthu seo a leanas – an comhordú trasteorann i ndáil le cáilíocht na hidrigine, Gréasán Eorpach Oibreoirí Líonra earnáil na Hidrigine, a chúraimí, an PFG10B maidir le hidrigin, costais agus comhairliúchán, an faireachán a dhéanfaidh ACER, an comhar réigiúnach, agus na ceanglais trédhearcachta.

**Caibidil 7 – Cóid ghréasáin agus treoirlínte**

Leagtar amach i gCaibidil 7 forálacha maidir leo seo a leanas – cóid ghréasáin agus treoirlínte a ghlacadh, cóid ghréasáin a bhunú, leasuithe ar chóid ghréasáin, treoirlínte, ceart na mBallstát foráil a dhéanamh maidir le bearta níos mionsonraithe, soláthar faisnéise agus an rúndacht, agus pionóis. Cuirtear na trí riail in oiriúint d'earnáil na hidrigine.

**Caibidil 8 – Forálacha críochnaitheacha**

Dírítear i gCaibidil 8 ar fhorálacha críochnaitheacha agus áirítear inti airteagail orthu seo a leanas go háirithe – bonneagar nua gáis nádúrtha agus hidrigine, nós imeachta coiste, díolúintí, maoluithe, feidhmiú tarmligin, leasuithe ar rialacháin, leasú chun an Rialachán maidir le slándáil an tsoláthair gáis a leathnú go gáis ó fhoinsí in-athnuaite agus go gáis ísealcharbóin agus chun bearta a áireamh maidir le cibearshlándáil, dlúthpháirtíocht agus stóráil, aisghairm, agus teacht i bhfeidhm.

Tá treoirlínte in Iarscríbhinn 1.

In Iarscríbhinn II tá an Iarscríbhinn IX a cuireadh isteach i Rialachán 2017/1938

In Iarscríbhinn III tá faisnéis maidir leis an Rialachán aisghairthe agus liosta de na leasuithe comhleanúnacha

Tá tábla comhghaoil in Iarscríbhinn IV.

↓ 715/2009 (oiriúnaithe)
~~2021/0424 (COD)~~

2021/0424 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus hidrigine**
**(athmhúnlú)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don ~~Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh~~ ⌦ Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ⌫, agus go háirithe Airteagal ~~95~~ ⌦ 194 (2) ⌫ de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

---

⇩ nua

(1) Rinneadh Rialachán (AE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] a leasú go suntasach roinnt uaireanta. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh ar an Rialachán, ba cheart é a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

---

↓ 715/2009 aithris 1 (oiriúnaithe)

(2) Is é is aidhm don mhargadh inmheánach sa ghás, atá á chur chun feidhme de réir a chéile ó 1999 ar aghaidh, ná fíor-rogha, deiseanna nua gnó agus tuilleadh trádála trasteorann a thabhairt do thomhaltóirí uile an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫, cibé acu saoránaigh nó gnóthaí, chun éifeachtúlacht a mhéadú, chun praghsanna iomaíocha agus caighdeáin níos airde seirbhíse a bhaint amach agus chun rannchuidiú le slándáil an tsoláthair agus leis an inbhuanaitheacht.

---

2 IO ~~C 211, 19.8.2008,~~ […], […], lch. ~~23~~[…].

3 IO ~~C 172, 5.7.2008,~~ […], […], lch. ~~55~~[…].

4 Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 (IO L 211, 14.8.2009, lch. 36).

⇩ nua

(3) Leagadh síos sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus sa Dlí Aeráide don Eoraip an sprioc Aontas aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050 ar bhealach a rannchuideoidh le hiomaíochas, fás, agus fostaíocht san Eoraip. Le go mbunófar margaí gáis dícharbónaithe agus le go gcuirfear leis an aistriú fuinnimh, tá gá le sciar i bhfad níos mó d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i gcóras fuinnimh agus is gá ranníocaíocht ghníomhach tomhaltóirí i margaí iomaíocha a bheith ag gabháil leis.

(4) Is é is aidhm don Rialachán seo teacht isteach na ngás in-athnuaite agus ísealcharbóin ar an gcóras fuinnimh a éascú ionas gur féidir aistriú ón ngás iontaise, agus deis a thabhairt do na gáis nua sin ról tábhachtach a bheith acu maidir le cuspóirí aeráide 2030 an Aontais agus an aeráidneodracht a bhaint amach in 2050. Tá sé d'aidhm ag an Rialachán freisin creat rialála a chur ar bun a chuirfidh ar chumas na rannpháirtithe uile sa mhargadh, agus iad a dhreasú, ról idirthréimhseach an gháis iontaise a chur san áireamh nuair a dhéanann na rannpháirtithe sin a ngníomhaíochtaí a phleanáil chun éifeachtaí glasála a sheachaint agus chun a áirithiú go gcuirfear deireadh de réir a chéile agus go tráthúil le húsáid an gháis iontaise, go háirithe i ngach earnáil thionsclaíoch ábhartha agus chun críoch téimh.

(5) Aithnítear i straitéis hidrigine an Aontais, ós rud é nach ionann acmhainneacht Bhallstáit éagsúla an Aontais hidrigin in-athnuaite a tháirgeadh, go bhfuil buntáistí tábhachtacha ag baint le margadh oscailte iomaíoch an Aontais ina bhfuil trádáil trasteorann gan bhac, ar buntáistí iad ó thaobh na hiomaíochta, na hinacmhainneachta agus cinnteacht soláthair de. Thairis sin, cuirtear i dtábhacht sa straitéis sin go n-éascófaí teacht isteach táirgeoirí nua trí bhogadh i dtreo margadh leachtach ina bhfuil an trádáil hidrigine bunaithe ar thráchtearraí agus go mbeadh sé tairbheach do chomhtháthú níos doimhne le hiompróirí fuinnimh eile. Chruthófaí leis sin comharthaí praghais inmharthana le haghaidh infheistíochtaí agus cinntí oibríochtúla. Dá bhrí sin, leis na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart cuidiú le margaí hidrigine, moil trádála hidrigine bunaithe ar thráchtearraí agus moil trádála leachtacha teacht chun cinn agus ba cheart do na Ballstáit deireadh a chur le haon bhacainní míchuí ina leith sin. Agus aitheantas á thabhairt do na difríochtaí bunúsacha, ba cheart na rialacha atá ann cheana lenar cumasaíodh oibríochtaí tráchtála éifeachtúla, oibríochtaí a forbraíodh le haghaidh na margaí leictreachais agus gáis, agus le haghaidh trádála, ba cheart na rialacha sin a mheas le haghaidh margadh hidrigine.

---

🡻 715/2009 aithris 2

~~Le Treoir 2003/55/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha[5] agus le Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2005 maidir le coinníollacha rochtana ar ghréasáin tarchurtha gáis nádúrtha[6], tá rannchuidiú suntasach déanta maidir le cruthú an mhargaidh inmheánaigh sin sa ghás nádúrtha.~~

---

5 ~~IO L 176, 15.7.2003, lch. 57.~~
6 ~~IO L 211, 14.8.2009, lch. 36.~~

↓ 715/2009 aithris 3

~~Taispeánann an taithí a fuarthas maidir le cur chun feidhme na chéad sraithe Treoirlínte i leith Dea-Chleachtais agus faireachán a rinneadh orthu, a ghlac an Fóram Eorpach um Rialáil Gáis (Fóram Mhaidrid) in 2002, gur gá, d'fhonn cur chun feidhme iomlán na rialacha a leagtar amach sna treoirlínte sin sna Ballstáit uile a bhaint amach, agus d'fhonn ráthaíocht íosta a sholáthar maidir le coinníollacha rochtana comhionainne ar an margadh go praiticiúil, foráil a dhéanamh go mbeadh na treoirlínte infhorfheidhmithe de réir dlí.~~

↓ 715/2009 aithris 4

~~Glacadh an dara sraith comhrialacha dar teideal 'an Dara sraith Treoirlínte le haghaidh Dea-Chleachtais' ag an gcruinniú d'Fhóram Mhaidrid an 24 agus an 25 Meán Fómhair 2003, agus is é is cuspóir don Rialacháin seo ná prionsabail bhunúsacha agus rialacha a leagan síos, ar bhonn na dtreoirlínte sin, maidir le seirbhísí rochtana ar ghréasáin agus seirbhísí rochtana tríú páirtí, bainistiú ar phlódú, trédhearcacht, cothromú agus trádáil i gcearta acmhainne.~~

↓ 715/2009 aithris 5 (oiriúnaithe)

(6) ⌦ [Leis an Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx] ⌫ ~~Le Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna i dtaca leis an margadh inmheánach sa ghás nádúrtha~~ ~~[7]~~ déantar foráil maidir le leis an bhféidearthacht go mbeidh oibreoir comhcheangailte córas tarchurtha agus dáileacháin ann. Dá réir sin, ní éilíonn na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo go ndéanfar modhnú ar eagrú na gcóras náisiúnta tarchurtha agus dáileacháin atá i gcomhréir le forálacha ábhartha na Treorach sin.

↓ 715/2009 aithris 6

~~Áirítear i raon feidhme an Rialacháin seo píblínte ardbhrú a nascann dáileoirí áitiúla leis an ngréasán gáis, ar píblínte iad nach n-úsáidtear go príomha i gcomhthéacs an dáileacháin áitiúil.~~

↓ 715/2009 aithris 7
⇨ nua

(7) Is gá na critéir a shonrú a gcinnfear na taraifí maidir le rochtain ar an ngréasán dá réir, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad go hiomlán prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus riachtanais an mhargaidh inmheánaigh atá ag feidhmiú go maith agus chun go gcuirfear san áireamh ina iomláine an gá atá le sláine an chórais agus go léireofar na costais iarbhír a thabhaítear, a mhéid a fhreagraíonn na costais sin do chostais oibreora gréasáin atá éifeachtúil agus inchomparáide go struchtúrach agus a mhéid atá na costais trédhearcach, agus, ag an am céanna, fáltas iomchuí ó infheistíocht á áireamh ann, ⇨ agus comhtháthú gás in-athnuaite agus ísealcharbóin a chumasú ⇦ ~~agus, i gcás inarb iomchuí, go gcuirfear san áireamh tagarmharcáil na dtaraifí a dhéanfaidh na~~

[7] ~~Féach leathanach 94 den Iris Oifigiúil seo.~~

~~húdaráis rialála~~. ⇨Comhlánaítear na rialacha maidir le taraifí um rochtain ar an ngréasán atá sa Rialachán seo le tuilleadh rialacha maidir le taraifí um rochtain ar an ngréasán, go sonrach sna cóid ghréasáin agus treoirlínte a glacadh ar bhonn an Rialacháin seo, [in TEN-E Rialachán arna mholadh in COM(2020) 824 final], [an Rialachán maidir le Meatán arna mholadh in COM(2021) xxx], Treoir (AE) 2018/2001 agus [an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh arna moladh in COM(2021) 558 final]. ⇦

---

⇩ nua

(8) Go ginearálta, is é is éifeachtúla an bonneagar a mhaoiniú leis an ioncam a fhaightear ó úsáideoirí an bhonneagair sin agus tras-fhóirdheontais a sheachaint. Thairis sin, bheadh tras-fhóirdheontais den sórt sin, i gcás sócmhainní rialáilte, ar neamhréir le prionsabal ginearálta na dtaraifí costas-léiritheacha. I gcásanna eisceachtúla, d'fhéadfadh na tras-fhóirdheontais sin sochair shochaíocha a thabhairt, go háirithe le linn na gcéimeanna is luaithe d'fhorbairt an ghréasáin i gcás nach leor an acmhainn chonarthach i gcomparáid leis an acmhainn theicniúil agus i gcás ina bhfuil éiginnteacht shuntasach ann maidir le cé huair a thiocfaidh an t-éileamh ar acmhainn a bheidh ann amach anseo. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí leis na tras-fhóirdheontais sin rannchuidiú le taraifí réasúnta intuartha le haghaidh úsáideoirí gréasán luatha agus leis an riosca a bhaint d'infheistíochtaí le haghaidh oibreoirí gréasáin. Mar sin, leis na tras-fhóirdheontais d'fhéadfaí rannchuidiú le comhthéacs infheistíochta a thacódh le cuspóirí an Aontais maidir le dícharbónú. Níor cheart tras-fhóirdheontais a mhaoiniú ag úsáideoirí gréasán i mBallstáit eile, is cuma cé acu maoiniú go díreach nó go hindíreach. Dá bhrí sin, is iomchuí gan maoiniú a thiomsú do thras-fhóirdheontais ach amháin ó phointí scoir custaiméirí deiridh laistigh den aon Bhallstát amháin. Thairis sin, ós rud é gurb eisceachtúil na tras-fhóirdheontais, ba cheart a áirithiú go bhfuil siad comhréireach, trédhearcach, teoranta ó thaobh ama agus ba cheart iad a shocrú faoi mhaoirseacht rialála.

---

🡻 715/2009 aithris 8

~~Le linn taraifí a ríomh maidir le rochtain ar ghréasáin, tá sé tábhachtach go gcuirfear san áireamh na costais iarbhír a tabhaíodh, a mhéid a fhreagraíonn na costais sin do chostais oibreora gréasáin atá éifeachtúil agus inchomparáide go struchtúrach agus a mhéid atá na costais sin trédhearcach, chomh maith leis an ngá go soláthrófar fáltas iomchuí ar infheistíochtaí agus dreasachtaí chun bonneagar nua a thógáil lena n-áirítear cóir speisialta rialála le haghaidh infheistíochtaí nua mar a fhoráiltear i dTreoir 2009/73/CE. Chuige sin, agus go háirithe más ann d'iomaíocht éifeachtach píblíne go píblíne, beidh sé ábhartha go ndéanfaidh na húdaráis rialála tagarmharcáil ar na taraifí.~~

---

🡻 715/2009 aithris 9 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(9) Ní mór úsáid socruithe margadh-bhunaithe, amhail ceantanna, chun taraifí a chinneadh a bheith comhoiriúnach leis na forálacha ~~a leagtar síos in~~ ⌦ sa Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx ⌫ ~~i dTreoir 2009/73/CE~~ ⇨ agus i Rialachán (AE) 2017/459 ón gCoimisiún ⇦.

⬇ 715/2009 aithris 10 (oiriúnaithe)

(10) Is gá sraith íosta chomhchoiteann seirbhísí rochtana tríú páirtí chun comhchaighdeán íosta rochtana a sholáthar go praiticiúil ar fud an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫, chun a áirithiú go bhfuil na seirbhísí rochtana tríú páirtí sách comhoiriúnach lena chéile agus le gur féidir na sochair a fhabhróidh ó mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha atá ag feidhmiú go maith a shaothrú.

⬇ 715/2009 aithris 11 (oiriúnaithe)

~~Tá constaicí ann faoi láthair sa Chomhphobal, áfach, maidir le gás a dhíol faoi choinníollacha comhionanna, gan idirdhealú ná míbhuntáiste. Go háirithe, níl rochtain neamh-idirdhealaitheach ar ghréasáin ann, agus níl comhionannas éifeachta ann fós i ngach mBallstát i dtaca le leibhéal na maoirseachta rialála, agus is ann do mhargaí leithlisithe i gcónaí.~~

⇩ nua

(11) Ba cheart socruithe maidir le rochtain tríú páirtithe a bheith bunaithe ar na prionsabail a leagtar síos sa Rialachán seo. Ba dhíol sásaimh cheana d'Fhóram Mhaidrid XXIV i mí Dheireadh Fómhair eagrú na gcóras dul isteach/imeachta, lenar féidir gás a leithdháileadh saor in aisce ar bhonn acmhainn dhocht. Dá bhrí sin, ba cheart sainmhíniú a thabhairt isteach ar chóras iontrála/scoir agus comhtháthú leibhéal an chórais dáileacháin sa chrios comhardúcháin a áirithiú, rud a chuideodh le cothrom iomaíochta a bhaint amach do gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin atá nasctha leis an leibhéal tarchuir nó dáileacháin. Ba cheart socrú taraife le haghaidh oibreoirí córais dáileacháin agus eagrú an leithdháileacháin acmhainne idir an córas tarchurtha agus dáileacháin a fhágáil faoi na húdaráis rialála ar bhonn na bprionsabal a chumhdaítear [sa Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx].

(12) Ba cheart rochtain ar an gcóras iontrála-scoir a bheith bunaithe go ginearálta ar acmhainneacht dhocht. Ba cheart ceangal a bheith ar oibreoirí gréasáin comhoibriú ar bhealach lena n-uasmhéadaítear an tairiscint d'acmhainn dhocht, rud a chuireann ar chumas d'úsáideoirí gréasán an gás atá ag teacht isteach nó ag imeacht ar bhonn acmhainn dhocht a leithdháileadh go héasca ar aon phointe iontrála nó scoir sa chóras iontrála-scoir céanna.

(13) Ba cheart acmhainn choinníollach a thairiscint nuair nach bhfuil oibreoirí gréasáin in ann acmhainn dhocht a thairiscint, agus sa chás sin amháin. Ba cheart d'oibreoirí gréasáin na coinníollacha maidir le hacmhainn choinníollach a shainiú ar bhonn srianta oibríochtúla ar bhealach trédhearcach soiléir. Ba cheart don údarás rialála a áirithiú go bhfuil teorainn le líon na dtáirgí acmhainne coinníollaí chun ilroinnt an mhargaidh a sheachaint agus chun a áirithiú go comhlíontar an prionsabal maidir le rochtain éifeachtúil tríú páirtí a áirithiú a sholáthar.

⬇ 715/2009 aithris 12

(14) Ba cheart go mbainfí amach leibhéal dóthanach maidir le hacmhainn idirnaisc trasteorann gáis agus go gcuirfí comhtháthú chun cinn chun an margadh inmheánach sa ghás nádúrtha a chomhlánú.

🡻 715/2009 aithris 13

Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2007 dar teideal 'Beartas Fuinnimh don Eoraip', leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé an margadh inmheánach sa ghás nádúrtha a chomhlánú agus coinníollacha cothroma a chruthú do gach gnóthais gháis nádúrtha sa Chomhphobal. Le Teachtaireachtaí an Choimisiúin an 10 Eanáir 2007 dar teideal 'Ionchais an mhargaidh inmheánaigh sa ghás agus sa leictreachas' agus 'Fiosrúchán de bhun Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ar earnálacha an gháis agus an leictreachais san Eoraip (Tuarascáil Chríochnaitheach)', léiríodh nach soláthraítear, leis na rialacha agus na bearta reatha, an creat is gá chun cuspóir an mhargaidh inmheánaigh a fheidhmíonn go maith agus atá éifeachtúil agus oscailte a bhaint amach, ná nach ndéantar foráil leo maidir le cruthú acmhainní idirnaisc chun an cuspóir sin a bhaint amach.

🡻 715/2009 aithris 14

De bhreis ar an gcreat rialála atá ann a chur chun feidhme go críochnúil, ba cheart an creat rialála don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 a oiriúnú i gcomhréir leis na teachtaireachtaí sin.

🡻 715/2009 aithris 15 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(15) Go háirithe , tTá gá le comhar agus comhordú méadaithe idir na hoibreoirí córais tarchurtha ⇨ agus, i gcás inarb ábhartha, oibreoirí córais dáileacháin, ⇦ chun cóid ghréasáin a chruthú lena soláthrófar agus lena mbainisteofar rochtain éifeachtach agus thrédhearcach ar na gréasáin tarchurtha thar theorainneacha, agus chun pleanáil atá comhordaithe agus réamhbhreathnaitheach go leor agus forás fónta teicniúil a áirithiú don chóras tarchurtha ⇨ gáis nádúrtha ⇦ sa Chomhphobal ⌦ san Aontas ⌫, lena n-áirítear acmhainní idirnaisc a chruthú, ag féachaint go cuí don chomhshaol. Ba cheart go mbeadh na cóid ghréasáin sin i gcomhréir leis na creat-treoirlínte ar de chineál neamhcheangailteach iad (creat-treoirlínte) agus a d'fhorbair ⌦ Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh ⌫ um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ⌦ (ACER) ⌫ arna bunú i gcomhréir le le Rialachán ⌦ (AE) 2019/942 ⌫ (CE) Uimh. 713/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] [9]an Dé Luain 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Gníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh[10], (an Ghníomhaireacht). Ba cheart ⌦ ról a bheith ag ACER ⌫ go mbeadh ról ag an nGníomhaireacht maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtchóid ghréasáin, ar athbhreithniú é a bheidh bunaithe ar ábhair fíoras, lena n-áirítear athbhreithniú i dtaobh an gcomhlíonann siad na creat-treoirlínte, agus ba cheart go gcumasófaí di a mholadh don Choimisiún iad a ghlacadh.⌦ Ba cheart do ACER measúnú a dhéanamh ⌫ go ndéanfadh an Ghníomhaireacht measúnú ar leasuithe a bheartaítear a dhéanamh ar na cóid ghréasáin agus ba cheart go gcumasófaí di a mholadh don

[8] Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh.

[9] Rialachán (CE) Uimh. 713/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Gníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (IO L 211, 14.8.2009, lch. 1).

[10] Féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo.

Choimisiún iad a ghlacadh. Ba cheart go n-oibreodh oibreoirí córas tarchurtha a ngréasáin i gcomhréir leis na cóid ghréasáin sin..

---

| ↓ 715/2009 aithris 16 (oiriúnaithe) ⇨ nua |
|---|

(16) Chun go n-áiritheofar bainistiú optamach an ghréasáin tarchurtha gáis ~~sa Chomhphobal~~ ⌦ san Aontas, ⌫ ba cheart ⌦ foráil a dhéanamh maidir le Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Gáis (ENTSO don ghás) ⌫~~Gréasán Eorpach Oibreoirí na gCóras Tarchurtha don Ghás (an ENTSO don Ghás) a bhunú~~. Ba cheart go gcuirfeadh an ENTSO don Ghás a chuid cúraimí i gcrích i gcomhréir le rialacha iomaíochta an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ ⌦ atá ⌫ infheidhme ~~i gcónaí~~ maidir le cinntí an ENTSO don Ghás. Ba cheart go saineofaí cúraimí an ENTSO don Ghás ar bhealach soiléir agus ba cheart go n-áiritheofaí lena mhodh oibre éifeachtúlacht, cineál ionadaíoch agus trédhearcacht an ENTSO don Ghás. Níl sé beartaithe go ngabhfadh na cóid ghréasáin a ullmhaíonn an ENTSO don Ghás ionad na gcód gréasáin náisiúnta atá riachtanach maidir le saincheisteanna nach saincheisteanna trasteorann iad. De bhrí go bhféadfar dul chun cinn níos éifeachtaí a dhéanamh trí chur chuige ar an leibhéal réigiúnach, ba cheart d'oibreoirí córais tarchurtha struchtúir réigiúnacha a chur ar bun laistigh den struchtúr comhair foriomlán, agus go n-áiritheofaí ag an am céanna go mbeadh na torthaí ar an leibhéal réigiúnach comhoiriúnach le cóid ghréasáin agus le pleananna forbartha gréasáin neamhcheangailteacha deich mbliana ar leibhéal an ⌦ Aontais ⌫~~Chomhphobail~~. Maidir le comhar laistigh de struchtúir réigiúnacha den sórt sin, glactar leis go bhfuil díchuachadh éifeachtach á dhéanamh amhail idir gníomhaíochtaí gréasáin agus gníomhaíochtaí táirgthe agus soláthair. In éagmais díchuachadh den sórt sin, tá riosca iompair frithiomaíochta ann mar gheall ar chomhar réigiúnach idir oibreoirí córais tarchurtha. Ba cheart do na Ballstáit an comhar ar leibhéal réigiúnach a chur chun cinn mar aon le faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an ghréasáin ar an leibhéal sin. Ba cheart go mbeadh an comhar ar leibhéal réigiúnach comhoiriúnach leis an dul chun cinn i ndáil le margadh inmheánach iomaíoch agus éifeachtúil a bhaint amach i gcúrsaí ~~gáis~~ ⌦gás ⌫.

---

| ↓ 715/2009 aithris 17 (nua) |
|---|

~~Tá leas ag rannpháirtithe uile an mhargaidh san obair a bhfuiltear ag súil léi ón ENTSO don Ghás. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go mbeadh próiseas comhairliúcháin éifeachtach ann agus go mbeadh ról tábhachtach ag na struchtúir atá ann cheana féin agus a cuireadh ar bun chun an próiseas comhairliúcháin a éascú agus a shruthlíniú, amhail an Comhlachas Eorpach um shruthlíniú Malartaithe Fuinnimh, rialálaithe náisiúnta nó an Ghníomhaireacht.~~

---

| ↓ 715/2009 aithris 18 (nua) ⇨ nua |
|---|

(17) D'fhonn breis trédhearcachta a áirithiú maidir le forbairt an ghréasáin iomláin tarchurtha gáis ~~sa Chomhphobal~~ ⌦ san Aontas ⌫, ba cheart don ENTSO don Ghás plean forbartha gréasáin uile-~~Chomhphobail~~⌦ Aontais ⌫ neamhcheangailteach deich mbliana ⇨ ar bhonn cás comhpháirteach agus ar bhonn na samhla idirnasctha ⇦ a tharraingt suas, a fhoilsiú agus a uasdátú go rialta (plean forbartha gréasáin uile-~~Chomhphobail~~⌦ Aontais ⌫). Ba cheart go ndéanfaí gréasáin inmharthana tarchurtha

gáis agus na hidirnaisc réigiúnacha is gá, atá ábhartha ó thaobh tráchtála nó chinnteacht soláthair de, a chur san áireamh sa phlean forbartha gréasáin sin.

---

🡻 715/2009 aithris 19
⇨ nua

(18) Chun iomaíocht a fheabhsú trí mhargaí mórdhíola leachtacha sa ghás, tá sé ríthábhachtach go bhféadfaí an gás a thrádáil go neamhspleách ar an suíomh atá aige sa chóras. An t-aon slí chun é seo a dhéanamh is ea trí shaoirse a thabhairt d'úsáideoirí an ghréasáin acmhainn iontrála sa chóras agus acmhainn scoir as an gcóras a chur in áirithe go neamhspleách ar a chéile, agus sa chaoi sin iompar gáis a chruthú trí chriosanna seachas trí chonairí conarthacha. ⇨ Chun saoirse na hacmhainne áirithinte a áirithiú go neamhspleách ag pointí iontrála agus scoir, níor cheart, dá bhrí sin, taraifí arna socrú do phointe iontrála amháin a bheith bainteach leis an taraif a socraíodh do phointe scoir amháin, agus *vice versa*, agus ba cheart iad a thairiscint i dtaca leis na pointí sin ar leithligh agus gan na muirir iontrála agus scoir a chur le chéile sa taraif i bpraghas aonair. ⇦ ~~Thug formhór na ngeallsealbhóirí le fios cheana ag 6ú Fóram Mhaidrid an 30 agus an 31 Deireadh Fómhair 2002 gurbh é ba rogha leo córais iontrála-scoir chun forbairt iomaíochta a éascú. Níor cheart go mbeadh taraifí spleách ar an mbealach iompair. Dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh baint ag an taraif arna socrú le haghaidh pointe iontrála amháin nó níos mó leis an taraif arna socrú le haghaidh pointe scoir amháin nó níos mó, agus vice versa.~~

---

⇩ nua

(19) Cé go ndéantar, le Rialachán (AE) 312/2014 ón gCoimisiún lena mbunaítear Cód Gréasáin maidir le Cothromú Gáis ar Ghréasáin Tarchurtha, foráil maidir le rialacha a leagan síos i dtaca le rialacha teicniúla a bhunú lena bhforbraítear réimis chomhardúcháin, fágann sé roghanna éagsúla maidir le dearadh gach réimis chomhardúcháin a chuirtear i bhfeidhm i gcóras sonrach iontrála-scoir. Mar thoradh ar an meascán roghanna a dhéanfar, d'fhéadfadh sé go mbeadh réimeas comhardúcháin sonrach ann is infheidhme maidir le córas sonrach iontrála-scoir agus a dtugann aird ar chríocha na mBallstát den chuid is mó faoi láthair.

(20) Is ar úsáideoirí an ghréasáin a bheidh an fhreagracht a n-ionchuir a chothromú le hais an mhéid a thógann siad ó ardáin trádála a bhunaítear chun an trádáil gáis idir úsáideoirí an ghréasáin a éascú ar bhealach níos fearr. Chun gáis in-athnuaite agus gáis ísealcharbóin a chomhtháthú níos fearr laistigh den chóras iontrála-scoir, ba cheart leibhéal an chórais dáileacháin a chumhdach sa chrios comhardúcháin freisin. Ba cheart an pointe trádála fíorúil a úsáid chun gás a mhalartú idir cuntais chomhardaithe úsáideoirí an ghréasáin.

---

🡻 715/2009 aithris 20

(21) Ní chiallaíonn tagairtí do chonarthaí comhchuibhithe iompair i gcomhthéacs na rochtana neamh-idirdhealaithí ar ghréasán oibreoirí na gcóras tarchurtha gur gá gurb ionann téarmaí agus coinníollacha na gconarthaí iompair atá ag oibreoir córais ar leith i mBallstát amháin agus téarmaí agus coinníollacha oibreora eile córais sa Bhallstát sin nó i mBallstát eile, mura rud é go leagtar síos ceanglais íosta nach mór iad a chomhlíonadh sna conarthaí iompair uile.

🡻 715/2009 aithris 21

Tá plódú suntasach conarthach ann sna gréasáin gáis. Dá bhrí sin, tá na prionsabail a bhaineann le bainistiú ar phlódú agus leithdháileadh maidir le haemhainn i gcomhair conarthaí nua nó conarthaí a caibidlíodh as an nua bunaithe ar acmhainn nach bhfuil in úsáid a scaoileadh trí chead a thabhairt d'úsáideoirí an ghréasáin an acmhainn chonarthach atá acu a fholigean nó a athdhíol agus ar an oibleagáid atá ar oibreoirí na gcóras tarchurtha an acmhainn nach bhfuil in úsáid acu a thairiscint don mhargadh, ar bhonn lá roimh ré agus ar bhonn in-idirbhriste ar a laghad. I bhfianaise líon mór na gconarthaí reatha agus i bhfianaise an ghá atá le coinníollacha cothroma a chruthú idir úsáideoirí na haemhainne nua agus na haemhainne atá ann cheana, ba cheart na prionsabail sin a chur i bhfeidhm maidir leis an acmhainn chonarthach go léir, lena n-áirítear na conarthaí atá ann cheana.

🡻 715/2009 aithris 22

Cé gurb annamh plódú fisiceach na ngréasán a bheith ina fhadhb sa Chomhphobal faoi láthair, d'fhéadfadh sé a bheith ina fhadhb amach anseo. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, an bunphrionsabal a sholáthar maidir le haemhainn phlódaithe a leithdháileadh in imthosca den sórt sin.

🡻 715/2009 aithris 23

De réir an fhaireacháin atá déanta ag an gCoimisiún agus ag na húdaráis rialála náisiúnta ar an margadh le blianta beaga anuas, léirítear nach leor na ceanglais reatha trédhearcachta agus na rialacha reatha maidir le rochtain ar bhonneagar chun fíormhargadh inmheánach a fheidhmíonn go maith agus atá oscailte agus éifeachtúil a bhaint amach.

🡻 715/2009 aithris 24

(22) Tá gá le rochtain chomhionann ar fhaisnéis maidir le stádas fisiceach agus le héifeachtúlacht an chórais ionas go mbeidh rannpháirtithe uile an mhargaidh in ann staid fhoriomlán an éilimh agus an tsoláthair a mheasúnú agus go mbeidh siad in ann na cúiseanna leis na hathruithe ar an bpraghas mórdhíola a shainaithint. Áirítear leis sin, faisnéis níos cruinne ar sholáthar agus ar éileamh, ar acmhainn an ghréasáin ar shreabha agus ar chothabháil, ar cothromú agus ar infhaighteacht agus úsáid stórála. Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leis an bhfaisnéis sin d'fheidhmiú an mhargaidh, is gá maolú ar na srianta atá ann cheana ar fhoilsiú ar chúiseanna rúndachta.

🡻 715/2009 aithris 25

(23) Maidir le ceanglais rúndachta i leith faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de, tá siad ábhartha go háirithe i gcás ina mbaineann siad le sonraí de chineál straitéiseach ó thaobh tráchtála don chuideachta lena mbaineann, i gcás nach bhfuil ach úsáideoir aonair amháin ann do shaoráid stórála, nó i gcás ina mbaineann sonraí le pointí scoir laistigh de chóras nó d'fhochóras nach bhfuil nasctha le córas tarchurtha ná dáileacháin eile ach atá nasctha le custaiméir deiridh tráchtála aonair, i gcás ina nochtfadh foilsiú sonraí den sórt sin faisnéis rúnda maidir le próiseas táirgthe an chustaiméara sin.

➜ 715/2009 aithris 26

(24) D'fhonn muinín sa mhargadh a fheabhsú, ní foláir do na rannpháirtithe a bheith cinnte go bhféadfar iad siúd a ghabhann do mhí-úsáid a chur faoi réir pionós atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Ba cheart go dtabharfaí an inniúlacht do na húdaráis inniúla chun líomhaintí maidir le mí-úsáid an mhargaidh a fhiosrú go héifeachtach. Chun na críche sin, is gá rochtain a bheith ag na húdaráis inniúla ar shonraí ina bhfuil faisnéis maidir le cinntí oibríochtúla a ghlacann gnóthais soláthair. I margadh an gháis, déantar na cinntí sin go léir a chur in iúl do na hoibreoirí córais i bhfoirm forchoimeádas acmhainne, ainmniúcháin agus sreabha réadaithe, Ba cheart d'oibreoirí córais faisnéis i dtaca leis sin a choimeád ar fáil do na húdaráis inniúla, agus rochtain éasca a bheith ag na húdaráis sin uirthi, go ceann tréimhse socraithe. Ina theannta sin, ba cheart go ndéanfadh na húdaráis inniúla faireachán go tráthrialta ar chomhlíonadh na rialacha ar thaobh na n-oibreoirí córais tarchurtha.

---

➜ 715/2009 aithris 27
⇨ nua

(25) Ní leor an rochtain atá ann ar shaoráidí stórála gáis ⇨ nádúrtha ⇦ agus ar shaoráidí gáis nádúrtha leachtaithe (GNL), i roinnt Ballstát, agus is gá, dá bhrí sin, cur chun feidhme na rialacha atá ann cheana a fheabhsú⇨ , lena n-áirítear i réimse na trédhearcachta. Ba cheart a chur san áireamh leis an bhfeabhsú sin acmhainneacht agus glacadh gás in-athnuaite agus ísealcharbóin maidir leis na saoráidí sin sa mhargadh inmheánach. ⇦ Is é an tátal a baineadh as faireachán Ghrúpa Rialálaithe na hEorpa um Leictreachas agus Ghás ná nach gcuirtear i bhfeidhm go leordhóthanach na treoirlínte deonacha maidir le cleachtas rochtana tríú páirtí le haghaidh oibreoirí na gcóras stórála, ar treoirlínte iad ar chomhaontaigh na geallsealbhóirí go léir orthu ag Fóram Mhaidrid, agus nach mór, dá bhrí sin, na treoirlínte sin a bheith ceangailteach.

---

➜ 715/2009 aithris 28
⇨ nua

(26) Is sásraí tábhachtacha iad córais chomhardúcháin neamh-idirdhealaitheacha trédhearcacha maidir le gás ⇨ nádúrtha⇦ a oibríonn oibreoirí na gcóras tarchurtha, go háirithe maidir le hiontrálaithe nua ar an margadh a bhféadfadh níos mó deacrachta a bheith acu a bpunann fhoriomlán díolacháin a chomhardú ná mar atá ag cuideachtaí atá bunaithe cheana laistigh den mhargadh ábhartha. Is gá, dá bhrí sin, rialacha a leagan síos chun a áirithiú go n-oibreoidh oibreoirí na gcóras tarchurtha sásraí den sórt sin ar dhóigh atá comhoiriúnach le coinníollacha neamh-idirdhealaitheacha, trédhearcacha agus éifeachtacha rochtana ar an ngréasán.

---

➜ 715/2009 aithris 29

~~Is cuid thábhachtach de mhargadh iomaíoch a fhorbairt agus de leachtacht a chruthú cearta acmhainne príomhúla a thrádáil. Ba cheart, dá bhrí sin, bunrialacha a bhaineann le trádáil den sórt sin a leagan síos leis an Rialachán seo.~~

↓ 715/2009 aithris 30
⇨ nua

(27) Ba cheart go n-áiritheodh na hú hÚdaráis rialála náisiúnta comhlíonadh na rialacha atá sa Rialachán seo⇨ , mar aon leis na cóid ghréasáin, ⇦ agus na d t Treoirlínte a ghlactar ar bhonn an Rialacháin seo a .

---

↓ 715/2009 aithris 31 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(28) Sna t Treoirlínte atá i gceangal leis an Rialachán seo, déantar rialacha cur chun feidhme ⌦ níos ⌫ mionsonraithe sonracha a shainiú ar bhonn an dara sraith Treoirlínte le haghaidh Dea-Chleachtais. I gcás inarb iomchuí, tiocfaidh éabhlóid ⇨ ba cheart éabhlóid a theacht ⇦ ar na rialacha sin le himeacht ama, agus na difríochtaí idir na córais náisiúnta gáis á gcur san áireamh ⇨ mar aon lena bhforbairt ⇦.

---

↓ 715/2009 aithris 32

(29) Le linn leasú ar na Treoirlínte atá san Iarscríbhinn atá i gceangal leis an Rialachán seo a mholadh, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go rachfaí i gcomhairle roimh ré leis na páirtithe ábhartha uile a bhfuil baint acu leis na Treoirlínte, arb iad na heagraíochtaí gairmiúla a n-ionadaithe, agus leis na Ballstáit laistigh d'Fhóram Mhaidrid.

---

↓ 715/2009 aithris 33

(30) Ba cheart go gceanglófaí ar na Ballstáit agus ar na húdaráis náisiúnta inniúla faisnéis ábhartha a sholáthar don Choimisiún. Ba cheart don Choimisiún déileáil le faisnéis den sórt sin mar fhaisnéis rúnda.

---

↓ 715/2009 aithris 34 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(31) Beidh an Rialachán seo ⇨ agus na cóid ghréasáin ⇦ agus na g Treoirlínte a ghlacfar i gcomhréir leis gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha iomaíochta an Chomhphobail⌦ Aontais ⌫ .

---

↓ 715/2009 aithris 35 (nua)

Maidir leis na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart iad a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún[11].

[11] IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

↓ 715/2009 aithris 36 (nua)

~~Ba cheart, go háirithe, go gcumhachtófaí don Choimisiún na Treoirlínte is gá a bhunú nó a ghlacadh d'fhonn an leibhéal íosta comhchuibhithe is gá a sholáthar chun aidhmeanna an Rialacháin seo a bhaint amach. Ós rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus gur ceapadh iad chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, i dteannta nithe eile, trína forlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha, ní mór iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.~~

⇩ nua

(32) Ba cheart do na Ballstáit agus do Chomhpháirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh dul i ndlúthchomhar ar chúrsaí a bhaineann le réigiún comhtháite trádála gáis a fhorbairt agus níor cheart dóibh aon bheart a dhéanamh a chuirfeadh comhtháthú breise na margaí gáis nádúrtha, ná cinnteacht soláthair na mBallstát agus na gComhpháirtithe Conarthacha, i mbaol.

(33) D'fhéadfaí a cheadú d'oibreoirí córais tarchurtha stóráil gáis nádúrtha a chur in áirithe chun a bhfeidhmeanna a chur i gcrích agus chun críocha chinnteacht an tsoláthair agus chun na críche sin amháin. D'fhéadfaí na stoic straitéiseacha sin a líonadh trí bhíthin ceannach comhpháirteach trí úsáid a bhaint as an ardán trádála a luaitear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 312/2014 ón gCoimisiún gan dochar do rialacha iomaíochta an Aontais. Ionas nach gcuirfí isteach ar fheidhmiú rialta an mhargaidh, ba cheart d'oibreoirí córais tarchurtha a bheith in ann gás nádúrtha a aistarraingt chun a bhfeidhmeanna a chur i gcrích nó i gcás staid éigeandála fógartha, mar a luaitear in Airteagal 11(1) den Rialachán sin, agus sna cásanna sin amháin.

(34) I gcás ina ndéantar margaí réigiúnacha a chomhtháthú, ba cheart do na hoibreoirí córais tarchurtha agus do na húdaráis rialála ábhartha aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhfuil tionchar trasteorann acu, amhail struchtúir taraifí, réimeas cothromúcháin, acmhainní ag na pointí trasteorann atá fágtha, pleananna infheistíochta agus comhlíonadh chúraimí na n-oibreoirí córais tarchurtha agus na n-údarás rialála.

(35) Leis an aistriú fuinnimh agus comhtháthú leanúnach an mhargaidh, éileofar tuilleadh trédhearcachta maidir le hioncam ceadaithe nó sprioc-ioncam an oibreora córais tarchurtha. Déanfar roinnt cinntí a bhaineann le líonraí gáis nádúrtha bunaithe de réir na faisnéise sin. Mar shampla, tá gá le níos mó trédhearcachta ná mar atá ann faoi láthair chun sócmhainní tarchuir a aistriú ó ghréasán gáis nádúrtha chuig gréasán hidrigine nó chun sásra cúitimh idir-OCT (ITC) a chur chun feidhme. Ina theannta sin, tá gá le soiléireacht maidir leis an éileamh ar ghás nádúrtha agus na réamh-mheastacháin costais araon le haghaidh an mheasúnaithe ar fhorbairt na dtaraifí go fadtéarmach. Leis an trédhearcacht, ba cheart na measúnaithe ar fhorbairt na dtaraifí go fadtéarmach a bheith indéanta. Ba cheart do na húdaráis rialála, go sonrach, faisnéis a sholáthar faoin modheolaíocht a úsáidtear chun ioncam na n-oibreoirí córais tarchurtha a ríomh, luach a sócmhainbhunú rialála agus a dímheas le himeacht ama, luach an chaiteachais oibríochtúil, costas an chaipitil a chuirtear i bhfeidhm ar oibreoirí córais tarchurtha agus na dreasachtaí agus na préimheanna a chuirtear i bhfeidhm.

(36) Is costais sheasta den chuid is mó iad caiteachais na n-oibreoirí córais tarchurtha. Tá a samhail ghnó agus na creataí rialála náisiúnta atá ann faoi láthair bunaithe ar an

toimhde go n-úsáidfear go fadtéarmach a ngréasáin lena mbaineann tréimhsí fada dímheasa (30 go 60 bliana). I gcomhthéacs an aistrithe fuinnimh, ba cheart na húdaráis rialála a bheith in ann an t-éileamh ar ghás a réamh-mheas chun na socruithe rialála a mhodhnú in am trátha agus chun cosc a chur ar an gcás ina mbeadh aisghabháil costas na n-oibreoirí córais tarchurtha trí tharaifí ina bhagairt ar an inacmhainneacht le haghaidh tomhaltóirí mar gheall ar chóimheas méadaitheach costas socraithe leis an éileamh ar ghás. I gcás inar gá, d'fhéadfaí, mar shampla, próifíl dímheasa nó íocaíocht na sócmhainní tarchuir a mhodhnú.

(37) Ba cheart an trédhearcacht maidir le hoibreoirí córais tarchurtha a cheadaítear nó maidir leis an sprioc-ioncam a mhéadú chun gur féidir le húsáideoirí gréasáin tagarmharcáil agus measúnú a dhéanamh. Chomh maith leis sin, ba cheart leis an trédhearcacht mhéadaithe comhar trasteorann agus bunú sásraí ITC idir oibreoirí a éascú ar mhaithe le comhtháthú réigiúnach nó chun lascainí taraife i ngáis in-athnuaite agus i ngáis ísealcharbóin a chur chun feidhme, mar a leagtar amach sa Rialachán seo.

(38) Chun leas a bhaint as na láithreacha is buntáistí go heacnamaíoch le haghaidh gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin a tháirgeadh, ba cheart d'úsáideoirí gréasán tairbhe a bhaint as lascainí i dtaraifí atá acmhainnbhunaithe. Ba cheart a áireamh orthu sin lascaine maidir le soláthar breise ó shaoráidí táirgthe gás in-athnuaite agus ísealcharbóin, lascaine i dtaraifí ag pointí iontrála agus chuig pointí scoir saoráidí stórála agus lascaine sa taraife trasteorann agus pointí iontrála ó shaoráidí gás nádúrtha leachtaithe (GNL). I gcás ina dtagann athrú ar luach lascainí nach lascainí trasteorann iad, ní mór don údarás rialála cothromaíocht a bhaint amach idir an leas idir úsáideoirí gréasáin agus oibreoirí gréasáin, agus creataí cobhsaí airgeadais á gcur san áireamh go sonrach le haghaidh infheistíochtaí atá ann cheana, go háirithe le haghaidh saoráidí táirgthe fuinnimh in-athnuaite. I gcás inar féidir, ba cheart táscairí nó coinníollacha chun an lascaine a athrú a chur ar fáil go leordhóthanach sula ndéanfar aon chinneadh an lascaine a athrú. Níor cheart leis an lascaine sin difear a dhéanamh don mhodheolaíocht ghinearálta maidir le taraifí a shocrú, ach ba cheart í a chur ar fáil *ex-post* maidir leis an taraif ábhartha. Chun tairbhe a bhaint as an lascaine, ba cheart d'úsáideoirí gréasáin an fhaisnéis is gá a chur faoi bhráid an oibreora córais tarchurtha bunaithe ar dheimhniú a bheadh nasctha le bunachar sonraí an Aontais.

(39) Maidir le laghduithe ar ioncam ó chur i bhfeidhm na lascainí, déileálfar leo mar laghduithe ginearálta ar ioncam, e.g. laghduithe de bharr díolacháin acmhainne laghdaithe agus ní mór iad a aisghabháil ar bhealach tráthúil trí tharaifí, mar shampla trí na taraifí sonracha a mhéadú de réir na rialacha ginearálta atá in Airteagal 15 den Rialachán seo. Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún na leibhéil lascaine a athrú trí ghníomhartha tarmligthe chun míchothromaíochtaí struchtúracha ioncaim a mhaolú le haghaidh oibreoirí córais tarchurtha.

(40) Chun an éifeachtúlacht a mhéadú i ngréasáin dáileacháin gáis nádúrtha san Aontas agus chun an dlúthchomhar le hoibreoirí córais tarchurtha agus leis an ENTSO don Ghás a áirithiú, ba cheart foráil a dhéanamh d'eintiteas Eorpach d'oibreoirí córais dáileacháin san Aontas ('eintiteas AE do OCDanna'), lena n-áirítear oibreoirí córais tarchurtha gáis nádúrtha. Ba cheart cúraimí an eintitis AE do OCDanna a shainiú ar bhealach soiléir agus ba cheart lena mhodh oibre éifeachtúlacht, trédhearcacht agus ionadaíocht a áirithiú i measc oibreoirí córais tarchurtha an Aontais. Ba cheart don eintiteas AE do OCDanna dul i ndlúthchomhar leis an ENTSO don Ghás maidir leis na cóid ghréasáin a ullmhú agus a chur chun feidhme, i gcás inarb infheidhme sin, agus ba cheart dó oibriú chun treoir a thabhairt maidir le comhtháthú *inter alia* ar ghiniúint dháilte i réimsí eile a bhaineann le bainistiú na ngréasán dáileacháin.

(41) Tá ról tábhachtach ag oibreoirí córais dáileacháin maidir le gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin a chomhtháthú sa chóras, mar shampla, tá thart ar leath den acmhainn táirgthe bithmheatáin nasctha leis an eangach dáileacháin. Chun rannpháirtíocht na ngás sin sa mhargadh mórdhíola a éascú, ba cheart rochtain ar an bpointe trádála fíorúil a bheith ag saoráidí táirgthe atá nasctha leis an eangach dáileacháin i ngach Ballstát. Ina theannta sin, i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo, ba cheart d'oibreoirí córais dáileacháin agus d'oibreoirí córais tarchurtha oibriú le chéile chun sreafaí cúltreo ón dáileadh go dtí an gréasán tarchurtha a chumasú nó chun comhtháthú an chórais dáileacháin a áirithiú trí mhodhanna malartacha, arb ionann an éifeachtacht leo, chun comhtháthú margaidh gás in-athnuaite agus ísealcharbóin a éascú.

(42) Le comhtháthú líon méadaitheach na ngás in-athnuaite agus ísealcharbóin i gcóras gáis nádúrtha na hEorpa, athrófar cáilíocht an gháis nádúrtha a iompraítear agus a ídítear san Eoraip. Chun sreabhadh trasteorann gáis nádúrtha gan bhac a áirithiú, idir-inoibritheacht na margaí a choinneáil ar bun agus comhtháthú margaidh a chumasú, tá gá an trédhearcacht a mhéadú maidir le cáilíocht an gháis agus maidir leis na costais a bhaineann lena bhainistiú, is gá foráil a dhéanamh do chur chuige comhchuibhithe maidir le róil agus freagrachtaí na n-údarás rialála agus na n-oibreoirí córais agus an comhordú trasteorann a threisiú. Agus cur chuige comhchuibhithe á áirithiú le haghaidh pointí idirnaisc trasteorann maidir le cáilíocht an gháis, ba cheart solúbthacht na mBallstát a choinneáil ar bun maidir le caighdeáin cháilíochta gáis a chur i bhfeidhm ina gcórais intíre gáis nádúrtha.

(43) Níl sé chomh héifeachtúil hidrigin a chumasc sa chóras gáis nádúrtha i gcomparáid le hidrigin a úsáid ina foirm íon, agus laghdaítear luach na hidrigine. Tá tionchar aige sin freisin ar oibriú an bhonneagair gáis, ar fheidhmiú ar leibhéal na n-úsáideoirí deiridh, agus ar idir-inoibritheacht na gcóras trasteorann. Ba cheart cinneadh na mBallstát maidir le cumasc hidrigine a chur i bhfeidhm ina gcórais náisiúnta gáis nádúrtha a chaomhnú. San am céanna, mhaolófaí an riosca deighilte margaidh le cur chuige comhchuibhithe maidir le hidrigin a chumasc isteach sa chóras gáis nádúrtha agus é sin i bhfoirm uasteorann ceadaithe ar fud an Aontais ag pointí idirnaisc trasteorann idir Ballstáit an Aontais, agus sa chás sin cheanglófaí ar oibreoirí córais tarchurtha glacadh le gás nádúrtha ina mbeadh an leibhéal hidrigine cumaiscthe faoi bhun na huasteorann. Ba cheart saorchead a bheith ag córais tarchurtha chóngaracha i gcónaí teacht ar chomhaontú maidir le leibhéil cumaisc hidrigine is airde le haghaidh pointí idirnaisc trasteorann.

(44) Tá sé fíor-riachtanach go mbeidh próiseas láidir trasteorann ann idir na hoibreoirí córais tarchurtha maidir le cáilíocht an gháis, lena n-áirítear bithmheatán agus cumaisc hidrigine, ionas go n-éascófar iompar éifeachtúil an gháis nádúrtha ar fud na gcóras gáis nádúrtha laistigh den Aontas agus ar an gcaoi sin aistriú i dtreo comhtháthú níos níos ar an margadh inmheánach. Le ceanglais trédhearcachta fheabhsaithe maidir le paraiméadair cháilíochta gáis, lena n-áirítear maidir le holl-luach calrach, Innéacs Wobbe agus cion ocsaigine, agus cumaisc hidrigine agus a bhforbairt le himeacht ama in éineacht le hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe, ba cheart cur le dea-fheidhmiú margaidh inmheánaigh an gháis nádúrtha atá oscailte éifeachtúil.

(45) Chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú agus chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i ndáil le heilimintí neamhriachtanacha de réimsí sonracha áirithe a bhfuil tábhacht bhunúsach ag baint leo maidir le comhtháthú margaidh, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le

linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[12]. Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann a áirithiú agus gníomhartha tharmligthe á n-ullmhú, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle gach doiciméad a fháil ag an am céanna le saineolaithe na mBallstát, agus ba cheart cead a bheith ag a gcuid saineolaithe i gcónaí freastal ar chruinnithe grúpaí saineolaithe de chuid an Choimisiúin atá ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(46) Le Rialachán (AE) 2015/703 ón gCoimisiún[13], leagtar amach rialacha maidir le hidir-inoibritheacht agus malartú sonraí le haghaidh an chórais gáis nádúrtha, go háirithe i ndáil le comhaontuithe idirnaisc, lena n-áirítear rialacha maidir le rialú sreafa, prionsabail tomhais le haghaidh cainníocht agus cáilíocht gáis, rialacha maidir leis an bpróiseas meaitseála agus cainníochtaí gáis a leithdháileadh, nósanna imeachta cumarsáide i gcás imeachtaí eisceachtúla; tacar chomhchoiteann aonad, cáilíocht an gháis, lena n-áirítear rialacha maidir le srianta trádála trasteorann a bhainistiú i ngeall ar dhifríochtaí i gcáilíocht an gháis i gcleachtais bholaithe, san fhaireachán gearrthéarmach agus fadtéarmach ar cháilíocht an gháis agus i soláthar faisnéise; malartú sonraí, agus tuairisciú ar cháilíocht an gháis; an trédhearcacht, an chumarsáid, an soláthar faisnéise agus comhar idir rannpháirtithe ábhartha sa mhargadh.

(47) Chun go n-áiritheofar bainistiú optamach an ghréasáin tarchurtha hidrigine agus chun go mbeifear in ann trádáil a dhéanamh sa hidrigin agus í a sholáthar thar theorainneacha san Aontas, ba cheart Líonra Eorpach d'Oibreoirí Gréasáin don Hidrigin ('ENNOH') a bhunú. Ba cheart cúraimí an ENNOH a dhéanamh i gcomhréir le rialacha iomaíochta an Aontais. Ba cheart cúraimí an ENNOH a shainiú ar bhealach soiléir agus ba cheart a áirithiú lena mhodh oibre éifeachtúlacht, cineál ionadaíoch agus trédhearcacht an ENNOH. Níor cheart go ngabhfadh na cóid ghréasáin a ullmhaíonn an ENNOH in ionad na gcód gréasáin náisiúnta atá riachtanach maidir le saincheisteanna nach saincheisteanna trasteorann iad.

(48) Go dtí go mbunófar an ENNOH, ba cheart ardán sealadach a chur ar bun faoi cheannaireacht an Choimisiúin ina mbeidh ACER agus na rannpháirtithe ábhartha uile sa mhargadh rannpháirteach, lena n-áirítear an ENTSO don Ghás, an ENTSO don Leictreachas agus an t-eintiteas AE do OCDanna. Ba cheart don ardán sin tacú le luath-obair maidir le saincheisteanna a bhaineann le hullmhúchán agus forbairt atá ábhartha maidir le tuilleadh forbartha ar an ngréasán hidrigine agus na margaí hidrigine gan cumhachtaí foirmiúla cinnteoireachta. Ba cheart an t-ardán a chealú a luaithe a bhunófar an ENNOH. Go dtí go mbunófar an ENNOH, beidh an ENTSO don Ghás freagrach as pleananna forbartha gréasáin uile-Aontais a fhorbairt, lena n-áirítear gréasáin hidrigine.

(49) D'fhonn an trédhearcacht a áirithiú maidir le forbairt an ghréasáin iomláin tarchurtha hidrigine san Aontas , ba cheart don ENNOH plean forbartha gréasáin uile-Aontais neamhcheangailteach deich mbliana le haghaidh na hidrigine a chur ar bun, a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta, plean atá dírithe ar na riachtanais a bhaineann le margaí hidrigine a fhorbairt. Ba cheart gréasáin inmharthana tarchurtha hidrigine agus na hidirnaisc réigiúnacha is gá, atá ábhartha ó thaobh tráchtála de, a

---

[12] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

[13] Rialachán ón gCoimisiún (AE) 2015/703 an 30 Aibreán 2015 lena mbunaítear cód gréasáin maidir le hidir-inoibritheacht agus rialacha maidir le malartú sonraí (IO L 113, 1.5.2015, lch. 13*).*

chur san áireamh sa phlean forbartha gréasáin sin. Ba cheart don ENNOH a bheith rannpháirteach i bhforbairt na measúnaithe costais is tairbhe ar fud an chórais fuinnimh – lena n-áirítear an margadh fuinnimh idirnasctha idirnasctha agus an tsamhail ghréasáin, lena n-áirítear an bonneagar iompair leictreachais, gáis agus hidrigine chomh maith le stóráil, GNL agus leictrilítí -, cásanna na bpleananna forbartha gréasáin deich mbliana agus an tuarascáil maidir le bearnaí sa bonneagar a shainaithint mar a leagtar amach in Airteagail 11, 12 agus 13 [de Rialachán TEN-E arna mholadh in COM(2020) 824 final] chun liostaí tionscadail leasa choitinn a fhorbairt. Chun na críche sin, ba cheart don ENNOH dul i ndlúthchomhar leis an ENTSO don Leictreachas agus leis an ENTSO don Ghás chun an comhtháthú córas a éascú. Ba cheart don ENNOH na cúraimí sin a dhéanamh den chéad uair chun an 8ú liosta de thionscadail leasa choitinn a fhorbairt, ar choinníoll go mbeidh sé ag feidhmiú agus in ann an t-ionchur is gá a chur ar fáil sa phlean deich mbliana maidir le forbairt gréasáin faoi 2026.

(50) Tá leas ag rannpháirtithe uile an mhargaidh san obair a bhfuiltear ag dréim léi ón ENNOH. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh próiseas comhairliúcháin éifeachtach ann. Ar an iomlán, ba cheart don ENNOH féachaint lena thaithí oibre le pleanáil, forbairt agus oibriú bonneagair a fhorbairt agus a chomhtháthú i gcomhar le rannpháirtithe ábhartha eile sa mhargadh agus a gcomhlachais.

(51) De bhrí go bhféadfar dul chun cinn níos éifeachtaí a dhéanamh trí chur chuige ar an leibhéal réigiúnach, ba cheart d’oibreoirí gréasáin hidrigine struchtúir réigiúnacha a chur ar bun laistigh den struchtúr comhair foriomlán, agus go n-áireofaí ag an am céanna go mbeadh na torthaí ar an leibhéal réigiúnach comhoiriúnach le cóid ghréasáin agus le pleananna forbartha gréasáin neamhcheangailteacha deich mbliana ar fud an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit an comhar ar an leibhéal réigiúnach a chur chun cinn mar aon le faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an ghréasáin ar an leibhéal sin.

(52) Tá gá le ceanglais trédhearcachta chun a áirithiú gur féidir muinín rannpháirtithe an mhargaidh a chothú sna margaí hidrigine atá ag teacht chun cinn san Aontas. Tá gá le rochtain chomhionann ar fhaisnéis maidir le stádas fisiceach agus feidhmiú an chórais hidrigine ionas go mbeidh rannpháirtithe uile an mhargaidh in ann staid fhoriomlán an éilimh agus an tsoláthair a mheasúnú agus na cúiseanna le hathruithe ar an bpraghas margaidh a shainaithint. Ba cheart faisnéis a nochtadh i gcónaí ar bhealach bríoch ar dhóigh atá inrochtana go héasca agus ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

(53) Leis an ENNOH, bunófar ardán lárnach gréasánbhunaithe chun na sonraí uile atá ábhartha do rannpháirtithe sa mhargadh ionas go bhfaighidh siad rochtain éifeachtach ar an ngréasán.

(54) Leis na coinníollacha le haghaidh rochtana ar ghréasáin hidrigine ag luathchéim fhorbairt an mhargaidh, ba cheart feidhmiú éifeachtúil, an neamh-idirdhealú agus an trédhearcacht a áirithiú le haghaidh úsáideoirí gréasáin mar aon le dóthain solúbthachta a fhágáil d’oibreoirí san am céanna. Ach teorainn a chur le huastréimhse na gconarthaí acmhainne, ba cheart an riosca a mhaolú maidir le plódú conarthach agus cnapaireacht acmhainne.

(55) Ba cheart coinníollacha ginearálta a leagan amach maidir le rochtain tríú páirtí ar shaoráidí stórála hidrigine agus ar chríochfoirt hidrigine chun rochtain neamh-idirdhealaitheach agus an trédhearcacht a áirithiú le haghaidh úsáideoirí gréasáin.

(56) Ba cheart d'oibreoirí gréasáin hidrigine comhoibriú le chéile chun cóid ghréasáin a chruthú maidir le soláthar agus bainistiú rochtain thrédhearcach neamh-idirdhealaitheach ar na gréasáin thar theorainneacha agus chun forbairt chomhordaithe an ghréasáin san Aontas a áirithiú, lena n-áirítear acmhainní idirnaisc a chruthú. Ba cheart na cóid ghréasáin sin a bheith i gcomhréir leis na creat-treoirlínte neamhcheangailteacha a d'fhorbair ACER. Ba cheart ról a bheith ag ACER maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtchóid ghréasáin de réir ábhair fíoras, lena n-áirítear athbhreithniú i dtaobh an gcomhlíonann siad na creat-treoirlínte, agus ba cheart ACER a chumasú chun a mholadh don Choimisiún na dréachtchóid ghréasáin sin a ghlacadh. Ba cheart do ACER measúnú a dhéanamh ar leasuithe a bheartaítear a dhéanamh ar na cóid ghréasáin agus ba cheart ACER a chumasú chun a mholadh don Choimisiún na cóid ghréasáin a ghlacadh. Ba cheart d'oibreoirí gréasáin hidrigine a ngréasáin a oibriú i gcomhréir leis na cóid ghréasáin sin.

(57) Níl sé beartaithe go ngabhfadh na cóid ghréasáin a ullmhaíonn ENNOH ionad na rialacha náisiúnta is gá maidir le saincheisteanna nach saincheisteanna trasteorann iad.

(58) Is féidir cáilíocht na hidrigine a iompraítear agus a ídítear san Eoraip a bheith éagsúil de réir na teicneolaíochta táirgthe a ghabhann leis agus a sainiúlachtaí iompair. Dá bhrí sin, ba cheart an sreabhadh trasteorann hidrigine agus comhtháthú an mhargaidh a bheith mar thoradh ar chur chuige comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais maidir le bainistiú cáilíochta hidrigine ag idirnascairí trasteorann.

(59) Más rud é go measann an t-údarás rialála gur gá sin, d'fhéadfadh oibreoirí gréasáin hidrigine a bheith freagrach as cáilíocht hidrigine a bhainistiú ina ngréasáin féin, faoi chuimsiú na gcaighdeán cáilíochta hidrigine is infheidhme, chun cáilíocht hidrigine iontaofa agus chobhsaí a áirithiú le haghaidh tomhaltóirí deiridh.

(60) Tá sé fíor-riachtanach go mbeidh próiseas láidir comhordaithe trasteorann agus réitithe díospóidí ann idir oibreoirí córais hidrigine chun iompar hidrigine a éascú ar fud na ngréasán hidrigine laistigh den Aontas agus ar an gcaoi sin bogadh i dtreo comhtháthú níos fearr sa mhargadh inmheánach. Le ceanglais fheabhsaithe trédhearcachta maidir le paraiméadair cháilíochta hidrigine agus maidir lena bhforbairt le himeacht ama in éineacht le hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe, ba cheart cur le dea-fheidhmiú margaidh inmheánaigh hidrigine atá oscailte éifeachtúil.

(61) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 291 CFAE a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14].

(62) Chun feidhmiú éifeachtúil ghréasáin hidrigine na hEorpa a áirithiú, ba cheart d'oibreoirí gréasáin hidrigine a bheith freagrach as oibriú, cothabháil agus forbairt an ghréasáin iompair hidrigine i ndlúthchomhar le hoibreoirí gréasáin hidrigine eile mar aon le hoibreoirí córais eile a bhfuil a ngréasáin nasctha leo, lena n-áirítear comhtháthú córas fuinnimh a éascú.

(63) Is fearr a fheidhmeoidh an margadh inmheánach a bhuí le caighdeáin arna gcomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais. A luaithe a fhoilseofar an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, le comhlíonadh an chaighdeáin

[14] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

ba cheart comhréireacht a thoimhdiú leis na ceanglais chomhfhreagracha a leagtar amach sa bheart cur chun feidhme a glacadh ar bhonn An Rialacháin seo, cé gur cheart bealaí eile a cheadú chun an chomhréireacht sin a léiriú. I gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 1025/2012, is féidir leis an gCoimisiún Eorpach iarraidh ar eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú sonraíochtaí teicniúla, caighdeáin Eorpacha agus caighdeáin Eorpacha chomhchuibhithe a fhorbairt. Ba cheart é a bheith de phríomhróil ag caighdeáin chomhchuibhithe cabhrú le hoibreoirí maidir le cur i bhfeidhm na mbearta cur chun feidhme a glacadh faoin Rialachán seo agus faoin Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx.

(64) D'fhonn ceanglais cháilíochta úsáideoirí deiridh hidrigine a chur san áireamh go hiomlán, ní mór féachaint sna sonraíochtaí teicniúla agus caighdeáin maidir le cáilíocht hidrigine sa ghréasán hidrigine ar na caighdeáin atá ann cheana lena leagtar síos na ceanglais úsáideoirí deiridh (mar shampla, caighdeán EN 17124).

(65) Ba cheart d'oibreoirí córais hidrigine leibhéal leordhóthanach acmhainne trasteorann a thógáil chun hidrigin a iompar lena bhfreastalófar ar na héilimh uile ar acmhainn, éilimh atá réasúnta ó thaobh na heacnamaíochta de agus atá indéanta go teicniúil, agus ar an gcaoi sin cumasófar comhtháthú margaidh.

(66) Ba cheart do ACER tuarascáil faireacháin ar stádas an phlódaithe a fhoilsiú.

(67) I bhfianaise na hacmhainneachta a bhaineann leis an hidrigin mar iompróir fuinnimh agus i bhfianaise na féidearthachta go rachaidh na Ballstáit i mbun trádála sa hidrigin le tríú tíortha, is gá a shoiléiriú go n-áirítear i gcomhaontuithe idir-rialtasacha i réimse an fhuinnimh a bhaineann le gás atá faoi réir oibleagáidí fógartha i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/684, comhaontuithe idir-rialtasacha a bhaineann le hidrigin, lena n-áirítear comhdhúile hidrigine amhail amóinia agus iompróirí leachtacha hidrigine orgánaí.

(68) Mar fhreagairt do na méaduithe suntasacha a tháinig ar phraghsanna fuinnimh ar fud an Aontais a chonacthas i bhfómhar 2021 agus an tionchar diúltach a bhí acu, sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2021 dar teideal 'Tackling rising energy prices: a toolbox for action and support [Ag dul i ngleic le praghsanna fuinnimh méadaitheacha: bosca uirlisí don ghníomhaíocht agus don tacaíocht] leagadh béim ar a thábhachtaí atá margadh inmheánach fuinnimh atá éifeachtach agus a fheidhmíonn go maith agus úsáid éifeachtach stórála gáis san Eoraip ar fud an Mhargaidh Aonair. Leagadh béim sa Teachtaireacht freisin ar an tábhacht a bhaineann le comhordú níos fearr ar shlándáil an tsoláthair thar theorainneacha chun go mbeidh teacht aniar ann in aghaidh turraingí a bheidh ann amach anseo. An 20/21 Deireadh Fómhair 2021, ghlac an Chomhairle Eorpach conclúidí lena n-iarrtar ar an gCoimisiún bearta a mheas go pras lena méadaítear athléimneacht chóras fuinnimh an Aontais agus mhargadh inmheánach an fhuinnimh, lena n-áirítear bearta feabhsaithe shlándáil an tsoláthair. Chun rannchuidiú le freagairt chomhsheasmhach thráthúil ar an ngéarchéim sin agus ar ghéarchéim nua a d'fhéadfadh a bheith ann ar leibhéal an Aontais, ba cheart rialacha sonracha a thabhairt isteach sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2017/1938 chun feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an athléimneacht, go háirithe maidir le rialacha stórála agus dlúthpháirtíochta atá comhordaithe ar bhealach níos fearr.

(69) Ba cheart an anailís ar fheidhmiú na n-acmhainní stórála sna measúnuithe riosca comhchoiteanna réigiúnacha a bheith bunaithe ar mheasúnuithe oibiachtúla ar na riachtanais maidir le slándáil an tsoláthair, agus aird chuí á tabhairt ar an gcomhar trasteorann agus na hoibleagáidí dlúthpháirtíochta faoin Rialachán seo. Ba cheart é a

chur san áireamh ann freisin a thábhachtaí atá sé sócmhainní sáinnithe a sheachaint san aistriú chuig fuinneamh glan agus an sprioc maidir le spleáchas an Aontais ar sholáthraithe breoslaí iontaise seachtracha a laghdú. Ba cheart measúnú ar na rioscaí a bhaineann le rialú eintiteas tríú tíortha ar an mbonneagar stórála a áireamh san anailís. Ba cheart an fhéidearthacht saoráidí stórála a úsáid i mBallstáit eile a chur san áireamh san anailís mar aon leis an bhféidearthacht maidir le hoibreoirí córais tarchurtha chun soláthar comhpháirteach stoc straitéiseach a bhunú le haghaidh staideanna éigeandála ar choinníoll go ndéantar coinníollacha an Rialacháin seo a urramú. Ba cheart na measúnuithe riosca comhchoiteanna réigiúnacha agus na measúnuithe riosca náisiúnta a bheith comhsheasmhach le chéile ionas go sainaithnítear bearta na bpleananna coisctheacha agus éigeandála náisiúnta atá i gcomhréir leis an Rialachán seo, chun a áirithiú nach ndéanfar, le haon bhearta a dhéantar, dochar do shlándáil an tsoláthair i mBallstáit eile agus nach gcuirfear bac míchuí ar fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh gáis. Mar shampla, níor cheart bac ná srian a chur ar úsáid acmhainní iompair trasteorann.

(70) Leis an gcomhar idir na Ballstáit agus na Páirtithe Conarthacha sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh[15] a bhfuil acmhainní móra stórála acu, d’fhéadfaí tacú le gníomhaíochtaí i gcás nach indéanta ná costéifeachtach an stóráil san Aontas. D’fhéadfaí a áireamh leis sin an fhéidearthacht a mheas sa mheasúnú riosca comhchoiteann ábhartha na hacmhainní stórála sin atá lonnaithe lasmuigh den Aontas a úsáid. Féadfaidh na Ballstáit iarraidh ar na grúpaí riosca réigiúnacha ábhartha iarraidh ar shaineolaithe ón tríú tír chuig seisiúin *ad hoc* na ngrúpaí riosca réigiúnacha gan fasach a chruthú maidir le rannpháirtíocht rialta iomlán.

(71) Ba cheart soláthar comhpháirteach stoc straitéiseach ag roinnt oibreoirí tarchurtha de chuid Ballstát éagsúil a cheapadh ar bhealach inar féidir iad a úsáid i gcás éigeandála ar fud an Aontais nó i gcás éigeandála réigiúnaí mar chuid de na gníomhaíochtaí a chomhordaíonn an Coimisiún de bhun Airteagal 12(3) de Rialachán (AE) 2017/1938. Áiritheoidh na hoibreoirí córais tarchurtha a bhíonn ag gabháil do sholáthar comhpháirteach stoc straitéiseach go gcomhlíonfaidh aon chomhaontú comhcheannaigh rialacha iomaíochta an Aontais, agus go háirithe ceanglais Airteagal 101 CFAE. Tá an fógra a dhéantar maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo gan dochar don fhógra maidir le cabhair arna ndeonú ag na Ballstáit, i gcás inarb infheidhme, faoi Airteagal 108(3) CFAE.

(72) Tá athrú tábhachtach ag teacht ar earnáil fuinnimh na hEorpa i dtreo geilleagair dhícharbónaithe, agus slándáil an tsoláthair agus an t-iomaíochas á n-áirithiú san am céanna. Cé go bhfuiltear ag déanamh dul chun cinn maidir leis an gcibearshlándáil i bhfo-earnáil an leictreachais i ndáil le cód gréasáin maidir le sreabhadh trasteorann leictreachais, tá gá le rialacha éigeantacha earnáilsonracha don fho-earnáil gáis chun slándáil chóras fuinnimh na hEorpa a áirithiú.

(73) Mar a léiríodh san ionsamhlúchán ar fud an Aontais in 2017 agus 2021, tá comhar réigiúnach agus bearta dlúthpháirtíochta bunriachtanach chun athléimneacht an Aontais a áirithiú i gcás ina dtagann meath tromchúiseach ar staid an tsoláthair. Le bearta dlúthpháirtíochta, ba cheart soláthar na gcustaiméirí dlúthpháirtíochta atá faoi chosaint a áirithiú i ngach cás, amhail teaghlaigh thar theorainneacha. Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a ghlacadh chun na forálacha a bhaineann leis an sásra dlúthpháirtíochta a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí na Ballstáit lena mbaineann a

[15] IO L 198, 20.7.2006, lch. 18.

theacht ar chomhaontú faoi shocruithe teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais. Ba cheart do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar mhionsonraí na socruithe sin ina gcuid pleananna éigeandála. I gcás Ballstát nár chomhaontaigh don chomhaontú déthaobhach is gá, ba cheart feidhm a bheith ag teimpléad réamhshocraithe an Rialacháin seo chun dlúthpháirtíocht éifeachtach den sórt sin a áirithiú.

(74) Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na bearta sin a bheith ina gcúis le hoibleagáid a bheith ar Bhallstát cúiteamh a íoc leo siúd a ndéanann na bearta dá chuid difear dóibh. Chun a áirithiú gur cothrom réasúnach an cúiteamh a íocann an Ballstát a bhfuil dlúthpháirtíocht á hiarraidh aige leis an mBallstát a sholáthraíonn an dlúthpháirtíocht, ba cheart an chumhacht a bheith ag an údarás rialála náisiúnta fuinnimh nó ag an údarás iomaíochta náisiúnta, mar údarás neamhspleách, iniúchadh a dhéanamh ar an méid cúitimh a iarrtar agus a íoctar, agus ceartú a iarraidh más gá.

---

🡻 715/2009 aithris 37 (oiriúnaithe)

(75) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon rialacha córa a leagan síos maidir le coinníollacha rochtana ar ghréasáin tarchurtha gáis nádúrtha, saoráidí stórála agus GNL, a bhaint amach go leordhóthanach ~~agus~~ ⌦ ach ⌫ gur fearr, ~~dá bhrí sin~~ ⌦ mar gheall ar scála nó éifeacht na gníomhaíochta den sórt sin, ⌫ is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an ⌦ Aontais ⌫ ~~Chomhphobail~~, féadfaidh an ⌦ tAontas ⌫ ~~Comhphobal~~ bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta~~,~~ a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ⌦ ar an Aontas Eorpach ⌫. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta~~,~~ a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

---

🡻 715/2009 aithris 38 (oiriúnaithe)

~~Ag féachaint do raon feidhme na leasuithe atá á ndéanamh leis seo ar Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005, is inmhianaithe, ar mhaithe le soiléireacht agus le cuíchóiriú, na forálacha i dtrácht a athmhúnlú trína dtabhairt le chéile i dtéacs amháin i Rialachán nua,~~

---

🡻 715/2009 (oiriúnaithe)
⇨ nua

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil I

# ⌦ Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe ⌫

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

~~Is é is aidhm don~~Leis an Rialachán seo:

(a) socraítear rialacha neamh-idirdhealaitheacha maidir le coinníollacha rochtana ar chórais tarchurtha gáis nádúrtha~~a shocrú~~ ⇨ agus hidrigine ⇦ ~~transmission~~

agus saintréithe speisialta na margaí náisiúnta agus na margaí réigiúnacha á gcur san áireamh, d'fhonn feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh sa ghás ⇨ ⇦ a áirithiú ~~gas~~; ⇨ agus ⇦

~~(b)~~ ~~setting non-discriminatory rules for access conditions to LNG facilities and storage facilities taking into account the special characteristics of national and regional markets; and~~

(~~c~~b) ⌦ éascaítear ⌫ teacht chun cinn margaidh mórdhíola ~~a éascú~~ ar margadh é a bheidh trédhearcach agus a fheidhmeoidh go maith agus a mbeidh leibhéal ard cinnteachta soláthair ⇨ gáis ⇦ ~~gás~~ aige agus ~~soláthar~~ ⌦ soláthraítear ⌫ sásraí chun comhchuibhiú a dhéanamh ar rialacha rochtana gréasáin do mhalartuithe trasteorann sa ⇨ ghás ⇦ ~~gas~~.

Áireofar sna cuspóirí dá dtagraítear sa chéad fhomhír seo prionsabail chomhchuibhithe a shocrú i gcomhair taraifí, nó le haghaidh na modheolaíochtaí is bun lena ríomh, le haghaidh rochtain ar an ngréasán ⇨ gáis nádúrtha ⇦, ach ní ar shaoráidí stórála, seirbhísí rochtana a bhunú do thríú páirtithe agus prionsabail chomhchuibhithe a bhaineann le leithdháileadh acmhainne agus le bainistiú ar phlódú, ceanglais trédhearcachta, rialacha comhardúcháin agus muirir i leith éagothroime a chinneadh agus trádáil in acmhainn a éascú.

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo, cé is moite d’Airteagal31~~19~~(5~~4~~) ach maidir le saoráidí stórála ⇨ gáis nádúrtha agus hidrigine ⇦ a thagann faoi Airteagal 29~~33~~(3) nó (4) den ~~Directive 2009/73/CE~~ ⌦ Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx ⌫ .

Féadfaidh na Ballstáit eintiteas nó comhlacht a bhunú i gcomhréir ~~le Treoir 2009/73/CE~~ leis an ⌦ Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna cur i láthair in COM xxx ⌫ chun ceann amháin nó níos mó de na feidhmeanna a leagtar de ghnáth ar an oibreoir córais tarchurtha ⇨ nó ar an oibreoir gréasáin hidrigine, ⇦ a chur i gcrích agus beidh an t-eintiteas nó an comhlacht sin faoi réir cheanglais an Rialacháin seo. Beidh an t-eintiteas nó an comhlacht sin faoi réir deimhniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 13~~3~~ den Rialachán seo agus beidh sé faoi réir ainmniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 65~~10~~ den ~~Directive 2009/73/CE~~ ⌦ Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx ⌫

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

1. Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

---

⇩ nua

(1) ciallaíonn ‘sócmhainnbhunú rialála’ sócmhainní gréasáin uile oibreora gréasáin a úsáidtear chun seirbhísí gréasáin rialáilte a chur ar fáil a chuirtear san áireamh agus ioncam seirbhísí gréasánbhunaithe á ríomh.

---

🡻 715/2009 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(2) ~~(1)~~ ciallaíonn ‘tarchur’ gás nádúrtha a iompar trí ghréasán, arb é atá ann den chuid is mó píblínte ardbhrú, seachas gréasán réamhtheachtach píblínte agus seachas an chuid de na píblínte ardbhrú a úsáidtear go príomha i gcomhthéacs an dáileacháin

áitiúil ar ghás nádúrtha d'fhonn é a sheachadadh ar chustaiméirí, ach gan soláthar a áireamh ann;

(3) ~~(2)~~ ciallaíonn 'conradh iompair' conradh a chuir an t-oibreoir córais tarchurtha⇨ nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine ⇦ i gcrích le húsáideoir gréasáin ⇨d'fhonn seirbhísí iompair le haghaidh gás a chur ar fáil ⇦ ~~transmission~~;

(4) ~~(3)~~ ciallaíonn 'acmhainn' an sreabhadh uasta, arna shloinneadh i méadair chiúbacha in aghaidh an aonaid ama nó in aonad fuinnimh in aghaidh an aonaid ama, arb é an sreabhadh é a bhfuil úsáideoir an ghréasáin i dteideal é a bheith aige i gcomhréir le forálacha an chonartha iompair;

(5) ~~(4)~~ ciallaíonn 'acmhainn neamhúsáidte' acmhainn dhocht a fuair úsáideoir gréasáin faoi chonradh iompair ach nár ainmnigh an t-úsáideoir roimh an spriocdháta a sonraíodh sa chonradh;

(6) ~~(5)~~ ciallaíonn 'bainistiú ar phlódú' bainistiú phunann acmhainne an oibreora córais tarchurtha d'fhonn an úsáid optamach agus an úsáid uasta a bhaint as an acmhainn theicniúil agus brath tráthúil a dhéanamh ar na pointí plódúcháin agus sáithiúcháin amach anseo;

(7) ~~(6)~~ ciallaíonn 'margadh tánaisteach' margadh na hacmhainne a ndéantar trádáil uirthi seachas ar an margadh príomha;

(8) ~~(7)~~ ciallaíonn 'ainmniúchán' an tuairisciú roimh ré a dhéanann úsáideoir an ghréasáin chuig an oibreoir córais tarchurtha maidir leis an sreabhadh iarbhír ar mian le húsáideoir an ghréasáin a instealladh isteach sa chóras nó a bhaint uaidh;

(9) ~~(8)~~ ciallaíonn 'ath-ainmniúchán' an tuairisciú ina dhiaidh sin ar ainmniúchán ceartaithe;

(10) ~~(9)~~ ciallaíonn 'sláine córais' aon staid ~~maidir le gréasán tarchurtha, lena n-áirítear na saoráidí tarchurtha riachtanacha~~ ina bhfanann brú agus cáilíocht an gháis nádúrtha ⇨ nó na hidrigine ⇦ laistigh de na teorainneacha íosta agus uasta ~~arna leagan síos ag an oibreoir córais tarchurtha~~, ionas go ⇨ ráthaítear iompar ⇦ ~~ndéantar ráthú ar tharchur~~ an gháis nádúrtha ⇨ nó na hidrigine ⇦ ón taobh teicniúil;

(11) ~~(10)~~ ciallaíonn 'tréimhse chothromúcháin' an tréimhse inar gá do gach úsáideoir gréasáin aistarraingt méid ⇨ gáis ⇦ ~~gáis nádúrtha~~, arna shloinneadh in aonaid fuinnimh, a fhritháireamh tríd an oiread céanna ⇨ gás ⇦ ~~nádúrtha a instealladh sa ghréasán tarchurtha~~ i gcomhréir ~~leis an gconradh iompair nó~~ leis an gcód gréasáin;

(12) ~~(11)~~ ciallaíonn 'úsáideoir gréasáin' custaiméir nó custaiméir a d'fhéadfadh a bheith ann nó custaiméir ionchasach de chuid oibreora córais ~~tarchurtha~~, agus oibreoirí na gcóras ~~tarchurtha~~ iad féin, a mhéid is gá dóibh a gcuid feidhmeanna a chur i gcrích maidir le⇨ hiompar gáis nádúrtha agus hidrigine ⇦ ~~tarchur~~;

(13) ~~(12)~~ ciallaíonn 'seirbhísí in-idirbhriste' seirbhísí a thairgeann an t-oibreoir córais tarchurtha⇨ nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine ⇦ i dtaca le hacmhainn in-idirbhriste;

(14) ~~(13)~~ ciallaíonn 'acmhainn in-idirbhriste' acmhainn tarchurtha gáis a fhéadfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha ⇨ nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine ⇦ a idirbhriseadh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa chonradh iompair;

(15) ~~(14)~~ ciallaíonn 'seirbhísí fadtéarmacha' seirbhísí a thairgeann an t-oibreoir córais tarchurtha ⇨ nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine ⇦ ar bliain amháin nó níos faide a ré;

(16) ~~(15)~~ ciallaíonn 'seirbhísí gearrthéarmacha' seirbhísí a thairgeann an t-oibreoir córais tarchurtha ⇨ nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine ⇦ ar bliain amháin nó níos giorra a ré;

(17) ~~(16)~~ ciallaíonn 'acmhainn dhocht' acmhainn tarchurtha gáis ar ina leith, de réir conartha, a ráthaíonn an t-oibreoir córais tarchurtha ⇨ nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine ⇦ go bhfuil sí do-idirbhriste;

(18) ~~(17)~~ ciallaíonn 'seirbhísí dochta' seirbhísí a thairgeann an t-oibreoir córais tarchurtha⇨ nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine ⇦ i dtaca le hacmhainn in-idirbhriste;

(19) ~~(18)~~ ciallaíonn 'acmhainn theicniúil' an acmhainn dhocht uasta ar féidir~~ leis an oibreoir córais tarchurtha~~ ⇨ a thairiscint ⇦ do na húsáideoirí gréasáin, agus sláine an chórais agus riachtanais oibríochtúla an ghréasáin ⇨ hidrigine nó an chórais ⇦ tarchurtha á gcur san áireamh;

(20) ~~(19)~~ ciallaíonn 'acmhainn chonarthach' an acmhainn a leithdháileadh d'úsáideoir gréasáin trí bhíthin conartha iompair;

(21) ~~(20)~~ ciallaíonn 'acmhainn atá ar fáil' an chuid den acmhainn theicniúil nach bhfuil leithdháilte agus atá ar fáil i gcónaí ag an gcóras an tráth sin;

(22) ~~(21)~~ ciallaíonn 'plódú conarthach' staid inar mó leibhéal na hacmhainne doichte ná an acmhainn theicniúil;

(23) ~~(22)~~ ciallaíonn 'margadh príomha' margadh na hacmhainne a dhéanann an t-oibreoir córais tarchurtha ⇨ nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine ⇦a thrádáil go díreach;

(24) ~~(23)~~ ciallaíonn 'plódú fisiceach' staid inar mó leibhéal an éilimh ar sheachadtaí iarbhír ná an acmhainn theicniúil aon tráth áirithe;

(25) ~~(24)~~ ciallaíonn 'acmhainn saoráide GNL' acmhainn a bheadh ag- críochfort ⌦ gáis nádúrtha leachtaithe ⌫ (GNL) do leachtú gáis nádúrtha nó d'allmhairiú, do dhí-ualú, do sheirbhísí coimhdeacha, do stóráil shealadach agus d'athghású GNL;

(26) ~~(25)~~ ciallaíonn 'spás' an toirt gáis atá úsáideoir saoráide stórála i dteideal a úsáid chun gás a stóráil;

(27) ~~(26)~~ ciallaíonn 'inseachadacht' an ráta ag a bhfuil úsáideoir na saoráide stórála i dteideal gás a aistarraingt as an tsaoráid stórála;

(28) ~~(27)~~ ciallaíonn 'in-insteallttacht' an ráta ag a bhfuil úsáideoir na saoráide stórála i dteideal gás a instealladh isteach sa tsaoráid stórála;

(29) ~~(28)~~ ciallaíonn 'acmhainn stórála' aon teaglaim spáis, in-insteallttachta agus inseachadachta;.;

---

⇩ nua

(30) ciallaíonn 'córas iontrála-scoir' comhbhailiú na gcóras tarchurtha agus dáileacháin uile a bhfuil feidhm ag aon réimeas comhardúcháin ina leith;

(31) ciallaíonn 'crios comhardúcháin' córas iontrála-scoir a bhfuil feidhm ag réimeas comhardúcháin ina leith;

(32) ciallaíonn 'pointe trádála fíorúil' pointe tráchtála neamh-fhisiceach laistigh de chóras iontrála-scoir ina ndéantar gáis a mhalartú idir díoltóir agus ceannaitheoir gan an gá acmhainn tarchurtha nó dáileacháin a chur in áirithint;

(33) ciallaíonn ‘pointe iontrála’ pointe atá faoi réir nósanna imeachta áirithinte ag úsáideoirí gréasáin nó táirgeoirí lena soláthraítear rochtain ar chóras iontrála-scoir;

(34) ciallaíonn ‘pointe scoir’ pointe atá faoi réir nósanna imeachta áirithinte ag úsáideoirí gréasáin nó custaiméirí deiridh ionas gur féidir gás a shreabhadh amach as córas iontrála-scoir;

(35) ciallaíonn ‘acmhainn choinníollach’ acmhainn dhocht lena mbaineann coinníollacha trédhearcacha réamhshainithe maidir le rochtain a sholáthar isteach sa phointe trádála fíorúil nó amach as nó in-leithdháilteacht theoranta;

(36) ciallaíonn ‘in-leithdháilteacht’ teaglaim lánroghnach aon acmhainn iontrála agus aon acmhainn scoir nó a mhalairt;

(37) ciallaíonn ‘ioncam ceadaithe’ suim an ioncaim ó sheirbhísí tarchurtha agus seirbhísí neamhtharchurtha le haghaidh seirbhísí a sholáthraíonn an t-oibreoir córais tarchurtha ar feadh tréimhse shonrach ama laistigh de thréimhse rialála ar leith ar ioncam é a bhfuil an t-oibreoir córais tarchurtha i dteideal a fháil faoi chóras praghsála gan uasteorainneacha agus a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 72(7), pointe (a), den Treoir athmhunlaithe maidir le Gáis arna mholadh in COM(2021) XXX;

(38) ciallaíonn ‘bonneagar nua’ bonneagar nár críochnaíodh faoin 4 Lúnasa 2003.

---

🡻 715/2009 (oiriúnaithe)

2. Gan dochar do na sainmhínithe atá i mír 1 ~~den Airteagal seo~~, tá feidhm freisin ag na sainmhínithe atá in Airteagal 2 ~~de Threoir 2009/73/CE~~ ⌦ den Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx ⌫ , agus atá ábhartha maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo~~, cé is moite den sainmhíniú ar tharchur i bpointe 3 den Airteagal sin~~.

Ar an gcuma chéanna, tá feidhm ag na sainmhínithe i dtaca le tarchur a thugtar i bpointí 4 ~~3~~ go 24~~23~~ de mhír 1 ~~den Airteagal seo~~ maidir le saoráidí stórála agus GNL.

---

⇩ nua

# CAIBIDIL II

# RIALACHA GINEARÁLTA IS INFHEIDHME MAIDIR LEIS NA CÓRAIS GÁIS NÁDÚRTHA AGUS HIDRIGINE

## ROINN 1

## RIALACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE HEAGRÚ ROCHTANA AR NA MARGAÍ AGUS AR AN MBONNEAGAR

*Airteagal 3*

**Prionsabail ghinearálta**

Áiritheoidh na Ballstáit, údaráis rialála, oibreoirí córas tarchurtha, oibreoirí córais dáileacháin, oibreoirí stórais, oibreoirí GNL, oibreoirí córas hidrigine, agus oibreoirí tarmligthe amhail oibreoirí limistéir margaidh nó oibreoirí ardáin áirithinte go ndéanfar margaí gás a oibriú i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:

(a) bunófar praghsanna gás ar bhonn éilimh agus soláthair;

(b) oibreoidh oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin i gcomhar le chéile chun an tsaoirse chun acmhainn iontrála agus scoir a chur in áirithint go neamhspleách a chur ar fáil d'úsáideoirí. Déanfar gás a iompar tríd an gcóras iontrála-scoir seachas ar feadh conairí conarthacha;

(c) déanfar taraifí a ghearrtar ag na pointí iontrála agus scoir a struchtúrú ar bhealach ina rannchuideofar le comhtháthú margaidh, agus an chinnteacht soláthair á feabhsú agus an t-idirnasc idir na gréasáin gháis á chur chun cinn;

(d) déanfaidh gnóthais atá gníomhach sa chóras iontrála-scoir céanna gás a mhalartú ag an bpointe trádála fíorúil;

(e) beidh úsáideoirí gréasáin freagrach as a bpunanna comhardúcháin a chomhardú chun íosmhéadú a dhéanamh ar an ngá atá le hoibreoirí córais tarchurtha dul i mbun gníomhaíochtaí comhardúcháin;

(f) déanfar gníomhaíochtaí comhardúcháin ar bhonn táirgí caighdeánaithe agus ar ardán trádála;

(g) le rialacha margaidh seachnófar gníomhaíochtaí lena gcuirtear cosc ar phraghasmhúnlú ar bhonn éilimh ar gháis agus a soláthair;

(h) le rialacha margaidh déanfar an trádáil leachtach i ngáis a chothú agus a fheidhmiú, agus praghasmhúnlú agus trédhearcacht phraghais á gcothú;

(i) le rialacha margaidh, cumasófar dícharbónú chórais an gháis nádúrtha agus na hidrigine, lena n-áirítear trí chomhtháthú gás isteach sa mhargadh ar gáis iad ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a chumasú agus trí dhreasachtaí a thabhairt don éifeachtúlacht fuinnimh;

(j) le rialacha margaidh, soláthrófar dreasachtaí infheistíochta iomchuí, go háirithe infheistíochtaí fadtéarmacha i gcóras gáis dícharbónaithe agus inbhuanaithe, do stóráil fuinnimh, d'éifeachtúlacht fuinnimh, don fhreagairt don éileamh chun freastal ar riachtanais an mhargaidh, agus chun iomaíocht chóir agus cinnteacht an tsoláthair a éascú;

(k) cuirfear deireadh le bacainní ar shreafaí gáis trasteorann, más ann dóibh, idir córais iontrála-scoir;

(l) le rialacha margaidh éascófar an comhar agus an comhtháthú réigiúnach.

*Airteagal 4*

**Scaradh sócmhainnbhunuithe rialála**

1. I gcás ina soláthraíonn oibreoir córais tarchurtha nó oibreoir gréasáin hidrigine seirbhísí rialáilte le haghaidh gáis, hidrigine agus/nó leictreachais comhlíonfaidh sé an ceanglas maidir le díchuachadh cuntas mar a leagtar síos in Airteagal 69 de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx] agus Airteagal 56 de Threoir (AE) 2019/944 agus beidh bonn sócmhainní rialála ar leithligh aige le

haghaidh sócmhainní gáis leictreachais nó hidrigine. Le sócmhainní rialála ar leith áiritheofar:

(a) nach féidir ioncam seirbhísí a fhaightear ó sholáthar seirbhísí rialáilte ar leith a úsáid ach amháin le haghaidh aisghabháil an chaiteachais caipitil agus oibríochtúil a bhaineann leis na sócmhainní a chuimsítear sna sócmhainnbhunú rialáilte ar a soláthraítear na seirbhísí rialáilte;

(b) nuair a aistrítear sócmhainní chuig bonn sócmhainní rialála eile, bunófar a luach. Beidh an luach a shocrófar le haghaidh na sócmhainne aistrithe faoi réir iniúchadh agus formheas ag an údarás rialála inniúil. Is é a bheidh sa luach a bhunófar luach nach dtarlóidh tras-fhóirdheontais dá bharr.

2. Féadfaidh Ballstát aistrithe airgeadais a cheadú idir seirbhísí rialáilte ar seirbhísí ar leithligh iad de réir bhrí na céad mhíre, ar choinníoll:

(a) gur mar mhuirear tiomanta a bhaileofar an t-ioncam go léir is gá le haghaidh an aistrithe airgeadais;

(b) nach mbaileofar an muirear tiomanta ach amháin ó phointí scoir chuig custaiméirí deiridh atá lonnaithe laistigh de na Ballstáit chéanna ina bhfuil tairbhí an aistrithe airgeadais;

(c) go ndéanfar an muirear tiomanta agus an t-aistriú airgeadais nó na modheolaíochtaí faoina ndéantar iad a ríomh a fhormheas sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm ag an údarás rialála dá dtagraítear in Airteagal 70;

(d) go bhfoilseofar an muirear agus an t-aistriú airgeadais tiomanta formheasta agus na modheolaíochtaí i gcás ina bhformheastar na modheolaíochtaí.

3. Ní fhéadfaidh an t-údarás rialála aistriú airgeadais agus muirear tiomanta dá dtagraítear i mír 2 a fhormheas ach amháin ar choinníoll:

(a) go ngearrtar taraifí rochtana gréasáin ar úsáideoirí an bhoinn sócmhainní rialála a bhaineann tairbhe as aistriú airgeadais;

(b) maidir le suim na n-aistrithe airgeadais agus an ioncaim seirbhísí a bhailítear trí bhíthin taraifí rochtana gréasáin, nach mó í ná an t-ioncam a cheadaítear;

(c) go bhformheasfar aistriú airgeadais ar feadh tréimhse ama teoranta agus nach bhféadfaidh sé a bheith níos faide ná trian de thréimhse dímheasa an bhonneagair lena mbaineann.

4. Faoin [dáta an ghlactha = +1 bhliain] cuirfidh ACER moltaí chuig oibreoirí tarchurtha agus gréasáin agus údaráis rialála maidir leis na modheolaíochtaí le haghaidh:

(a) cinneadh luach na sócmhainní a aistrítear chuig sócmhainnbhúnú rialáilte eile agus ceann scríbe aon bhrabús agus caillteanas a d'fhéadfadh tarlú dá bharr sin;

(b) ríomh mhéid agus fhad uasta agus aistrithe airgeadais agus an mhuirir thiomanta;

(c) na gcritéar maidir le ranníocaíochtaí a leithdháileadh ar an muirear tiomanta idir na custaiméirí deiridh a mbaineann an bonn sócmhainní rialála leo.

Déanfaidh ACER na moltaí a thabhairt cothrom le dáta ar a laghad uair amháin gach dhá bhliain.

↓ 715/2009 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 5~~14~~*

**Seirbhísí rochtana tríú páirtithe a bhaineann le hoibreoirí na gcóras tarchurtha**

1. Déanfaidh oibreoirí na gcóras tarchurtha an méid seo a leanas:

(a) áiritheoidh siad go dtairgfidh siad ⇨ acmhainn agus ⇦seirbhísí ar bhonn neamh-idirdhealaitheach do na húsáideoirí gréasáin uile;

(b) déanfaidh siad ⇨ acmhainn atá docht agus in-idirbhriste araon ⇦ ~~seirbhísí rochtana atá docht agus in-idirbhriste araon a sholáthar do thríú páirtithe~~ a sholáthar. Léireofar i bpraghas na hacmhainne in-idirbhriste an dóchúlacht go dtarlóidh idirbhriseadh;

(c) tairgfidh siad ⇨ acmhainn fhadtéarmach agus ghearrthéarmach ⇦ ~~seirbhísí fadtéarmacha agus seirbhísí gearrthéarmacha~~ d'úsáideoirí na ngréasán.

Maidir le pointe (a) den chéad fhomhír, i gcás ina mbeidh an tseirbhís chéanna á tairiscint ag oibreoir córais tarchurtha do chustaiméirí éagsúla, déanfaidh sé amhlaidh faoi théarmaí conarthacha coibhéiseacha agus faoi choinníollacha conarthacha coibhéiseacha, agus conarthaí comhchuibhithe iompair nó cód coiteann gréasáin arna fhormheas ag an údarás inniúil i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 72~~41~~ ⌦ nó 73 ⌫den ~~Directive 2009/73/CE~~ ⌦ Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx ⌫ á n-úsáid aige.

2. Ní bheidh de thoradh ar chonarthaí iompair a síníodh agus dátaí tosaithe neamhchaighdeánacha acu nó ar giorra a ré ná ré conartha chaighdeánaigh bhliantúil iompair, go mbeidh taraifí ann atá níos airde nó níos ísle go treallach ar taraifí iad nach léiríonn luach margaidh na seirbhíse, i gcomhréir leis an bprionsabal a leagtar síos in Airteagal 15~~13~~(1).

⇩ nua

3. I gcás ina ndéanfaidh dhá phointe idirnaisc nó níos mó an dá chóras iontrála-scoir chóngaracha chéanna a nascadh, déanfaidh na hoibreoirí córais tarchurtha lena mbaineann an acmhainn a bheidh ar fáil ag na pointí idirnaisc a thairiscint ag aon phointe idirnaisc fíorúil amháin. Déanfar aon toilleadh ag na pointí idirnaisc, gan beann ar an dáta dul in éag, a aistriú chuig an bpointe idirnaisc fíorúil.

Ní dhéanfar pointe idirnaisc fíorúil a bhunú ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go mbeidh an toilleadh teicniúil iomlán ag na pointí fíorúla idirnaisc cothrom le nó níos airde ná suim na dtoilltí teicniúla ag gach ceann de na pointí idirnaisc a bheidh ag rannchuidiú leis na pointí idirnaisc fíorúla;

(b) éascaíonn an pointe idirnaisc úsáid eacnamaíoch agus éifeachtúil an chórais lena n-áirítear na rialacha a leagtar amach in Airteagail 9 agus 10 den Rialachán seo ach níl sé teoranta do na rialacha sin.

▼ 715/2009

~~43~~. I gcás inarb iomchuí, féadfar seirbhísí rochtana tríú páirtithe a dheonú, faoi réir ráthaíochtaí iomchuí ó úsáideoirí an ghréasáin maidir le creidmheasacht na n-úsáideoirí sin. Ní bheidh ráthaíochtaí den sórt sin ina mbacainní míchuí ar iontráil sa mhargadh agus beidh siad neamh-idirdhealaitheach, trédhearcach agus comhréireach.

⇩ nua

5. Beidh rochtain ag oibreoirí córais tarchuir, más gá sin, chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh lena n-áirítear maidir le tarchur trasteorann, ar ghréasán de chuid oibreoirí córais tarchurtha eile.

*Airteagal 6*

**Seirbhísí rochtana tríú páirtithe a bhaineann le hoibreoirí gréasáin hidrigine**

1. Táirgfidh oibreoirí gréasáin a seirbhísí ar bhonn neamh-idirdhealaitheach do na húsáideoirí gréasáin uile. Nuair a thairgtear an tseirbhís chéanna do chustaiméirí difriúla, tairgfear í faoi théarmaí agus coinníollacha conartha coibhéiseacha. Foilseoidh oibreoirí gréasáin hidrigine na téarmaí conarthacha agus na taraifí a mhuirearaítear ar rochtain gréasáin agus, más infheidhme, muirir chomhardúcháin, ar a suíomh gréasáin.

2. Cuirfear uasmhéid acmhainne gréasáin hidrigine ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh, agus sláine agus oibriú an chórais á gcur san áireamh.

3. Is 20 bliain an fad uasta le haghaidh conarthaí acmhainneachta i dtaca le bonneagar arna thógáil faoin [dáta theacht i bhfeidhm] agus 15 bliana i dtaca le bonneagar arna thógáil tar éis an dáta sin. Beidh an ceart ag údaráis rialála chun fad uasta níos giorra a fhorchur más gá chun feidhmiú an mhargaidh a áirithiú, chun an iomaíocht a chaomhnú agus chun an comhtháthú trasteorann a áirithiú sa todhchaí.

4. Cuirfidh oibreoirí gréasáin hidrigine chun feidhme agus foilseoidh siad nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha trédhearcacha um bainistiú ar phlódú ar nósanna imeachta iad a éascóidh malartuithe trasteorann hidrigine chomh maith ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

5. Déanfaidh oibreoirí gréasáin hidrigine measúnú rialta ar an éileamh atá sa mhargadh ar infheistíocht nua, agus an chinnteacht soláthair agus éifeachtúlacht úsáidí deiridh hidrigine á gcur san áireamh.

6. Amhail ón 1 Eanáir 2031, is mar chórais iontrála-scoir a eagrófar gréasáin hidrigine.

7. Amhail ón 1 Eanáir 2031, beidh feidhm ag Airteagal 15 ar tharaifí ar rochtain ar ghréasáin hidrigine chomh maith. ⇨ Ní bheidh feidhm ag Airteagail 16 agus 17. ⇦ Ní mhuirearófar aon taraifí de bhun Airteagal 15 ar rochtain ar ghréasáin hidrigine ag pointí idirnaisc idir na Ballstáit. I gcás ina gcinneann Ballstát rochtain rialáilte ar ghréasáin hidrigine do thríú páirtithe a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 31 de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás] roimh an 1 Eanáir 2031, beidh feidhm ag mír 1 d'Airteagal 15 maidir le taraif rochtana ar ghréasáin hidrigine sa Bhallstát sin.

8. Amhail ón 1 Eanáir 2031, comhlíonfaidh oibreoirí gréasáin hidrigine na ceanglais maidir le hoibreoirí córais traschurtha de bhun Airteagail 5, 9 agus 12 agus a

seirbhísí á dtairiscint acu, agus foilseoidh siad taraifí le haghaidh gach pointe gréasáin ar ardán ar líne arna oibriú ag an ENNOH. Go dtí go nglacfar le cód gréasáin maidir le leithdháileadh acmhainne le haghaidh gréasáin hidrigine de bhun Airteagal 54(2), pointe (d) agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, féadfar an foilsiú sin a dhéanamh trí naisc chuig foilsiú taraifí ar shuíomhanna gréasáin oibreoirí gréasáin hidrigine.

---

🡻 715/2009 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 7~~15~~*

**Seirbhísí rochtana tríú páirtí a bhaineann le stóráil ⌦ gáis nádúrtha ⌫⌦ , críochfoirt hidrigine ⌫ agus saoráidí GNL ⌦ agus saoráidí stórála hidrigine ⌫**

1. ⇨ Déanfaidh oibreoirí saoráidí ⇦ GNL ⇨ agus oibreoirí críochfort hidrigine, oibreoirí saoráidí stórála hidrigine agus oibreoirí córais stórála ⇦ ~~agus~~ gáis nádúrtha:

(a) tairgfidh siad seirbhísí ar bhonn neamh-idirdhealaitheach do gach aon úsáideoir gréasáin a dhéanfaidh freastal ar éileamh an mhargaidh; go háirithe ⇨ i gcás ina soláthróidh oibreoir saoráidí ⇦ LNG ⇨nó críochfort hidrigine , saoráide stórála hidrigine ⇦ nó ⇨ córais stórála gáis nádúrtha ⇦ an tseirbhís chéanna do chustaiméirí éagsúla, déanfaidh sé amhlaidh de réir téarmaí agus coinníollacha conarthacha coibhéiseacha;

(b) tairgfidh siad seirbhísí atá comhoiriúnach le húsáid córais iompair gáis ⇨ nádúrtha ⇦ ⇨ agus hidrigine ⇦ agus éascóidh siad rochtain trí bhíthin comhoibrithe leis an oibreoir córais tarchurtha ⇨ nó leis an oibreoir gréasáin hidrigine ⇦ ; agus

(c) poibleoidh siad aon fhaisnéis ábhartha, go háirithe sonraí maidir le húsáid agus maidir le hinfhaighteacht seirbhísí, i dtréimhse ama atá comhoiriúnach le riachtanais réasúnta tráchtála ⇨ úsáideoirí saoráidí GNL nó stórála, críochfort hidrigine nó saoráidí stórála hidrigine ⇦ , atá faoi réir faireachán ar an bpoibliú sin ag an údarás ~~náisiúnta~~ rialála.

2. Déanfaidh gach oibreoir córais stórála an méid seo a leanas:

(a) déanfaidh sé seirbhísí rochtana atá docht agus in-idirbhriste araon a sholáthar do thríú páirtithe; Léireofar i bpraghas na hacmhainne in-idirbhriste an dóchúlacht go dtarlóidh idirbhriseadh;

(b) déanfaidh sé seirbhísí fadtéarmacha agus seirbhísí gearrthéarmacha a thairiscint d'úsáideoirí na saoráidí stórála; ~~agus~~

(c) déanfaidh sé seirbhísí cuachta agus seirbhísí díchuachta spáis stórála, in-instealltachta agus inseachadachta a thairiscint d'úsáideoirí na saoráidí stórála.

---

⇩ nua

3. Gach oibreoir córais GNL, tairgfidh sé d’úsáideoirí saoráide GNL seirbhísí cuachta agus seirbhísí díchuachta araon laistigh den tsaoráid GNL ag brath ar na riachtanais a léiríonn úsáideoirí na saoráide GNL.

| |
|---|
| 🡻 715/2009<br>⇨ nua |

~~4~~3. Ní bheidh de thoradh ar chonarthaí saoráide stórála GNL ⇨ agus gáis nádúrtha ⇦ go mbeidh taraifí níos airde ann go treallach i gcás ina sínítear iad:

(a) lasmuigh de bhliain gháis nádúrtha a bhfuil dátaí tosaigh neamhchaighdeánacha aici; ná

(b) ar feadh ré is giorra ná an ré a bheadh i gceist le conradh caighdeánach GNL agus stórála ar bhonn bliantúil.

| |
|---|
| ⇩ nua |

Maidir le saoráid stórála hidrigine agus conarthaí críochfoirt hidrigine ar giorra a ré ná an ré a bheadh i gceist le conradh caighdeánach GNL agus saoráide stórála ar bhonn bliantúil, ní thiocfaidh as an méid sin taraifí níos airde go treallach.

| |
|---|
| 🡻 715/2009<br>⇨ nua |

~~5~~4. I gcás inarb iomchuí, féadfar seirbhísí rochtana tríú páirtithe a dheonú, faoi réir ráthaíochtaí iomchuí ó úsáideoirí an ghréasáin maidir le creidmheasacht na n-úsáideoirí sin. Ní bheidh ráthaíochtaí den sórt sin ina mbacainní míchuí ar iontráil sa mhargadh agus beidh siad neamh-idirdhealaitheach, trédhearcach agus comhréireach.

~~6~~5. Beidh údar maith, agus é bunaithe ar shrianta teicniúla, leis na teorainneacha conarthacha ar an íosmhéid is gá d'acmhainn saoráide GNL ⇨ nó críochfort hidrigine ⇦agus d'acmhainn stórála⇨ gáis nádúrtha nó hidrigine ⇦, agus ceadóidh siad d'úsáideoirí stórála atá níos lú rochtain a fháil ar sheirbhísí stórála.

| |
|---|
| ⇩ nua |

*Airteagal 8*

**Measúnú ar an margadh i ngáis in-athnuaite agus ísealcharbóin ag oibreoirí GNL agus saoráide stórála**

Déanfaidh oibreoirí GNL agus saoráide stórála, gach dhá bhliain ar a laghad, measúnú ar an éileamh ar infheistíocht nua sa mhargadh lena bhféadfaí gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sna saoráidí. Agus infheistíochtaí nua á bpleanáil, déanfaidh oibreoirí na gcóras GNL agus stórála measúnú ar an éileamh sa mhargaidh agus cuirfidh siad cinnteacht an tsoláthair san áireamh. Cuirfidh oibreoirí GNL agus saoráide stórála ar fáil go poiblí aon phlean maidir le hinfheistíocht nua lena bhféadfaí gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sna saoráidí.

| |
|---|
| ➔ 715/2009<br>⇨ nua |

*Airteagal 9~~16~~*

**Prionsabail maidir le sásraí do leithdháileadh acmhainne agus nósanna imeachta um bainistiú ar phlódú a bhaineann le hoibreoirí na gcóras tarchurtha**

1. Déanfar an acmhainn uasta ag na pointí ábhartha uile dá dtagraítear in Airteagal 30 ~~18~~ (3) a chur ar fáil do na rannpháirtithe sa mhargadh, agus sláine an chórais agus oibriú éifeachtúil an ghréasáin á gcur san áireamh.

2. Déanfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha sásraí neamh-idirdhealaitheacha, trédhearcacha leithdháilte acmhainne a chur chun feidhme agus foilseoidh sé iad agus déanfar mar a leanas leis na sásraí sin:

   (a) cuirfidh siad comharthaí iomchuí eacnamaíocha ar fáil maidir le húsáid éifeachtúil uasta na hacmhainne teicniúla agus éascóidh siad an infheistíocht i mbonneagar nua agus éascóidh siad malartuithe trasteorann sa ghás nádúrtha;

   (b) beidh siad comhoiriúnach leis na sásraí margaidh, lena n-áirítear spotmhargaí agus moil trádála, agus beidh siad solúbtha agus beidh ar a gcumas, an tráth céanna, iad féin a chur in oiriúint d'imthosca margaidh atá i mbun forbartha; agus

   (c) beidh siad comhoiriúnach le córais na mBallstát um rochtain ar ghréasáin.

3. Cuirfidh an t-oibreoir córais tarchurtha chun feidhme agus foilseoidh sé nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha trédhearcacha um bainistiú ar phlódú ar nósanna imeachta iad a éascóidh malartuithe trasteorann sa ghás nádúrtha ar bhonn neamh-idirdhealaitheach agus a bheidh bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

   (a) i gcás plódaithe chonarthaigh, go dtairgfidh an t-oibreoir córais tarchurtha an acmhainn atá gan úsáid ar an margadh príomha ar bhonn lá roimh ré agus ar bhonn in-idirbhriste ar a laghad; agus

   (b) go mbeidh úsáideoirí gréasán ar mian leo an acmhainn chonarthach gan úsáid atá acu i dteideal í a athdhíol nó a fholigean ar an margadh tánaisteach.

   A mhéid a bhaineann leis an~~Maidir~~ ~~le pointe (b)~~ ~~den chéad~~ gcéad fhomhír, pointe (a), féadfaidh Ballstát a cheangal go dtabharfaidh úsáideoirí gréasáin fógra nó faisnéis d'oibreoir an chórais tarchurtha.

| |
|---|
| ⇩ nua |

4. Déanfaidh oibreoirí córais traschurtha measúnú go rialta ar an éileamh atá sa mhargadh ar infheistíocht nua agus aird á tabhairt ar an gcás comhchoiteann de réir mar a forbraíodh le haghaidh an phlean forbartha gréasáin chomhtháite bunaithe ar Airteagal 51 de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)xxx] agus ar an gcinnteacht soláthair.

↓ 715/2009 (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~4.~~ ~~I gcás ina mbeidh plódú fisiceach ann, cuirfidh oibreoir an chórais tarchurtha nó, de réir mar is iomchuí, na húdaráis rialála sásraí neamh-idirdhealaitheacha, trédhearcacha leithdháilte acmhainne i bhfeidhm.~~

~~5.~~ ~~Déanfaidh oibreoirí na gcóras tarchurtha measúnú go rialta ar éileamh an mhargaidh ar infheistíocht nua. Agus infheistíochtaí nua á bpleanáil, déanfaidh oibreoirí na gcóras tarchurtha measúnú ar éileamh an mhargaidh agus cuirfidh siad cinnteacht an tsoláthair san áireamh.~~

*Airteagal 10~~17~~*

**Prionsabail maidir le sásraí leithdháilte acmhainne agus nósanna imeachta um bainistiú ar phlódú a bhaineann le ⌦ stóráil ⌫ gáis nádúrtha ⌦ , críochfoirt hidrigine, saoráidí stórála hidrigine ⌫ agus saoráidí GNL**

1. Cuirfear an t-uasmhéid acmhainne stórála ⇨ gáis nádúrtha ⇦ agus ~~an t-uasmhéid acmhainne saoráide~~ GNL nó ⇨ acmhainne stórála hidrigine ⇦ ⇨ mar aon le huasmhéid acmhainne stórála críochfort hidrigine ⇦ ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh, agus sláine agus oibriú an chórais á gcur san áireamh.

2. Déanfaidh oibreoirí ⇨ saoráidí stórála GNL agus hidrigine chomh maith le hoibreoirí críochfoirt hidrigine agus oibreoirí córais stórála gáis nádúrtha⇦ sásraí neamh-idirdhealaitheacha trédhearcacha leithdháilte acmhainne a chur chun feidhme agus foilseoidh sé iad, agus déanfar mar a leanas leis na sásraí sin:

   (a) cuirfidh siad comharthaí iomchuí eacnamaíocha ar fáil maidir le húsáid éifeachtúil uasta na hacmhainne agus éascóidh siad an infheistíocht i mbonneagar nua;

   (b) beidh siad comhoiriúnach leis na sásraí margaidh, lena n-áirítear spotmhargaí agus moil trádála, agus beidh siad solúbtha agus beidh ar a gcumas, an tráth céanna, iad féin a chur in oiriúint d'imthosca margaidh atá i mbun forbartha; ~~agus~~

   (c) beidh siad comhoiriúnach leis na córais idirnasctha um rochtain ar ghréasáin.

3. Áireofar bearta⌦ i gconarthaí ⌫ GNL ⇨ le haghaidh críochfort GNL, críochfort hifrigine, agus le haghaidh hidrigine agus gás nádúrtha⇦ ~~agus~~⌦ saoráidí ⌫ stórála ~~facility contracts~~ chun bac a chur le cnapaireacht acmhainne a chosc, trí na prionsabail seo a leanas a chur san áireamh, a mbeidh feidhm acu i gcásanna plódaithe chonarthaigh:

   (a) ~~ní mór d'~~⌦ déanfaidh an t- ⌫oibreoir córais an acmhainn saoráide GNL⇨ , críochfoirt hidrigine ⇦ agus an acmhainn stórála nach bhfuil in úsáid sa mhargadh príomha a thairiscint gan mhoill; i gcás na saoráidí stórála, ~~–~~⌦ tarlóidh ⌫ sé seo ar bhonn lá roimh ré agus ar bhonn in-idirbhriste ar a laghad;

   (b) ~~ní mór go mbeidh~~ ⌦ beidh ⌫ úsáideoirí saoráidí GNL,⇨ críochfoirt hidrigine ⇦ agus saoráidí stórála ar mian leo a n-acmhainn chonarthach a athdhíol ar an margadh tánaisteach i dteideal déanamh amhlaidh~~.~~;
   ⇨Áiritheoidh oibreoirí córais GNL, críochfoirt agus córais stórála hidrigine, ar

leithligh nó go réigiúnach, go mbeidh ann ardán áirithinte trédhearcach neamh-idirdhealaitheach le haghaidh úsáideoirí saoráidí GNL, críochfoirt hidrigine agus saoráidí stórála chun a n-acmhainn chonarthach a thrádáil ar an margadh tánaisteach tráth nach déanaí ná 18 mí tar éis [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. ⇦

*Airteagal* ~~11~~~~22~~

**Trádáil i gcearta acmhainne**

Glacfaidh gach oibreoir córais tarchurtha, córais stórála, ~~agus~~ córais GNL⇨ agus hidrigine ⇦ bearta réasúnta chun go bhféadfar na cearta acmhainne a thrádáil faoi shaoirse agus chun an trádáil sin a éascú ar shlí thrédhearcach neamh-idirdhealaitheach. Déanfaidh gach oibreoir den sórt sin⇨ conarthaí, agus nósanna imeachta ⇦ comhchuibhithe maidir le hiompar, saoráidí GNL ⇨ críochfoirt hidrigine ⇦ agus ⇨ saoráidí stórála ⇦ gáis nádúrtha agus hidrigine ~~stóráil~~ a fhorbairt ar an margadh príomha chun trádáil thánaisteach acmhainne a éascú agus tabharfaidh sé aitheantas d'aistriú na gceart acmhainne príomha i gcás ina dtabharfaidh úsáideoirí an chórais fógra dóibh faoi.

Tabharfar fógra do na húdaráis rialála faoi na conarthaí agus na nósanna imeachta comhchuibhithe ~~a bhaineann le hiompar, le saoráidí GNL agus le stóráil~~.

---

| |
|---|
| 🡻 715/2009 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |

*Airteagal 12*~~21~~

**Rialacha comhardúcháin agus muirir i leith éagothroime**

1. Déanfar na rialacha comhardúcháin a cheapadh ar bhealach cóir, neamh-idirdhealaitheach agus beidh siad bunaithe ar chritéir oibiachtúla. Léireoidh na rialacha comhardúcháin fíor-riachtanais an chórais, agus na hacmhainní atá ar fáil ag oibreoir an chórais tarchurtha á gcur san áireamh. Beidh na rialacha comhardúcháin bunaithe ar an margadh.

2. Chun go n-éascófar glacadh tráthúil beart ceartaitheach ag úsáideoirí gréasán, soláthróidh oibreoir córais tarchurtha faisnéis leordhóthanach, thráthúil, iontaofa ar-líne maidir le stádas comhardúcháin na n-úsáideoirí gréasán.

   Léireoidh an fhaisnéis a sholáthrófar an leibhéal faisnéise atá ar fáil d'oibreoir an chórais tarchurtha agus an tréimhse shocraíochta dá ríomhtar muirir i leith éagothroime.

   Ní ghearrfar aon táille ar sholáthar faisnéise faoin mhír seo.

3. Beidh na muirir i leith éagothroime costas-léiritheach, a oiread is féidir, agus an tráth céanna beidh dreasachtaí ann d'úsáideoirí gréasán a n-ionchur gáis agus a n-aistarraingt gáis a chomhardú. Seachnóidh siad an trasfhóirdheontasú idir úsáideoirí gréasán agus ní chuirfidh siad bac ar iontrálaithe nua sa mhargadh.

   Maidir le haon mhodheolaíocht chun muirir i leith éagothroime, chomh maith leis na ⇨ luachanna ⇦ ~~taraifí~~ deiridh, a ríomh, poibleoidh na húdaráis inniúla nó oibreoir an chórais tarchurtha iad, de réir mar is iomchuí.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh oibreoirí na gcóras tarchurtha a ndícheall chun comhchuibhiú a dhéanamh ar na réimis chomhardúcháin agus chun sruthlíniú a dhéanamh ar struchtúir agus ar leibhéil na muirear comhardúcháin chun an trádáil sa ghás ⇨ a dhéantar ag an bpointe trádála fíorúil ⇦ a éascú.

*Airteagal 133*

**Deimhniú oibreoirí na gcóras tarchurtha ⌦ agus oibreoirí gréasáin hidrigine ⌫**

1. A luaithe is a fhaightear é, scrúdóidh an Coimisiún aon fhógra faoi chinneadh ar dheimhniúchán oibreora córas tarchurtha ⇨ nó oibreora gréasáin hidrigine ⇦ mar a leagtar síos é in Airteagal 6510(6) de ⌦ [Treoir athmhúnlaithe maidir le gás arna moladh in COM(2021)xxx] ⌫ ~~Treoir 2009/73/CE~~. Laistigh de 2 mhí ón lá a bhfaighidh sé an fógra sin, tabharfaidh an Coimisiún a thuairim don údarás rialála ~~náisiúnta~~ ábhartha i dtaca lena chomhoiriúnacht le hAirteagal 6510(2) nó le hAirteagal 6611, agus le hAirteagal 549 ~~de Threoir 2009/73/CE~~⌦ den Treoir Athmhúnlaithe maidir le Gás ⌫ ⇨ le haghaidh oibreoirí córais traschurtha, agus Airteagal 65 den Treoir sin le haghaidh oibreoirí gréasáin hidrigine ⇦ .

Nuair atá an tuairim dá dtagraítear sa chéad fhomhír á hullmhú aige, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar ⌦ ACER ⌫ ~~an nGníomhaireacht~~ a thuairim a thabhairt ar chinneadh an údaráis rialála ~~náisiúnta~~. I gcás den sórt sin, déanfar an tréimhse 2 mhí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fhadú 2 mhí eile.

In éagmais tuairime ón gCoimisiún laistigh den tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír, measfar nach bhfuil aon agóid ag an gCoimisiún i gcoinne chinneadh an údaráis rialála.

2. Laistigh de 2 mhí ón tráth a fhaightear tuairim ón gCoimisiún, glacfaidh an t-údarás rialála ~~náisiúnta~~ a chinneadh críochnaitheach maidir le deimhniúchán an oibreora córas tarchurtha⇨ nó an oibreora gréasáin hidrigine ⇦ , agus an aird is mó is féidir á tabhairt ar an tuairim sin. Foilseofar cinneadh an údaráis rialála agus tuairim an Choimisiúin in éineacht lena chéile.

3. Féadfaidh na húdaráis rialála ~~agus/~~nó an Coimisiún, tráth ar bith le linn an nós imeachta, a iarraidh ar oibreoir córais tarchurtha, ⇨ oibreoir gréasáin hidrigine ⇦ agus/nó ar ghnóthas a dhéanann aon cheann de na feidhmeanna giniúna nó soláthair, aon fhaisnéis a sholáthar atá ábhartha maidir le comhlíonadh a gcúraimí faoin Airteagal seo.

4. Déanfaidh na húdaráis rialála agus an Coimisiún rúndacht aon fhaisnéise íogaire tráchtála a chaomhnú.

5. Maidir leis an gCoimisiún ~~may adopt~~ ⇨ tugtar de chumhacht dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 63 ⇦ t~~T~~reoirlíte a ghlacadh lena leagtar amach mionsonraí an nós imeachta a bheidh le leanúint chun mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm. ~~Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 28(2).~~

6. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún fógra faoi chinneadh ar dheimhniúchán oibreora córais tarchurtha faoi Airteagal 54 9 (10) ~~de Threoir 2009/73/CE~~⌦ den Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh ag COM(2021) xxx ⌫ , déanfaidh sé

cinneadh a bhaineann le deimhniúchán. Comhlíonfaidh an t-údarás rialála cinneadh an Choimisiúin.

---

⇩ nua

*Airteagal 14*

**Comhar idir oibreoirí córais tarchurtha**

1. Comhoibreoidh oibreoirí córais tarchurtha le hoibreoirí córas tarchurtha agus bonneagair eile chun cothabháil a ngréasán faoi seach a chomhordú d'fhonn aon chur isteach ar sheirbhísí tarchurtha a íoslaghdú d'úsáideoirí gréasáin agus d'oibreoirí córas tarchurtha i gceantair eile.

2. Oibreoidh oibreoirí córais traschurtha i gcomhar le chéile agus le hoibreoirí bonneagair eile agus é mar chuspóir acu an acmhainn theicniúil a uasmhéadú laistigh den chóras iontrála-scoir agus úsáid an gháis bhreosla a íosmhéadú a mhéid is féidir.

## ROINN 2

## ROCHTAIN AR GHRÉASÁN

---

🡻 715/2009 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 15~~13~~*

**Taraifí chun rochtain a fháil ar ghréasáin**

1. Maidir leis na taraifí, nó na modheolaíochtaí a úsáidfear chun iad a ríomh, arna gcur i bhfeidhm ag oibreoirí na gcóras tarchurtha agus arna bhformheas ag na húdaráis rialála de bhun Airteagal 72~~41~~(~~6~~7) den ~~Directive 2009/73/CE~~ ⌦ Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás ⌫, chomh maith leis na taraifí arna bhfoilsiú de bhun Airteagal 27~~32~~(1) den Treoir sin, beidh siad trédhearcach, cuirfear san áireamh iontu an gá atá le sláine an chórais agus le feabhas a chur ar shláine an chórais agus déanfaidh siad léiriú a thabhairt ar na costais iarbhír a thabhaítear, a mhéid a fhreagraíonn na costais sin do chostais oibreora gréasáin atá éifeachtúil agus atá inchomparáide ó thaobh struchtúir de, agus a mhéid atá na costais sin trédhearcach, agus cuirfidh siad san áireamh toradh iomchuí ar infheistíochtaí~~, agus i gcás inarb iomchuí, cuirfidh siad san áireamh an tagarmharcáil a dhéanann na húdaráis rialála ar tharaifí~~. Maidir leis na taraifí, nó na modheolaíochtaí a úsáidfear chun iad a ríomh, cuirfear i bhfeidhm ar shlí neamh-idirdhealaitheach iad.

~~Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go bhféadfar taraifí~~Maidir le taraifí, féadfar iad a chinneadh freisin trí shocruithe margadhbhunaithe amhail ceantanna, ar choinníoll go mbeidh na socruithe sin agus an t-ioncam a eascróidh astu formheasta ag an údarás rialúcháin.

Maidir leis na taraifí, nó na modheolaíochtaí a úsáidfear chun iad a ríomh, éascóidh siad an trádáil éifeachtúil sa ghás agus éascóidh siad an iomaíocht, agus ag am céanna seachnóidh siad crosfhóirdheontais idir úsáideoirí gréasán agus soláthróidh

siad dreasachtaí don infheistíocht agus chun an idir-inoibritheacht a chothabháil nó a chruthú do ghréasáin tarchurtha.

Beidh na taraifí le haghaidh úsáideoirí gréasán neamh-idirdhealaitheach agus socrófar iad go leithleach le haghaidh gach pointe iontrála ar an gcóras tarchurtha agus gach pointe scoir as. Formheasfaidh na húdaráis ~~náisiúnta~~ rialála na sásraí chun costais a leithdháileadh agus an mhodheolaíocht chun rátaí a shocrú. ~~Faoin 3 Meán Fómhair 2011, á~~Áiritheoidh na Ballstáit~~, tar éis idirthréimhse,~~ nach ndéanfar muirir ghréasáin a ríomh ar bhonn conairí conartha.

2. Maidir leis na taraifí ar rochtain ar ghréasáin, ní shrianfaidh siad leachtacht an mhargaidh ná ní dhéanfaidh siad saobhadh ar an trádáil thar theorainneacha córas éagsúil tarchurtha. I gcás ina gcuirfeadh difríochtaí idir struchtúir taraifí~~ nó idir sásraí comhardúcháin~~ isteach ar an trádáil thar chórais tarchurtha, agus ainneoin Airteagal 72~~41~~(~~6~~7) den ~~Directive 2009/73/CE~~ ⌦ Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás ⌫, déanfaidh oibreoirí córais tarchurtha rompu, i ndlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta ábhartha, an cóineasú ar struchtúir taraifí agus ar phrionsabail mhuirearúcháin~~, lena n-áirítear iad a bhaint amach i ndáil leis an gcomhardú,~~ a shaothrú go gníomhach.

---

⇩ nua

*Airteagal 16*

**Lascainí taraife ar gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin**

1. Agus taraifí á socrú, cuirfear lascaine taraife ar gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin i bhfeidhm maidir le:

(a) pointí iontrála ó shaoráidí gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin. Cuirfear lascaine 75 % i bhfeidhm maidir leis na taraifí acmhainnbhunaithe ar leith chun críocha instealladh gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin a mhéadú;

(b) taraifí tarchurtha acmhainnbhunaithe ag pointí iontrála ó shaoráidí stórais agus ag pointí scoir chucu, mura rud é go bhfuil an tsaoráid stórála nasctha le níos mó ná gréasán tarchurtha nó dáileacháin amháin gréasán agus go bhfuil sé in iomaíocht le pointe idirnasctha. Socrófar ráta lascaine ar leibhéal 75 % sna Ballstáit ina ndearnadh an gás in-athnuaite nó ísealcharbóin a instealladh isteach sa chóras den chéad uair .

2. Féadfaidh údaráis rialála rátaí lascaine a shocrú ar leibhéal níos ísle ná na rátaí a leagtar i mír 1 den Airteagal seo ar choinníoll go bhfuil an lascaine i gcomhréir leis na prionsabail taraife ghinearálta a leagtar amach in Airteagal 15 agus go háirithe leis an bprionsabal go mbeidís costléiritheach, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le creataí airgeadais cobhsaí le haghaidh infheistíochtaí atá ann cheana i gcás inarb iomchuí, agus ar chur chun cinn leathadh na ngás in-athnuaite agus ísealcharbóin sa Bhallstát i gceist.

3. Féadtar mionsonraí na lascainí a dheonaítear i gcomhréir le mír 1 a shocrú sa chód gréasáin maidir le struchtúir tharaife dá dtagraítear in Airteagal 52(1, pointe (e).

4. Déanfaidh an Coimisiún scrúdú athuair ar na laghduithe taraife de bhun mhír 1 [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin]. Eiseoidh sé tuarascáil ina mbeidh forbhreathnú ar a gcur chun feidhme agus déanfaidh sé measúnú an bhfuil leibhéal na laghduithe a shocraítear i mír 1 leordhóthanach go fóill i bhfianaise na n-athruithe is

déanaí ar an margadh. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 63 d'fhonn na leibhéil lascaine a shocraítear i mír 1 a athrú..

5. Amhail ón 1 Eanáir i mbliain a nglactha, gheobhaidh úsáideoirí gréasáin lascaine 100 % ar an taraif rialáilte ón oibreoir córais tarchurtha ag na pointí idirnasctha uile, lena n-áitítear pointí iontrála go tríú tíortha agus pointí scoir uathu chomh maith le pointí iontrála ó chríochfoirt GNL le haghaidh gáis in-athnuaite ísealcharbóin, tar éis dóibh cruthúnas inbhuanaitheachta a chur ar fáil don oibreoir córais traschurtha ar leith, bunaithe ar dheimhniú inbhuanaitheachta bailí de bhun Airteagail 29 agus 30 de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16] agus atá cláraithe i mbunachar sonraí an Aontais.

A mhéid a bhaineann leis an lascaine sin:

(a) Ceanglófar ar oibreoirí córais tarchurtha gan an lascaine a chur ar fáil ach le haghaidh an bhealaigh is giorra is féidir i dtéarmaí na dtrasnuithe teorann idir an áit inar taifeadadh den chéad uair an cruthúnas sonrach ar an dearbhú maidir le hinbhuanaitheacht i mbunachar sonraí an Aontais, agus é bunaithe ar dheimhniú inbhuanaitheachta, agus an áit ar cuireadh ar ceal é de bhrí gur measadh é a bheith ídithe. Aon phréimh ceant a d'fhéadfadh a bheith ann, ní chumhdófar í leis an lascaine.

(b) Cuirfidh na hoibreoirí córais tarchurtha ar fáil, dá n-údarás rialála ar leith, faisnéis ar thoirteanna iarbhír agus ionchasacha gás in-athnuaite agus ísealcharbóin agus ar an éifeacht ar a n-ioncam atá ag lascaine taraife a chur i bhfeidhm. Déanfaidh na húdaráis rialála faireachán agus measúnú ar thionchar na lascaine ar chobhsaíocht taraife.

(c) A luaithe a laghdaítear ioncam oibreora córais tarchurtha le 10 % mar gheall ar an lascaine a chur i bhfeidhm, ceanglaítear ar na hoibreoirí córais tarchurtha i gceist agus ar na hoibreoirí córais tarchurtha comharsanacha sásra um chúiteamh idir oibreoirí córais tarchurtha a chaibidliú. Tiocfaidh na hoibreoirí córais i gceist ar chomhaontú laistigh de 3 bliana. I gcás nach dtagtar ar chomhaontú laistigh den tréimhse ama sin tiocfaidh na húdaráis rialála lena mbaineann ar chinneadh comhpháirteach ar shásra um chúiteamh idir oibreoirí córais tarchurtha laistigh de 2 bhliain. Murab ann don chomhaontú sin idir na húdaráis rialála beidh feidhm ag Airteagal 6 de Rialachán ACER. I gcás nach bhféadann na húdaráis rialála teacht ar chomhaontú laistigh de 2 bhliain, nó ar iarraidh chomhpháirteach uathu, is é ACER a dhéanfaidh cinneadh i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942.

(d) Socrófar i gcód gréasáin a bhunaítear ar bhonn Airteagal 53 den Rialachán seo sonraí breise is gá chun an lascaine ar gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin a chur chun feidhme amhail ríomh na hacmhainne incháilithe a bhfuil feidhm ag an lascaine maidir léi agus na próisis a cheanglaítear.

*Airteagal 17*

**Comhar idir oibreoirí córais tarchurtha**

[16] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (*IO L 328, 21.12.2018, lch. 82*).

1. Amhail ón [1 bhliain tar éis an trasuí], áiritheoidh an t-údarás rialála ábhartha an trédhearcacht maidir leis na modheolaíochtaí, paraiméadair agus luachanna a úsáidtear chun ioncam ceadaithe nó sprioc-ioncam oibreoirí córais tarchurtha a chinneadh. Foilseoidh an t-údarás rialála an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, nó ceanglóidh sé ar an oibreoir córais tarchurtha ábhartha an foilsiú sin a dhéanamh. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil i bhformáid atá éasca don úsáideoir, agus a mhéid is féidir, i dteanga amháin nó níos mó a thuigtear go coiteann.

2. Beidh costais an oibreora córais tarchurtha faoi réir ag comparáid éifeachtúlachta idir oibreoirí córais tarchurtha an Aontais, agus déanfaidh ACER iad a shainiú go hiomchuí. Foilseoidh ACER an [3 bliana tar éis an trasuí] agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin staidéar ina ndéanfar comparáid idir costais oibreoirí córais tarchurtha an Aontais. Cuirfidh na húdaráis rialála ábhartha agus na hoibreoirí córais tarchurtha na sonraí uile is gá le haghaidh na comparáide sin ar fáil do ACER. Tabharfaidh na húdaráis rialála ábhartha torthaí na comparáide sin ar aird, chomh maith leis na himthosca náisiúnta, nuair a bheidh ioncam ceadaithe nó sprioc-ioncam na n-oibreoirí córais tarchurtha á socrú acu.

3. Déanfaidh na húdaráis rialála ábhartha measúnú ar fhorbairt fhadtéarmach na dtaraifí tarchurtha bunaithe ar na hathruithe ionchasacha ar an ioncam ceadaithe nó sprioc-ioncam agus ar an éileamh ar ghás go dtí 2050. Chun an measúnú sin a dhéanamh cuirfidh an t-údarás rialála san áireamh an fhaisnéis maidir leis an straitéis a dtugtar tuairisc uirthi i bplean fuinnimh agus i bplean aeráide an Bhallstáit ar leith agus na cásanna is bonn leis an bplean forbartha gréasáin comhtháite arna fhorbairt i gcomhréir le hAirteagal 51 de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)xxx].

## ROINN 3

## OIBRIÚ CÓRAIS TARCHURTHA, STÓRÁLA, GNL AGUS CRÍOCHFOIRT HIDRIGINE

*Airteagal 18*

**Acmhainn dhocht le haghaidh gás ina-athnuaite agus ísealcharbóin chuig an gcóras tarchurtha**

1. Áiritheoidh na hoibreoirí córais tarchurtha go mbeidh ann acmhainn dhocht le haghaidh na rochtana ag saoráidí táirgthe gás in-athnuaite agus ísealcharbóin ar a n-eangach. Chuige sin, forbróidh na hoibreoirí córais tarchurtha i gcomhar leis na hoibreoirí córais dáileacháin nósanna imeachta agus socruithe, lena n-áirítear infheistíochtaí, chun sreabhadh cúltreo a áirithiú ón ngréasán leithdháilte go dtí an gréasán tarchurtha.

2. Beidh Mír 1 gan dochar don deis atá ag oibreoirí córais tarchurtha roghanna atá malartach ar infheistíochtaí cúltreo a fhorbairt, amhail réitigh eangaí cliste nó nasc le hoibreoirí córais eile. Ní fhéadtar rochtain dhocht a theorannú ach amháin chuig acmhainní atá faoi réir srianta oibríochtúla, d’fhonn an éifeachtúlacht eacnamaíoch a áirithiú. Áiritheoidh an t-údarás rialála go ndéanfar aon srianta in acmhainn dhocht nó aon srianta oibríochtúla a thabhairt isteach ar bhonn nósanna imeachta trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha agus nach gcruthóidh na srianta sin bacainní míchuí ar dhul isteach sa mhargadh. I gás ina seasann an tsaoráid táirgthe na costais a bhaineann leis an acmhainn dhocht a áirithiú, ní bheidh feidhm ag aon srian.

*Airteagal 19*

**Comhar trasteorann maidir le cáilíocht gháis sa chóras gáis nádúrtha**

1. Maidir le srianta ar shreafaí trasteorann de dheasca difríochtaí cáilíochta gáis ag pointí idirnaisc idir Ballstáit an Aontais, oibreoidh oibreoirí córais tarchurtha i gcomhar le chéile chun na srianta sin a sheachaint.

2. I gás nach féidir le hoibreoirí córais tarchurtha, ina ngnáthoibríochtaí, srian ar shreabhadh trasteorann de dheasca difríochtaí cáilíochtaí gáis a sheachaint, cuirfidh siad sin in iúl do na húdaráis rialála lena mbaineann gan mhoill. San fhaisnéis sin beidh tuairisc agus réasúnú cuí le haon bheart atá déanta cheana féin ag na hoibreoirí córais tarchurtha.

3. Tiocfaidh na húdaráis rialála lena mbaineann ar chomhaontú go comhpháirteach laistigh de 6 mhí maidir le haitheantas a thabhairt don srian.

4. I gás ina dtugann na húdaráis rialála lena mbaineann aitheantas don srian, iarrfaidh siad ar na hoibreoirí córais tarchurtha lena mbaineann na gníomhartha seo a leanas a dhéanamh ceann i ndiaidh a chéile, laistigh 12 mhí ón uair a thugtar an t-aitheantas:

   (a) dul i gcomhar chun roghanna atá féideartha go teicniúil a fhorbairt chun an srian sainaitheanta a bhaint, gan na sonraíochtaí cáilíochta gáis, lenar féidir gealltanais sreafa agus cóireáil gáis a áireamh, a athrú;

   (b) measúnú costais is tairbhe ar na roghanna atá féideartha go teicniúil a dhéanamh go comhpháirteach chun réitigh atá éifeachtúil go heacnamaíoch a shainiú, lena sonrófar miondealú ar na costais agus na tairbhí idir na catagóirí éagsúla páirtithe a ndéanfar difear dóibh;

   (c) déanfar meastachán ar an méid ama a thógfar chun gach rogha fhéideartha a chur chun feidhme;

   (d) comhairliúchán poiblí a sheoladh maidir le réitigh fhéideartha shainaitheanta agus torthaí an chomhairliúcháin a chur san áireamh;

   (e) togra comhpháirteach, bunaithe ar an measúnú costas is tairbhe agus ar an gcomhairliúchán poiblí, le haghaidh réitigh lena mbaintear an srian aitheanta, lena n-áirítear an tráthchlár le haghaidh a chur chun feidhme, a chur faoi bhráid na n-údaráis rialála ar leith lena fhormheas agus faoi bhráid údaráis náisiúnta rialála gach Ballstáit lena mbaineann mar eolas.

5. I gcás nach dtagann na hoibreoirí córais tarchurtha lena mbaineann ar chomhaontú faoi réiteach, cuirfidh gach oibreoir córais tarchurtha a údarás rialála ar an eolas gan mhoill.

6. Déanfaidh na húdaráis rialála lena mbaineann cinneadh comhpháirteach comhordaithe maidir leis an srian aitheanta a bhaint nó maidir lena dhearbhú nár cheart aon bheart breise a dhéanamh, agus, san am céanna, aird á tabhairt ar an measúnú costas is tairbhe arna hullmhú ag na hoibreoirí córais tarchurtha agus ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí laistigh de 6 mhí mar a leagtar amach in Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942.

7. Sa chinneadh comhpháirteach comhordaithe a dhéanfaidh na húdaráis lena mbaineann áireofar cinneadh maidir le leithdháileadh na gcostas infheistíochta a bheidh le seasamh ag gach oibreoir córais traschurtha a thiocfaidh as cur chun feidhme an réitigh chomhaontaithe, chomh maith lena gcur san áireamh i dtaraifí,

agus aird á tabhairt ar chostais agus tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil an réitigh sa Bhallstát lena mbaineann.

8. Féadfaidh ACER moltaí a chur chuig na húdaráis rialála maidir le mionsonraí na gcinntí leithdháilte costais sin dá dtagraítear i mír 7.

9. I gás nach féidir leis na húdaráis rialála lena mbaineann teacht ar chomhaontú dá dtagraítear i mír 3, déanfaidh ACER cinneadh maidir leis an srian, de réir an phróisis a leagtar amach in Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942. I gcás ina dtugann ACER aitheantas don srian iarrfaidh sé ar na hoibreoirí córais tarchurtha na gníomhartha dá dtagraítear i mír 4 pointí (a) go (e) a dhéanamh, laistigh de 12 mhí, ceann i ndiaidh a chéile.

10. I gcás nach féidir leis na húdaráis rialála ábhartha teacht ar chinneadh comhordaithe dá dtagraítear i míreanna 6 agus 7, déanfaidh ACER cinneadh maidir leis an réiteach i ndáil leis an srian a bhaint agus i ndáil le leithdháileadh na gcostas infheistíochta a bheidh le seasamh ag gach oibreoir córais tarchurtha le haghaidh chur chun feidhme an réitigh chomhaontaithe, de réir an phróisis a leagtar amach in Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942.

11. Mionsonraí breise is gá chun eilimintí an Airteagail a chur chun feidhme, lena n-áirítear mionsonraí an mheasúnaithe costas is tairbhe, socrófar iad i gcód gréasán a bhunaítear ar bhonn Airteagal 53 den Rialachán seo.

*Airteagal 20*

**Cumaisc hidrigine ag pointí idirnaisc idir Ballstáit an Aontais sa chóras gáis nádúrtha**

1. Glacfaidh oibreoirí córais tarchurtha le sreafaí gáis ina bhfuil cion hidrigine suas le 5 % de réir toirte ag pointí idirnaisc idir Ballstáit an Aontais sa chóras gáis nádúrtha ón 1 Deireadh Fómhair 2025, faoi réir chríochnú an nós imeachta a dtugtar tuairisc air in Airteagal 19 den Rialachán seo.

2. I gcás inar mó an cion hidrigine a chumasctar sa chóras gáis nádúrtha ná 5 % de réir toirte ní bheidh feidhm ag an próiseas a dtugtar tuairisc air in Airteagal 19 den Rialachán seo.

3. Ní bhainfidh na Ballstáit úsáid as cumasc hidrigine sa chóras gáis nádúrtha chun srian a chur ar shreafaí gáis trasteorann.

---

| |
|---|
| 🡻 715/2009 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |

*Airteagal 21~~4~~*

**Gréasán Eorpach na n-oibreoirí córais tarchurtha don ghás**

Comhoibreoidh na hoibreoirí córais tarchurtha uile ar leibhéal ⌦ an Aontais ⌫ ~~an Chomhphobail~~ trí ⌦ Ghréasán Eorpach Oibreoirí na gCóras Tarchurtha don Ghás ⌫ ( an ENTSO don Ghás) chun comhlánú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha agus trádáil trasteorann a chur chun cinn agus chun bainistiú optamach, oibríocht chomhordaithe agus forás fónta teicniúil an ghréasáin tarchurtha don ghás nádúrtha a áirithiú.

*Airteagal 225*

**Establishment of the ⌦ Eagrú ⌫an ENTSO don Ghás**

1. By 3 March 2011, Cuirfidhcuirfidhan transmission system operators for gas ⌦ ENTSO ⌫ chuig an gCoimisiún agus chuig ⌦ ACER ⌫ the Agencydréacht-reachtanna, liosta comhaltaí, agus dréacht-rialacha nós imeachta, lena n-áirítear rialacha na nósanna imeachta i ndáil le comhairliúchán le geallsealbhóirí eile, an ENTSO don Ghás to be established ⇨ i gcás athruithe ar na doiciméid sin nó iarraidh réasúnaithe ón gCoimisiún nó ACER ⇦ .

2. Laistigh de 4 mhí ón lá a bhfaighfear iad, tar éis di dul i gcomhairle go foirmiúil le heagraíochtaí atá ionadaíoch ar na geallsealbhóirí uile, go háirithe úsáideoirí an chórais, lena n-áirítear custaiméirí, soláthróidh ⌦ ACER ⌫ an Ghníomhaireacht tuairim don Choimisiún maidir leis na dréacht-reachtanna, maidir le liosta comhaltaí agus maidir leis na dréacht-rialacha nós imeachta.

3. Tabharfaidh an Coimisiún tuairim maidir leis na dréacht-reachtanna, maidir le liosta na gcomhaltaí agus maidir leis na dréacht-rialacha nós imeachta, agus aird á tabhairt aige ar thuairim ⌦ ACER ⌫ na Gníomhaireachta dá bhforáiltear ⌦ dá dtagraítear ⌫ i mír 2, agus déanfar amhlaidh laistigh de 3 mhí ón lá a bhfaighfear an tuairim ó ⌦ ACER ⌫ ón nGníomhaireacht.

4. Laistigh de 3 mhí ón lá a bhfaighfear an tuairim ón gCoimisiún, bunóidh na hoibreoirí córais tarchurtha an ⇨ déanfaidh ⇦ an ENTSO don Ghás , a ghlacadh agus a fhoilsiúits ⌦ reachtanna agus nósanna imeachta ⌫ athbhreithnithe ⌦an ENTSO don Ghás ⌫.

---

🡻 715/2009 (oiriúnaithe)

*Airteagal 238*

**Cúraimí an ENTSO don Ghás**

1. Tarraingeoidh an ENTSO don Ghás suas cóid ghréasáin sna réimsí dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 53(9)6(6).

2. Féadfaidh an ENTSO don Ghás cóid ghréasáin a tharraingt suas sna réimsí a leagtar amach i mír 6 d'fhonn na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 214 a bhaint amach, i gcás nach mbainfidh na cóid sin le réimsí a chumhdaítear leis an iarraidh a dhíreoidh an Coimisiún chuige. Cuirfear na cóid ghréasáin sin faoi bhráid ⌦ ACER ⌫ na Gníomhaireachta le go dtabharfaidh sé tuairim ina leith. Tabharfaidh an ENTSO don Ghás aird chuí ar an tuairim sin.

3. Glacfaidh an ENTSO don Ghás:

   (a) uirlisí coiteanna d'oibriú an ghréasáin, lena áirithiú go ndéanfar comhordú ar oibriú an ghréasáin i ngnáthdhálaí agus i ndálaí éigeandála, lena n-áirítear scála coiteann chun teagmhais a aicmiú agus pleananna taighde;

   (b) plean forbartha gréasán neamhcheangailteach deich mbliana uile-Chomhphobail, ⌦ Aontais ⌫(plean forbartha gréasán uile-Chomhphobail⌦ Aontais ⌫), lena n-áirítear tuar Eorpach ar leordhóthanacht soláthair, gach dhá bhliain;

(c) moltaí maidir le comhordú an chomhair theicniúil idir oibreoirí córas tarchurtha ~~sa Chomhphobal~~ ⌦ san Aontas ⌫agus oibreoirí córas tarchurtha i dtríú tíortha;

(d) clár oibre bliantúil;

(e) tuarascáil bhliantúil;

(f) tuar bliantúil ar leordhóthanacht soláthair an tsamhraidh agus an gheimhridh;~~agus~~

---

⇩ nua

(g) tuarascáil um fhaireachán cáilíochta gáis faoin 15 Bealtaine 2024 ar a dhéanaí agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, lena n-áirítear forbairtí ar pharaiméadair cáilíochta gáis, forbairtí ar leibhéal agus ar thoirt na hidrigine a chumasctar sa chóras gáis nádúrtha, tuartha maidir le forbairt ionchasach na bparaiméadar cáilíochta gáis agus maidir leis an méid hidrigine a chumasctar sa chóras gáis náisiúnta, an tionchar atá ag hidrigin a chumasc ar shreafaí trasteorann chomh maith le faisnéis ar chásanna a bhaineann le difríochtaí i sonraíochtaí cáilíochta gáis agus i sonraíochtaí i ndáil le leibhéil cumaisc agus an chaoi a socraítear na cásanna sin;

(h) Cumhdófar freisin leis an tuarascáil um fhaireachán cáilíochtaí gáis an fhorbairt le haghaidh na limistéir a liostaítear i bpointe (g) a mhéid is ábhartha don ghréasán leithdháilte, bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag eintiteas na n-oibreoirí córais dáileacháin san Aontas (‘eintiteas AE DSO’).

---

🡻 715/2009

4. Cumhdófar leis an tuar ar leordhóthanacht soláthair Eorpach dá dtagraítear i ~~bpointe (b)~~ mír 3, pointe (b),, leordhóthanacht foriomlán an chórais gáis chun freastal ar éilimh reatha agus ar éilimh réamh-mheasta ar ghás don tréimhse cúig bliana atá le teacht chomh maith leis an tréimhse idir 5 bliana agus 10 mbliana ó dháta an tuair sin. Déanfaidh an tuar Eorpach ar leordhóthanacht soláthair forbairt na tuar náisiúnta ar leordhóthanacht soláthair a ullmhaíonn gach oibreoir córais tarchurtha ar leith.

---

⇩ nua

Cuimseofar samhaltú an ghréasáin chomhtháthaithe, lena n-áirítear gréasáin hidrigine, forbairt cásanna, dearcadh Eorpach i leith leordhóthanacht soláthair agus measúnú ar sheasmhacht an chórais sa phlean forbartha uile-Aontais dá dtagraítear i mír 3, pointe (b).

---

🡻 715/2009

5. Is é a bheidh sa chlár oibre bliantúil dá dtagraítear i ~~bpointe (d) de mh~~de mhír 3, pointe (d) ná liosta de na cóid ghréasáin atá le hullmhú agus tuairisc orthu, plean maidir le comhordú oibriú an ghréasáin agus gníomhaíochtaí taighde agus forbartha, a dhéanfar an bhliain sin, mar aon le féilire táscach.

6. Agus sainiúlachtaí réigiúnacha á gcur san áireamh, más iomchuí, cumhdóidh na cóid ghréasáin dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 na réimsí seo a leanas:

(a) rialacha maidir le slándáil agus iontaofacht an ghréasáin;

(b) rialacha maidir le nascadh leis an ngréasán;

(c) rialacha maidir le rochtain ag tríú páirtithe;

(d) rialacha maidir le malartú sonraí agus maidir le socrú sonraí;

(e) rialacha idir-inoibritheachta;

(f) nósanna imeachta oibríochtúla i gcás éigeandála;

(g) rialacha maidir le leithdháileadh acmhainne agus maidir le bainistiú ar phlódú;

(h) rialacha trádála a bhaineann le soláthar teicniúil agus oibríochtúil seirbhísí rochtana ar an ngréasán agus le comhardú an chórais;

(i) rialacha trédhearcachta;

(j) rialacha comhardúcháin lena n-áirítear rialacha a bhaineann le gréasáin maidir le nós imeachta ainmniúcháin, rialacha maidir le muirir i leith éagothroime agus rialacha maidir le comhardú oibríochtúil idir córais oibreoirí na gcóras tarchurtha;

(k) rialacha maidir le struchtúir chomhchuibhithe do tharaifí tarchurtha; agus

(l) éifeachtúlacht fuinnimh i dtaca le gréasáin gháis;

---

⇩ nua

(m) an chibhearshlándáil i dtaca le gréasáin gháis.

---

🡻 715/2009 (oiriúnaithe)
⇨ nua

7. Déanfar na cóid ghréasáin a fhorbairt maidir le saincheisteanna a bhaineann le gréasáin trasteorann agus saincheisteanna a bhaineann le comhtháthú an mhargaidh agus beidh siad gan dochar do cheart na mBallstát cóid ghréasáin náisiúnta a bhunú nach ndéanann difear don trádáil trasteorann.

8. Déanfaidh an ENTSO don Ghás faireachán agus anailís ar chur chun feidhme na gcód gréasáin agus na dTtreoirlínte arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 53(13)6(11) ⌦ nó 56 ⌫ , agus ar a n-éifeacht ar chomhchuibhiú na rialacha is infheidhme agus arb é is aidhm dóibh comhtháthú an mhargaidh a éascú. Déanfaidh an ENTSO don Ghás a fhionnachtana a thuairisciú do ACER don Ghníomhaireacht agus déanfaidh sé torthaí na hanailíse a chur san áireamh sa tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear i bpointe (e) i mír 3, pointe (e), den Airteagal seo.

9. Déanfaidh an ENTSO don Ghás an fhaisnéis uile a chur ar fáil a éilíonn ⌦ ACER ⌫ an Ghníomhaireacht chun a cúraimí a chomhlíonadh faoi Airteagal249(1).

10. 11. Déanfaidh⌦ ACER ⌫ an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar na pleananna forbartha gréasáin deich mbliana náisiúnta d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá siad i gcomhréir leis an bplean forbartha gréasáin deich mbliana uile-Chomhphobail ⌦ Aontais ⌫. Má shainaithníonn ⌦ ACER ⌫ an Ghníomhaireacht neamhréireachtaí idir plean forbartha gréasáin deich mbliana náisiúnta agus an plean forbartha gréasáin deich mbliana uile-Chomhphobail ⌦ Aontais ⌫, molfaidh sé go ndéanfar an plean forbartha gréasáin náisiúnta nó an

plean forbartha gréasáin deich mbliana uile-~~Community~~ ⌦ Aontais ⌫ a leasú de réir mar is cuí. Má fhorbraítear plean forbartha gréasáin náisiúnta deich mbliana den sórt sin i gcomhréir le hAirteagal51~~23~~ de ~~Threoir 2009/73/CE~~ ⌦[Treoir athmhúnlaithe arna mholadh in COM(2021) xxx]⌫ , ⌦ molfaidh ACER ⌫ ~~Agency~~ don údarás rialála náisiúnta inniúil an plean forbartha gréasáin deich mbliana ~~náisiúnta~~ a leasú i gcomhréir le hAirteagal 51~~22~~(5~~7~~) den Treoir sin agus cuirfidh sé an méid sin in iúl don Choimisiún.

11. ~~12.~~ Arna iarraidh sin don Choimisiún, tabharfaidh an ENTSO don Ghás a thuairimí don Choimisiún maidir le glacadh na dt~~T~~reoirlínte de réir mar a leagtar síos in Airteagal 56~~23~~.

*Airteagal 24~~9~~*

**Faireachán ag ⌦ ACER ⌫ ~~the Agency~~**

1. Déanfaidh⌦ ACER ⌫ ~~an Ghníomhaireacht~~ faireachán ar fhorghníomhú chúraimí an ENTSO don Ghás dá dtagraítear in Airteagal 23~~8~~(1), (2) agus (3) agus tíolacfaidh sí tuarascáil don Choimisiún.

Déanfaidh ⌦ ACER ⌫ ~~an Ghníomhaireacht~~ faireachán ar an mbealach a ndéanann an ENTSO don Ghás na cóid ghréasáin arna dtarraingt suas faoi Airteagal 23~~8~~(2) agus na cóid ghréasáin arna bhforbairt i gcomhréir le hAirteagal 53~~6~~ (1) go (12~~10~~), ach nach bhfuil glactha ag an gCoimisiún faoi Airteagal 53~~6~~(13~~11~~), a chur chun feidhme. I gcás ina mainneoidh an ENTSO don Ghás na cóid ghréasáin sin a chur chun feidhme, iarrfaidh ⌦ ACER ⌫ ~~an Ghníomhaireacht~~ ar ENTSO don Ghás míniú cuí-réasúnaithe a thabhairt faoin gcúis ar mhainnigh sí déanamh amhlaidh; Cuirfidh⌦ ACER ⌫ ~~an Ghníomhaireacht~~ an míniú sin in iúl don Choimisiún agus tabharfaidh sí a thuairim ina leith.

Déanfaidh ⌦ ACER ⌫~~an Ghníomhaireacht~~ faireachán agus anailís ar chur chun feidhme na gcód gréasáin agus na dt~~T~~reoirlínte arna nglacadh ag an gCoimisiún de réir mar a leagtar síos in Airteagail 52~~6(11)~~) ⌦ , 53, 55 agus 56 ⌫ , agus ar a n-éifeacht ar chomhchuibhiú na rialacha is infheidhme, arb é is aidhm dóibh comhtháthú an mhargaidh a éascú, agus ar neamh-idirdhealú, ar iomaíocht éifeachtach agus ar fheidhmiú éifeachtúil an mhargaidh, agus tíolacfaidh sí tuarascáil don Choimisiún.

2. Déanfaidh an ENTSO don Ghás an dréachtphlean forbartha gréasáin uile-~~Chomhphobail~~⌦ Aontais ⌫, an dréachtchlár oibre bliantúil, lena n-áirítear an fhaisnéis maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin agus na doiciméid eile dá dtagraítear in Airteagal 23~~8~~ (3), a chur faoi bhráid ⌦ ACER ⌫~~na Gníomhaireachta~~ chun a thuairim a fháil.

Laistigh de thréimhse 2 mhí ón lá a bhfaighfear é, tabharfaidh ⌦ ACER ⌫ ~~an Ghníomhaireacht~~ tuairim chuí-réasúnaithe, chomh maith le moltaí, don ENTSO don Ghás agus don Choimisiún, i gcás ina measfaidh sé nach rannchuideoidh an dréachtchlár oibre bliantúil nó an dréachtphlean forbartha gréasáin uile-~~Chomhphobail~~⌦ Aontais ⌫ arna thíolacadh ag an ENTSO don Ghás, nach rannchuideoidh sé le neamh-idirdhealú, le hiomaíocht éifeachtach nó le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh nó le leibhéal sásúil idirnaisc trasteorann a bheidh oscailte do rochtain ag tríú páirtithe.

*Airteagal 25~~24~~*

**Údaráis rialála**

Agus a bhfreagrachtaí faoin Rialachán seo á bhfeidhmiú acu, áiritheoidh na húdaráis rialála go gcomhlíonfar an Rialachán seo~~agus~~ ⇨ , na cóid ghréasáin agus na⇦ ~~T~~treoirlínte arna nglacadh de bhun Airteagal 52 go 56~~23~~.

I gcás inarb iomchuí, rachaidh siad i gcomhar lena chéile, leis an gCoimisiún agus le ⌦ ACER ⌫ ~~is an nGníomhaireacht~~ i gcomhréir le Caibidil V~~III~~ den ~~Directive 2009/73/CE~~ ⌦ Treoir Athmhúnlaithe maidir le Gás ⌫.

*Airteagal 26~~10~~*

**Comhairliúcháin**

1. Agus é ag ullmhú na gcód gréasáin, an dréachtphlean forbartha gréasáin uile-~~Chomhphobail~~⌦ Aontais ⌫ agus an chláir oibre bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 23~~8~~(1), (2) agus (3), seolfaidh an ENTSO don Ghás próiseas comhairliúcháin forleathan, ag céim luath agus ar bhealach trédhearcach agus oscailte, ina n-áireofar na rannpháirtithe ábhartha go léir sa mhargadh, agus, go háirithe, na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na geallsealbhóirí uile, i gcomhréir lena rialacha nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 22~~5~~(1). Áireofar sa chomhairliúchán sin na húdaráis rialála ~~náisiúnta~~ agus údaráis náisiúnta eile, gnóthais soláthair agus táirgthe, úsáideoirí gréasáin, lena n-áirítear custaiméirí, oibreoirí córais dáileacháin, lena n-áirítear comhlachais tionsclaíocha ábhartha agus comhlachtaí teicniúla agus grúpaí de gheallsealbhóirí. Is é a bheidh mar aidhm aige tuairimí agus tograí na bpáirtithe ábhartha uile a shainaithint i rith an phróisis cinnteoireachta.

2. Poibleofar na doiciméid agus na miontuairiscí uile a bhaineann leis na comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 1.

3. Sula nglacfaidh sé an clár oibre bliantúil agus na cóid ghréasáin dá dtagraítear in Airteagal 23~~8~~ (1), (2) agus (3), tabharfaidh an ENTSO don Ghás le fios conas a rinneadh na barúlacha a fuarthas le linn an chomhairliúcháin a chur san áireamh. I gcás nach mbeidh barúlacha curtha san áireamh, tabharfaidh sé na cúiseanna atá leis sin.

---

| |
|---|
| 🡻 347/2013 Airteagal 22.2<br>⇨ nua |

*Airteagal 27~~11~~*

**Costais**

Seasfaidh na hoibreoirí córais tarchurtha na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí an ENTSO don Ghás dá dtagraítear in Airteagail ⇨ 23, 52 agus 53⇦ den Rialachán seo, agus in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] agus cuirfear na costais sin san áireamh le linn na taraifí a bheith á ríomh. Ní fhormheasfaidh na húdaráis rialála na costais sin ach amháin má bhíonn siad réasúnta agus iomchuí.

[17] Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair tras-Eorpaigh fuinnimh (IO L 115, 25.4.2013, lch. 39).

↓ 715/2009 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 28~~12~~*

**Comhar réigiúnach idir na hoibreoirí córais tarchurtha**

1. Bunóidh na hoibreoirí córais tarchurtha comhar réigiúnach laistigh den ENTSO don Ghás d'fhonn rannchuidiú leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 23~~8~~ (1), (2) agus (3). ~~Déanfaidh siad, go háirithe, plean infheistíochta réigiúnach a fhoilsiú gach dara bliain agus féadfaidh siad cinntí infheistíochta a ghlacadh a bheidh bunaithe ar an bplean infheistíochta réigiúnach sin.~~

2. Cuirfidh oibreoirí córais tarchurtha socruithe oibríochtúla chun cinn d'fhonn an bainistiú is fearr ar an ngréasán a áirithiú agus déanfaidh siad forbairt malartuithe fuinnimh, leithdháileadh comhordaithe acmhainne trasteorann trí réitigh neamh-idirdhealaitheacha margadh-bhunaithe, agus aird chuí á tabhairt ar thuillteanais shonracha na gceantanna intuigthe do leithdháileadh gearrthéarmach, agus comhtháthú na sásraí um chomhardú a chur chun cinn.

3. Chun críocha na spriocanna a shocraítear i mír 1 agus i mír 2 a bhaint amach, ⇨tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 63 a bhaineann le⇦ ⌦sainmhíniú ⌫ an limistéir geografaigh~~, ar féidir a shainmhíniú ag an gCoimisiún,~~ a chumhdaíonn gach struchtúr comhair réigiúnaigh agus na struchtúir chomhair réigiúnaigh atá ann cheana á gcur san áireamh. Ceadófar do gach Ballstát comhar a chur chun cinn i níos mó ná limistéar geografach amháin. ~~Maidir leis an mbeart dá dtagraítear sa chéad abairt, ar beart é atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar é i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 28(2).~~

Chun na críche sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le ⌦ ACER ⌫~~leis an nGníomhaireacht~~ agus leis an ENTSO don Ghás.

*Airteagal 29*

**⌦ Plean forbartha gréasáin deich mbliana ⌫**

↓ ~~715/2009 (oiriúnaithe)~~

Gach dhá bhliain glacfaidh agus foilseoidh an ENTSO don Ghás ~~a~~ the plean forbartha gréasáin uile-~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ dá dtagraítear in ⌦ Airteagal 23 ⌫ ~~pointe (b) de~~ mír 3, pointe (b),. Cuimseofar samhaltú an ghréasáin chomhtháthaithe, forbairt cásanna, tuar Eorpach ar leordhóthanacht soláthair agus measúnú ar stóinseacht an chórais sa phlean forbartha uile-~~Chomhphobail~~⌦ Aontais ⌫.

Beidh na nithe seo a leanas i gceist leis an bplean forbartha gréasáin uile-~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫, go háirithe:

🡻347/2013 Airteagal 22.1
⇨ nua

(a) cuirfidh sé le pleananna infheistíochta náisiúnta ⇨ agus Caibidil IV de Rialachán (AE) 347/2013 ⇦, agus aird á tabhairt ar phleananna infheistíochta réigiúnacha amhail dá dtagraítear in Airteagal 12(1) agus, más iomchuí, ar ghnéithe Aontais de phleanáil gréasáin mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair thras-Eorpaigh fuinnimh[18]; déanfar anailís costas tairbhe air de réir na modheolaíochta bunaithe mar a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán sin;

---

🡻 715/2009 Airteagal (oiriúnaithe)
⇨ nua

(b) i réimse na n-idirnascairí trasteorann, cuirfidh sé le riachtanais réasúnacha úsáideoirí na gcóras éagsúil agus déanfaidh sé gealltanais fhadtéarmacha ó infheisteoirí a chomhtháthú dá dtagraítear in Airteagail 5614 agus5222 den Threoir 2009/73/CE ⌦ [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)xxx] ⌫ ; agus

(c) sainaithneoidh sé bearnaí san infheistíocht, go háirithe maidir le hacmhainn trasteorann.

I dtaca leis an pointe (c) den dara fomhír, pointe (c), féadfar athbhreithniú a chur mar iarscríbhinn leis an bplean forbartha gréasáin uile- Chomhphobail ⌦Aontais⌫, is é sin, athbhreithniú ar na bacainní atá ar mhéadú acmhainn trasteorann an ghréasáin agus a eascraíonn as nósanna imeachta nó cleachtais formheasta éagsúla.

*Airteagal 3018*

**Ceanglais trédhearcachta a bhaineann le hoibreoirí na gcóras tarchurtha**

1. Poibleoidh oibreoir an chórais tarchurtha faisnéis mhionsonraithe maidir leis ⇨ an acmhainn agus ⇦ na seirbhísí a bheidh á dtairiscint aige agus maidir leis na coinníollacha ábhartha a chuirfear i bhfeidhm, i dteannta na faisnéise teicniúla is gá le go mbeidh rochtain éifeachtach ar ghréasáin ag úsáideoirí na ngréasán.

2. Chun go n-áiritheofar go mbeidh taraifí trédhearcacha, oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha ann agus chun go n-éascófar úsáid éifeachtúil ghréasán an gháis, foilseoidh oibreoirí na gcóras tarchurtha nó na húdaráis náisiúnta ábhartha faisnéis atá réasúnta mionsonraithe agus atá mionsonraithe go leordhóthanach maidir le díorthú taraife, modheolaíocht taraife agus struchtúr taraife.

3. Maidir leis na seirbhísí a sholáthraíonn siad, poibleoidh oibreoirí na gcóras tarchurtha uile faisnéis faoi na hacmhainní teicniúla, faoi na hacmhainní conarthacha agus faoi na hacmhainní atá ar fáil, ar bhonn uimhriúil do na pointí ábhartha uile, lena n-áirítear na pointí iontrála agus na pointí scoir, ar bhonn rialta atrátha agus ar bhealach caighdeánaithe agus furasta a úsáid⇨ mar a shonraítear in Iarscríbhinn I⇦ .

---

[18] IO L 115, 25.4.2013, lch. 39.

4. Maidir le pointí ábhartha an chórais tarchurtha a bhfuil an fhaisnéis ina leith le poibliú, formheasfaidh na húdaráis inniúla iad tar éis dul i gcomhairle le húsáideoirí an ghréasáin.

5. Maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear leis an Rialachán seo a thabhairt, nochtfaidh oibreoir an chórais tarchurtha i gcónaí í ar bhealach ~~atá bríoch,~~ atá soiléir ar dhóigh inchainníochtaithe agus atá inrochtana go héasca agus ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

6. Poibleoidh oibreoir an chórais tarchurtha faisnéis *ex-ante* agus *ex-post* a bhaineann le soláthar agus le héileamh, faisnéis a bheidh bunaithe ar ainmniúcháin ⇨ agus leithdháilte ⇦, ar réamhaisnéisí agus ar shreafaí réadaithe isteach sa chóras agus amach as an gcóras. Áiritheoidh an t-údarás ~~náisiúnta~~ rialála go gcuirfear an fhaisnéis sin go léir ar fáil don phobal. Léireoidh leibhéal mionsonraithe na faisnéise a phoibleofar an fhaisnéis atá ar fáil d'oibreoir an chórais tarchurtha.

Poibleoidh oibreoir an chórais tarchurtha na bearta a glacadh agus na costais a tabhaíodh agus an t-ioncam a gineadh chun an córas a chomhardú.

Déanfaidh na rannpháirtithe sa mhargadh lena mbaineann na sonraí dá dtagraítear san Airteagal seo a sholáthar d'oibreoir an chórais tarchurtha.

---

⇩ nua

7. Poibleoidh na hoibreoirí córais tarchurtha faisnéis mhionsonraithe maidir le cáilíocht na ngás a iompraítear ar a ghréasán, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'oibreoirí gréasáin, bunaithe ar Airteagail 16 agus 17 de Rialachán (AE) 2015/703 ón gCoimisiún.

---

🡻 715/2009 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 31~~19~~*

**Ceanglais maidir le trédhearcacht a bhaineann le saoráidí stórais ⌦ gáis nádúrtha agus hidrigine ⌫, ~~agus~~ saoráidí GNL ⌦ agus críochfoirt hidrigine ⌫**

1. Poibleoidh gach oibreoir córais GNL agus ⇨ saoráidí stórais hidrigine (gás nádúrtha) ⇦ ⇨ agus oibreoirí críochfoirt hidrigine ⇦ faisnéis mhionsonraithe a bhaineann leis na~~na~~ seirbhísí ⇨ uile ⇦~~it~~ ⌦ a ⌫ sholáthraíonn sé~~s~~ agus leis na coinníollacha ábhartha a chuirtear i bhfeidhm, mar aon leis an bhfaisnéis theicniúil is gá d'úsáideoirí na saoráidí GNL agus saoráidí stórais hidrigine ⇨ agus críochfoirt hidrigine ⇦ chun rochtain éifeachtach a fháil ar na ⇨ saoráidí stórais ⇦ LNG agus ⇨ hidrigine ⇦ ⇨ agus críochfoirt hidrigine ⇦ . ⇨ Féadfaidh na húdaráis rialála iarraidh ar na hoibreoirí sin aon fhaisnéis bhreise ábhartha le haghaidh úsáideoirí córais a phoibliú. ⇦

---

⇩ nua

2. Déanfaidh na hoibreoirí córais GNL ionstraimí soláimhsithe a sholáthar chun taraifí a ríomh le haghaidh na seirbhísí.

| |
|---|
| ↓ 715/2009<br>⇨ nua |

3. ~~2~~. Poibleoidh gach oibreoir córais GNL agus gach oibreoir ⇨ saoráidí stórála hidrigine, chomh maith le hoibreoirí córais stórála gáis nádúrtha ⇦, i leith na seirbhísí arna soláthar aige, faisnéis maidir leis an acmhainn chonarthach stórála agus acmhainní saoráide GNL ⇨ agus stórála hidrigine chomh maith le hacmhainn críochfoirt hidrigine ⇦atá ar fáil ar bhonn uimhriúil, ar bhonn rialta agus atrátha agus i slí chaighdeánaithe atá furasta le húsáid.

4. ~~3.~~ Maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear leis an Rialachán seo a thabhairt, nochtfaidh gach oibreoir córais GNL agus ⇨ saoráidí stórála hidrigine, chomh maith le gás nádúrtha ⇦ i gcónaí í ar bhealach atá bríoch, atá soiléir ar dhóigh inchainníochtaithe agus atá inrochtana go héasca agus ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

5. ~~4~~. Déanfaidh oibreoirí GNL agus saoráidí stórála ⇨ agus oibreoirí saoráidí hidrigine agus críochfort hidrigine⇦an méid gáis i ngach saoráid stórála nó GNL ⇨ agus i ngach críochfort hidrigine ⇦ a phoibliú , nó grúpa saoráidí stórála má fhreagraíonn sin leis an mbealach ina dtairgtear an rochtain d'úsáideoirí na gcóras, an t-insreabhadh agus an t-eis-sreabhadh, agus an stóráil ⇨ gáis nádúrtha agus hidrigine ⇦ atá ar fáil~~,~~ agus acmhainní saoráidí GNL ⇨ agus críochfoirt hidrigine ⇦, lena n-áirítear na saoráidí sin atá díolmhaithe ó rochtain do thríú páirtithe. Cuirfear an fhaisnéis sin in iúl freisin d'oibreoir an chórais tarchurtha ⇨ nó chuig an oibreoir gréasáin hidrigine le haghaidh stóráil hidrigine agus críochfort, ⇦ agus poibleoidh an t-oibreoir sin ar leibhéal comhiomlánaithe i gcomhair gach córais nó gach fochórais ar leith mar a shainmhínítear leis na pointí ábhartha. Déanfar an fhaisnéis a uasdátú go laethúil ar a laghad.

I gcásanna inar úsáideoir córais stórála ⇨ gáis nádúrtha nó hidrigine ⇦ an t-aon úsáideoir amháin a úsáideann saoráid stórála ⇨ gáis nádúrtha nó hidrigine ⇦, féadfaidh úsáideoir an chórais stórála ⇨ gáis nádúrtha nó hidrigine ⇦ iarraidh réasúnaithe a chur faoi bhráid an údaráis rialála ~~náisiúnta~~ go ndéileálfar faoi rún leis na sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír. I gcás ina gcinnfidh an t-údarás rialála ~~náisiúnta~~ go bhfuil údar maith leis an iarraidh sin, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh an gá atá le leas dlisteanach chosaint na rún gnó, a mbeadh tionchar diúltach ag gabháil lena nochtadh ar straitéis tráchtála fhoriomlán úsáideoir na stórála, a chomhardú leis an gcuspóir atá ann margadh inmheánach iomaíoch a chruthú don ghás, féadfaidh sé a cheadú nach bpoibleoidh oibreoir an chórais stórála na sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, go ceann ré nach faide ná bliain.

Beidh feidhm ag an dara fomhír gan dochar d'oibleagáidí oibreoir an chórais tarchurtha maidir le cumarsáid agus maidir le poibliú dá dtagraítear sa chéad fhomhír, mura rud é go bhfuil na sonraí comhiomlánaithe comhionann le sonraí leithleacha an chórais stórála ⇨ gáis nádúrtha nó hidrigine ⇦ a bhfuil formheas tugtha i leith a neamhphoibliú ag an údarás rialála~~náisiúnta~~.

6. ~~5.~~ D'fhonn taraifí trédhearcacha, oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha a áirithiú agus d'fhonn úsáid éifeachtúil an bhonneagair a éascú, déanfaidh oibreoirí na saoráidí GNL agus na saoráidí stórála ⇨ gáis nádúrtha nó hidrigine ⇦nó na húdaráis rialála ábhartha faisnéis a phoibliú atá mionsonraithe go leor maidir le díorthú taraife, na modheolaíochtaí taraife agus na struchtúir taraife le haghaidh bonneagair a thagann faoi réim rochtana rialaithe ag tríú páirtí~~.~~; ⇨ Saoráidí GNL ar deonaíodh díolúine

dóibh, de bhun Airteagal 22 de Threoir 2003/55/CE agus Airteagal 36 de Threoir 2009/73/CE chomh maith le hAirteagal 60 den Rialachán seo, agus oibreoirí stórála gáis nádúrtha faoin gcóras rochtana tríú páirtí arna chaibidliú, poibleoidh siad taraifí le haghaidh bonneagair d'fhonn leibhéal leordhóthanach trédhearcachta a áirithiú.⇦

⇩ nua

Bunóidh oibreoirí córais GNL agus stórála faoi seach aon ardán Eorpach amháin laistigh de 18 mí ón [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin] chun an fhaisnéis a cheanglaítear san Airteagal seo a fhoilsiú ar bhealach trédhearcach agus furasta a úsáid.

🡻 715/2009

*Airteagal 32~~20~~*

**Taifid arna gcoimeád ag oibreoirí córais**

Déanfaidh oibreoirí na gcóras tarchurtha, oibreoirí na gcóras stórála agus oibreoirí na gcóras GNL an fhaisnéis uile dá dtagraítear in Airteagail 30~~18~~ agus 31~~19~~, agus i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a choimeád ar fáil, go ceann tréimhse 5 bliana, do na húdaráis náisiúnta, lena n-áirítear an t-údarás rialála ~~náisiúnta~~, an t-údarás iomaíochta náisiúnta agus an Coimisiún.

⇩ nua

## ROINN 4

## OIBRIÚ CÓRAS DÁILEACHÁIN

*Airteagal 33*

**Acmhainn dhocht le haghaidh gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin chuig an gcóras tarchurtha**

1. Áiritheoidh na hoibreoirí córais dáileacháin go mbeidh ann acmhainn dhocht le haghaidh na rochtana ag saoráidí táirgthe gás in-athnuaite agus ísealcharbóin ar a n-eangach. Chuige sin, forbróidh na hoibreoirí córais dáileacháin i gcomhar leis na hoibreoirí córais tarchurtha nósanna imeachta agus socruithe, lena n-áirítear infheistíochtaí, chun sreabhadh cúltreo a áirithiú ón ngréasán dáileacháin go dtí an gréasán tarchurtha.

2. Beidh mír 1 gan dochar don deis atá oibreoirí córais dáileacháin roghanna atá malartach ar infheistíochtaí cúltreo a fhorbairt, amhail réitigh eangaí cliste nó nasc le hoibreoirí córais eile. Ní fhéadfar rochtain dhocht a theorannú ach amháin chun acmhainní atá faoi réir srianta oibríochtúla, d'fhonn an éifeachtúlacht eacnamaíoch a áirithiú. Áiritheoidh an t-údarás rialála go ndéanfar aon srianta in acmhainn dhocht nó aon srianta oibríochtúla a thabhairt isteach ar bhonn nósanna imeachta trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha agus nach gcruthóidh na srianta sin bacainní míchuí ar dhul isteach sa mhargadh. I gás ina seasann an tsaoráid táirgthe na costais a bhaineann leis an acmhainn dhocht a áirithiú, ní bheidh feidhm ar aon srian.

*Airteagal 34*

**An comhar idir na hoibreoirí córais dáileacháin agus na hoibreoirí córais tarchurtha**

Oibreoidh oibreoirí córais dáileacháin i gcomhar le hoibreoirí córais dáileacháin eile agus oibreoirí córais tarchurtha chun comhordú a dhéanamh ar chothabháil, forbairt córais, idirnaisc nua agus oibriú an chórais chun sláine an chórais a áirithiú agus d'fhonn an acmhainn a uasmhéadú agus úsáid an gháis breosla a íoslaghdú.

*Airteagal 35*

**Ceanglais trédhearcachta a bhaineann le hoibreoirí na gcóras tarchurtha**

I gcás ina bhfuil oibreoirí córais dáileacháin freagrach as cáilíocht an gháis ina ngréasáin a bhainistiú, poibleoidh siad faisnéis mhionsonraithe maidir le cáilíocht na ngás a iompraítear ar a ngréasáin, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'oibreoirí gréasáin, bunaithe ar Airteagail 16 agus 17 de Rialachán (AE) 2015/703 ón gCoimisiún.

*Airteagal 36*

**An t-eintiteas Eorpach d'oibreoirí córais dáileacháin**

Oibreoirí córais dáileacháin a bhfuil córas gáis nádúrtha á oibriú acu, oibreoidh siad i gcomhar le chéile ar leibhéal an Aontais trí bhíthin an eintitis Eorpaigh le haghaidh oibreoirí córais dáileacháin ('eintiteas AE d'OCDanna') a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagail 52 go 57 de Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19] chun comhlánú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha a chur chun cinn agus chun bainistiú optamach agus oibriú comhordaithe córas dáileacháin agus tarchurtha a chur chun cinn.

Féadfaidh na comhaltaí cláraithe páirt dhíreach a ghlacadh san eintiteas AE d'OCDanna nó féadfaidh comhlachas náisiúnta, arna ainmniú ag Ballstát nó ag comhlachas ar leibhéal an Aontais, ionadaíocht a dhéanamh orthu.

Na hoibreoirí córais dáileacháin sin a bheidh ina gcomhaltaí cláraithe, is iad a sheasfaidh na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí eintiteas AE d'OCDanna agus cuirfear na costais sin san áireamh le linn na taraifí a bheith á ríomh. Ní dhéanfaidh na húdaráis rialála na costais sin a fhormheas ach amháin má tá siad réasúnach agus comhréireach.

*Airteagal 37*

**Athrú ar na príomhrialacha agus na nósanna imeachta maidir le heintiteas AE d'OCDanna**

1. Na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh rannpháirtíocht oibreoirí córais dáileacháin san eintiteas AE d'OCDanna de bhun Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2019/942, beidh feidhm acu freisin maidir leis na hoibreoirí córais dáileacháin a bhfuil córas gáis nádúrtha á oibriú acu.

---

[19] Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (*IO L 158, 14.6.2019, lch. 54)*.

2. De bhun Airteagal 54(2), pointe (f), de Rialachán (AE) 2019/942 beidh freisin sa Ghrúpa Comhairleora Straitéisigh ionadaithe ar chomhlachtaí a dhéanann ionadaíocht ar oibreoirí córais dáileacháin Eorpacha nach ndéanann ach córas gáis nádúrtha a oibriú.

3. Faoin [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm] cuirfidh eintiteas AE d'OCDanna chuig an gCoimisiún agus chuig ACER dréacht-reachtanna nuashonraithe, lena n-áirítear cód iompair, liosta comhaltaí cláraithe, dréachtrialacha nuashonraithe maidir le nós imeachta, lena n-áirítear rialacha maidir le nósanna imeachta le haghaidh an chomhairliúcháin leis an ENTSO don Leictreachas, an ENTSO don Ghás agus geallsealbhóirí eile, agus dréachtrialacha nuashonraithe airgeadais.

Leis na dréacht-rialacha nós imeachta nuashonraithe um eintiteas AE d'OCDanna, áiritheofar ionadaíocht chothrom ar oibreoirí córais dáileacháin a bheidh rannpháirteach, lena n-áirítear na hoibreoirí sin nach ndéanann ach amháin córais nádúrtha a bheith ina seilbh acu nó a oibriú.

4. Laistigh de 4 mhí ón lá a bhfaighfear na doiciméid de bhun mhír 3 tabharfaidh ACER tuairim don Choimisiún tar éis dó dul i gcomhairle le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na geallsealbhóirí uile, úsáideoirí córais dáileacháin go háirithe.

5. Laistigh de 3 mhí ón lá a bhfaighfear an tuairim ó ACER, tabharfaidh an Coimisiún tuairim le doiciméid a chuirtear ar fáil de bhun mhír 3, agus tuairim ACER dá bhforáiltear i mír 4 á cur san áireamh.

6. Laistigh de 3 mhí ón lá a bhfaighfear an tuairim fhabhrach ón gCoimisiún, bunóidh na hoibreoirí córas dáileacháin, agus foilseoidh siad, a reachtanna leasaithe agus rialacha nós imeachta agus rialacha airgeadais nuashonraithe.

7. Cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin agus ACER na doiciméid sin dá dtagraítear i mír 3 i gcás ina ndéantar iad a athrú nó ar iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil. Féadfaidh an Coimisiún agus ACER a dtuairim a thabhairt i gcomhréir leis an bpróiseas a leagtar amach i míreanna 3, 4 agus 5.

*Airteagal 38*

**Cúraimí eintiteas AE d'OCDanna**

1. Déanfaidh eintiteas AE d'OCDanna na cúraimí a liostaítear in Airteagal 55(1), pointí (a) go (e) de Rialachán (AE) 2019/943 agus déanfaidh sé na gníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 55(2), pointí (c) go (e) den Rialachán sin a mhéid a bhaineann chomh maith leis na gréasáin dáileacháin sin ar cuid den chóras gáis nádúrtha iad.

2. De bhreis ar na cúraimí a liostaítear in Airteagal 55(1) de Rialachán (AE) 2019/943 glacfaidh eintiteas AE d'OCDanna páirt i bhforbairt na gcód gréasáin arb ábhartha iad d'oibriú agus do phleanáil na n-eangach dáileacháin agus oibriú comhordaithe na ngréasán tarchurtha agus dáileacháin de bhun an Rialacháin seo agus rannchuideoidh siad le maolú astaíochta idirleata meatáin ón gcóras gáis nádúrtha.

Agus é rannpháirteach i bhforbairt na gcód gréasáin nua de bhun Airteagal 53, comhlíonfaidh eintiteas AE d'OCDanna na ceanglais maidir le comhairliúchán a leagtar síos in Airteagal 56 de Rialachán (AE) 2019/943.

3. De bhreis ar na gníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 55(2) de Rialachán (AE) 2019/943 déanfaidh eintiteas AE d'OCDanna an méid seo a leanas:

(a) rachaidh sé i gcomhar leis an ENTSO don Ghás maidir le faireachán ar chur chun feidhme na gcód gréasáin agus na dtreoirlínte, arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, agus arb ábhartha iad d'oibriú agus do phleanáil na n-eangach dáileacháin agus d'oibriú comhordaithe na ngréasán tarchurtha agus dáileacháin;

(b) rachaidh sé i gcomhar leis an ENTSO don Ghás, agus glacfaidh sé dea-chleachtais maidir le hoibriú agus pleanáil chomhordaithe na gcóras tarchurtha agus dáileacháin lena n-áirítear saincheisteanna amhail malartú sonraí idir na hoibreoirí, agus comhordú na n-acmhainní fuinnimh dáilte;

(c) oibreoidh sé ar dhea-chleachtais a shainaithint le haghaidh cur chun feidhme thorthaí na measúnuithe de bhun Airteagal 23(1a) [togra le haghaidh REDIII] agus Airteagal 23 [togra le haghaidh Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh athbhreithnithe] agus an comhoibriú idir oibreoirí gréasáin dáileacháin leictreachais, gréasáin dáileacháin gáis nádúrtha agus córas téimh agus fuaraithe ceantair lena n-áirítear chun críche measúnúcháin de bhun Airteagal 24(8) [togra le haghaidh REDIII].

4. Soláthróidh eintiteas AE d'OCDanna ionchur don ENTSO do Ghás le haghaidh a thuarascáil ar an gcáilíocht gáis a mhéid a bhaineann leis na gréasáin dáileacháin i gcás ina bhfuil oibreoirí córais dáileacháin freagrach as an gcáilíocht gáis a bhainistiú, dá dtagraítear in Airteagal 23(3).

# Caibidil III

# RIALACHA A BHFUIL FEIDHM ACU MAIDIR LEIS NA GRÉASÁIN HIDRIGINE TIOMANTA

*Airteagal 39*

**Comhar trasteorann maidir le cáilíocht na hidrigine**

1. Oibreoidh oibreoirí gréasáin hidrigine i gcomhar le chéile chun srianta ar shreafaí hidrigine trasteorann de dheasca difríochtaí cáilíochta hidrigine a sheachaint.

2. I gcás nach féidir le hoibreoirí gréasáin hidrigine lena mbaineann, ina ngnáthoibríochtaí, srian ar shreabhadh trasteorann de dheasca difríochtaí cáilíochtaí hidrigine a sheachaint, cuirfidh siad sin in iúl do na húdaráis rialála lena mbaineann gan mhoill. San fhaisnéis sin beidh tuairisc agus réasúnú cuí le haon bheart atá déanta cheana féin ag na hoibreoirí gréasáin hidrigine.

3. Tiocfaidh na húdaráis rialála lena mbaineann ar chomhaontú go comhpháirteach laistigh de 6 mhí maidir le haitheantas a thabhairt don srian.

4. I gás ina dtugann na húdaráis rialála lena mbaineann aitheantas don srian, iarrfaidh siad ar na hoibreoirí gréasáin hidrigine lena mbaineann na gníomhartha seo a leanas a dhéanamh ceann i ndiaidh a chéile, laistigh 12 mhí ón uair a thugtar an t-aitheantas:

(a) Oibriú i gcomhar le chéile agus roghanna is indéanta go teicniúil a fhorbairt d'fhonn deireadh a chur leis an srian sainaitheanta;

(b) measúnú costais is tairbhe ar na roghanna atá féideartha go teicniúil a dhéanamh go comhpháirteach chun réitigh atá éifeachtúil go heacnamaíoch a

shainiú, lena sonrófar miondealú ar na costais agus na tairbhí idir na catagóirí éagsúla páirtithe a ndéanfar difear dóibh;

(c) déanfar meastachán ar an méid ama a thógfar chun gach rogha fhéideartha a chur chun feidhme;

(d) comhairliúchán poiblí a sheoladh maidir le réitigh fhéideartha shainaitheanta agus torthaí an chomhairliúcháin a chur san áireamh;

(e) togra comhpháirteach le haghaidh réitigh, bunaithe ar mheasúnú costais is tairbhe agus ar chomhairliúchán poiblí, lena mbaintear an srian aitheanta, lena n-áirítear an tráthchlár le haghaidh a chur chun feidhme, a chur faoi bhráid a n-údaráis rialála ar leith lena fhormheas agus faoi bhráid údaráis náisiúnta rialála gach Ballstáit lena mbaineann mar eolas.

5. I gcás nach dtagann na hoibreoirí gréasáin hidrigine lena mbaineann ar chomhaontú faoi réiteach laistigh de 12 mhí, cuirfidh gach oibreoir córais hidrigine a údarás rialála ar an eolas gan mhoill.

6. Déanfaidh na húdaráis rialála lena mbaineann cinneadh comhpháirteach comhordaithe maidir leis an srian aitheanta a bhaint, agus, san am céanna, aird á tabhairt ar an measúnú costais is tairbhe arna hullmhú ag na hoibreoirí córais tarchurtha agus ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí laistigh de 6 mhí mar a leagtar amach in Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942.

7. Sa chinneadh comhpháirteach comhordaithe a dhéanfaidh na húdaráis lena mbaineann áireofar cinneadh maidir le leithdháileadh na gcostas infheistíochta a bheidh le seasamh ag gach oibreoir gréasáin hidrigine a thiocfaidh as cur chun feidhme an réitigh chomhaontaithe, chomh maith lena gcur san áireamh i dtaraifí tar éis 1 Eanáir 2031, agus aird á tabhairt ar chostais agus tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil an réitigh sa Bhallstát lena mbaineann.

8. Féadfaidh ACER moltaí a chur chuig na húdaráis rialála maidir le mionsonraí na gcinntí leithdháilte costais sin dá dtagraítear i mír 7.

9. I gás nach féidir leis na húdaráis rialála lena mbaineann teacht ar chomhaontú dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, déanfaidh ACER cinneadh maidir leis an srian, de réir an phróisis a leagtar amach in Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942. I gcás ina dtugann ACER aitheantas don srian iarrfaidh sé ar na hoibreoirí gréasáin hidrigine na gníomhartha dá dtagraítear i mír 4, pointí (a) go (e) a dhéanamh, laistigh de 12 mhí, ceann i ndiaidh a chéile.

10. I gcás nach féidir leis na húdaráis rialála ábhartha teacht ar chinneadh comhordaithe dá dtagraítear i míreanna 6 agus 7 den Airteagal seo, déanfaidh ACER cinneadh maidir leis an réiteach i ndáil leis an srian a bhaint agus i ndáil le leithdháileadh na gcostas infheistíochta a bheidh le tabhú ag gach oibreoir córais le haghaidh chur chun feidhme an réitigh chomhaontaithe, de réir an phróisis a leagtar amach in Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942.

11. Maidir le mionsonraí breise is gá chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear mionsonraí ar shonraíocht cáilíochta chomhchoiteann cheangailteach le haghaidh idirnascairí hidrigine trasteorann, measúnuithe costais is tairbhe chun deireadh a chur le srianta ar shreafaí trasteorann a thagann as difríochtaí cáilíochta hidrigine, rialacha idir-inoibritheachta maidir le bonneagar hidrigine trasteorann, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar chomhaontaithe idirnasctha, aonaid, malartú sonraí, cumarsáid agus soláthar faisnéise idir rannpháirtithe ábhartha sa mhargadh, déanfar

an méid sin a shocrú i gcód gréasáin arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 54(2), pointe (b).

*Airteagal 40*

**Gréasán Eorpach na nOibreoirí Gréasáin don Hidrigin**

1. Oibreoidh oibreoirí gréasáin tarchurtha i gcomhar le chéile ar leibhéal an Aontais trí bhíthin Gréasán Eorpach na nOibreoirí Gréasáin don Hidrigin (ENNHO) chun forbairt agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh sa hidrigin agus trádáil trasteorann a chur chun cinn agus chun bainistiú optamach, oibríocht chomhordaithe agus forás fónta teicniúil an ghréasáin tarchurtha Eorpaigh don hidrigin a áirithiú.

2. Agus a fheidhmeanna á ndéanamh aige faoi dhlí an Aontais Eorpaigh, gníomhóidh an ENNOH d'fhonn margadh inmheánach don hidrigin a fheidhmíonn go maith agus atá comhtháite a bhunú, agus rannchuideoidh sé le gnóthú éifeachtúil agus inbhuanaithe na gcuspóirí a leagtar amach sa chreat beartais maidir le haeráid agus fuinneamh, go háirithe trí rannchuidiú le comhtháthú éifeachtúil a dhéanamh ar hidrigin a táirgtear as foinsí fuinnimh in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus slándáil córais á caomhnú san am céanna. Beidh acmhainní daonna agus airgeadais leormhaithe ag an ENNOH chun a dhualgais a chomhlíonadh.

3. Faoin 1 Meán Fómhair 2024 déanfaidh na hoibreoirí gréasáin hidrigine dréacht-reachtanna, liosta comhaltaí agus dréacht-rialacha nós imeachta an ENNOH a bheidh le bunú, lena n-áirítear rialacha nós imeachta a bhaineann leis an gcomhairliúchán le geallsealbhóirí, a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus ACER.

4. Déanfaidh na hoibreoirí gréasáin hidrigine dréacht-reachtanna, liosta comhaltaí agus dréacht-rialacha nós imeachta an ENNOH, a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus ACER.

5. Laistigh de 4 mhí ón lá a bhfaighfear na dréachta agus na dréachtleasuithe ar na reachtanna, liosta de chomhaltaí nó na rialacha nósanna imeachta, agus tar éis dó dul i gcomhairle go foirmiúil le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na geallsealbhóirí uile, go háirithe úsáideoirí an chórais, lena n-áirítear custaiméirí, soláthróidh ACER tuairim don Choimisiún maidir leis na dréachtleasuithe ar na reachtanna, maidir le liosta na gcomhaltaí nó maidir leis na rialacha nós imeachta.

6. Tabharfaidh an Coimisiún tuairim maidir leis na dréachta agus na dréacht-reachtanna, maidir le liosta na gcomhaltaí agus maidir leis na dréacht-rialacha nós imeachta, agus aird á tabhairt aige ar thuairim ACER dá bhforáiltear i mír 5, agus déanfar amhlaidh laistigh de 3 mhí ón lá a bhfaighfear an tuairim ó ACER.

7. Laistigh de 3 mhí ón lá a bhfaighfear an tuairim fhabhrach ón gCoimisiún, glacfaidh na hoibreoirí gréasáin hidrigine, agus foilseoidh siad, na reachtanna, liosta na gcomhaltaí agus rialacha nós imeachta.

8. Cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin agus ACER na doiciméid sin dá dtagraítear i mír 3 i gcás ina ndéantar iad a athrú nó ar iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil. Tabharfaidh an Coimisiún agus ACER a dtuairim i gcomhréir le míreanna 5, 6 agus 7.

*Airteagal 41*

**Aistriú chuig an ENNOH**

1. Go dtí go mbunófar an ENNOH i gcomhréir le hAirteagal 40, cuirfidh an Coimisiún ardán sealadach ar bun ina mbeidh ACER agus na rannpháirtithe ábhartha uile sa mhargadh, lena n-áirítear an ENTSO don Ghás, an ENTSO don Leictreachas agus eintiteas AE d'OCDanna agus áiritheoidh sé a thacaíocht riaracháin. Leis an ardán sin cuirfear chun cinn obair maidir le saincheisteanna a ullmhú agus a fhorbairt atá ábhartha maidir le tuilleadh forbartha an ghréasáin hidrigine agus na margaí hidrigine. Scorfaidh an t-ardán de bheith ann a luaithe a bhunófar an ENNOH.

2. Go dtí go mbunófar an ENNOH, beidh an ENTSO don Ghás freagrach as pleananna forbartha gréasáin uile-Aontais a fhorbairt, lena n-áirítear gréasáin gáis agus hidrigine. Agus an cúram seo á dhéanamh aige áiritheoidh an ENTSO don Ghás, maidir leis na rannpháirtithe sa mhargadh, lena n-áirítear rannpháirtithe sa mhargadh hidrigine, go ndéanfar comhairliúchán leo agus go gcuimseofar iad.

*Airteagal 42*

**Cúraimí an ENNOH**

1. Déanfaidh an ENNOH:

(a) na cóid ghréasáin a fhorbairt sna réimsí a leagtar amach in Airteagal 54 d'fhonn na cuspóirí a bhaint amach a leagtar amach in Airteagal 40;

(b) plean forbartha gréasáin uile-Aontais deich mbliana atá neamhcheangailteach, lena n-áirítear tuar maidir leordhóthanacht an tsoláthair Eorpaigh, a ghlacadh agus a fhoilsiú gach dhá bhliain;

(c) oibriú i gcomhar leis an ENTSO don Leictreachas agus leis an ENTSO don Ghás;

(d) moltaí a fhorbairt a bhaineann le comhordú an chomhair theicniúil idir oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin gáis ar thaobh amháin agus oibreoirí gréasáin hidrigine ar an taobh eile san Aontas;

(e) moltaí maidir le comhordú an chomhair theicniúil idir oibreoirí gréasáin san Aontas agus oibreoirí gréasáin tríú páirtí a fhorbairt;

(f) clár oibre bliantúil a ghlacadh;

(g) tuarascáil bhliantúil a ghlacadh;

(h) tuar bliantúil a ghlacadh maidir leis an soláthar hidrigine lena gcumhdófar na Ballstáit ina n-úsáidtear hidrigin chun leictreachas a ghiniúint nó lena soláthar do theaghlaigh;

(i) tuarascáil um fhaireachán cáilíochtaí gáis a ghlacadh faoin 15 Bealtaine 2026 ar a dhéanaí agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, lena n-áirítear forbairtí agus tuartha maidir leis na forbairtí ionchasacha ar pharaiméadair cáilíochta hidrigine, chomh maith le faisnéis ar chásanna a bhaineann le difríochtaí idir sonraíochtaí cáilíochta hidrigine agus ar an gcaoi a socraítear na cásanna sin;

(j) cibearshlándáil agus cosaint sonraí a chur chun cinn i gcomhar le húdaráis ábhartha agus le heintitis rialáilte.

2. Déanfaidh an ENNOH monatóireacht agus anailís ar chur chun feidhme na gcód gréasáin agus na dtreoirlínte arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 54, 55 agus 56, agus ar an tionchar a bheidh acu ar chomhchuibhiú na rialacha is infheidhme arb éard is aidhm dóibh forbairt agus comhtháthú an

mhargaidh a éascú. Déanfaidh ENNOH a fhionnachtana a thuairisciú do ACER agus déanfaidh sé torthaí na hanailíse a chur san áireamh sa tuarascáil bhliantúil 2 dtagraítear i mír 1, pointe f), den Airteagal seo.

3. Foilseoidh an ENNOH miontuairiscí a chuid cruinnithe tionóil, boird agus coiste, agus coinneoidh sé eolas leis an bpobal ar bhonn rialta faoina chinnteoireacht agus faoina ghníomhaíochtaí.

4. Is é a bheidh sa chlár oibre bliantúil dá dtagraítear i mír 1, pointe (f) liosta de na cóid ghréasáin atá le hullmhú agus tuairisc orthu, plean maidir le comhordú oibriú an ghréasáin agus liosta gníomhaíochtaí taighde agus forbartha, a dhéanfar an bhliain sin, mar aon le féilire táscach.

5. Cuirfidh an ENNOH an fhaisnéis a éilíonn ACER ar fáil do ACER chun a cúraimí a chomhlíonadh de bhun Airteagal 46. Chun go mbeidh an ENNOH in ann an ceanglas sin a chomhlíonadh, déanfaidh na hoibreoirí gréasáin hidrigine an fhaisnéis is gá a chur ar fáil don ENNOH.

6. Arna iarraidh sin don Choimisiún, tabharfaidh an ENNOH a thuairimí don Choimisiún maidir le glacadh na dtreoirlínte de réir mar a leagtar síos in Airteagal 56.

*Airteagal 43*

**Plean forbartha gréasáin deich mbliana le haghaidh hidrigine**

1. Cuimseofar sa phlean forbartha deich mbliana uile-Aontais dá dtagraítear in Airteagal 42 samhaltú an ghréasáin chomhtháite, forbairt cásanna, agus measúnú ar stóinseacht an chórais.

Leis an bplean forbartha gréasáin deich mbliana uile-Aontais, déanfar an méid seo a leanas go háirithe:

(a) cur leis an tuarascáil ar fhorbairt gréasáin hidrigine náisiúnta mar a leagtar amach in Airteagal 52 den Treoir Athmhúnlaithe maidir le Gás i gcás inarb infhaighte agus Caibidil IV de Rialachán (AE) xxx [Rialachán TEN-E];

(b) maidir le hidirnaisc thrasteorann, cuirfear freisin le riachtanais réasúnta na n-úsáideoirí éagsúla gréasán agus comhtháthófar tiomantais fhadtéarma ó na hinfheisteoirí dá dtagraítear in Airteagal 55 agus i gCaibidil IX Roinn 3 den Treoir Athmhúnlaithe maidir le Gás;

(c) sainaithneoidh sé bearnaí san infheistíocht, go háirithe maidir le hacmhainní trasteorann.

I dtaca leis an dara fomhír, pointe (c), féadfar athbhreithniú a chur mar iarscríbhinn leis an bplean forbartha gréasáin uile-Aontais, is é sin, athbhreithniú ar na bacainní atá ar mhéadú acmhainn trasteorann an ghréasáin agus a eascraíonn as nósanna imeachta nó cleachtais formheasta éagsúla.

2. Tabharfaidh ACER tuairim i dtaca leis na tuarascálacha forbartha gréasáin hidrigine náisiúnta d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá siad i gcomhréir leis an bplean forbartha gréasáin uile-Aontais. Má shainaithníonn ACER neamhréireachtaí idir tuarascáil forbartha gréasáin hidrigine náisiúnta agus an plean forbartha gréasáin uile-Aontais, molfaidh sí go ndéanfar an plean forbartha gréasáin hidrigine náisiúnta nó an plean forbartha gréasáin uile-Aontais a leasú de réir mar is iomchuí.

3. Agus an plean forbartha gréasáin deich mbliana uile-Aontais dá dtagraítear in Airteagal 42 á fhorbairt, oibreoidh an ENNOH i gcomhar leis an ENTSO don Leictreachas agus leis an ENTSO don Ghás, go háirithe i dtaobh fhorbairt an mheasúnaithe costais is tairbhe ar an gcóras fuinnimh ar fad agus ar an margadh fuinnimh idirnasctha agus an tsamhail ghréasáin, lena n-áirítear an bonneagar iompair leictreachais, gáis agus hidrigine chomh maith le stóráil, críochfoirt hidrigine agus GNL agus leictrilítí dá dtagraítear in Airteagal 11 [athbhreithniú TEN-E], cásanna na bPleananna Forbartha Gréasáin Deich mBliana dá dtagraítear in Airteagal 12 [athbhreithniú TEN-E],agus sainaithint bearnaí sa bhonneagar dá dtagraítear in Airteagal 13 [athbhreithniú TEN-E].

*Airteagal 44*

**Costais**

Is iad na hoibreoirí gréasáin hidrigine a sheasfaidh na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí an ENNOH dá dtagraítear in Airteagal 42 den Rialachán seo, agus cuirfear na costais sin san áireamh le linn taraifí a ríomh. Ní fhormheasfaidh na húdaráis rialála na costais sin ach amháin má bhíonn siad réasúnta agus iomchuí.

*Airteagal 45*

**Comhairliúchán**

1. Agus é ag ullmhú na dtograí de bhun na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 42 , seolfaidh an ENNOH próiseas comhairliúcháin forleathan, ar chéim luath agus ar bhealach trédhearcach oscailte, ina n-áireofar na rannpháirtithe ábhartha go léir sa mhargadh, agus, go háirithe, na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na geallsealbhóirí uile, i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 40 den Rialachán seo. Cuirfear barúlacha geallsealbhóirí san áireamh sa phróiseas comhairliúcháin sula nglacfar go críochnaitheach leis an togra, ag féachaint le tuairimí agus moltaí na bpáirtithe ábhartha uile a shainaithint le linn an phróisis cinnteoireachta. Áireofar sa chomhairliúchán sin na húdaráis rialála náisiúnta agus údaráis náisiúnta eile, táirgeoirí, úsáideoirí gréasáin, lena n-áirítear custaiméirí, comhlachtaí teicniúla agus ardáin na ngeallsealbhóirí.

2. Poibleofar na doiciméid agus na miontuairiscí uile a bhaineann leis an gcomhairliúchán.

3. Sula nglacfaidh sé na moltaí dá dtagraítear in Airteagal 42 tabharfaidh an ENNOH le fios conas a rinneadh na barúlacha a fuarthas le linn an chomhairliúcháin a chur san áireamh. I gcás nach mbeidh barúlacha curtha san áireamh, tabharfaidh sé na cúiseanna atá leis sin.

*Airteagal 46*

**An faireachán a dhéanfaidh ACER**

1. Déanfaidh ACER faireachán ar fhorghníomhú chúraimí an ENNOH dá dtagraítear in Airteagal 42 agus tíolacfaidh sí a torthaí don Choimisiún.

2. Déanfaidh ACER faireachán ar chur chun feidhme cód gréasáin ag ENNOH agus treoirlínte arna nglacadh ag an gCoimisiún mar a leagtar síos in Airteagail 54, 55 agus 56. I gcás ina mainneoidh an ENNOH na cóid ghréasáin nó na treoirlínte sin a chur chun feidhme, iarrfaidh ACER ar an ENNOH míniú cuí-réasúnaithe a thabhairt

faoin gcúis ar mhainnigh sí déanamh amhlaidh. Cuirfidh ACER an míniú sin in iúl don Choimisiún agus tabharfaidh sé a thuairim ina leith.

3. Déanfaidh ENNOH an dréachtphlean forbartha gréasáin uile-Aontais, an dréachtchlár oibre bliantúil, lena n-áirítear an fhaisnéis maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin agus na doiciméid eile dá dtagraítear in Airteagal 42 a chur faoi bhráid ACER chun a thuairim a fháil.

I gcás ina measann ACER, maidir leis an dréachtchlár oibre bliantúil nó an dréachtphlean forbartha uile-Aontais a chuireann an ENNOH isteach, nach gcuidíonn sé leis an neamh-idirdhealaitheacht, iomaíocht éifeachtach, feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh nó leibhéal leordhóthanach idirnascachta trasteorann, cuirfidh ACER tuairim chuí-réasúnaithe chomh maith le moltaí ar fáil don ENNOH agus don Choimisiún laistigh de 2 mhí ón dáta a chuirtear isteach an clár nó an plean.

*Airteagal 47*

**Comhar réigiúnach idir na hoibreoirí gréasáin hidrigine**

1. Bunóidh na hoibreoirí gréasáin hidrigine comhar réigiúnach laistigh den ENNHO d'fhonn rannchuidiú leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 42.

2. Cuirfidh oibreoirí gréasáin hidrigine socruithe oibríochtúla chun cinn d'fhonn bainistiú optamach an ghréasáin a áirithiú agus áiritheoidh siad idir-inoibritheacht córais hidrigine idirnasctha an Aontais chun an comhar tráchtála agus oibríochtúil idir na hoibreoirí gréasáin hidrigine comharsanacha a éascú.

*Airteagal 48*

**Ceanglais trédhearcachta a bhaineann le hoibreoirí gréasáin hidrigine**

1. Poibleoidh oibreoirí gréasáin hidrigine faisnéis mhionsonraithe maidir leis na seirbhísí a bheidh á dtairiscint acu agus maidir leis na coinníollacha ábhartha a chuirfear i bhfeidhm, i dteannta na faisnéise teicniúla is gá le go mbeidh rochtain éifeachtach ar ghréasáin ag úsáideoirí gréasáin hidrigine.

2. Chun go n-áiritheofar go mbeidh taraifí trédhearcacha oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha ann agus chun go n-éascófar úsáid éifeachtúil an ghréasáin hidrigine ón 1 Eanáir 2031, foilseoidh oibreoirí gréasáin hidrigine nó na húdaráis ábhartha faisnéis iomlán maidir le díorthú taraife, modheolaíocht taraife agus struchtúr taraife.

3. Poibleoidh na hoibreoirí gréasáin hidrigine faisnéis mhionsonraithe maidir leis an hidrigin a iompraítear ina ngréasáin, rud a dhéanfadh difear d'úsáideoirí gréasáin.

4. Maidir le pointí ábhartha gréasáin hidrigine a bhfuil an fhaisnéis ina leith le poibliú, formheasfaidh na húdaráis inniúla iad tar éis dul i gcomhairle le húsáideoirí gréasáin hidrigine.

5. Maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear leis an Rialachán seo a thabhairt, nochtfaidh na hoibreoirí gréasáin hidrigine i gcónaí í ar bhealach atá bríoch, atá soiléir ar dhóigh inchainníochtaithe agus atá inrochtana go héasca agus ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

6. Poibleoidh na hoibreoirí gréasáin hidrigine faisnéis soláthair agus éilimh *ex-ante* agus *ex-post*, lena n-áirítear tuar tréimhsiúil agus faisnéis thaifeadta. Áiritheoidh an t-údarás rialála go gcuirfear an fhaisnéis sin go léir ar fáil don phobal. Léireoidh

leibhéal mionsonraithe na faisnéise a phoibleofar an fhaisnéis atá ar fáil do na hoibreoirí gréasáin hidrigine.

7. Déanfaidh na rannpháirtithe sa mhargadh lena mbaineann na sonraí dá dtagraítear san Airteagal seo a sholáthar don oibreoir gréasáin hidrigine.

8. Maidir le mionsonraí breise is gá chun na ceanglais trédhearcachta ar oibreoirí gréasáin hidrigine a chur chun feidhme, lena n-áirítear mionsonraí breise ar ábhar, minicíocht agus foirm an tsoláthair faisnéise ag oibreoirí gréasáin hidrigine, socrófar na mionsonraí sin i gcód gréasáin a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 54(1) den Rialachán seo.

*Airteagal 49*

**Coimeád taifead sa chóras hidrigine**

Déanfaidh oibreoirí gréasáin hidrigine, oibreoirí stórála hidrigine agus oibreoirí críochfoirt hidrigine an fhaisnéis uile dá dtagraítear in Airteagal 31 agus in Airteagal 48 agus i gCuid 4 d'Iarscríbhinn I a choimeád ar fáil, go ceann tréimhse 5 bliana, do na húdaráis náisiúnta, lena n-áirítear an t-údarás rialála, an t-údarás iomaíochta náisiúnta agus an Coimisiún.

*Airteagal 50*

**Toimhde comhréireachta le caighdeáin chomhchuibhithe**

1. Maidir le caighdeáin chomhchuibhithe nó cuid díobh ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, toimhdeofar go mbeidh siad i gcomhréir leis na ceanglais dá dtagraítear i ngníomhartha tarmligthe a eisítear faoi Airteagal 54(2), pointe (b) den Rialachán seo nó gníomhartha cur chun feidhme a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 51.

2. Cuirfidh an Coimisiún comhlacht caighdeánaithe na hEorpa i gceist ar an eolas, agus más gá, eiseoidh sé sainordú nua d'fhonn na caighdeáin chomhchuibhithe atá i gceist a leasú.

*Airteagal 51*

**Sonraíochtaí comhchoiteanna**

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos sonraíochtaí comhchoiteanna le haghaidh na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 46 de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx] nó féadfaidh sé na sonraíochtaí sin a leagan amach i gcód gréasáin de bhun Airteagal 54 (2), pointe (b), den Rialachán seo, sa chás seo a leanas:

(a) mura gcumhdaítear na ceanglais sin le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh, a bhfuil na tagairtí díobh foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*; nó

(b) mura bhfeiceann an Coimisiún moilleanna míchuí maidir le caighdeáin chomhchuibhithe arna n-iarraidh a ghlacadh, nó ina measann an Coimisiún nach leordhóthanach caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha; nó

(c) i gcás ina mbeidh cinneadh déanta ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 chun na caighdeáin chomhchuibhithe nó codanna díobh lena gcumhdaítear na ceanglais

sin a choinneáil ar bun le srian nó na tagairtí do na caighdeáin sin nó do chodanna díobh a tharraingt siar.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 61(3).

# Caibidil IV

# CÓID GHRÉASÁIN AGUS TREOIRLÍNTE

*Airteagal 52*

**Cóid ghréasáin agus treoirlínte a ghlacadh**

1. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis na cumhachtuithe atá in Airteagal 53 go hAirteagal 56, gníomhartha cur chun feidhme nó tarmligthe a ghlacadh. Féadfar gníomhartha den sórt sin a ghlacadh mar chóid ghréasáin ar bhonn téacs na dtograí arna bhforbairt ag an ENTSO don Ghás nó ag an ENNOH, nó, i gcás ina bhforáiltear dá dtagraítear sa liosta tosaíochta de bhun Airteagal 53(3), ag an eintiteas AE d'OCDanna, agus i gcás inarb ábhartha i gcomhar frithpháirteach leis an ENTSO don Ghás, an ENNOH agus ACER de bhun an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 53 go 55, nó mar threoirlínte de bhun an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 56.

2. Beidh an méid seo a leanas fíor faoi na cóid ghréasáin agus na treoirlínte:

(a) áiritheofar iontu an leibhéal íosta comhchuibhithe is gá chun aidhm an Rialacháin seo a bhaint amach;

(b) cuirfear sonraíochtaí réigiúnacha san áireamh, i gcás inarb iomchuí;

(c) ní rachfar thar a bhfuil riachtanach chun críocha phointe (a); agus

(d) beidh feidhm acu maidir leis na pointí idirnaisc uile laistigh den Aontas agus pointí iontrála ó thríú tíortha agus pointí scoir chucu.

---

🡻 715/2009

*Airteagal 53~~6~~*

**Cóid ghréasáin a bhunú**

---

⇩ nua

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear cóid ghréasáin sna réimsí seo a leanas:

(a) rialacha maidir le malartú sonraí agus maidir le socrú sonraí lena gcuirtear chun feidhme Airteagail 21 agus 22 de [Treoir Athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx] maidir leis an idir-inoibritheacht agus malartú sonraí chomh maith le rialacha comhchuibhithe maidir córais tarchurtha gáis, ardáin áirithinte acmhainne a oibriú, agus próisis FT is ábhartha d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh

(b) rialacha idir-inoibritheachta maidir leis an gcóras gáis nádúrtha, lena gcuirtear chun feidhme Airteagail 9, 35 agus 40 de [Treoir Athmhúnlaithe maidir le Gás

arna moladh in COM(2021) xxx] lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar chomhaontuithe idirnaisc, rialacha maidir le rialú sreafa agus rialacha tomhais maidir le cáilíocht agus cainníocht gáis, rialacha meaitseála agus leithdháilte, tacair chomhchoiteanna aonad, malartú sonraí, cáilíocht an gháis, lena n-áirítear rialacha maidir le srianta trádála trasteorann a bhainistiú i ngeall ar dhifríochtaí i gcáilíocht an gháis nó i gcleachtais bholaithe nó i ngeall ar dhifríochtaí sa toirt hidrigine a chumasctar sa chóras gáis náisiúnta, measúnuithe costais is tairbhe ar dheireadh a chur le srianta ar shreafaí trasteorann, aicmiú Innéacs Wobbe, bearta maolaithe, leibhéil íosta ghlactha le paraiméadair cháilíochta gáis is ábhartha chun sreabhadh trasteorann meatáin gan bac a áirithiú (e.g. cion ocsaigine), faireachán gearrthéarmach agus fhadtéarmach ar an gcáilíocht gáis, soláthar faisnéise agus an comhar idir rannpháirtithe ábhartha sa mhargadh, tuairisciú ar an gcáilíocht gáis, trédhearcacht, nósanna imeachta cumarsáide lena n-áirítear i gcás imeachtaí eisceachtúla;

(c) rialacha maidir le leithdháileadh acmhainne agus bainistiú ar phlódú lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 27 de [Treoir Athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx] agus Airteagail 7 go 10 den Rialachán seo, lena n-áirítear maidir le comhoibriú i nósanna imeachta cothabhála agus ríomh acmhainne lena ndéantar difear do leithdháileadh acmhainne, caighdeánú táirgí agus aonad acmhainne lena n-áirítear cuachadh, an mhodheolaíocht leithdháilte lena n-áirítear algartaim ceant, seicheamh agus nós imeachta le haghaidh acmhainn atá ann cheana, acmhainn incriminteach, dhocht, agus in-idirbhriste, ardáin áirithinte acmhainne, scéimeanna ró-éilimh nó athcheannaigh, scéimeanna 'mura n-úsáidfear í caillfear í' gearrthéarmacha nó fadtéarmacha agus aon scéim bainistithe ar phlódú lena gcuirtear cosc ar chnapaireacht acmhainne

(d) rialacha maidir le comhardú lena n-áirítear rialacha gréasánbhunaithe maidir le nós imeachta ainmniúcháin, rialacha maidir le muirir i leith éagothroime agus rialacha maidir le comhardú oibríochtúil idir chórais oibreoirí na gcóras tarchurtha lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 35(5) de [Treoir Athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx] agus Airteagal 7 go 10 den Rialachán seo lena n-áirítear rialacha gréasánbhunaithe maidir le nósanna imeachta ainmniúcháin, muirir i leith éagothroime, próisis réitigh a bhaineann leis an muirear i leith éagothroime laethúil agus leis an gcothromú idir gréasáin na n-oibreoirí córais tarchurtha.

(e) rialacha maidir le struchtúir taraife tarchurtha comhchuibhithe lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 72(7) de [Treoir Athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx] agus Airteagail 15 agus 16 den Rialachán seo, lena n-áirítear rialacha maidir le cur chun feidhme modheolaíochta praghsála tagartha, na ceanglais ghaolmhara maidir le comhairliúchán agus foilsiú agus ríomh praghsanna cúltaca ar tháirgí acmhainne caighdeánacha, lascainí le haghaidh GNL agus stórála, ioncam ceadaithe, nósanna imeachta le haghaidh cur chun feidhme lascaine ar gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin a chur ar fáil, lena n-áirítear prionsabail chomhchoiteanna le haghaidh sásraí cúitimh d'oibreoirí córais idir-tharchurtha;

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 61(3).

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 63 maidir le cóid ghréasáin a bhunú sna réimsí seo a leanas:

(a) rialacha maidir le slándáil agus iontaofacht gréasáin lean n-áirítear rialacha maidir le slándáil gréasáin oibríochtúil chomh maith le rialacha iontaofachta lena n-áirithítear cáilíocht seirbhíse an ghréasáin

(b) rialacha maidir le nasc gréasáin lena n-áirítear rialacha maidir le nascadh leis na saoráidí táirgthe gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin, nósanna imeachta le haghaidh iarrataí ar nascadh;

(c) nósanna imeachta oibríochtúla i gcás éigeandála lena n-áirítear na pleananna cosanta córais, na pleananna don athbhunú, idirghníomhaíochtaí an mhargaidh, malartú faisnéise agus cumarsáid agus uirlisí agus saoráidí;

(d) rialacha trádála a bhaineann le soláthar teicniúil agus oibríochtúil seirbhísí rochtana ar an ngréasán agus le comhardú an chórais;

(e) éifeachtúlacht fuinnimh na ngréasán gáis agus na gcomhpháirteanna chomh maith le héifeachtúlacht fuinnimh maidir le pleanáil gréasáin agus infheistíochtaí lena gcumasaítear an réiteach is éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de, de réir peirspictíocht córais;

(f) gnéithe cibearshlándála na sreafaí gáis nádúrtha trasteorann, lena n-áirítear rialacha maidir le híoscheanglais choiteanna, pleanáil, faireachán, tuairisciú agus bainistiú géarchéime.

3. Tar éis dó dul i gcomhairle le ACER, an ENTSO don Ghás, an ENNOH, eintiteas AE d'OCDanna agus leis na geallsealbhóirí ábhartha eile, bunóidh an Coimisiún liosta tosaíochta gach 3 bliana, lena sainaithneofar na réimsí a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 mar réimsí a bheidh le cur san áireamh i bhforbairt na gcód gréasáin. I gcás ina mbíonn baint dhíreach ag ábhar an chóid gréasáin le hoibriú an chórais dáileacháin agus nach mbíonn príomh-bhaint aige leis an gcóras tarchurtha, féadfaidh an Coimisiún a éileamh ar an eintiteas AE d'OCDanna, i gcomhar leis an ENTSO don Ghás, coiste dréachtaithe a thionól agus togra maidir le cód gréasáin a chur faoi bhráid ACER.

4. Iarrfaidh an Coimisiún ar ACER creat-treoirlínte neamhcheangailteacha a chur faoina bhráid laistigh de thréimhse réasúnach nach faide ná 6 mhí, ar treoirlínte iad lena leagfar amach prionsabail a bheidh oibiachtúil agus soiléir maidir le forbairt cód gréasáin a bhaineann leis na réimsí arna sainaithint sa liosta tosaíochta. Féadfar dálaí a chuimsiú san iarraidh sin ón gCoimisiún a dtabharfar aghaidh orthu sa chreat-treoirlíne. Rannchuideoidh gach creat-treoirlíne le comhtháthú an mhargaidh, le neamh-idirdhealú, le hiomaíocht éifeachtach agus le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh. Ar iarraidh réasúnaithe ó ACER, féadfaidh an Coimisiún an tréimhse maidir le treoirlínte a chur isteach a fhadú.

5. Rachaidh ACER i gcomhairle le ENTSO don Ghás, leis an ENNOH, le heintiteas AE d'OCDanna, agus leis na geallsealbhóirí ábhartha eile maidir leis na creat-treoirlínte, le linn tréimhse nach giorra ná 2 mhí, ar bhealach oscailte agus trédhearcach.

6. Déanfaidh ACER creat-treoirlíne neamhcheangailteach a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcás ina n-iarrfar sin uirthi faoi mhír 4.

7. Má mheasann an Coimisiún nach rannchuidíonn an chreat-treoirlíne le comhtháthú an mhargaidh, le neamh-idirdhealú, le hiomaíocht éifeachtach ná le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh, féadfaidh sé a iarraidh ar an nGníomhaireacht

athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat-treoirlíne laistigh de thréimhse réasúnach agus í a chur faoi bhráid an Choimisiúin athuair.

8. Má mhainníonn ACER creat-treoirlíne a chur faoi bhráid an Choimisiúin nó í a chur faoina bhráid athuair laistigh den tréimhse arna socrú ag an gCoimisiún faoi mhír 4 nó faoi mhír 7, déanfaidh an Coimisiún an chreat-treoirlíne neamhcheangailteach i dtrácht a fhorbairt.

9. Iarrfaidh an Coimisiún ar an ENTSO don Ghás nó, i gcás ina bhforáiltear maidir leis sin sa liosta tosaíochta dá dtagraítear i mír 3, ar eintiteas AE d'OCDanna i gcomhar leis an ENTSO don Ghás, togra maidir le cód gréasáin i gcomhréir leis an gcreat-treoirlíne ábhartha a chur faoi bhráid ACER laistigh de thréimhse réasúnach nach faide ná 12 mhí ón lá a bhfaighfear iarraidh an Choimisiún.

10. An ENTSO don Ghás, nó, i gcás dá bhforáiltear sin sa liosta tosaíochta dá dtagraítear i mír 3, eintiteas AE d'OCDanna, i gcomhar leis an ENTSO don Ghás, tionólfaidh sé coiste dréachtaithe a thacóidh leis i bpróiseas forbartha na gcód gréasáin. Ar an gcoiste dréachtaithe sin, beidh ionadaithe ar ACER, ar an ENTSO don Ghás, ar an ENNOH, i gcás inarb iomchuí ar eintiteas AE d'OCDanna, mar aon le líon teoranta de na geallsealbhóirí sin is mó lena mbaineann. Déanfaidh an ENTSO don Ghás nó, i gcás dá bhforáiltear sa liosta tosaíochta de bhun mhír 3, eintiteas AE d'OCDanna, i gcomhar leis an ENTSO don Ghás moltaí a tharraingt suas maidir le cóid ghréasáin sna réimsí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, i gcomhréir le mír 9.

11. Déanfaidh ACER athbhreithniú ar an gcód gréasáin molta d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonann sé an chreat-treoirlíne ábhartha agus go rannchuidíonn le comhtháthú an mhargaidh, le neamh-idirdhealú, le hiomaíocht éifeachtach agus le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh, agus tíolacfaidh sí leagan athbhreithnithe den chód gréasáin don Choimisiún laistigh de 6 mhí ón lá a bhfaighfear an togra. Sa togra a chuirfidh sí faoi bhráid an Choimisiúin, cuirfidh ACER san áireamh na tuairimí a fuarthas ó gach páirtí agus an togra á dhréachtú faoi stiúir an ENTSO don Ghás nó an eintiteas AE d'OCDanna, agus rachaidh sí i gcomhairle go foirmiúil leis na geallsealbhóirí ábhartha maidir leis an leagan den chód gréasáin a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin.

12. I gcás an ENTSO don Ghás nó an eintitis AE d'OCDanna a bheith tar éis mainneachtain cód gréasáin a fhorbairt laistigh den tréimhse ama a bheidh socraithe ag an gCoimisiún faoi mhír 9, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar ACER dréachtchód gréasáin a ullmhú ar bhonn na creat-treoirlíne ábhartha. Féadfaidh ACER comhairliúchán eile a sheoladh. Déanfaidh ACER dréachtchód gréasáin, arna ullmhú faoin mír seo, a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus féadfaidh sí a mholadh go nglacfar é.

13. I gcás an ENTSO don Ghás nó eintiteas AE d'OCDanna a bheith tar éis mainneachtain cód gréasáin a fhorbairt, nó i gcás ACER a bheith tar éis mainneachtain dréachtchód gréasáin a fhorbairt dá dtagraítear i mír 12, nó ar bhonn togra ó ACER faoi mhír 11, féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, cód gréasáin amháin nó níos mó a ghlacadh sna réimsí a liostaítear i míreanna 1 agus 2.

14. I gcás ina mbeartóidh an Coimisiún cód gréasáin a ghlacadh ar a thionscnamh féin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le ACER, leis an ENTSO don Ghás agus leis na geallsealbhóirí ábhartha uile maidir leis an dréachtchód gréasáin le linn tréimhse nach giorra ná 2 mhí.

15. Beidh an tAirteagal seo gan dochar do cheart an Choimisiúin na treoirlínte a ghlacadh agus a leasú de réir mar a leagtar síos in Airteagal 56. Beidh sé gan dochar don fhéidearthacht atá ag an ENTSO don Ghás treoir neamhcheangailteach a fhorbairt sna réimsí a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 sa chás nach mbaineann treoir den chineál sin le réimsí a chumhdaítear le hiarraidh a chuirfear chuig an ENTSO don Ghás ón gCoimisiún. Cuirfidh an ENTSO don Ghás aon treoir den chineál sin faoi bhráid ACER ionas go dtabharfaidh sí tuairim ina leith agus tabharfaidh sé aird chuí ar an tuairim sin.

---

🡻 715/2009

~~1. Tar éis dó dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht, leis an ENTSO don Ghás agus leis na geallsealbhóirí ábhartha eile, bunóidh an Coimisiún liosta tosaíochta bliantúil lena sainaithneofar na réimsí a leagtar amach in Airteagal 8(6) mar réimsí a bheidh le cur san áireamh i bhforbairt na gcód gréasáin.~~

~~2. Iarrfaidh an Coimisiún ar an nGníomhaireacht creat-treoirlíne neamhcheangailteach (creat-treoirlíne) a chur faoina bhráid laistigh de thréimhse réasúnach nach faide ná sé mhí, ar treoirlíne í lena leagfar amach prionsabail a bheidh oibiachtúil agus soiléir, i gcomhréir le hAirteagal 8(7), maidir le forbairt cód gréasáin a bhaineann leis na réimsí arna sainaithint sa liosta tosaíochta. Each framework guideline shall contribute to non-discrimination, effective competition and the efficient functioning of the market. Ar iarraidh réasúnaithe ón nGníomhaireacht, féadfaidh an Coimisiún an tréimhse sin a fhadú.~~

~~3. Rachaidh an Ghníomhaireacht i gcomhairle go foirmiúil leis an ENTSO don Ghás agus leis na geallsealbhóirí ábhartha eile maidir leis an gcreat-treoirlíne, le linn tréimhse nach giorra ná 2 mhí, ar bhealach oscailte agus trédhearcach.~~

~~4. Má mheasann an Coimisiún nach rannchuidíonn an chreat-treoirlíne le neamh-idirdhealú, iomaíocht éifeachtach agus feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh, féadfaidh sé a iarraidh ar an nGníomhaireacht athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat-treoirlíne laistigh de thréimhse réasúnach agus í a chur faoi bhráid an Coimisiún athuair.~~

~~5. Má mhainníonn an Ghníomhaireacht creat-treoirlíne a chur faoi bhráid an Choimisiún nó í a chur faoina bhráid athuair laistigh den tréimhse arna socrú ag an gCoimisiún faoi mhír 2 nó faoi mhír 4, tarraingeoidh an Coimisiún suas an chreat-treoirlíne neamhcheangailteach i dtrácht.~~

~~6. The Commission shall request the ENTSO for Gas to submit a network code which is in line with the relevant framework guideline, to the Agency within a reasonable period of time not exceeding 12 months.~~

~~7. Laistigh de thréimhse trí mhí ón lá a bhfaighfear cód gréasáin, ar tréimhse í a bhféadfaidh an Ghníomhaireacht dul i gcomhairle go foirmiúil leis na geallsealbhóirí ábhartha lena linn, soláthróidh an Ghníomhaireacht tuairim réasúnaithe don ENTSO don Ghás maidir leis an gcód gréasáin.~~

~~8. Féadfaidh an ENTSO don Ghás an cód gréasáin a leasú i bhfianaise thuairim na Gníomhaireachta agus é a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta athuair.~~

~~9. Nuair is deimhin leis an nGníomhaireacht go bhfuil an cód gréasáin i gcomhréir leis an gcreat-treoirlíne ábhartha, cuirfidh an Ghníomhaireacht an cód gréasáin faoi bhráid an Choimisiúin agus féadfaidh sí a mholadh go nglacfar é laistigh de~~

~~thréimhse ama réasúnach. Mura nglacfaidh an Coimisiún an cód gréasáin, luafaidh sé na cúiseanna atá leis sin.~~

~~10.~~ ~~I gcás an ENTSO don Ghás a bheith tar éis mainneachtain cód gréasáin a fhorbairt laistigh den thréimhse ama a bheidh socraithe ag an gCoimisiún faoi mhír 6, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an nGníomhaireacht dréachtchód gréasáin a ullmhú ar bhonn na creat-treoirlíne ábhartha. Féadfaidh an Ghníomhaireacht dul i mbun tuilleadh comhairliúcháin le linn dréachtchód gréasáin a ullmhú faoin mír seo. Déanfaidh an Ghníomhaireacht dréachtchód gréasáin, arna ullmhú faoin mír seo, a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus féadfaidh sí a mholadh go nglacfar é.~~

~~11.~~ ~~Féadfaidh an Coimisiún cód gréasáin amháin nó níos mó sna réimsí a liostaítear in Airteagal 8(6) a ghlacadh, ar a thionsenamh féin, i gcás an ENTSO don Ghás a bheith tar éis mainneachtain cód gréasáin a fhorbairt nó i gcás an Ghníomhaireacht a bheith tar éis mainneachtain dréachtchód gréasáin dá dtagraítear i mír 10 den Airteagal seo a ullmhú, nó ar mholadh ón nGníomhaireacht faoi mhír 9 den Airteagal seo.~~

~~I gcás ina mbeartóidh an Coimisiún cód gréasáin a ghlacadh ar a thionsenamh féin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGníomhaireacht, leis an ENTSO don Ghás agus leis na geallsealbhóirí ábhartha uile maidir leis an dréachtchód gréasáin le linn tréimhse nach giorra ná 2 mhí. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 28(2).~~

~~12.~~ ~~Beidh an tAirteagal seo gan dochar do cheart an Choimisiúin na Treoirlínte a ghlacadh agus a leasú mar atá leagtha síos in Airteagal 23.~~

---

⇩ nua

*Airteagal 54*

**Cóid ghréasáin a bhunú le haghaidh hidrigine**

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme an Rialacháin seo trí chóid ghréasáin a bhunú i réimse rialacha trédhearcachta lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 48 den Rialachán seo, lena n-áirítear mionsonraí breise maidir le hábhar, minicíocht agus foirm an tsoláthair faisnéise a dhéanann oibreoirí gréasáin hidrigine agus lena gcuirtear chun feidhme Iarscríbhinn I, pointe 4 den Rialachán seo, lena n-áirítear mionsonraí fhormáid agus ábhar na faisnéis is gá d'úsáideoirí gréasáin chun rochtain éifeachtach a fháil ar an ngréasán, faisnéis a bheidh le foilsiú ag pointí ábhartha, mionsonraí na sceideal ama.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 61(2).

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe lena bhforlíontar an Rialachán seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 63 maidir le cóid ghréasáin a bhunú sna réimsí seo a leanas

(a) éifeachtúlacht fuinnimh maidir leis na gréasáin hidrigine agus na comhpháirteanna chomh maith le héifeachtúlacht fuinnimh maidir le pleanáil

gréasáin agus infheistíochtaí lena gcumasaítear an réiteach is éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de, de réir peirspictíocht córais;

(b) rialacha idir-inoibritheachta le haghaidh an ghréasáin hidrigine, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar na comhaontuithe idirnasctha, aonaid, malartú sonraí, trédhearcacht, cumarsáid, forálacha maidir le faisnéis agus comhar idir rannpháirtithe margaidh ábhartha chomh maith le cáilíocht hidrigine, lena n-áirítear sonraíochtaí comhchoiteanna agus caighdeánú, bolú, measúnuithe costais is tairbhe ar dheireadh a chur le srianta ar shreabhadh trasteorann i ngeall ar dhifríochtaí cáilíochta gáis agus tuairisciú ar an gcáilíocht hidrigine;

(c) rialacha le haghaidh an chórais cúitimh airgeadais don bhonneagar hidrigine trasteorann;

(d) rialacha maidir le leithdháileadh acmhainne agus bainistiú ar phlódú lena n-áirítear rialacha maidir le comhoibriú i nósanna imeachta cothabhála agus ríomh acmhainne lena ndéantar difear do leithdháileadh acmhainne, caighdeánú táirgí agus aonad acmhainne lena n-áirítear cuachadh, an mhodheolaíocht leithdháilte lena n-áirítear algartaim ceant, seicheamh agus nós imeachta le haghaidh acmhainn atá ann cheana, acmhainn incriminteach, dhocht agus in-idirbhriste, ardáin áirithinte acmhainne, scéimeanna ró-éilimh nó athcheannaigh, scéimeanna 'mura n-úsáidfear í caillfear í' gearrthéarmacha nó fadtéarmacha agus aon scéim bainistithe ar phlódú lena gcuirtear cosc ar chnapaireacht acmhainne;

(e) rialacha maidir le struchtúir tharaife chomhchuibhithe ar rochtain ar ghréasán hidrigine, lena n-áirítear rialacha maidir le cur i bhfeidhm modheolaíochta praghsála tagartha, na ceanglais ghaolmhara a bhaineann le comhairliúchán agus foilsiú chomh maith le ríomh praghsanna cúltaca ar tháirgí acmhainne caighdeánacha agus ioncam ceadaithe;

(f) rialacha maidir le luach na sócmhainní a aistríodh agus an mhuirir thiomanta a chinneadh;

(g) rialacha maidir le comhardú lena n-áirítear rialacha gréasánbhunaithe maidir le nós imeachta ainmniúcháin, rialacha maidir le muirir i leith éagothroime agus rialacha maidir le comhardú oibríochtúil idir gréasáin oibreoirí gréasáin hidrigine lena n-áirítear rialacha gréasánbhunaithe maidir le nósanna imeachta ainmniúcháin, muirir i leith éagothroime, próisis réitigh a bhaineann leis an muirear i leith éagothroime laethúil agus leis an gcothromú idir gréasáin na n-oibreoirí córais tarchurtha.

(h) gnéithe cibearshlándála na sreafaí hidrigine trasteorann, lena n-áirítear rialacha maidir le híoscheanglais choiteanna, pleanáil, faireachán, tuairisciú agus bainistiú géarchéime.

3. Tar éis dó dul i gcomhairle le ACER, leis an ENTSO don Ghás, le heintiteas AE d'OCDanna agus leis na geallsealbhóirí ábhartha eile, bunóidh an Coimisiún liosta tosaíochta gach 3 bliana, lena sainaithneofar na réimsí a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 mar réimsí a bheidh le háireamh i bhforbairt na gcód gréasáin.

4. Iarrfaidh an Coimisiún ar ACER creat-treoirlínte neamhcheangailteacha a chur faoina bhráid laistigh de thréimhse réasúnach nach faide ná 6 mhí, ar treoirlínte iad lena leagfar amach prionsabail a bheidh oibiachtúil agus soiléir maidir le forbairt cód gréasáin a bhaineann leis na réimsí arna sainaithint sa liosta tosaíochta. Féadfar dálaí a chuimsiú san iarraidh sin ón gCoimisiún a dtabharfar aghaidh orthu sa chreat-

treoirlíne. Rannchuideoidh gach creat-treoirlíne le comhtháthú an mhargaidh, le neamh-idirdhealú, le hiomaíocht éifeachtach agus le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh. Ar iarraidh réasúnaithe ó ACER, féadfaidh an Coimisiún an tréimhse maidir le treoirlínte a chur isteach a fhadú.

5. Rachaidh ACER i gcomhairle leis an ENNOH, leis an ENTSO don Ghás agus leis na geallsealbhóirí ábhartha eile maidir leis an gcreat-treoirlíne, le linn tréimhse nach giorra ná 2 mhí, ar bhealach oscailte agus trédhearcach.

6. Déanfaidh ACER creat-treoirlíne neamhcheangailteach a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcás ina n-iarrfar sin uirthi faoi mhír 4.

7. Má mheasann an Coimisiún nach rannchuidíonn an chreat-treoirlíne le comhtháthú an mhargaidh, le neamh-idirdhealú, le hiomaíocht éifeachtach ná le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh, féadfaidh sé a iarraidh ar ACER athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat-treoirlíne laistigh de thréimhse réasúnach agus í a chur faoi bhráid an Choimisiúin athuair.

8. Mura gcuireann ACER creat-treoirlíne faoi bhráid an Choimisiúin nó mura gcuireann sí creat-treoirlíne faoina bhráid athuair laistigh den tréimhse arna socrú ag an gCoimisiún faoi mhír 4 nó faoi mhír 6, déanfaidh an Coimisiún an chreat-treoirlíne neamhcheangailteach i dtrácht a fhorbairt.

9. Iarrfaidh an Coimisiún ar an ENNOH togra a sheoladh chuig ACER, laistigh de thréimhse réasúnach nach faide ná 12 mhí ón lá a bhfaighfear iarraidh an Choimisiún, le haghaidh cód gréasáin i gcomhréir leis an gcreat-treoirlíne ábhartha.

10. Tionólfaidh an ENNOH coiste dréachtaithe a thacóidh leis i bpróiseas forbartha na gcód gréasáin. Ar an gcoiste dréachtaithe sin, beidh ionadaithe ar ACER, ar an ENTSO don Ghás, ar an ENTSO don Leictreachas, agus i gcás inarb iomchuí ar eintiteas AE d'OCDanna, mar aon le líon teoranta de na geallsealbhóirí sin is mó lena mbaineann. Forbróidh ENNOH tograí le haghaidh cód gréasáin sna réimsí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

11. Déanfaidh ACER athbhreithniú ar an gcód gréasáin molta d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonann sé an chreat-treoirlíne ábhartha agus go rannchuidíonn le comhtháthú an mhargaidh, le neamh-idirdhealú, le hiomaíocht éifeachtach agus le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh, agus tíolacfaidh sí leagan athbhreithnithe den chód gréasáin don Choimisiún laistigh de 6 mhí ón lá a bhfaighfear an togra. Sa chód gréasáin athbhreithnithe, cuirfidh ACER san áireamh na tuairimí a fuarthas ó gach páirtí agus an togra á dhréachtú faoi stiúir Gréasán Eorpach na nOibreoirí Gréasáin don Hidrigin, agus rachaidh sí i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha maidir leis an leagan athbhreithnithe a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin.

12. I gcás an ENNOH a bheith tar éis mainneachtain cód gréasáin a fhorbairt laistigh den thréimhse a bheidh socraithe ag an gCoimisiún faoi mhír 9, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar ACER dréachtchód gréasáin a ullmhú ar bhonn na creat-treoirlíne ábhartha. Féadfaidh ACER dul i mbun tuilleadh comhairliúcháin le linn dréachtchód gréasáin a ullmhú faoin mír seo. Déanfaidh ACER dréachtchód gréasáin, arna ullmhú faoin mír seo, a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus féadfaidh sí a mholadh go nglacfar é.

13. I gcás Gréasán Eorpach na nOibreoirí Gréasáin don Hidrigin, a bheith tar éis mainneachtain cód gréasáin a fhorbairt, nó ACER tar éis mainneachtain dréachtchód gréasáin a fhorbairt dá dtagraítear i mír 12, féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh

féin, nó ar bhonn togra ó ACER faoi mhír 11, cód gréasáin amháin nó níos mó a ghlacadh sna réimsí a liostaítear i míreanna 1 agus 2.

14. I gcás ina mbeartóidh an Coimisiún cód gréasáin a ghlacadh ar a thionscnamh féin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le ACER, leis an ENNOH, leis an ENTSO don Ghás agus leis na geallsealbhóirí ábhartha uile maidir leis an dréachtchód gréasáin le linn tréimhse nach giorra ná 2 mhí.

15. Beidh an tAirteagal seo gan dochar do cheart an Choimisiúin na treoirlínte a ghlacadh agus a leasú de réir mar a leagtar síos in Airteagal 56. Beidh sé gan dochar don deis atá ag an ENNOH treoir neamhcheangailteach a fhorbairt sna réimsí a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 sa chás nach mbaineann treoir den chineál sin le réimsí a chumhdaítear le hiarraidh a chuirfear chuig an ENNOH ón gCoimisiún. Cuirfidh an ENNOH aon treoir den chineál sin faoi bhráid ACER ionas go dtabharfaidh sí tuairim ina leith agus tabharfaidh sé aird chuí ar an tuairim sin.

---

↓ 715/2009 (new)

*Airteagal* 557

**Leasuithe ar chóid ghréasáin**

~~1. Féadfaidh daoine ar dóigh dóibh leas a bheith acu sa chód gréasáin, lena n-áirítear an ENTSO don Ghás, oibreoirí córais tarchurtha, úsáideoirí córas agus tomhaltóirí, dréachtleasuithe ar aon chód gréasáin a ghlactar faoi Airteagal 6 a mholadh don Ghníomhaireacht. Ar a tionscnamh féin, féadfaidh an Ghníomhaireacht leasuithe a mholadh freisin.~~

~~2. Rachaidh an Ghníomhaireacht i gcomhairle leis na geallsealbhóirí go léir i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 713/2009. Tar éis an phróisis sin, féadfaidh an Ghníomhaireacht tograí réasúnaithe le haghaidh leasuithe a chur chuig an gCoimisiún, á mhíniú conas atá na tograí sin i gcomhréir le cuspóirí na gcód gréasáin a leagtar amach in Airteagal 6(2) den Rialachán seo.~~

~~3. Féadfaidh an Coimisiún leasuithe a ghlacadh ar aon chód gréasáin arna ghlacadh faoi Airteagal 6, agus moltaí na Gníomhaireachta á gcur san áireamh aige. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 28(2).~~

~~4. Le linn na leasuithe atá beartaithe faoin nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 28(2) a bheith á mbreithniú, ní bhreithneofar ach amháin na gnéithe a bhaineann leis an leasú atá beartaithe. Beidh na leasuithe sin atá beartaithe gan dochar do leasuithe eile a fhéadfaidh an Coimisiún a mholadh.~~

---

⇩ nua

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún na cóid ghréasáin a leasú laistigh de na réimsí a liostaítear in Airteagal 53(1) agus (2) agus in Airteagal 54(1) agus (2) i gcomhréir leis an nós imeachta ábhartha a leagtar amach sna hAirteagail sin.

2. Féadfaidh daoine ar dóigh dóibh leas a bheith acu in aon chód gréasáin a ghlacfar faoi Airteagal 52 go 55, lena n-áirítear an ENTSO don Ghás, Gréasán Eorpach na nOibreoirí Gréasáin don Hidrigin, eintiteas AE d'OCDanna, údaráis rialála, oibreoirí córais tarchurtha, oibreoirí córais dáileacháin, úsáideoirí córas agus tomhaltóirí, dréachtleasuithe ar aon chód gréasáin a mholadh do ACER. Ar a tionscnamh féin, féadfaidh ACER leasuithe a mholadh freisin.

3. Féadfaidh ACER tograí réasúnaithe le haghaidh leasuithe a chur chuig an gCoimisiún, á mhíniú conas atá na tograí sin i gcomhréir le cuspóirí na gcód gréasáin a leagtar amach in Airteagal (52) den Rialachán seo. I gcás ina measann sí go bhfuil moladh maidir le leasú inghlactha, agus i gcás leasuithe dá tionscnamh féin, rachaidh ACER i gcomhairle leis na geallsealbhóirí go léir i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/942.

---

🡻 715/2009

*Airteagal 56~~23~~*

**Treoirlínte**

~~1. I gcás inarb iomchuí, sonrófar an méid seo a leanas i dTreoirlínte lena dtabharfar an méid íosta comhchuibhiúcháin is gá chun aidhmeanna an Rialacháin seo a bhaint amach:~~

---

⇩ nua

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún treoirlínte ceangailteacha a ghlacadh sna réimsí a liostaítear san Airteagal seo.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún treoirlínte a glacadh sna réimsí sin ina bhféadfaí na gníomhartha sin a fhorbairt freisin de réir nós imeachta na gcód gréasáin de bhun Airteagail 53 agus 54. Glacfar na treoirlínte sin i bhfoirm gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme, ag brath ar an gcumhacht ábhartha dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe lena bhforlíontar an Rialachán seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 63 maidir le treoirlínte a bhunú sna réimsí seo a leanas:

---

🡻 715/2009
⇨ nua

(a) sonraí maidir leis na seirbhísí rochtana tríú páirtithe, lena n-áirítear cineál, ré agus ceanglais eile na seirbhísí sin, i gcomhréir le hAirteagail ⇨ 5 go 7 ⇦ ~~14 and 15~~;;

(b) sonraí maidir leis na prionsabail is bun leis na sásraí maidir le leithdháileadh acmhainne agus sonraí maidir le cur i bhfeidhm nósanna imeachta um bainistiú ar phlódú i gcás plódaithe chonarthaigh, i gcomhréir le hAirteagail 9~~16~~ agus 10~~17~~;

(c) sonraí maidir le soláthar faisnéise agus sainmhíniú ar an bhfaisnéis theicniúil a bhfuil gá ag úsáideoirí gréasán léi chun rochtain éifeachtach a fháil ar an

gcóras agus sainmhíniú ar na pointí ábhartha go léir a bhaineann le ceanglais trédhearcachta, lena n-áirítear an fhaisnéis is gá a fhoilsiú ag na pointí ábhartha go léir agus an sceideal ama a leanfar agus an fhaisnéis sin á foilsiú, i gcomhréir le hAirteagail3018 agus 3119;

(d) sonraí maidir leis an modheolaíocht i leith taraifí i ndáil le trádáil trasteorann sa ghás nádúrtha, i gcomhréir le hAirteagail ⇨ 15 agus ⇦ 1613 ⇨ den Rialachán seo ⇦;

(e) sonraí maidir leis na réimsí a liostaítear in Airteagal 238(6).

---

⇩ nua

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 63 chun na treoirlínte a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú.

5. Agus treoirlínte á nglacadh nó á leasú ag an gCoimisiún, rachaidh sé i gcomhairle le ACER, leis an ENTSO don Ghás, le heintiteas AE d'OCDanna agus, i gcás inarb ábhartha, le geallsealbhóirí eile.

---

🡻 715/2009

~~Chun na críche sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGníomhaireacht agus leis an ENTSO don Ghás.~~

~~6.~~ ~~Tá treoirlínte maidir leis na saincheisteanna a liostaítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 1 leagtha síos in Iarscríbhinn I maidir le hoibreoirí na gcóras tarchurtha.~~

~~Féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a ghlacadh maidir leis na saincheisteanna a liostaítear i mír 1 den Airteagal seo agus leasú a dhéanamh ar na Treoirlínte dá dtagraítear i bpointe (a), pointe (b) agus pointe (c) de. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, inter alia trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 28(2).~~

~~7.~~ ~~Maidir le cur i bhfeidhm agus leasú na dTreoirlínte arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, léireoidh siad na difríochtaí atá idir na córais náisiúnta gáis, agus dá bhrí sin, ní bheidh gá le téarmaí ná le coinníollacha mionsonraithe aonfhoirmeacha maidir le rochtain ag tríú páirtithe ar leibhéal an Chomhphobail. Féadfar ceanglais íosta a leagan síos leo, áfach, chun coinníollacha neamh-idirdhealaitheacha, trédhearcacha rochtana a bheidh le comhlíonadh chun margadh inmheánach sa ghás nádúrtha a bhaint amach, ar ceanglais iad a fhéadfar a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin i bhfianaise na ndifríochtaí atá idir na córais náisiúnta gáis.~~

---

🡻 715/2009 (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~*Airteagal 25*~~

~~**Faisnéis a chur ar fáil**~~

Déanfaidh na Ballstáit agus na húdaráis rialála an fhaisnéis go léir is gá chun críocha Airteagal 23 a sholáthar don Choimisiún, arna iarraidh sin.

Socróidh an Coimisiún teorainn ama réasúnach chun an fhaisnéis a sholáthar, agus castacht na faisnéise is gá agus an phráinn a ghabhann leis an ngá sin á gcur san áireamh.

*Airteagal 5726*

**Ceart na mBallstát foráil a dhéanamh maidir le bearta níos mionsonraithe**

Beidh an Rialachán seo gan dochar do chearta na mBallstát bearta a choimeád ar bun nó a thabhairt isteach ar bearta iad ina bhfuil forálacha níos mionsonraithe ná na forálacha a leagtar amach ⇨ sa Rialachán seo, sna treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 56 nó sna cóid ghréasáin dá dtagraítear in Airteagail 52 go 55, ar choinníoll go bhfuil na bearta sin i gcomhréir le dlí an Aontais ⇦ sa Rialachán seo nó sna Treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 23.

*Airteagal 58*

**Faisnéis a sholáthar⌦agus rúndacht⌫**

1. Déanfaidh na Ballstáit agus na húdaráis rialála an fhaisnéis go léir is gá chun críocha Airteagal 23⇨ an Rialachán seo a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear na treoirlínte agus na cóid ghréasáin arna nglacadh faoin Rialachán seo ⇦ a sholáthar don⌦⌫⌦⌫ Choimisiún, arna iarraidh sin.

2. Socróidh an Coimisiún teorainn ama réasúnach chun an fhaisnéis a sholáthar, agus ⌦ ⌫ castacht na faisnéise is gá agus an phráinn a ghabhann leis an ngá sin á cur san áireamh.

---

⇩ nua

3. Más rud é nach soláthraíonn an Ballstát nó an t-údarás rialála lena mbaineann an fhaisnéis sin laistigh den teorainn ama a shocraíonn an Coimisiún, féadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis uile is gá chun críche an Rialacháin seo a chur chun feidhme a iarraidh go díreach ar na gnóthais lena mbaineann.

   Agus iarraidh ar fhaisnéis á seoladh aige chuig gnóthas, seolfaidh an Coimisiún cóip den iarraidh, an tráth céanna, chuig údarás rialála an Bhallstáit a bhfuil ceannoifig an ghnóthais suite ina chríoch.

4. Ina iarraidh ar fhaisnéis, luafaidh an Coimisiún bonn dlíthiúil na hiarrata sin, an teorainn ama ar laistigh di is gá an fhaisnéis a chur ar fáil, cuspóir na hiarrata, agus na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 59(2) mar gheall ar fhaisnéis a chur ar fáil atá mícheart, neamhiomlán nó míthreorach.

5. Déanfaidh úinéirí na ngnóthas nó a n-ionadaithe agus, i gcás daoine dlítheanacha, na daoine nádúrtha a bhfuil údarú acu a bheith ina n-ionadaithe do na gnóthais faoin dlí nó faoina n-ionstraim chorpraithe, an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar. I gcás ina ndéanfaidh dlíodóirí atá údaraithe go cuí chun gníomhú amhlaidh an fhaisnéis a sholáthar thar ceann a chliant, beidh freagracht iomlán fós ar an gcliant i gcás ina mbeidh an fhaisnéis a sholáthraítear neamhiomlán, mícheart nó míthreorach.

6. I gcás nach soláthraíonn gnóthas an fhaisnéis a iarrtar laistigh den teorainn ama a shocraíonn an Coimisiún nó i gcás ina soláthraíonn sé faisnéis neamhiomlán, féadfaidh an Coimisiún, le cinneadh, a cheangal go soláthrófar an fhaisnéis.

Sonrófar, leis an gcinneadh sin, an fhaisnéis atá á hiarraidh agus socrófar teorainn ama iomchuí ar féidir an fhaisnéis a sholáthar laistigh di. Sonrófar ann na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 59(2). Sonrófar ann freisin, an ceart chun an cinneadh a chur a chur faoi bhráid Chúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh lena athbhreithniú.

Déanfaidh an Coimisiún, an tráth céanna, cóip dá chinneadh a sheoladh chuig údaráis rialála an Bhallstáit a bhfuil cónaí ar an duine ina chríoch nó a bhfuil ceannoifig an ghnóthais suite ina chríoch.

7. Ní úsáidfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 ach amháin chun críocha forálacha an Rialacháin seo a chur chun feidhme.

Ní nochtfaidh an Coimisiún aon fhaisnéis ar faisnéis í de chineál a chumhdaítear faoi oibleagáid na rúndachta gairmiúla a gheofar de bhun an Rialacháin seo.

---

| ⬇ 715/2009 |
|---|

*Airteagal 59~~27~~*

**Pionóis**

---

| ⇩ nua |
|---|

1. Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha maidir leis na pionóis a bheidh infheidhme i gcás sáruithe ar an Rialachán seo, na cóid gréasáin agus treoirlínte arna nglacadh de bhun Airteagal 52 go 56, agus na treoirlínte arna nglacadh in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus glacfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear na forálacha sin chun feidhme. Ní mór na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin gan mhoill agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

2. Féadfaidh an Coimisiún, le cinneadh, fíneálacha nach mó ná 1 % de láimhdeachas iomlán na bliana gnó roimhe sin a fhorchur ar ghnóthais i gcás ina ndéanfaidh na gnóthais sin, d'aon ghnó nó go faillíoch, faisnéis mhícheart, neamhiomlán nó mhíthreorach a sholáthar mar fhreagairt ar iarraidh arna déanamh de bhun Airteagal 58(4) nó i gcás ina mainneoidh siad faisnéis a sholáthar laistigh den teorainn ama arna socrú le cinneadh arna ghlacadh de bhun Airteagal 58(6), an chéad fhomhír. Le linn méid fíneála a shocrú, tabharfaidh an Coimisiún aird ar thromchúis na mainneachtana ceanglais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh.

3. Ní pionóis de chineál dlí choiriúil a bheidh sna pionóis dá bhforáiltear de bhun mhír 1 agus ní cinntí de chineál dlí choiriúil a bheidh in aon cheann de na cinntí a ghlacfar de bhun mhír 2.

---

| ⬇ 715/2009<br>➔1 Ceartúchán, IO L 309, 24.11.2009, lch. 87 |
|---|

~~1. Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha maidir le pionóis a bheidh infheidhme i leith sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus glacfaidh siad na bearta uile is gá lena áirithiú go gcuirfear na forálacha sin chun feidhme. Ní mór do na pionóis dá~~

~~bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Déanfaidh na Ballstáit, faoin 1 Iúil 2006, fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis na rialacha sin, ar rialacha iad a chomhfhreagraíonn do na forálacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún gan mhoill maidir le haon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh. è1 Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún maidir leis na rialacha sin nach gcomhfhreagraíonn d'fhorálacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 faoin 3 Márta 2011 agus tabharfaidh siad fógra gan mhoill don Choimisiún maidir le haon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh. ç~~

~~2. Ní pionóis de chineál dlí choiriúil a bheidh sna pionóis dá bhforáiltear de bhun mhír 1.~~

# Caibidil V

# Forálacha críochnaitheacha

---

⇩ nua

*Airteagal 60*

**Bonneagar nua gáis nádúrtha agus hidrigine**

1. Féadfar mórbhonneagar nua gáis nádúrtha, is é sin le rá idirnascairí, GNL agus saoráidí stórála, arna iarraidh sin, a dhíolmhú, ar feadh tréimhse ama sainithe, ó fhorálacha an Rialacháin seo agus ó Airteagail 28, 27 (1), 29, 54 agus Airteagal 72(7), (9) agus 73(1) de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás]. Féadfar mórbhonneagar nua hidrigine, is é sin le rá idirnascairí, críochfoirt hidrigine agus stóráil hidrigine faoi thalamh, arna iarraidh sin, a dhíolmhú, ar feadh tréimhse ama sainithe, ó fhorálacha Airteagail 62, 31, 32, 33 de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás] agus Airteagal 15 den Rialachán seo. Tá feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:

(a) feabhsaíonn an infheistíocht an iomaíocht sa soláthar gáis agus sa soláthar hidrigine agus feabhsaíonn sí an chinnteacht soláthair;

(b) rannchuidíonn an infheistíocht leis an dícharbónú;

(c) tá an leibhéal riosca a bhaineann leis an infheistíocht de chineál a fhágann nach ndéanfar an infheistíocht mura dtugtar díolúine;

(d) tá an bonneagar faoi úinéireacht duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh atá ar leithligh, ar a laghad i dtéarmaí a fhoirme dlíthiúla, ó na hoibreoirí córais ar ina gcórais a thógfar an bonneagar sin;

(e) gearrfar muirir ar úsáideoirí an bhonneagair sin; agus

(f) ní dhéanann an díolúine dochar don iomaíocht sna margaí ábhartha ar dócha go ndéanfadh an infheistíocht difear dóibh, d'fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh sa ghás, d'fheidhmiú éifeachtach na gcóras rialáilte lena mbaineann, don dícharbónú nó don chinnteacht soláthair gáis nádúrtha san Aontas.

Ba cheart na coinníollacha sin a mheasúnú agus prionsabal na dlúthpháirtíochta fuinnimh á chur san áireamh. Ba cheart do na húdaráis náisiúnta an staid i mBallstáit

eile a ndéantar difear dóibh a chur san áireamh agus na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann a mheá leis na héifeachtaí tairbheacha ar a gcríoch.

2. Beidh feidhm ag an díolúine i mír 1 chomh maith maidir le méaduithe nach beag ar acmhainn i mbonneagar atá ann cheana agus ar mhodhnuithe ar an mbonneagar sin lena gcumasaítear an fhorbairt ar fhoinsí nua soláthair gás in-athnuaite agus ísealcharbóin.

3. Feadfaidh an t-údarás rialála, ar bhonn cás ar chás, cinneadh a dhéanamh maidir leis an díolúine dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

Sula nglacfar an cinneadh maidir leis an díolúine, rachaidh an t-údarás rialála, nó i gcás inarb iomchuí údarás inniúil de chuid an Bhallstáit sin, i gcomhairle:

(a) le húdaráis rialála náisiúnta na mBallstát ar dócha a ndéanfaidh an bonneagar nua difear dá margaí; agus

(b) údaráis ábhartha na dtríú tíortha, i gcás ina bhfuil an bonneagar i dtrácht nasctha le gréasán an Aontais faoi dhlínse Ballstáit, agus go dtagann sé as nó go gcríochnaíonn sé i dtríú tír amháin nó níos mó.

I gcás ina ndeachthas i gcomhairle le húdaráis tríú tíortha, agus sa chás nach bhfreagraíonn siad don chomhairliúchán laistigh de thréimhse réasúnta ama nó den spriocdháta a leagtar síos nach faide ná 3 mhí é, féadfaidh an t-údarás rialála lena mbaineann an cinneadh is gá a ghlacadh.

4. I gcás ina bhfuil an bonneagar lonnaithe i gcríoch níos mó ná Ballstáit amháin, féadfaidh ACER tuairim chomhairleach a chur chuig údaráis rialála na mBallstát i gceist laistigh de 2 mhí ón dáta a fuair an t-údarás deireadh de na húdaráis sin an iarraidh ar dhíolúine. Féadtar an tuairim sin a chur mar bhunús lena dtuairim.

I gcás ina dtiocfaidh na húdaráis rialála go léir lena mbaineann ar chomhaontú i leith na hiarrata ar dhíolúine laistigh de 6 mhí ón dáta a bhfuair an t-údarás deireanach de na húdaráis rialála í, cuirfidh siad a gcinneadh in iúl do ACER. I gcás inar líne tharchuir idir Ballstát agus tríú tír an bonneagar lena mbaineann, féadfaidh údarás rialála, nó i gcás inarb iomchuí, údarás inniúil eile de chuid an Bhallstáit ina bhfuil an chéad phointe idirnaisc chuig gréasán an Bhallstáit eile, dul i gcomhairle le húdarás ábhartha an tríú tír sin sula nglacfar cinneadh maidir leis an díolmhú, d'fhonn a áirithiú, maidir leis an mbonneagar lena mbaineann, go gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm go comhsheasmhach i gcríoch an Bhallstáit agus, i gcás inarb infheidhme, in uiscí teorann an Bhallstáit sin. I gcás ina ndeachthas i gcomhairle le húdarás an tríú tír, agus sa chás nach bhfreagraíonn sé don chomhairliúchán laistigh de thréimhse réasúnta ama nó an laistigh de spriocdháta nach faide ná 3 mhí é, féadfaidh an t-údarás rialála lena mbaineann an cinneadh is gá a ghlacadh.

Feidhmeoidh ACER na cúraimí a leagfar leis an Airteagal seo ar údaráis rialála na mBallstát lena mbaineann:

(a) i gcás nach mbeidh na húdaráis rialála go léir lena mbaineann in ann teacht ar chomhaontú laistigh de thréimhse 6 mhí ón dáta a bhfuair an t-údarás deireanach de na húdaráis rialála sin an iarraidh ar dhíolúine; nó

(b) arna iarraidh sin go comhpháirteach do na húdaráis rialála lena mbaineann.

Féadfaidh na húdaráis rialála go léir lena mbaineann a iarraidh, go comhpháirteach, go gcuirfear síneadh suas le 3 mhí leis an tréimhse dá dtagraítear sa tríú fomhír, pointe (a).

5. Sula ndéanfaidh ACER cinneadh, rachaidh sí i gcomhairle leis na húdaráis rialála ábhartha agus leis na hiarratasóirí.

6. Féadfar a chumhdach le díolúine acmhainneacht iomlán nó cuid d'acmhainn an bhonneagair nua, nó acmhainn iomlán nó cuid d'acmhainn an bhonneagair atá ann cheana le méadú suntasach acmhainne.

Agus cinneadh á dhéanamh i dtaobh díolúine a dheonú, breithneofar, ar bhonn cás ar chás, an gá atá le coinníollacha a fhorchur maidir le ré na díolúine agus maidir le rochtain neamh-idirdhealaitheach ar an mbonneagar. Agus cinneadh á dhéanamh i dtaobh na gcoinníollacha sin, cuirfear san áireamh, go háirithe, an acmhainn bhreise a bheidh le tógáil nó an modhnú ar an acmhainneacht atá ann cheana, tréimhse ionchasach an tionscadail agus dálaí náisiúnta.

Sula ndeonóidh sé díolúine, déanfaidh an t-údarás rialála cinneadh faoi na rialacha agus na sásraí maidir le hacmhainn a bhainistiú agus a leithdháileadh. Ceanglófar sna rialacha go n-iarrfar ar gach úsáideoir ionchasach de chuid an bhonneagair a spéis a léiriú in acmhainn ar conradh sula ndéanfar leithdháileadh acmhainneachta sa bhonneagar nua, lena n-áirítear dá úsáid féin. Ceanglóidh an t-údarás rialála go n-áireofar i rialacha um bainistiú ar phlódú an oibleagáid maidir le hacmhainn neamhúsáidte a thairiscint ar an margadh, agus ceanglóidh sé go mbeidh úsáideoirí an bhonneagair i dteideal a n-acmhainne conarthaí a thrádáil ar an margadh tánaisteach. Agus measúnú á dhéanamh aige ar na critéir dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (e), cuirfidh an t-údarás rialála san áireamh torthaí an nós imeachta sin um leithdháileadh acmhainne.

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh díolúine, lena n-áirítear aon choinníoll dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo, beidh sé cuí-réasúnaithe agus foilseofar é.

7. Agus anailís á déanamh maidir leis an ionchas go bhfeabhsódh mórbhonneagar nua an chinnteacht soláthair de bhun mhír 1, pointe (a), déanfaidh an t-údarás ábhartha breith ar an méid a mheastar go bhfeabhsóidh an bonneagar nua comhlíontacht a n-oibleagáidí ag na Ballstáit faoi Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20], ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

8. Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil go gcuirfidh a n-údarás rialála nó go gcuirfidh ACER, de réir mar a bheidh, chun críocha an chinnidh fhoirmiúil, a dtuairim maidir leis an iarraidh ar dhíolúine faoi bhráid an chomhlachta ábhartha sa Bhallstát. Foilseofar an tuairim sin in éineacht leis an gcinneadh.

9. Déanfaidh an t-údarás rialála cóip de gach iarraidh ar dhíolúine a tharchur chuig an gCoimisiún gan mhoill ar an iarraidh sin a fháil dó. Tabharfaidh na húdaráis rialála náisiúnta fógra, gan mhoill, faoin gcinneadh maidir le díolúine, gan mhoill, don Choimisiún, i dteannta na faisnéise ábhartha uile. Féadfar an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin i bhfoirm chomhiomlán, ionas go mbeidh ar chumas an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar an gcinneadh maidir le díolúine. Cuimseofar an méid seo a leanas, go háirithe, san fhaisnéis sin:

(a) na cúiseanna mionsonraithe ar ar a mbonn a dheonaigh nó a dhiúltaigh an t-údarás rialála, nó an Ballstát, an díolúine, mar aon le tagairt don phointe nó na

[20] Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 (*IO L 280, 28.10.2017, lch. 1*).

pointí ábhartha de mhír 1 ar a bhfuil an cinneadh sin bunaithe, lena n-áirítear an fhaisnéis airgeadais lena dtugtar údar leis an ngá atá leis an díolúine;

(b) an anailís arna déanamh ar an iarmhairt ar iomaíocht agus ar fheidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh mar thoradh ar an díolúine a thabhairt;

(c) na cúiseanna atá le fad thréimhse na díolúine agus an sciar d'acmhainn iomlán an bhonneagair a bhfuil an díolúine á deonú ina leith;

(d) i gcás ina mbaineann an díolúine le hidirnascaire, toradh an chomhairliúcháin leis na húdaráis rialála lena mbaineann;

(e) an méid a rannchuidíonn an bonneagar le héagsúlú an tsoláthair gáis.

10. Laistigh de 50 lá oibre ón lá tar éis an dáta a bhfaighfear an fógra faoi mhír 7, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh lena n-iarrfar ar na comhlachtaí a thugann fógra leasú a dhéanamh ar an gcinneadh chun díolúine a dheonú, nó an cinneadh sin a tharraingt siar. Féadfar an tréimhse sin a fhadú go ceann tréimhse bhreise 50 lá oibre i gcás ina mbeidh faisnéis bhreise á lorg ag an gCoimisiún. Tosóidh an tréimhse bhreise sin ar an lá tar éis an dáta a bhfaighfear an fhaisnéis iomlán. Féadfar an tréimhse tosaigh a fhadú freisin le toiliú an Choimisiúin agus na gcomhlachtaí a thugann fógra araon.

Más rud é nach soláthrófar an fhaisnéis arna hiarraidh laistigh den tréimhse a leagtar síos san iarraidh, measfar go mbeidh an fógra tarraingthe siar mura rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, gur cuireadh síneadh ama leis an tréimhse le toiliú an Choimisiúin agus an údaráis rialála araon, nó gur chuir an t-údarás rialála an Coimisiún ar an eolas, i ráiteas cuí-réasúnaithe, go measann sé go bhfuil an fógra curtha i gcrích.

An cinneadh ón gCoimisiún maidir leis an gcinneadh i dtaobh díolúine a leasú nó a tharraingt siar, comhlíonfaidh an t-údarás rialála é laistigh de thréimhse aon mhíosa amháin agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.

Caomhnóidh an Coimisiún rúndacht aon fhaisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de.

Nuair a dhéanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le díolúine a fhormheas, tiocfaidh deireadh le héifeacht an fhormheasta sin:

(a) 2 bhliain tar éis a ghlactha i gcás nach mbeidh an obair tógála tosaithe faoin dáta sin,

(b) tar éis 5 bliana ó dháta a ghlactha i gcás nach mbeidh an bonneagar ag feidhmiú faoi dáta sin, is é sin mura gcinneann an Coimisiún gurb ann d'aon mhoill mar gheall ar chonstaicí nach raibh aon neart orthu ag an duine ar deonaíodh an díolúine dó.

11. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 63 d'fhonn treoirlínte a leagan amach chun na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm agus chun an nós imeachta a bheidh le leanúint chun míreanna 3, 6, 8 agus 9 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm.

↓ 715/2009 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 61~~28~~*

**An nós imeachta coiste**

~~1.~~ 1. Tabharfaidh ~~an coiste~~⌦ [ainm an choiste] arna bhunú ⌫ ~~arna chur ar bun~~ le hAirteagal 84~~51 de Threoir 2009/73/CE~~ den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx] cúnamh don Choimisiún. ⇨ Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.⇦

⇩ nua

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

↓ 715/2009

~~2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de~~

↓ 715/2009 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 62~~30~~*

**Maoluithe ~~agus díolúintí~~**

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le ~~:~~

~~(a)~~ córais tarchurtha gáis nádúrtha atá suite i mBallstáit, ar feadh ré na maoluithe arna ndeonú faoi ⇨ Airteagal 80 de [Treoir nua maidir le Gás] ⇦~~Airteagal 49 de Threoir 2009/73/CE~~;

~~(b) mórbhonneagar nua, i.e. idirnascairí, saoráidí GNL agus saoráidí stórála, agus méaduithe suntasacha ar acmhainn sa bhonneagar reatha agus modhnuithe ar bhonneagar den sórt sin lena gcumasaítear foinsí nua a fhorbairt don soláthar gáis dá dtagraítear in Airteagal 36(1) agus (2) de Threoir 2009/73/CE, atá díolmhaithe ó fhorálacha Airteagail 9, 14, 32, 33, 34 nó Airteagal 41(6), (8) agus (10) den Treoir sin, fad atá siad díolmhaithe ó na forálacha dá dtagraítear san fhomhír seo, cé is moite d'Airteagal 19(4) den Rialachán seo; nó~~

~~(c) córais tarchurtha gáis nádúrtha ar deonaíodh maoluithe dóibh faoi Airteagal 48 de Threoir 2009/73/CE.~~

~~Maidir le pointe (a) den chéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit ar deonaíodh maolú dóibh faoi Airteagal 49 de Threoir 2009/73/CE, iarratas a chur chuig an gCoimisiún ar mhaolú sealadach~~

~~ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar feadh tréimhse suas go dhá bhliain ón dáta a rachaidh an maolú dá dtagraítear sa phointe seo in éag.~~

---

⇩ nua

*Airteagal 63*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar na cumhachtaí chun na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagail 16, 28, 53, 54, 56 agus 60 a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ó [dháta teacht an teacht i bhfeidhm].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 16, 28, 53, 54, 56 agus 60 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 16, 28, 53, 54, 56 agus 60 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 64*

**Leasú ar Chinneadh (AE) 2017/684**

Na hoibleagáidí maidir le fógra a thabhairt le haghaidh comhaontuithe idir-rialtasacha i réimse an fhuinnimh a bhaineann le gás mar a leagtar síos i gCinneadh (AE) 2017/684, déanfar iad a léiriú mar oibleagáidí a chuimsíonn comhaontuithe a bhaineann le hidrigin, lena n-áirítear comhdhúile hidrigine amhail amóinia agus iompróirí hidrigine orgánaí leachtacha.

*Airteagal 65*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/942**

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/942 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) tuairimí agus moltaí a eisiúint a dhíreofar chuig oibreoirí córais tarchurtha, an ENTSO don Leictreachas, an ENTSO don Ghás, **Gréasán Eorpach na nOibreoirí Gréasáin don Hidrigin (ENNOH),**eintiteas AE d'OCDanna, na lárionaid chomhordúcháin réigiúnacha agus oibreoirí ainmnithe sa mhargadh leictreachais **agus eintitis a bhunaíonn oibreoirí córais tarchurtha le haghaidh gáis, oibreoirí córais GNL, nó oibreoirí córais stórála hidrigine nó oibreoirí gréasán don hidrigin**;’s

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 3(2):

‘Arna iarraidh sin do ACER, déanfaidh na húdaráis rialála, an ENTSO don Leictreachas, an ENTSO don Ghás, **an ENNOH**, na lárionaid comhordaithe, eintiteas AE d'OCDanna, na hoibreoirí córais tarchurtha, **oibreoirí gréasáin hidrigine,** na hoibreoirí margaidh leictreachais ainmnithe, **agus eintitis arna mbunú ag oibreoirí córais tarchurtha le haghaidh, oibreoirí córais GNL, oibreoirí córais stórála gáis nó hidrigine nó oibreoirí críochfoirt hidrigine**, déanfaidh siad an fhaisnéis a chur ar fáil do ACER ar an leibhéal céanna sonraíochta chun críche cúraimí ACER a dhéanamh faoin Rialachán seo, murar iarr ACER an fhaisnéis sin agus mura bhfuair sé cheana í.’

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 4(1), 4(2), 4(3)(a) agus (b):

1. Déanfaidh ACER tuairim a thabhairt don Choimisiún maidir le dréacht-reachtanna, liosta comhaltaí agus dréacht-rialacha nós imeachta ENTSO don Leictreachas, i gcomhréir le hAirteagal 29(2) de Rialachán (AE) 2019/943, maidir le dréacht-reachtanna, liosta comhaltaí agus dréacht-rialacha nós imeachta an ENTSO don Ghás, i gcomhréir le hAirteagal 22(2) den [Rialachán maidir le Gás] **agus maidir leo sin a bhaineann leis an ENNOH i gcomhréir le hAirteagal 40(5) de Rialachán [Rialachán maidir le Gás]** agus maidir leo sin a bhaineann le hAirteagal 53(3) de Rialachán (AE) 2019/943 **agus Airteagal 37(4) de [Rialachán maidir le Gás].**’

2. Déanfaidh ACER faireachán ar fhorghníomhú chúraimí an ENTSO don Leictreachas i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/943, an ENTSO don Ghás i gcomhréir le hAirteagal 24 den [Rialachán maidir le Gás], **agus an ENNOH i gcomhréir le hAirteagal 24 de [Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna mholadh in COM(2021) 804] ar fhorghníomhú chúraimí an ENTSO don Ghás i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán [Rialachán maidir le Gás]** agus eintiteas AE d'OCDanna mar a leagtar amach in Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2019/943 agus Airteagal 38 de [Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna mholadh in COM(2021) 804].’

3. Féadfaidh ACER tuairim a chur ar fáil:

(a) don ENTSO don Leictreachas i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2019/943 agus don ENTSO don Ghás i gcomhréir le Airteagal 23(2) den [Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna mholadh in COM(2021) 804] agus don ENNOH i gcomhréir le hAirteagal XX de [Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna mholadh in COM(2021) 804] maidir leis na cóid ghréasáin;’

‘(b) don ENTSO don Leictreachas i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 32(2) de Rialachán (AE) 2019/943 agus don ENTSO don Ghás i gcomhréir le hAirteagal 24(2) de [Rialachán athmhúnlaithe maidir leis Gás arna mholadh in COM(2021) xxx] agus don ENNOH i gcomhréir le hAirteagal 43(2) de [Rialachán athmhúnlaithe maidir leis Gás arna mholadh in COM(2021) 804] maidir

leis an dréachtphlean forbartha uile-Aontais agus maidir le doiciméid ábhartha eile dá dtagraítear in Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2019/943 Airteagail 23(3) agus 42(1) de [Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna mholadh in COM(2021) xxx] agus cuspóirí an neamh-idirdhealaithe, na hiomaíochta éifeachtaí agus fheidhmiú éifeachtúil agus slán na margaí inmheánacha don leictreachas agus don ghás nádúrtha á gcur san áireamh;'

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4(6), 4(7) agus 4(8):

6. Comhordóidh na húdaráis rialála ábhartha d'fhonn a shainaithint go comhpháirteach an ndéanann ~~the AE-DSO entity,~~ an ENTSO don Leictreachas **, an ENTSO don Ghás, an ENNOH, eintiteas AE d'OCDanna** nó lárionaid comhordúcháin réigiúnacha a n-oibleagáidí a neamhchomhlíonadh faoi dhlí an Aontais agus gníomhóidh siad go hiomchuí i gcomhréir le hAirteagal 59(1) pointe (c) agus Airteagal 62(1) pointe (f) de Threoir (AE)2019/944 **nó le hAirteagal 72(1), pointe (e) de [Treoir Athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) 803].**

Arna iarraidh sin do cheann amháin nó níos mó de na húdaráis rialála nó ar a thionscnamh féin, déanfaidh ACER tuairim réasúnaithe mar aon le moltaí a eisiúint don ENTSO don Leictreachas, **an ENTSO don Ghás, Gréasán Eorpach na nOibreoirí Gréasáin don Hidrigin,** don eintiteas AE d'OCDanna nó do na lárionaid chomhordúcháin réigiúnacha maidir le comhlíonadh a gcuid oibleagáidí.';

'7. I gcás ina sainaithneofar cás i dtuairim réasúnaithe ó ACER ina bhféadfadh sé nár chomhlíon an ENTSO don Leictreachas, **an ENTSO don Ghás, Líonra Eorpach na nOibreoirí Gréasáin don Hidrigin,** eintiteas AE d'OCDanna nó lárionad comhordúcháin réigiúnach a gcuid oibleagáidí faoi seach, déanfaidh na húdaráis rialála lena mbaineann cinntí comhordaithe d'aon toil lena suífear neamhchomhlíonadh le hoibleagáidí ábhartha agus, i gcás inarb infheidhme, tiocfaidh siad ar chomhaontú ar na bearta a bheidh le déanamh ag an ENTSO don Leictreachas, **an ENTSO don Ghás, an ENNOH,** eintiteas AE d'OCDanna nó lárionad comhordúcháin réigiúnach chun an neamhchomhlíonadh sin a réiteach. I gcás nach n-éiríonn leis na húdaráis náisiúnta rialála cinntí comhordaithe den sórt sin a dhéanamh d'aon toil laistigh de 4 mhí ó dháta eisiúna tuairim réasúnaithe ACER, cuirfear an cás faoi bhráid ACER lena chinneadh, de bhun Airteagal 6(10).'

'8. Mura mbeidh an sárú atá déanta ag ENTSO don Leictreachas, **an ENSO don Ghás, an ENNOH,** eintiteas AE d'OCDanna nó lárionad comhordúcháin réigiúnach, a sainaithníodh de bhun mhír 6 nó 7 den Airteagal seo, leigheasta laistigh de 3 mhí, nó i gcás nach bhfuil gníomhaíocht déanta ag an údarás rialála sa Bhallstát ina bhfuil a shuíomh ag an eintiteas chun comhlíonadh a áirithiú, eiseoidh ACER moladh don údarás rialála go ndéanfaí gníomhaíocht, i gcomhréir le hAirteagal 59(1) pointe (c) agus Airteagal 62(1) pointe (f) de Threoir (AE) 2019/944**nó le hAirteagal 74(1), pointe (d) de [Treoir Athmhúnlaithe maidir le Gás in COM(2021) xxx]**, d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh an ENTSO don Leictreachas **an ENTSO don Ghás, an ENNOH,** eintiteas AE d'OCDanna nó an lár ionad comhordúcháin réigiúnach a n-oibleagáidí, agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas.';

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5(1):

1. Beidh ACER rannpháirteach i bhforbairt na gcód gréasáin i gcomhréir le hAirteagal 59 de Rialachán (AE) 2019/943 agus Airteagail **53 agus 54** ~~6~~ de

**[Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) 804]**~~Regulation (CE) No. 715/2009~~ agus i bhforbairt treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 61(6) de Rialachán (AE) 2019/943 **agus Airteagal 56(5) de [Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) 804].** Déanfaidh sé na nithe seo a leanas go háirithe:

(a) cuirfidh ACER creat-treoirlínte neamhcheangailteacha faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le Airteagal 59(4) de Rialachán (AE) 2019/943 **nó** agus Airteagail **53(4) nó 54(4)** ~~6(2)~~ de **[Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)xxx]**~~Regulation (CE) No 715/2009~~. déanfaidh ACER athbhreithniú ar na creat-treoirlínte agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin iad athuair i gcomhréir le Airteagal 59(7) de Rialachán (AE) 2019/943 agus Airteagail **53(7) nó 54(7)** ~~6(4)~~ de **[Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)xxx]**~~Regulation (CE) No 715/2009;~~

~~(b) tuairim réasúnaithe a thabhairt do ENTSO don Ghás maidir leis an gcód gréasáin i gcomhréir le hAirteagal 6(7) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009;~~

(b~~c~~) an cód gréasáin a athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 59(11) de Rialachán (AE) 2019/943 **nó** ~~agus~~ Airteagail **53(11) nó 54(11)** ~~6(9)~~ de **[Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) 804]**~~Regulation (CE) No 715/2009~~. Ina athbhreithniú, cuirfidh ACER san áireamh na tuairimí a sholáthair gach páirtí lena mbaineann agus an cód gréasáin athbhreithnithe á dhréachtú faoi stiúir ENTSO don Leictreachas, ENTSO don Ghás**, an ENNOH** nó eintiteas AE d'OCDanna, agus rachaidh sí i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha maidir leis an leagan a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin. Chun na críche sin, féadfaidh ACER, i gcás inarb iomchuí, an coiste a bunaíodh faoi na cóid ghréasáin a úsáid. Déanfaidh ACER tuarascáil don Choimisiún ar thoradh na gcomhairliúchán. Ina dhiaidh sin, cuirfidh ACER an cód gréasáin athbhreithnithe faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le Airteagal 59(11) de Rialachán (AE) 2019/943 **nó** ~~agus~~ Airteagail **53(11) nó 54(11)** ~~6(9)~~ den **[Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) 804]**~~Regulation (CE) No 715/2009~~. I gcás nár fhorbair an ENTSO don Leictreachas nó an ENTSO don Ghás**, an ENNOH** nó eintiteas AE d'OCDanna cód gréasáin, déanfaidh ACER dréachtchód gréasáin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcás ina n-iarrfar sin uirthi faoi Airteagal 59(12) de Rialachán (AE) 2019/943 nó Airteagail **53(12) nó 54(12)** ~~6(10)~~ de **[Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) 804]**~~Regulation (CE) No 715/2009~~;

(c~~d~~) tuairim chuí-réasúnaithe a thabhairt don Choimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 32(1) de Rialachán (AE) 2019/943 nó Airteagail **24(1) nó 46(2)** ~~9(1)~~ de **[Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) 804]** ~~Rialachán (CE) Uimh. 715/2009~~, i gcás nár chuir an ENTSO don Leictreachas nó an ENTSO don Ghás, an ENNOH, nó eintiteas AE d'OCDanna cód gréasáin arna mhionshaothrú ~~faoi phointe (a)~~ Airteagal 30(1), **, pointe (a)** de Rialachán (AE) 2019/943 nó Airteagail **23(1) nó 42(1), pointe (a)** ~~8(2)~~ de **[Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) 804]**~~Regulation (CE) No 715/2009~~ nó cód gréasáin a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 59(3) go (12) de Rialachán (AE) 2019/943 **nó**~~agus~~ Airteagail **53(3) go (12) nó 54(3) go (12)** ~~6(1) to (10)~~ de **[Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)804]]**~~Regulation~~

~~(CE) No 715/2009~~ ach nach bhfuil glactha ag an gCoimisiún faoi Airteagal 59(13) de Rialachán (AE) 2019/943 **nó**~~agus~~ faoi Airteagail **53(13) nó 54(13)** ~~6(11)~~ de **[Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) 804]**~~Regulation (CE) No 715/2009~~.

(d~~e~~) faireachán agus anailís a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcód gréasáin arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 59 de Rialachán (AE) 2019/943 agus Airteagail **53 agus 54** ~~6~~ de **[Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)804]**~~Regulation (CE) No 715/2009~~agus na treoirlínte arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 61 de Rialachán (AE) 2019/943 **agus Airteagal 56 de [Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)804]**, agus ar a n-éifeacht ar chomhchuibhiú na rialacha is infheidhme atá dírithe ar chomhtháthú margaidh a éascú mar aon le neamh-idirdhealú, le hiomaíocht éifeachtach agus le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh agus tabharfaidh sí tuarascáil don Choimisiún

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 6(3):

‘3. Faoin 5 Iúil 2022 agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le neamhspleáchas na n-údarás rialála, de bhun Airteagal 57(7) de Threoir (AE) 2019/944 agus ’**Airteagal 70(6) de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)803]**

(7) In Airteagal 6, cuirtear isteach na míreanna (9a), (9b), (9c) agus (9d) seo a leanas:

(9a) eiseoidh ACER moltaí chuig údaráis rialála agus oibreoirí gréasáin a bhaineann le sócmhainnbhunuithe rialáilte de bhun Airteagal 4(4) de [Rialachán maidir le Gás].

(9b) féadfaidh ACER moltaí a eisiúint chuig údaráis rialála maidir le leithdháileadh costas réitigh ar shrianta ar shreafaí trasteorann i ngeall ar dhifríochtaí cáilíochta gáis de bhun Airteagal 19(8) de [Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna mholadh in COM(2021) 804].

(9c) féadfaidh ACER moltaí a eisiúint chuig údaráis rialála maidir le leithdháileadh costas réitigh ar shrianta ar shreafaí trasteorann i ngeall ar dhifríochtaí cáilíochta hidrigine de bhun Airteagal 39(8) de [Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna mholadh in COM(2021) 804].

(9D) foilseoidh ACER tuarascálacha faireacháin ar phlódú ag pointí idirnaisc de bhun Iarscríbhinn I, roinn 2.2.1, pointe 2 de [Rialachán maidir le Gás].

(8) In Airteagal 6(10), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre, pointe (b) agus pointe (c):

‘(b) cóid ghréasáin agus treoirlínte **dá dtagraítear in Airteagal 59 go 61 de Rialachán (AE) 2019/943** arna nglacadh roimh an 4 Iúil 2019 agus athbhreithnithe ina dhiaidh sin ar na cóid ghréasáin agus na treoirlínte sin; ~~**nó**~~

‘(c) cóid ghréasáin agus treoirlínte **dá dtagraítear in Airteagal 59 go 61 de Rialachán (AE) 2019/943** arna nglacadh mar ghníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011~~.~~**; nó**

(9) In Airteagal 6(10), an chéad fhomhír, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

(d) treoirlínte de bhun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an [Rialachán maidir le Gás]; nó

(e) cóid ghréasáin agus treoirlínte dá dtagraítear in Airteagail 53 go 56 den [Rialachán maidir le Gás].

(10) In Airteagal 6(10), an dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

(a) i gcás nach n-éiríonn leis na húdaráis inniúla rialála teacht ar chomhaontú laistigh de 6 mhí tar éis an cás a tharchur chuig an údarás deiridh de na húdaráis rialála sin; nó laistigh de 4 mhí i gcásanna faoi Airteagal 4(7) den Rialachán seo nó faoi pointe (c) d'Airteagal (59)(1) nó pointe (f) d'Airteagal 62(1) de Threoir (AE) 2019/944; nó **Airteagal 72(1) pointe (e) de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)803];**

(11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír d'Airteagal 6(10):

'Féadfaidh na húdaráis rialála inniúla a iarraidh go comhpháirteach go ndéanfar an tréimhse dá dtagraítear i bpointe (a) den dara fomhír den mhír seo a fhadú go ceann tréimhse suas go 6 mhí, ach amháin i gcásanna faoi Airteagal 4(7) den Rialachán seo nó faoi pointe (c) d'Airteagal (59)(1) nó pointe (f) d'Airteagal 62(1) de Threoir (AE) 2019/944 **nó Airteagal 72(1) pointe (e) den Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh COM(2021) xxx';**

(12) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú fomhír d'Airteagal 6(10):

I gcás ina mbeidh na hinniúlachtaí chun saincheisteanna trasteorann a chinneadh dá dtagraítear sa chéad fomhír tugtha do na húdaráis rialála i gcóid ghréasáin nua nó i dtreoirlínte nua**dá dtagraítear in Airteagail 59 go 61 de Rialachán (AE) 2019/943** arna nglacadh mar ghníomhartha tarmligthe tar éis an 4 Iúil 2019, ní bheidh ACER inniúil ach ar bhonn deonach de bhun phointe (b) den dara fomhír den mhír seo, agus é sin ar iarraidh a fháil ó 60 % ar a laghad de na húdaráis rialála ábhartha. I gcás nach bhfuil baint ach ag dhá údarás inniúla leis, féadfaidh ceann amháin acu an cás a tharchur chuig ACER.';

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6(12), pointe (a):

(a) eiseoidh sé cinneadh laistigh de 6 mhí ó dháta an tarchurtha; nó laistigh de 5 mhí ó dháta an tarchurtha i gcásanna de bhun Airteagal 4(7) den Rialachán seo nó de bhun phointe (c) d'Airteagal (59)(1) nó de bhun phointe (f) d'Airteagal 62(1) de Threoir (AE) 2019/944 **nó Airteagal 72(1) pointe (e) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)803];** agus

(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14(1):

Le linn a cúraimí a chur i gcrích, go háirithe sa phróiseas a ghabhann le creat-treoirlínte a fhorbairt i gcomhréir le hAirteagal 59 de Rialachán (AE) 2019/943 nó le hAirteagail 53 agus 54 de [Rialachán athmhúnlaithe don Ghás arna moladh in COM(2021) xxx], agus sa phróiseas a ghabhann le leasuithe ar na cóid ghréasáin a mholadh faoi Airteagal 60 de Rialachán (AE) 2019/943 nó faoi Airteagal 55 de [Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx], rachaidh ACER i gcomhairle go forleathan, agus ag céim luath, le rannpháirtithe sa mhargadh, le hoibreoirí córais tarchurtha, **le hoibreoirí gréasáin hidrigine**, le tomhaltóirí, le húsáideoirí deiridh agus, i gcás inarb ábhartha, le húdaráis iomaíochta, gan dochar dá n-inniúlachtaí faoi seach, ar bhealach oscailte trédhearcach, go háirithe nuair a bhaineann a cúraimí le hoibreoirí córais tarchurtha **agus oibreoirí gréasáin hidrigine**'

(15) In Airteagal 15, cuirtear isteach mír 6 agus mír 7 mar a leanas:

‘(6) eiseoidh ACER staidéir ina ndéanfar comparáid idir éifeachtúlacht costas na n-oibreoirí córais tarchurtha san Aontas de bhun Airteagal 17(2) den [Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna mholadh in COM(2021)].’

‘(7) cuirfidh ACER tuairimí isteach lena bhforálfar maidir le formáid chomhchuibhithe le haghaidh foilsiú faisnéise teicniúla maidir le rochtain ar ghréasáin hidrigine de bhun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.’

(16) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15(1):

I ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, leis na Ballstáit agus leis na húdaráis ábhartha, lena n-áirítear na húdaráis rialála, agus gan dochar d'inniúlachtaí na n-údarás iomaíochta, déanfaidh ACER faireachán ar na margaí mórdhíola agus miondíola sa leictreachas agus sa ghás nádúrtha, go háirithe ar phraghsanna miondíola an leictreachais agus an gháis nádúrtha, ar chomhlíonadh chearta na dtomhaltóirí a leagtar síos i dTreoir (AE) 2019/944 agus sa **[Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna mholadh in COM(2021) 803]**, ar thionchar na bhforbairtí margaidh ar chustaiméirí teaghlaigh, ar rochtain ar na gréasáin lena n-áirítear rochtain ar leictreachas a tháirgtear ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, ar an dul chun cinn a dhéantar i dtaca le hidirnascairí, ar bhacainní féideartha roimh thrádáil trasteorann, **lena n-áirítear an tionchar atá ag hidrigin a chumasc sa chóras gáis nádúrtha agus ag bacainní ar an sreabhadh meatáin trasteorann**, ar bhacainní rialála d'iontrálacha nua ar an margadh agus do gníomhaithe níos lú, lena n-áirítear pobail fuinnimh do shaoránaigh, ar idirghabhálacha stáit a chuireann cosc ar phraghsanna a bheith ina léiriú ar an teirce iarbhír, amhail mar a leagtar amach in Airteagal 10(4) de Rialachán (AE) 2019/943, ar fheidhmíocht an Bhallstáit i réimse chinnteacht an tsoláthair leictreachais bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe Eorpaigh ar leordhóthanacht acmhainní dá dtagraítear in Airteagal 23 den Rialachán sin, go háirithe ag cur san áireamh an mheastóireacht *ex post* dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2019/941.’

(17) Cuirtear an fhomhír 2 seo a leanas le hAirteagal 15(1):

**‘**Déanfaidh ACER, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún na Ballstáit agus na húdaráis náisiúnta ábhartha, lena n-áirítear na húdaráis rialála, agus gan dochar d’inniúlachtaí na n-údarás iomaíochta, faireachán ar na margaí hidrigine, go hairithe ar thionchar na bhforbairtí margaidh ar chustaiméirí hidrigine, ar an rochtain ar an ngréasán hidrigine, lena n-áirítear rochtain ar an ngréasán hidrigine a tháirgtear ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, ar an dul chun cinn a dhéanfar i leith na n-idirnascairí, bacainní ar thrádáil a d’fhéadfadh a bheith ann**.’**

(18) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15(2):

‘Gach bliain, foilseoidh ACER tuarascáil ar thorthaí an fhaireacháin dá dtagraítear i mír 1. Sa tuarascáil sin, sainaithneoidh sí aon bhacainní ar chomhlánú na margaí inmheánacha don leictreachas**,** ~~agus~~ ~~natural~~ **don ghás nádúrtha** agus **don hidrigin**.’.’

*Airteagal 66*

**Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 mar a leanas:

(a) In Airteagal 2, Airteagal 3(3) agus (4), Airteagal 4(1), Airteagal 8(5), in ionad an téarma 'leictreachas' agus gás nádúrtha', cuirtear an téarma "**leictreachas, hidrigin nó gás nádúrtha**";

(b) In Airteagal 6(2), in ionad an téarma 'margaí don leictreachas agus don ghás', cuirtear an téama '**leictreachas, hidrigin agus margaí gáis náisiúnta**'.

*Airteagal 67*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/1938**

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938 mar a leanas:

(1) In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

Leis an Rialachán seo, bunaítear forálacha a bhfuil sé d'aidhm acu slándáil an tsoláthair gáis san Aontas a choimirciú trí dhea-fheidhmiú leanúnach an mhargaidh inmheánaigh i ngás nádúrtha agus i ngáis in-athnuaite agus ísealcharbóin('gás') a áirithiú, trína cheadú gur féidir bearta eisceachtúla a chur chun feidhme nuair nach féidir leis an margadh na soláthairtí gáis a bhfuil gá leo a sholáthar a thuilleadh, lena n-áirítear beart dlúthpháirtíochta a dhéanfar mar rogha dheiridh, agus trí fhoráil a dhéanamh maidir le freagrachtaí maidir le gníomhaíocht choisctheach agus maidir le freagairt a thabhairt ar shuaitheadh nithiúil soláthair gáis araon a shainiú go soiléir agus iad a leithdháileadh orthu go soiléir i measc gnóthas gáis nádúrtha, na mBallstát agus an Aontais.';

(2) In Airteagal 2, cuirtear isteach na sainmhínithe seo a leanas:

'(27) 'gás' – ciallaíonn sin gás nádúrtha mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 2 de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)xxx];'

(28) ciallaíonn 'stoc straitéiseach' gás arb iad oibreoirí córais tarchurtha a cheannaíonn, a bhainistíonn agus a stórálann é chun a bhfeidhmeanna mar oibreoirí córais tarchurtha a dhéanamh go heisiach agus chun críoch cinnteachta soláthair. Maidir le gás a stóráiltear mar chuid de stoc straitéiseach ní fhéadfar é a sheoladh ach amháin i gcás inar gá chun an córas a choinneáil ag oibriú faoi dhálaí slána inbhraite i gcomhréir le hAirteagal 35 [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)xxx] nó i gcás ina ndearbhaítear gurb ann d'éigeandáil faoi Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus nach féidir a dhíol ar aon bhealach eile ar na margaí mórdhíola oscailte;'

(29) ciallaíonn 'úsáideoir stórála' custaiméir nó duine a d'fhéadfadh a bheith ina chustaiméir ag oibreoir córais stórála.'

(3) In Airteagal 2, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'Léirmhíneofar gurb é a bheidh i dtagairtí don ghás nádúrtha tagairtí don ghás mar a shainmhínítear i bpointe (27).'

(4) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Faoin 1 Samhain 2017, déanfaidh ENTSOG ionsamhlúcháin uile-Aontais de chásanna ina bhféadfaí suaitheadh soláthair gáis agus bonneagair a bheith ann. Áiritheofar san ionsamhlúchán conairí soláthair gáis éigeandála a shainaithint agus a mheasúnú agus sainaithneofar leis freisin na Ballstáit is

féidir leo réiteach a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sainaitheanta, lena n-áirítear i ndáil le **stóráil agus** GNL. Is é ENTSOG i gcomhar le GCG a dhéanfaidh na cásanna eiseamláireacha suaitheadh soláthair gáis agus bonneagair agus an mhodheolaíocht don ionsamhlúchán a shainmhíniú. Áiritheoidh ENTSOG leibhéal iomchuí trédhearcachta agus rochtana ar na toimhdí samhaltaithe a úsáidtear ina chásanna eiseamláireacha. Déanfar an t-ionsamhlúchán uile-Aontais de chásanna eiseamláireacha suaitheadh soláthair gáis agus bonneagair a athdhéanamh gach 4 bliana mura rud é, de bharr na n-imthosca, gur gá é a dhéanamh ar bhonn is minice.'

(5) I mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

'(e) rioscaí a chur san áireamh a bhaineann le ceannas ag gnóthais gáis nádúrtha ar bhonneagar is ábhartha i dtaca le slándáil an tsoláthair gáis a mhéid a bhféadfadh, *inter alia*, rioscaí tearcinfheistíochta, lagú an éagsúlaithe, mí-úsáid an bhonneagair atá ann faoi láthair **cnapaireacht ar acmhainní stórála**, nó sárú ar dhlí an Aontais a bheith i gceist leo;'

(6) Cuirtear isteach an tAirteagal 7a nua seo a leanas:

*Airteagal 7a*

**Bearta coisctheacha agus éigeandála**

Déanfaidh na Ballstáit bearta coisctheacha agus éigeandála is iomchuí. Ní mór a chur san áireamh leis an méid sin torthaí ionsamhlúcháin uile-Aontais na gcásanna suaite dá bhforáiltear in Airteagal 7 agus ní mór dóibh a bheith oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a shainaithnítear sna measúnuithe riosca comhchoiteanna agus náisiúnta.'

(7) Aistreofar Airteagail 8(1) agus 9(3) go 9(10) ionas gurb é a bheidh iontu Airteagal 7a(2) go 71a(12).

(8) cuirtear na hAirteagail nua 7b, 7c agus 7d seo a leanas isteach:

*Airteagal 7b*

**Úsáid éifeachtúil chomhpháirteach a bhaint as bonneagair agus stóráil gáis**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbainfear úsáid ar bhealach éifeachtúil as an mbonneagar atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach , ar mhaithe leis an gcinnteacht soláthair ar bhonn éifeachtúil. Go háirithe, cumasóidh na Ballstáit an malartú gáis trasteorann agus an rochtain trasteorann ar stóráil agus ar GNL.

2. Cuimseofar sna measúnuithe riosca comhchoiteanna agus ina aon nuashonrú a dhéanfar ina dhiaidh sin anailís ar leordhóthanacht acmhainne na saoráidí stórála atá ar fáil sa réigiún, ar fheidhmiú na n-acmhainní stórála agus an méid a rannchuidíonn siad le slándáil an tsoláthair san Aontas, lena n-áirítear na rioscaí a bhaineann le rialú an bhonneagair stórála is ábhartha maidir le cinnteacht an tsoláthair gáis ag eintitis tríú tíortha. Leis an anailís sin cuirfear ról na stóras gáis i gcomparáid le bearta malartacha amhail infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh agus i mbreoslaí in-athnuaite.

3. I gcás ina dtugtar tásc leis an anailís sin sa mheasúnú riosca comhchoiteann nó in aon nuashonrú ar an measúnú sin gurb ann do riosca ar an leibhéal réigiúnach, a bhféadfadh a bheith ann riosca le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit sa

ghrúpa riosca céanna nach féidir aghaidh a thabhairt air ar bhealach eile, déanfaidh na Ballstáit ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas:

a) d'oibleagáid a chur ar úsáideoirí stórála gáis íostoirt gáis a stóráil i stóras faoi thalamh,

b) tairiscint, ceant nó sásraí coibhéiseacha lena ndreasaítear áirithintí acmhainní stórála faoina gcumhdófaí na heaspaí costais a d'fhéadfadh a bheith ann,

c) d'oibleagáid a chur ar oibreoir córais tarchurtha stoic gháis straitéiseacha a cheannach agus a bhainistiú,

d) a chur san áireamh go bhféadfaí stórais a chomhtháthú i ngréasán an oibreora córais tarchurtha i gcás ina gcuirfeadh an stóráil as d'oibríochtaí ar bhealach eile, dá gcuirfeadh stad na n-oibríochtaí sin feidhmiú slán agus iontaofa an chórais tarchurtha i mbaol.

Beidh an bearta sin faoi réir comhairliúcháin sa ghrúpa riosca ábhartha, go háirithe maidir leis an mbealach a dtugtar aghaidh leis na bearta ar na rioscaí a shainaithnítear sa mheasúnú riosca comhchoiteann.

4. Na bearta arna nglacadh de bhun Airteagal 7a agus mír 3 den Airteagal seo, beidh siad sainmhínithe go soiléir, trédhearcach, comhréireach, neamh-idirdhealaitheach agus infhíoraithe, agus ní dhéanfar saobhadh míchuí ar iomaíocht ná ar fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh sa ghás leo ná ní chuirfear slándáil sholáthar gáis Ballstát eile ná an Aontais i gcontúirt mar gheall orthu. Maidir leis hacmhainní trasteorann a leithdháiltear i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) 2017/459 ón gCoimisiún, ní chuirfear cosc ná srian orthu leis na bearta.

5. Má shainaithnítear rioscaí réigiúnacha, féachfaidh na Ballstáit atá sa ghrúpa riosca ábhartha le teacht ar chomhaontú sa ghrúpa riosca réigiúnach maidir leis na leibhéil stoic spriocdhírithe sa réigiún lena áirithiú go gcumhdófar an riosca sainaitheanta ar an gcinnteacht soláthair i gcomhréir leis an anailís chomhchoiteann ar rioscaí.

Féachfaidh na Ballstáit sa ghrúpa riosca ábhartha teacht ar chomhaontú maidir le scéimeanna maoiniúcháin comhpháirteacha na mbeart a dhéanfar de bhun mhír 3 ar bhonn an mheasúnaithe riosca chomhchoitinn. Maidir le leithdháileadh na gcostas idir na Ballstáit, beidh sé cothrom agus bunófar é ar an anailís a dhéanfar i gcomhréir le mír 2. Más rud é go ndéanfar an beart a mhaoiniú trí bhíthin tobhaigh, ní leithdháilfear an tobhach sin ar phointí idirnaisc trasteorann. Mura féidir leis na Ballstáit teacht ar chomhaontú maidir le scéimeanna maoiniúcháin comhpháirteacha, féadfaidh an Coimisiún treoir nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí a ghlacadh maidir leis na príomheilimintí atá le cur san áireamh.

6. Tiocfaidh na Ballstáit sa ghrúpa riosca ábhartha ar chomhaontú maidir le nós imeachta comhordaithe comhpháirteach i dtaca leis an ngás a stóráiltear sa stóras dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a tharraingt siar i gcás éigeandála, mar a shainmhínítear in Airteagal 11(1). Cuimseofar sa nós imeachta comhordaithe comhchoiteann an nós imeachta i gcás gás a tharraingt siar mar chuid de na gníomhartha arna gcomhordú ag an gCoimisiún i gcás éigeandála réigiúnaí nó Aontais dá dtagraítear in Airteagal 12(3).

7. Tar éis an chomhairliúcháin inmheánaigh sa ghrúpa riosca ábhartha dá dtagraítear i mír 3, rachaidh na Ballstáit i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordaithe Gáis. Cuirfidh

na Ballstáit an Grúpa Comhordaithe Gáis ar an eolas maidir leis na scéimeanna maoiniúcháin comhpháirteacha i míreanna 5 agus 6.

8. Cuirfear na torthaí a thagann as mír 3 san áireamh sna measúnuithe riosca agus, i gcás inarb infheidhme, sa phlean gnímh choiscthigh agus sa phlean éigeandála a fhreagraíonn don tréimhse i gceist.

*Airteagal 7c*

**Measúnú riosca uile-Aontais**

Mar fhoráil idirthréimhseach, laistigh de 6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialachán seo, cuirfidh na Ballstáit i gcrích na measúnaithe comhchoiteanna agus náisiúnta agus, i gcás inarb infheidhme an plean gnímh choiscthigh agus an plean éigeandála, trí bhíthin an aguisín is gá chun Airteagal 7b, míreanna 2 go 6 a chomhlíonadh. Poibleofar na pleananna nuashonraithe sin agus cuirfear in iúl don Choimisiún iad tar éis an nós imeachta in Airteagal 8(7), agus eiseoidh an Coimisiún moladh faoi na coinníollacha a shainmhínítear in Airteagal 8(8), rud a bheidh le cur san áireamh ag an údarás inniúil lena mbaineann tar éis an nós imeachta dá dtugtar tuairisc air in Airteagal 8(9).

*Airteagal 7d*

**Soláthar comhpháirteach le haghaidh stoic straitéiseacha**

1. Féadfaidh na Ballstáit sásra a bhunú le haghaidh soláthar chomhpháirteach na stoc straitéiseach ag oibreoirí córais tarchurtha mar chuid de na bearta coisctheacha chun an chinnteacht soláthair a áirithiú.

Déanfar an sásra a dhearadh i gcomhréir le dlí agus rialacha iomaíochta an Aontais agus ar bhealach inar féidir na stoic straitéiseacha a úsáid mar chuid de na gníomhaíochtaí arna gcomhordú ag an gCoimisiún i gcás éigeandála réigiúnaí nó Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 12(3).

Maidir leis na hoibreoirí córais tarchurtha uile laistigh den Aontas, beidh deis acu a bheith rannpháirteach sa sásra tar éis bhunú an tsásra.

2. Cuirfidh na Ballstáit rannpháirteacha an rún atá acu sásra den chineál sin a bhunú in iúl don Choimisiún. Cuimseofar san fhógra sin an fhaisnéis is gá chun measúnú a dhéanamh ar an gcomhlíontacht leis an Rialachán seo, amhail an toirt gáis a bheidh le ceannach, tréimhse an bhirt, na hoibreoirí córais tarchurtha a bheidh rannpháirteach, na socruithe rialachais, na nósanna imeachta oibriúcháin agus na coinníollacha maidir le gníomhachtú i gcás stádais éigeandála. Sonrófar ann chomh maith na costais agus na tairbhí ionchasacha.

3. Féadfaidh an Coimisiún tuairim a eisiúint laistigh de thréimhse 3 mhí maidir le comhlíontacht an tsásra atá beartaithe leis an Rialachán seo. Cuirfidh an Coimisiún an Grúpa Comhordaithe Gás, agus i gcás inarb iomchuí, ACER ar an eolas maidir leis an bhfógra a fuarthas. Tabharfaidh na Ballstáit rannpháirteacha an aird is mó ar fad ar an tuairim ón gCoimisiún.

*Airteagal 7e*

**Tuarascáil ar stóráil agus soláthar comhpháirteach le haghaidh stoic straitéiseacha**

Eiseoidh an Coimisiún tuarascáil 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 7b, Airteagal 7c agus Airteagal 7d agus maidir leis an taithí, tairbhí, costais agus aon bhacainní a raibh aghaidh le tabhairt orthu agus an deis úsáid a bhaint as soláthar comhpháirteach i ndáil le stoic straitéiseacha.

(9) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) scriostar mír 1;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Beidh sa phlean um ghníomhaíocht choisctheach agus sa phlean éigeandála freisin caibidil réigiúnach, nó roinnt caibidlí réigiúnacha, i gcás ina bhfuil Ballstát ina chomhalta de ghrúpaí riosca éagsúla mar a shainítear in Iarscríbhinn I iad.

Déanfaidh gach Ballstát sa ghrúpa riosca na caibidlí réigiúnacha a fhorbairt go comhpháirteach sula gcuirfear isteach sna pleananna náisiúnta faoi seach iad. Gníomhóidh an Coimisiún mar éascaitheoir chun go mbeidh na caibidlí réigiúnacha, le chéile, in ann slándáil an tsoláthair gáis a fheabhsú san Aontas, agus nach n-eascróidh aon chontrárthacht astu, agus chun aon bhac ar an gcomhar a shárú.

Beidh sna caibidlí réigiúnacha bearta iomchuí agus éifeachtacha trasteorann, lena n-áirítear i ndáil le **stórais agus** GNL, faoi réir comhaontú idir na Ballstáit sin a dhéanfaidh na bearta ón ngrúpa riosca céanna nó ó na grúpaí riosca céanna a ndéanann an beart difear dóibh a chur chun feidhme ar bhonn an ionsamhlúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(1) agus ar bhonn an mheasúnaithe riosca chomhchoitinn.';

(10) i mír 6, cuirtear an abairt seo a leanas léi:

'An rannpháirtíocht dheonach i soláthar comhpháirteach stoc straitéiseach, dá dtagraítear in Airteagal 7c, d'fhéadfaí sin a chuimsiú sa togra maidir le comhar.';

(11) Cuirtear isteach an tAirteagal 8a nua seo a leanas:

*'Airteagal 8a*

**Bearta maidir leis an gcibearshlándáil**

1. Agus na pleananna gníomhaíochta coiscthí agus na pleananna éigeandála á mbunú, déanfaidh na Ballstáit na bearta iomchuí a bhaineann leis an gcibearshlándáil a bhreithniú.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19, lena mbunaítear rialacha earnáilsonracha le haghaidh gnéithe cibearshlándála na sreafaí gáis trasteorann, lena n-áirítear rialacha maidir le ceanglais íosta chomhchoiteanna, pleanáil, faireachán, tuarascáil agus bainistiú géarchéime.

3. Chun an gníomh tarmligthe seo a fhorbairt, oibreoidh an Coimisiún i ndlúthchomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), an Ghníomhaireacht um Chibearshlándáil ENISA, Gréasán Eorpach Oibreoirí na gCóras Tarchurtha don Ghás (ENTSOG) agus líon teoranta geallsealbhóirí lena mbaineann, chomh maith le heintitis a bhfuil inniúlachtaí sa chibearshlándáil acu cheana, faoina sainordú féin, amhail lárionaid oibríochta cibearshlándála (SOCanna) is ábhartha maidir le heintitis rialáilte, agus foirne freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí (CSIRT), dá dtagraítear in

Airteagal 9 de Threoir (AE) 2022/xxx maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal coiteann cibearshlándála ar fud an Aontais'

(12) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

'(e) bearta coisctheacha eile a dhearfar chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí arna sainaithint sa mheasúnú riosca **dá dtagraítear in Airteagal 7a(1),**, amhail na cinn a bhaineann leis an ngá feabhas a chur ar na hidirnaisc idir Ballstáit chomharsanachta, chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh, **chun cnapaireacht acmhainne a chosc**, agus chun an t-éileamh ar ghás a laghdú agus an cumas bealaí gáis agus foinsí soláthair gáis a éagsúlú, mar aon le húsáid réigiúnach na n-acmhainní stórála agus GNL atá ann cheana, más iomchuí, chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bheidh sainaitheanta ionas go ndéanfar an soláthar gáis a choimeád ar bun do gach custaiméir a mhéid is féidir;';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (k):

' (k) faisnéis faoi na hoibleagáidí seirbhíse poiblí go léir a bhaineann le slándáil an tsoláthair gáis, **lena n-áirítear oibleagáidí maidir le hacmhainn stórála agus stoic straitéiseacha**;';.

(iii) cuirtear an pointe (1) seo a leanas leis:

'(1) faisnéis ar bhearta a bhaineann leis an gcibearshlándáil, dá dtagraítear in Airteagal 8a.';

(13) In Airteagal 12(3) cuirtear isteach an pointe (d) seo a leanas:

'(d) na gníomhaíochtaí a chomhordú maidir le soláthar comhpháirteach stoc straitéiseach, dá dtagraítear in Airteagal 7c';

(14) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3, 4 agus 5:

'3. Is é a bheidh i mbeart dlúthpháirtíochta **beart rogha deiridh** nach mbeidh feidhm aige ach amháin i gcás ina bhfuil déanta ag an mBallstát a dhéanann iarraidh:

(a) stádas éigeandála a dhearbhú faoi Airteagal 11;

(b) ní raibh sé in ann an t-easnamh sa soláthar gáis dá gcustaiméirí atá faoi chosaint leis an dlúthpháirtíocht a chumhdach in ainneoin chur i bhfeidhm an bhirt dá dtagraítear in Airteagal 11(3);

(c) na bearta margadhbhunaithe('bearta deonacha') ar fad, na bearta neamh-mhargadhbhunaithe ar fad ('bearta éigeantacha') agus bearta eile atá ina phlean éigeandála a bheith ídithe aige;

(d) thug sé fógra faoi iarraidh shainráite don Choimisiún agus d'údaráis inniúla na mBallstát go léir lena mbaineann lena bhfuil nasc aige go díreach nó, de bhun mhír 2, trí thríú tír, agus tuairisc ar na bearta a cuireadh chun feidhme dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo in éineacht leis an iarraidh**agus tríd an tiomantas sainráite** cúiteamh cothrom pras a íoc leis an mBallstát a thugann dlúthpháirtíocht i gcomhréir le mír 8.

4. Déanfaidh na Ballstáit **a fhaigheann iarraidh ar bheart dlúthpháirtíochta** tairiscintí den sórt sin ar bhonn bearta deonacha atá dírithe ar an éileamh, a mhéid agus a fhad is féidir, roimh dhul i muinín bearta nach bhfuil margadhbhunaithe.

I gcás nach leor na bearta margadhbhunaithe don Bhallstát a sholáthraíonn an dlúthpháirtíocht chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh sa soláthar gáis do chustaiméirí atá faoi chosaint leis an dlúthpháirtíocht sa Bhallstát iarrthach, féadfaidh an Ballstát a sholáthraíonn an dlúthpháirtíocht bearta nach bhfuil margadhbhunaithe a thabhairt isteach d'fhonn na hoibleagáidí a leagtar síos i mír 1 agus i mír 2 a chomhlíonadh.

5. Má tá níos mó ná Ballstát amháin ann a d'fhéadfadh an dlúthpháirtíocht a sholáthar do Bhallstát iarrthach, déanfaidh an Ballstát iarrthach an tairiscint is buntáistí a lorg ar bhonn chostais, luas seachadta, iontaofacht, agus éagsúlú na soláthairtí gáis, tar éis dó dul i gcomhairle le gach Ballstát a gceanglaítear air an dlúthpháirtíocht a sholáthar. **Mura leordhóthanach na tairiscintí margadhbhunaithe atá ar fáil chun an t-easnamh sa soláthair gáis do na custaiméirí a chosnaítear le dlúthpháirtíocht sa Bhallstát iarrthach a chumhdach, beidh d'oibleagáid ar na Ballstáit, a bhfuil ceanglas orthu dlúthpháirtíocht a sholáthar, bearta neamh-mhargadhbhunaithe a ghníomhachtú.**'

(b) I mír 10, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'I gcás ina ndéantar foráil maidir le beart dlúthpháirtíochta i gcomhréir le míreanna 1 agus 2, beidh an méid cúitimh deiridh a íocadh leis an mBallstát iarrthach faoi réir rialú *ex-post* ag an Údarás Rialála agus/nó ag Údarás Iomaíochta an Ballstáit is soláthraí laistigh de 3 mhí ón dáta a bheidh deireadh leis an éigeandáil. Rachfar i gcomhairle leis an mBallstát iarrthach agus tabharfaidh sé a thuairim ar thabhairt i gcrích an rialaithe *ex-post*. Tar éis an Chomhairliúcháin leis an mBallstát Iarrthach tá an t-údarás a dhéanann an rialú *ex-post* sin i dteideal ceartú ar mhéid an chúitimh a cheangal, agus tuairim an Bhallstáit Iarrthaigh á tabhairt san áireamh. Déanfar conclúidí an rialaithe *ex-post*sin a tharchur chuig an gCoimisiún Eorpach, a chuirfidh san áireamh iad ina thuarascáil ar an éigeandáil de bhun Airteagal 14(3).';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 14:

'14. Ní dhéanfar difear d'infheidhmeacht an Airteagail seo mura dtagann na Ballstáit ar chomhaontú faoina gcuid socruithe teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais nó mura gcuireann siad bailchríoch ar na socruithe sin. I gcas den sórt sin, **i gcás inar gá beart dlúthpháirtíochta chun an soláthar gáis chuig custaiméirí a chosnaítear leis an dlúthpháirtíocht a ráthú, beidh feidhm, trí réamhshocrú, ag na socruithe atá in Iarscríbhinn IX (nua) maidir leis an iarraidh agus soláthar an gháis ábhartha.**';

(15) In Airteagal 14(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

Tar éis éigeandála, déanfaidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 1, a luaithe is féidir agus, ar a dhéanaí, 6 seachtaine tar éis deireadh a bheith curtha leis an éigeandáil, measúnú mionsonraithe a sholáthar don Choimisiún gan mhoill ar an éigeandáil agus ar éifeachtacht na mbeart a cuireadh chun feidhme, lena n-áirítear measúnú ar an tionchar eacnamaíoch a bhí ag an éigeandáil, ar an tionchar ar earnáil an leictreachais agus ar an gcúnamh a soláthraíodh don Aontas agus dá Bhallstát nó a fuarthas uathu. **I gcás inarb ábhartha, cuimseofar leis an measúnú tuairisc**

**mhionsonraithe ar na tosca arbh iad ba chúis leis an sásra in Airteagal 13 a ghníomhachtú agus na coinníollacha faoina bhfuarthas na soláthairtí gáis a bhí in easnamh, lena n-áirítear an praghas agus an cúiteamh airgeadais a íocadh agus – i gás inarb ábhartha – na cúiseanna nár glacadh le tairiscintí dlúthpháirtíochta agus/nó nach ndearnadh gás a sholáthar.** Cuirfear an measúnú sin ar fáil do GCG agus léireofar é sna nuashonruithe ar na pleananna um ghníomhaíocht choisctheach agus ar na pleananna éigeandála.'

(16) Leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de mhír 2:

Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(8), in Airteagal 7(5) agus in Airteagal 8(5) **agus Airteagal 8a(2)** a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ó [dháta glactha na leasuithe].';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de mhír 3:

'3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 3(8), 7(5), 8(5) **agus Airteagal 8a(2)** a chúlghairm aon tráth.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de mhír 6:

'6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 3(8), Airteagal 7(5), Airteagal 8(5) **agus Airteagal 8a(2) (cibearshlándáil)** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle faoi cheann 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, gur chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach ndéanfadh siad aon agóid.';

(17) Leasaítear Iarscríbhinn VI mar a leanas:

(a) i roinn 5(a) , an dara fomhír, cuirtear isteach an fleasc seo a leanas tar éis an dara fleasc 'bearta chun bealaí gáis agus foinsí soláthair a éagsúlú,'

'- Bearta chun bac a chur le cnapaireacht acmhainne,';

(b) i roinn 11.3, pointe (a) , an dara fomhír, cuirtear isteach an fleasc seo a leanas tar éis an dara fleasc 'Bearta chun bealaí gáis agus foinsí soláthair a éagsúlú,';

'- Bearta chun bac a chur le cnapaireacht acmhainne,';

(18) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo le Rialachán (AE) Uimh. 2017/1938 mar Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin.

---

↓ 715/2009 (oiriúnaithe)

*Airteagal 68~~31~~*

**Aisghairm**

Déanfar Rialachán (CE) Uimh. ⌦ 715/2009 ⌫~~1775/2005 shall be~~ a aisghairm ~~from 3 Márta 2011~~. Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 69~~32~~*

**Teacht i bhfeidhm**

---

↓Ceartúchán, IO L 229, 1.9.2009, lch. 29 (oiriúnaithe)
⇨ nua

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an ~~20th~~ ⌦ fichiú ⌫ lá tar éis ⌦ lá ⌫ a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón ⇨ 1 Eanáir 2023 ⇦ ~~3 Márta 2011~~..

---

↓ 715/2009

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

### 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

### 1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

### 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus*

*measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

### 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thriú páirtithe*

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH ‘GNÍOMHAIREACHTAÍ’

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh na margaí inmheánacha i ngáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus sa hidrigin (athmhúnlú)<br><br>Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na margaí inmheánacha i ngáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus sa hidrigin (athmhúnlú) |

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

| |
|---|
| An réimse beartais: Fuinneamh<br><br>Gníomhaíocht: An Comhaontú Glas don Eoraip |

### 1.3. Baineann an togra le

**X beart nua**

**☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[21]**

**☐ síneadh ar bheart atá ann cheana**

**☐ beart nó bearta a chumasc i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

| |
|---|
| Leagtar síos sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus sa Dlí Aeráide Eorpach sprioc an Aontais an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar bhealach lena rannchuideofar le hiomaíochas, fás, agus fostaíocht san Eoraip. Meastar go mbeidh an sciar den mhargadh ag fuinnimh in-athnuaite idir 38 % agus 40 % mar thoradh ar an sprioc chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 %. Leanfaidh breoslaí gáis de bheith ina sciar tábhachtach den mheascán fuinnimh faoi 2050, rud a fhágann gur gá an earnáil gháis a dhícharbónú trí dhearadh réamhbhreathnaitheach ionas go mbeidh margaí gáis dícharbónaithe iomaíocha ann. Tá an tionscnamh seo mar chuid den phacáiste ‘Oiriúnach do 55’ Cuimsíonn sé an dearadh margaidh gás, hidrigin san áireamh. Cé nach mbainfear amach an dícharbónú leis an tionscnamh seo amháin, bainfear na bacainní rialála atá ann cheana agus réiteoidh sé an bealach chun sin a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach. |

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

| |
|---|
| Tá na cuspóirí sonracha seo a leanas dírithe ar na cuspóirí sin a dtugtar aghaidh orthu leis na forálacha lena éilítear acmhainní breise do ACER agus d’Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh.<br><br><u>Cuspóir sonrach Uimh. 1:</u> |

[21] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Creat rialála a chruthú le haghaidh fhorbairt mhargadhbhunaithe na hearnála hidrigine agus na ngréasán hidrigine.

Cuspóir sonrach Uimh. 2:

Feabhas a chur ar dhálaí trádála trasteorann sa ghás nádúrtha, agus ról méadaitheach na ngás in-athnuaite agus ísealcharbóin á gcur san áireamh, mar aon le cearta breise le haghaidh tomhaltóirí.

Cuspóir sonrach Uimh. 3:

A áirithiú go bhfuil eintitis uile-Eorpacha oibreoirí gréasán i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais.

1.4.3. *An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Leis na hacmhainní breise sin, beidh ACER agus Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh in ann na cúraimí is gá a chomhlíonadh chun a sainordú a chomhlíonadh faoi reachtaíocht an Aontais de réir na gceanglas atá sa togra seo.

1.4.4. *Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Cuspóir sonrach Uimh. 1:

Bonneagar hidrigine a fhorbairt agus a úsáid go comhpháirteach an bhonneagair sin ag rannpháirtithe éagsúla sa mhargadh.

Cuspóir sonrach Uimh. 2:

Leibhéal trádála agus rochtana na ngás in-athnuaite agus ísealcharbóin ar mhargaí (e.g. toirteanna agus líon trádálaithe, rátaí úsáide críochfort GNL agus toirteanna na ngás sin a fhaightear).

Cuspóir sonrach Uimh. 3:

Bunú tráthúil Líonra Eorpach na nOibreoirí Gréasáin Hidrigine agus oibreoirí córais dáileacháin gáis nádúrtha a chuimsiú go tráthúil in eintiteas an Aontais d’oibreoirí córais dáileacháin.

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Cuirtear san áireamh sa mheasúnú seo a leanas, a mhéid a bhaineann sé le ACER, na meastacháin ar na riachtanais acmhainní le haghaidh na gcúraimí atá ann faoi láthair, meastacháin atá sa staidéar a rinne comhairleoir neamhspleách le déanaí chun an gá atá le

hacmhainní le haghaidh cúraimí comhchosúla is cúraimí breise iad a dhéanamh, agus iad coigeartaithe chun rómheastachán a sheachaint. Maidir leis an líon coibhéisí lánaimseartha a luaitear le haghaidh cúraimí atá ann cheana féin, is meastacháin shlánaithe é ar na baill foirne is gá in 2023, ach rinneadh laghdú 20 % uilechoiteann ar an líon sin chun an rómheastachán ba mhinic a bheith ag baint leis an modheolaíocht a chuir an sainchomhairleoir i bhfeidhm a chur san áireamh, rómheastachán a mhínítear i dTuairim C(2021)7024 ón gCoimisiún an 5.10.2021 'maidir le dréachtdoiciméad clársceidealaithe Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh don tréimhse 2022-2024 agus maidir le leordhóthanacht na n-acmhainní airgeadais agus daonna atá ar fáil do ACER. Tá meastachán níos coimeádaí sa tsuirbhé seo ar an bhfórsa saothair is gá ná an meastachán a rinne an sainchomhairleoir.

Cé go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar na toirteanna gáis nádúrtha a sholáthraítear do chustaiméirí an Aontais, ní bheidh laghdú ar ualach oibre na gcúraimí atá ar ACER faoi láthair dá bharr sin san am atá amach romhainn: Mar shampla, leantar de chóid gréasáin gáis nádúrtha a chur chun feidhme gan beann ar na toirteanna atá á n-iompar ag an ngréasán. Tiocfaidh méadú ar an gcastacht fiú, ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar an ról atá ag cumasc gás ísealcharbóin. Ina theannta sin, le gréasán agus margadh le haghaidh hidrigine íon, cuirfear rialáil earnála nua le liosta cúraimí ACER.

<u>Cuspóir sonrach Uimh. 1: Creat rialála a chruthú le haghaidh fhorbairt mhargadhbhunaithe na hearnála hidrigine agus na ngréasán hidrigine</u>

- Maidir le leictreachas agus gás nádúrtha, is gá rialacha níos mionsonraithe i bhfoirm **cóid ghréasáin nó treoirlínte** chun earnáil hidrigine margadhbhunaithe a fhorbairt. Áirítear sa togra 9 gcumhachtú chun cóid ghréasáin nua nó treoirlínte a bhaineann le hidrigin a ghlacadh i bhfoirm Rialachán ón gCoimisiún.

  Faoi láthair tá 6 chód gréasáin nó treoirlínte glactha mar Rialacháin ón gCoimisiún faoi Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ón gCoimisiún maidir le Gás nó áirítear iad mar iarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo. Mheas an sainchomhairleoir go dteastaíonn 7 gcoibhéis lánaimseartha ó ACER chun na cúraimí sin a chur chun feidhme. Is féidir an taithí a fuarthas i bhforbairt agus i gcur chun feidhme na gcód gréasáin agus na dtreoirlínte maidir le gás nádúrtha a úsáid agus cóid ghréasáin agus treoirlínte comhchosúla maidir le hidrigin á bhforbairt (e.g. leithdháileadh acmhainne, idir-inoibritheacht).

  Meastar, dá bhrí sin, go bhfuil gá le 5 choibhéis lánaimseartha chun na cóid ghréasáin agus na treoirlínte nua a bhaineann le hidrigin a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina dhiaidh sin. Mar gheall ar fhorbairt chéimnitheach na hearnála hidrigine, ba cheart na coibhéisí lánaimseartha breise a thabhairt isteach de réir a chéile: 1 choibhéis lánaimseartha in aghaidh na bliana ó 2023 amach.

- Déanfaidh ACER cinntí freisin **maidir le costais a dháileadh le haghaidh bonneagar nua trasteorann hidrigine agus maidir le réitigh chun deireadh a chur le srianta de bharr cáilíocht éagsúil hidrigine nó gáis eile**. Mheas an sainchomhairleoir maidir le cinneadh ACER i dtaca le leithdháileadh costas trasteorann faoi Rialachán 347/2013 TEN-E, más rud é nach féidir le húdaráis rialála na mBallstát teacht ar chomhaontú, go mheas sé go bhfuil gá le tuairim agus 3 choibhéis lánaimseartha ar feadh 6 mhí agus más rud é go ndéantar achomharc in aghaidh cinnidh go bhfuil gá le tuilleadh acmhainní daonna. Má ghlactar cinneadh uair gach re bliain, beidh gá le 1 choibhéis lánaimseartha bhreise ag tráth nuair is dócha go gcuirfear an chumhacht chinnidh sin i ngníomh (i.e. 2026) mar gheall ar thábhacht mhéadaitheach na hidrigine agus gás eile seachas gás nádúrtha.

- Tá an **4ú himleabhar** (i dteannta le ceann maidir le mórdhíol leictreachais, mórdhíol gáis nádúrtha agus miondíol/tomhaltóirí) maidir le hidrigin le cur leis an **Tuarascáil Faireacháin ar an Margadh** ó ACER, rud a leathnóidh raon feidhme ghníomhaíochtaí ACER chun faireachán a dhéanamh ar an margadh. Faoi láthair, tá 7-8 gcoibhéis lánaimseartha ag obair ar na trí imleabhar sin atá ann cheana. Ós rud é go mbeidh an hidrigin ina réimse nua le haghaidh ACER, réimse nach mór saineolas inmheánach a chur uirthi, meastar go mbeidh gá le 1 choibhéis lánaimseartha bhreise nuair a thiocfaidh na tograí i bhfeidhm agus 1 choibhéis lánaimseartha bhreise eile a luaithe a mheastar go dtiocfaidh forbairt ar an earnáil hidrigine mar mhargadh uile-Eorpach (i.e. thart ar 2027).
- I bhfianaise thábhacht mhéadaitheach na hidrigine agus gás eile seachas gás iontaise, **ní mór raon feidhme REMIT a leathnú**. Beidh gá le 5 choibhéis lánaimseartha bhreise san iomlán chun sin a dhéanamh, 2 choibhéis lánaimseartha ó 2024 ar aghaidh agus 3 choibhéis lánaimseartha bhreise a luaithe a thosóidh margadh hidrigine ag forbairt, dá bhrí sin ó 2027 ar aghaidh. Beidh na 5 choibhéis lánaimseartha sin incháilithe le haghaidh cistiú le táillí.

Cuspóir sonrach Uimh. 2: Feabhas a chur ar dhálaí trádála trasteorann sa ghás nádúrtha, agus ról méadaitheach na ngás in-athnuaite agus ísealcharbóin á gcur san áireamh, mar aon le cearta breise le haghaidh tomhaltóirí.

- Beartaítear Rialachán nua ón gCoimisiún maidir leis an g**cibearshlándáil**, a bheidh coibhéiseach leis an rialachán le haghaidh earnáil an leictreachais. I gcomhréir leis an taithí foirne is gá do ACER, 1 choibhéis lánaimseartha in aghaidh an chóid gréasáin nó na treoirlíne, ar an meán, beidh gá le 1 choibhéis lánaimseartha bhreise le haghaidh na cibearshlándála ó theacht i bhfeidhm an togra.
- Tabharfar isteach foráil nua lena gceanglófar ar oibreoirí gréasáin boinn sócmhainní rialáilte a bheith acu le haghaidh gás nádúrtha, hidrigine agus/nó gréasáin leictreachais chun tras-fhóirdheonú a sheachaint. Cuirfear de chúram ar ACER **moltaí a eisiúint d’oibreoirí gréasáin agus d’údaráis rialála na mBallstát maidir le luach na sócmhainní a chinneadh agus na muirir ar úsáideoirí gréasáin a ríomh** agus iad a thabhairt cothrom le dáta gach re bliain. Ina theannta sin, cuirfear de chúram ar ACER **staidéar a fhoilsiú gach 4 bliana ina ndéanfar comparáid idir éifeachtúlacht chostais oibreoirí córais tarchurtha an Aontais.** Maidir leis an tuarascáil dea-chleachtais atá ann faoi láthair i dtaca le taraifí tarchurtha agus dáileacháin de bhun Airteagal 18(9) de Rialachán 2019/943 maidir le Leictreachas, mheas an comhairleoir go raibh gá le 0.4 coibhéis lánaimseartha in aghaidh na bliana, méid is mó ná i gcás na tuarascála atá ann faoi láthair maidir le plódú ag pointí idirnaisc gáis. Leis an togra laghdaítear minicíocht na tuarascála maidir le plódú ag pointí idirnaisc gáis ó thuarascáil bliain go bliain i bprionsabal, go tuarascáil gach re bhliain. Dá bhrí sin, ba cheart gur leor 0.5 coibhéis lánaimseartha breise ó 2024 ar aghaidh chun an dá chúram tuairiscithe nua a chumhdach.
- Leis an togra seo atá ar aon dul leis na forálacha i dTreoir (AE) 2019/944 maidir le Leictreachas, neartófar na forálacha le **tomhaltóirí gáis** chomh maith. Ba cheart na forálacha sin a mheaitseáil le cumas ACER faireachán a dhéanamh ar chearta tomhaltóirí agus ar mhargaí miondíola agus, dá bhrí sin, ba cheart foireann ACER atá ag obair ar a Thuarascáil bhliantúil maidir le Faireachán ar an Margadh a threisiú le 0.5 coibhéis lánaimseartha ón tráth sin amach nuair a bheidh ar na Ballstáit na forálacha sin a thrasuí (i.e. 2024).

Cuspóir sonrach Uimh. 3: A áirithiú go bhfuil eintitis uile-Eorpacha oibreoirí gréasán i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais.

- Leis an togra, feabhsaítear an mhaoirseacht a dhéantar ar an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Gáis (agus é ar aon dul leis an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tharchurtha Leictreachais), leathnaítear raon feidhme an eintitis AE do OCDanna chun oibreoirí córais dáileacháin gáis nádúrtha a chumhdach agus cruthaítear Líonra Eorpach nua d'Oibreoirí Gréasáin Hidrigine.

  Mar thoradh ar an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Gréasán Hidrigine a bhunú agus leathnú raon feidhme an eintitis AE do OCDanna, cruthaítear buaicualach oibre do ACER sa chéad bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an togra, agus ina dhiaidh sin na cúraimí faireacháin rialta, mar aon le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin is féidir a dhéanamh, ach is an-annamh a dhéantar iad. Ba cheart gur leor 1 choibhéis lánaimseartha, duine a bheidh ag obair freisin, tar éis na chéad bhliana, ar an bpríomhchúram faireacháin ar an Líonra Eorpach nua d'Oibreoirí Gréasáin Hidrigine: an measúnú ar an bplean nua forbartha gréasáin uile-Aontais.

Ní chuimsítear forchostas sna coibhéisí lánaimseartha breise sin mar a thuairiscítear thuas. Agus cóimheas forchostais thart ar 25 % (cóimheas níos lú ná mar atá ann faoi láthair) á chur i bhfeidhm, tá gá le 5 choibhéis lánaimseartha bhreise. Léiríodh amhras sna Tuairimí ón gCoimisiún roimhe seo maidir le Doiciméid Chlársceidealaithe ACER nach n-áirítear forálacha i bplean bunaíochta ACER maidir le baill foirne i mbun cúraimí cléireachais nó rúnaíochta agus, go deimhin, léiríodh go bhfuil ACER ag brath ar bhaill foirne eatramhacha chun cúraimí den sórt sin a dhéanamh. Ba cheart na coibhéisí lánaimseartha sin a bheith ina Rúnaithe/Cléirigh chun an scéal sin a leigheas, gan ualach breise ar bhuiséad an Aontais, ós rud é go ngabhfadh siad ionad na foirne eatramhaí.

As an 21 choibhéis lánaimseartha sin, bheadh suas le 7 gcinn acu incháilithe le haghaidh cistiú trí tháillí, (2 TA AD, 3 CA FG IV agus 2 TA AST/SC mar thacaíocht rúnaíochta do cheannairí an dá roinn REMIT).

Cé gur laistigh de ACER a bheidh an chuid is mó den ualach breise oibre a bheidh ar chomhlachtaí an Aontais, cuirfear le hualach oibre Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh mar thoradh ar earnáil hidrigine mhéadaitheach a bheidh ag forbairt de réir a chéile ina margadh uile-Eorpach chomh maith le castacht mhéadaithe an ghréasáin agus an mhargaidh sa ghás nádúrtha mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar an soláthar gás eile nach gáis iontaise iad. Is é meastachán coimeádach go bhfuil gá le 1 choibhéis lánaimseartha bhreise chun cur chun feidhme cuí na bhforálacha neartaithe maidir le cosaint tomhaltóirí a áirithiú. Maidir le cúrsaí mórdhíola, oibríonn 8 gcoibhéis lánaimseartha faoi láthair ar mhargaí gás (lena n-áirítear pleanáil an ghréasáin agus cáilíocht an gháis) Le rialacha a bhaineann le hidrigin a thabhairt isteach agus castacht mhéadaitheach na hearnála sa ghás nádúrtha, ní mór an lucht saothair a mhéadú faoi fhachtóir 1.5, agus dá bhrí sin is gá 4 choibhéis lánaimseartha bhreise, agus an méadú sin céimnithe sna blianta amach romhainn i gcomhréir le forbairt na hearnála hidrigine agus sciar méadaitheach na ngás eile nach gáis iontaise iad den mhargadh.

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Faoi láthair, níl aon rialacha ar leibhéal an Aontais lena rialaítear gréasáin ná margaí atá dírithe ar an hidrigin. I bhfianaise na n-iarrachtaí reatha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun úsáid hidrigine in-athnuaite a chur chun cinn in ionad breoslaí iontaise, thabharfaí dreasachtaí do na Ballstáit chun rialacha a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta maidir le bonneagar tiomnaithe don hidrigin a iompar. Fágann sé sin go bhfuil an baol ann go mbeidh creat rialála ilroinnte ann ar fud an Aontais, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar chomhtháthú na ngréasán agus na margaí náisiúnta hidrigine, rud a chuirfeadh cosc nó bac ar thrádáil trasteorann sa hidrigin.

Dá ndéanfaí na rialacha maidir le bonneagar hidrigine a chomhchuibhiú ag céim níos faide anonn (i.e. tar éis reachtaíocht náisiúnta a bheith curtha i bhfeidhm) bheadh ualaí riaracháin méadaithe ar na Ballstáit agus bheadh costais agus éiginnteacht rialála níos airde ann do chuideachtaí, go háirithe i gcás ina bhfuil infheistíochtaí fadtéarmacha i dtáirgeadh hidrigine agus i mbonneagar iompair i gceist.

Ach creat rialála a fhorbairt ar leibhéal an Aontais le haghaidh gréasáin agus margaí tiomanta don hidrigin, chothófaí comhtháthú agus idirnascadh na margaí agus na ngréasán náisiúnta hidrigine. Le rialacha ar leibhéal an Aontais maidir le pleanáil, maoiniú agus oibriú na ngréasán tiomnaithe don hidrigin sin chruthófaí intuarthacht fhadtéarmach d'infheisteoirí féideartha sa chineál sin bonneagair fhadtéarmaigh, go háirithe le haghaidh idirnaisc trasteorann (ach ab ea na rialacha sin, d'fhéadfadh siad a bheith faoi réir dlíthe náisiúnta éagsúla a d'fhéadfadh a bheith éagsúil lena chéile).

Maidir le bithmheatán, gan tionscnamh ar leibhéal an Aontais, is dócha go mbeadh éagsúlacht rialála fós ann faoi 2030 maidir le rochtain ar mhargaí mórdhíola, na hoibleagáidí maidir le nascthacht agus bearta comhordaithe OCT-OCD Ar an gcaoi chéanna, gan comhchuibhiú áirithe ar leibhéal an Aontais, beidh costais a bhaineann le naisc agus instealladh an-éagsúil ar tháirgeoirí gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin ar fud an Aontais, rud a fhágfaidh nach mbeidh cothrom iomaíochta ann.

Gan tuilleadh reachtaíochta ar leibhéal an Aontais, leanfadh na Ballstáit de chaighdeáin éagsúla maidir le cáilíocht an gháis agus rialacha éagsúla maidir le leibhéil chumaisc hidrigine a chur i bhfeidhm, agus dá bharr sin bheadh baol ann maidir le srianta ar an sreabhadh trasteorann agus deighilt an mhargaidh. Leanfadh caighdeán cáilíochta an an gháis de bheith á sainiú de réir pharaiméadair cháilíochta an gháis nádúrtha, rud a chuirfeadh teorann le comhtháthú na ngás in-athnuaite sa ghréasán.

Is dócha go laghdóidh na gnéithe sin uile an trádáil trasteorann sna gáis in-athnuaite, rud a d'fhéadfaí a chúiteamh le hallmhairí gáis iontaise níos mó. D'fhéadfadh sé go leanfaidh úsáid na gcríochfort GNL agus na n-allmhairí de bheith srianta do ghás iontaise, ina ainneoin sin, ní bheadh gá le críochfoirt GNL a oiriúnú i gcás ina bhfuil bithmheatán nó meatán sintéiseach ar fáil go hiomaíoch ó fhoinsí nach foinsí de chuid an Aontais iad.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Is léir ón taithí a fuarthas ar thograí reachtacha roimhe seo go bhfuil sé éasca riachtanais foirne ACER a mheas faoin méid is gá. Is fíor sin go háirithe má áirítear sa reachtaíocht forálacha cumhachtaithe chun rialacha teicniúla níos mionsonraithe a ghlacadh amhail na cóid ghréasáin agus na treoirlínte faoin Rialachán maidir le Leictreachas (AE) 2019/943. D'fhonn leithéid an mhéid a tharla i gcás an tríú pacáiste don mhargadh inmheánach in 2009 a sheachaint feasta, nuair a rinneadh réamh-mheastachán foirne faoi bhun an mhéid ba ghá, rud a d'fhág easpa foirne struchtúraí (rud nár réitíodh go cuimsitheach go dtí thús bhuiséad an Aontais Eorpaigh do 2022), déantar na riachtanais foirne don togra seo a réamh-mheas go ceann roinnt blianta amach anseo agus cuirfear san áireamh ann forbairtí a d'fhéadfadh tarlú amach anseo amhail úsáid cumhachtuithe.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Áirítear an tionscnamh seo i gclár oibre an Choimisiúin do 2021 (COM(2020) 690 final) mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip agus an pacáiste 'Oiriúnach do 55' agus rannchuideoidh sé leis na spriocanna maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le 1990 mar a leagtar amach sa Rialachán maidir leis an Dlí Aeráide Eorpach agus le cuspóir an Aontais aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Tá gá leis na coibhéisí lánaimseartha le haghaidh cúraimí nua ós rud é nach laghdófar ar na cúraimí atá ann faoi láthair san am atá amach romhainn: forbrófar earnáil hidrigine go comhthreomhar leis an gcóras gáis a leanfar de a úsáid, agus éireoidh an córas gáis níos casta fós de bharr úsáid mhéadaitheach na bhfoinsí meatáin eile seachas gás iontaise. Dá bhrí sin, ní réiteofar na riachtanais foirne breise le foirne a athshannadh.

A mhéid is féidir de réir an dlí, déanfar coibhéisí lánaimseartha breise a chistiú tríd an scéim táille atá ann cheana féin le haghaidh chúraimí ACER faoi REMIT.

1.6. **Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ Beidh an togra/tionscnamh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

**X tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. **Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[22]

**X Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún trí

– ☐ na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

**X Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

**X** comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71;

☐ comhlachtaí dlí poiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus a chuireann ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Nótaí

| |
|---|
| |

[22] Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

De réir rialáil airgeadais ACER, ní mór do ACER Clár Oibre bliantúil a sholáthar i gcomhthéacs a Dhoiciméid Chlársceidealaithe, lena n-áirítear sonraí maidir le hacmhainní, idir acmhainní daoine agus acmhainní airgeadais, de réir gach gníomhaíocht a dhéantar.

Tugann ACER tuairisc mhíosúil do AS ENER faoi chur chun feidhme an bhuiséid, lena n-áirítear gealltanais, agus íocaíochtaí de réir teideal buiséid, agus rátaí folúntas de réir na gcineál foirne.

Ina theannta sin, déantar ionadaíocht ar AS ENER go díreach i gcomhlachtaí rialachais ACER. Trí ionadaithe AS ENER ar an mBord Riaracháin, cuirfear AS ENER ar an eolas faoi úsáid an bhuiséid agus faoin bplean bunaíochta ag gach cruinniú i gcaitheamh na bliana.

Ar deireadh, agus i gcomhréir leis na rialacha airgeadais, tá ACER faoi réir ceanglais bhliantúla maidir le tuairisciú ar ghníomhaíochtaí agus úsáid acmhainní tríd an mBord Riaracháin agus tríd an Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí.

Maidir leis an cúraimí a dhéanfar AS ENER go díreach, leanfaidh siad timthriall bliantúil na pleanála agus an fhaireacháin, arna chur chun feidhme sa Choimisiún agus sna gníomhaireachtaí feidhmiúcháin, lena n-áirítear na torthaí a thuairisciú trí Thuarascáil Bhliantúil AS ENER ar Gníomhaireachtaí.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Cé go mbeidh ar ACER saineolas nua a fhorbairt, tá sé níos costéifeachtaí, mar sin féin, na cúraimí nua faoin togra seo a leithdháileadh ar ghníomhaireacht atá ann cheana agus atá ag obair cheana féin ar chúraimí comhchosúla.

Bhunaigh AS ENER straitéis rialaithe chun a chaidreamh le ACER a bhainistiú, mar chuid de Chreat Rialaithe Inmheánaigh 2017 an Choimisiúin. Rinne ACER athbhreithniú ar a Chreat Rialaithe Inmheánaigh féin agus ghlac sé i mí na Nollag 2018.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Is é an príomhriosca na meastacháin chontráilte maidir leis an ualach oibre a chruthaítear leis an togra seo, ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an togra creat rialála éascaitheora *ex ante* a sholáthar seachas ceann *ex-post* a sholáthar tar éis cuir chuige náisiúnta a bhunú agus gníomhaithe nua agus breoslaí nua (hidrigin agus "gáis mhalartacha eile") teacht chun cinn in earnáil an fhuinnimh. Ní mór glacadh leis an riosca sin, ós rud é, mar is léir ón taithí a fuarthas, mura n-áirítear riachtanais bhreise acmhainní sa togra tosaigh, tá sé an-deacair an scéal seo a réiteach níos déanaí.

Maolaítear an riosca sin mar go n-áirítear roinnt cúraimí nua sa togra, agus cé go bhféadfaí meastachán a dhéanamh ar ualach oibre roinnt cúraimí a bheidh ann amach faoin méid is gá, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí rómheastachán ar chuid eile díobh, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí athshannadh a dhéanamh amach anseo.

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Níltear ag dréim leis go nginfear rialuithe sonracha breise ag ACER mar thoradh ar leithdháileadh cúraimí breise do shainordú reatha ACER, dá bhrí sin, ní athrófar cóimheas na gcostas rialaithe ar luach na gcistí bainistithe.

Ar an gcaoi chéanna, ní bheidh rialuithe breise ná athrú ar chóimheas na gcostas rialaithe mar thoradh ar na cúraimí atá sannta do AS ENER.

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Cuireann ACER prionsabail frithchalaoise na nGníomhaireachtaí díláraithe de chuid an Aontais i bhfeidhm, i gcomhréir le cur chuige an Choimisiúin.

I mí an Mhárta 2019 ghlac ACER Straitéis Frithchalaoise nua, lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 13/2014 ó Bhord Riaracháin ACER. Tá an straitéis nua, a bhfuil tréimhse trí bliana i gceist léi, bunaithe ar na gnéithe seo a leanas: measúnú bliantúil ar rioscaí, coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, rialacha inmheánacha maidir le sceithireacht, an beartas agus an nós imeachta chun feidhmeanna íogaire a bhainistiú, chomh maith le bearta a bhaineann le heitic agus le hionracas.

Ina theannta sin, ghlac AS ENER Straitéis Frithchalaoise athbhreithnithe (SFC) in 2020. Tá Straitéis Frithchalaoise AS ENER bunaithe ar Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin agus ar mheasúnú riosca sonrach arna dhéanamh go hinmheánach chun na réimsí is leochailí ó thaobh calaoise de a shainaithint, na rialuithe atá i bhfeidhm cheana agus na bearta is gá chun feabhas a chur ar chumas AS ENER calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú.

Áirithítear le Rialachán ACER agus na forálacha conarthacha is infheidhme maidir le soláthar poiblí gur féidir le seirbhísí an Choimisiúin, lena n-áirítear OLAF, iniúchtaí agus seiceálacha ar an láthair a dhéanamh, agus úsáid á baint as na forálacha caighdeánacha a mholann OLAF.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | An bhfuil ranníocaíocht ann | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[23]. | ó thíortha de chuid CSTE[24] | ó thíortha is iarrthóirí[25] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 02 | 02 10 06 agus 02 03 02 | Difreáilte. | TÁ/~~NÍL~~ | ~~TÁ~~/NÍL | ~~TÁ~~/NÍL | ~~TÁ~~/NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

23 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

24 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

25 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | An bhfuil ranníocaíocht ann | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN. | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | [XX.YY.YY.YY] | | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

## 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 2 | Infheistíochtaí Straitéiseacha Eorpacha – an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) |
|---|---|---|

| ACER | | | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1: | Gealltanais | (1) | 0.690 | 0.994 | 1.380 | 1.614 | 1.918 | **6.596** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0.690 | 0.994 | 1.380 | 1.614 | 1.918 | **6.596** |
| Teideal 2: | Gealltanais | (1a) | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | | | |
| Teideal 3: | Gealltanais | (3 a) | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (3b) | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh ACER** | Gealltanais | =1+1a +3a | 0.690 | 0.994 | 1.380 | 1.614 | 1.918 | **6.596** |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3b | 0.690 | 0.994 | 1.380 | 1.614 | 1.918 | **6.596** |

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 7 | ‘Caiteachas riaracháin’ |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AS: ENER | | | | | | | |
| • Acmhainní Daonna | | 0.152 | 0.304 | 0.304 | 0.456 | 0.760 | **1.976** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | |
| **IOMLÁN AS ENER** | Leithreasuithe | | | | | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | 0.152 | 0.304 | 0.304 | 0.456 | 0.760 | **1.976** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 0.842 | 1.298 | 1.684 | 2.070 | 2.678 | **8.572** |
| | Íocaíochtaí | 0.842 | 1.298 | 1.684 | 2.070 | 2.678 | **8.572** |

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe ACER*

– **X** Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **N** | | Bliain **N+1** | | Bliain **N+2** | | Bliain **N+3** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Saghas[26] | Meán chostas | An líon | Costas | An líon | Costas | An líon | Costas | An líon | Costas | An líon | Costas | An líon | Costas | An líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[27]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

26 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

27 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar acmhainní daonna ACER*

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Foirne sealadacha (Gráid AD) | 0,456 | 0,760 | 0,912 | 1,064 | 1,216 | 4.408 |
| Foirne sealadacha (gráid AST) | | | | | | |
| Foirne sealadacha (gráid AST/SC) | 0.152 | 0.152 | 0.304 | 0.304 | 0.456 | 1.368 |
| Baill foirne ar conradh | 0.082 | 0.082 | 0.164 | 0.246 | 0.246 | 0.820 |
| Saineolaithe náisiúnta ar iasacht | | | | | | |
| **IOMLÁN** | 0.690 | 0.994 | 1.380 | 1.614 | 1.918 | **6.596** |

Riachtanais foirne (FTE):

| | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Foirne sealadacha (Gráid AD) | 3 | 6 | 7 | 8 | 10 | **10** |
| Foirne sealadacha (gráid AST) | | | | | | |
| Foirne sealadacha (gráid AST/SC) | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | **5** |
| Baill foirne ar conradh (FG IV) | 1 | 2 | 3 | 3 | 6 | **6** |
| Saineolaithe náisiúnta ar iasacht | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **5** | **10** | **13** | **15** | **21** | **21** |

Ar le ranníocaíocht an Aontais Eorpaigh a mhaoinítear iad[28]:

| | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Foirne sealadacha (Gráid AD) | 3 | 5 | 6 | 7 | 8 | **8** |
| Foirne sealadacha (gráid AST) | | | | | | |
| Foirne sealadacha (gráid AST/SC) | 1 | 1 | 2 | 2 | 3 | **3** |
| Baill foirne ar conradh (FG IV) | 1 | 1 | 2 | 3 | 3 | **3** |
| Saineolaithe náisiúnta ar iasacht | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **5** | **7** | **10** | **12** | **14** | **14** |

28 Gach bliain, i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Chinneadh (AE) 2020/2152 ón gCoimisiún, déanfaidh ACER na costais sin, lena n-áirítear costais foirne, atá incháilithe le haghaidh cistiú le táillí a shainaithint agus tíolacfaidh sé an toradh ina dhréachtdoiciméad clársceidealaithe. I gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/942, cuireann an Coimisiún tuairim ar fáil maidir le dréachtdoiciméad clársceidealaithe ACER, lena n-áirítear tograí na Gníomhaireachta maidir leis na costais a mheastar a bheith incháilithe le haghaidh cistiú le táillí agus an raon feidhme ina leith, agus dá bhrí sin, laghdaítear an brú ar bhuiséad an Aontais.

Is é an 1 Eanáir den bhliain atá i gceist an dáta earcaíochta atá beartaithe do na coibhéisí lánaimseartha.

3.2.3.2. Ceanglais mheasta na n- acmhainní daonna a mheastar don (mháthair)- Ard- Stiúrthóireacht

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí ionad deachúlach amháin ar a mhéad)*

| | | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| • **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | |
| 20 01 02 01 agus 20 01 02 02 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 1 | 2 | 2 | 3 | 5 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | | |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | |
| | | | | | | |
| • **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: Coibhéis lánaimseartha)**[29] | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | | | | | |
| 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna Toscaireachtaí) | | | | | | |
| Líne/línte buiséid (sonraigh) [30] | - sa Cheanncheathrú[31] | | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | |
| **01 01 01 02** (AC, END, INT – Taighde indíreach) | | | | | | |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE – taighde díreach) | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | |

29 AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

30 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

31 Le haghaidh Chistí Bheartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) go príomha.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | 1 | 2 | 2 | 3 | 5 |

Is cúraimí nua iad sin, nach bhfuil aon fhoireann sannta dóibh faoi láthair laistigh de AS ENER. D'fhéadfadh sé go soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

- ☐ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha.
- **X** Is éard a bheidh sa togra/tionscnamh athshannadh an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil.

| Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |
|---|

- Níor cuireadh na tionscnaimh 'Oiriúnach do 55' san áireamh nuair a ríomhadh ceannteidil an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil. Toisc gur tionscnamh nua é an tionscnamh sonrach seo, beidh gá athchlárú a dhéanamh le haghaidh na líne rannchuidithe le ACER agus na líne lena dtacófar leis an obair bhreise laistigh de AS ENER. A mhéid nach féidir tionchar buiséadach na n-acmhainní daonna breise do ACER a íoc le táillí ná le ranníocaíocht reatha an Aontais, cumhdófar é trí athshannadh ó línte buiséid eile atá á mbainistiú ag AS ENER i ndáil le coibhéisí lánaimseartha breise gan táille, go háirithe ó líne buiséid Chlár Fuinnimh SCE 02 03 02), ach gan fasach a chruthú maidir le cistí SCE a úsáid.
- ☐ Éilítear leis an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil[32].

| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |
|---|

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

- Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.
- Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir leis an gcómhaoiniú atá measta thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

32 Féach Airteagail 12 agus 13 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2093/2020 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 ina leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil i gcomhair na mblianta 2021 go 2027.

## 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– X Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam..

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

   – ☐ ar acmhainní dílse

   – ☐ ar ioncam eile

   – ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[33] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam 'ilghnéitheach' atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

| |
|---|
| |

Sonraigh an modh chun an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar ioncam a ríomh.

| |
|---|
| |

33 A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

# IARSCRÍBHINN
# leis an RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

Ainm an togra/tionscnaimh:

An Rialachán maidir le gás (leasuithe ar Rialachán ACER san áireamh)

**1. LÍON AGUS COSTAS NA nACMHAINNÍ DAONNA A MHEASTAR A BHEITH RIACHTANACH**

**2. COSTAS CAITEACHAIS RIARACHÁIN EILE**

**3. COSTAIS RIARACHÁIN IOMLÁNA**

**4. MODHANNA RÍOFA A ÚSÁIDTEAR CHUN COSTAIS A MHEAS**

**4.1. ACMHAINNÍ DAONNA**

**4.2. CAITEACHAS RIARACHÁIN EILE**

*Ní mór an iarscríbhinn seo a bheith ag gabháil leis an ráiteas airgeadais reachtach nuair atá an comhairliúchán idirsheirbhísí á sheoladh.*

*Úsáidtear na táblaí sonraí mar fhoinse le haghaidh na dtáblaí atá sa ráiteas airgeadais reachtach. Tá siad á gcur ar fáil le haghaidh úsáid inmheánach laistigh den Choimisiún amháin.*

## 1. Costas na n-acmhainní daonna a mheastar a bheith riachtanach

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| EAL 7 | | 2023 | | 2024 | | 2025 | | 2026 | | 2027 | | 2028 | | 2029 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| geadais úil | | Coibhéis lánaimseartha | Leithreasuithe | Coibhéis lánaimseartha | Leithreasuithe | Coibhéis lánaimseartha | Leithreasuithe | Coibhéis lánaimseartha | Leithreasuithe | Coibhéis lánaimseartha | Leithreasuithe | Coibhéis lánaimseartha | Leithreasuithe | Coibhéis lánaimseartha | Leithreasuithe | C lána |
| an bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach) | | | | | | | | | | | | | | | | |
| l - agus | AD | 1 | 0.152 | 2 | 0.304 | 2 | 0.304 | 3 | 0.456 | 5 | 0.760 | | | | | |
| | AST | | | | | | | | | | | | | | | |
| 3 - an | AD | | | | | | | | | | | | | | | |
| | AST | | | | | | | | | | | | | | | |
| chtrach[34] | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 0 02 anra – agus | AC | | | | | | | | | | | | | | | |
| | END | | | | | | | | | | | | | | | |
| | INT | | | | | | | | | | | | | | | |
| anra – an | AC | | | | | | | | | | | | | | | |
| | AL | | | | | | | | | | | | | | | |

34 AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT = Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

| | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | END | | | | | | | | | | | | | | |
| | INT | | | | | | | | | | | | | | |
| | JPD | | | | | | | | | | | | | | |
| e a le nna | | | | | | | | | | | | | | | |
| **nna AL 7** | | 1 | 0.152 | 2 | 0.304 | 2 | 0.304 | 3 | 0.456 | 5 | 0.760 | | | | |

Is cúraimí nua iad sin, nach bhfuil aon fhoireann sannta dóibh faoi láthair laistigh de AS ENER. D'fhéadfadh sé go soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

| **NNTEIDEAL 7** ais ilbhliantúil | | 2023 | | 2024 | | 2025 | | 2026 | | 2027 | | 2028 | | 2029 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Coibhéis lánaimseartha | Leithreasuithe | Coibhéis lánaimseartha | Leithreasuithe | Coibhéis lánaimseartha | Leithreasuithe | Coibhéis lánaimseartha | Leithreasuithe | Coibhéis lánaimseartha | Leithreasuithe | Coibhéis lánaimseartha | Leithreasuithe | Coibhéis lánaimseartha | Leithreasuithe |
| **unaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | | | | | | | | |
| díreach[35] reach) | AD | | | | | | | | | | | | | | |
| | AST | | | | | | | | | | | | | | |
| **ach[36]** | | | | | | | | | | | | | | | |

[35] Roghnaigh an líne bhuiséid ábhartha, nó sonraigh ceann eile más gá; i gcás ina bhfuil níos mó línte buiséid i gceist, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir an fhoireann de réir gach líne bhuiséid lena mbaineann

| | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| sa ncheathrú | AC | | | | | | | | | | | | | | |
| | END | | | | | | | | | | | | | | |
| | INT | | | | | | | | | | | | | | |
| I reachtaí huid an | AC | | | | | | | | | | | | | | |
| | AL | | | | | | | | | | | | | | |
| | END | | | | | | | | | | | | | | |
| | INT | | | | | | | | | | | | | | |
| | JPD | | | | | | | | | | | | | | |
| díreach reach | AC | | | | | | | | | | | | | | |
| | END | | | | | | | | | | | | | | |
| | INT | | | | | | | | | | | | | | |
| ineann le *nraigh*) | | | | | | | | | | | | | | | |
| **ainní h de AL 7** | | | | | | | | | | | | | | | |
| **daonna l CAI)** | | 1 | 0.152 | 2 | 0.304 | 2 | 0.304 | 3 | 0.456 | 5 | 0.760 | | | | |

[36] AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT = Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

[37] Roghnaigh an líne bhuiséid ábhartha, nó sonraigh ceann eile más gá; i gcás ina bhfuil níos mó línte buiséid i gceist, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir an fhoireann de réir gach líne bhuiséid lena mbaineann

Is cúraimí nua iad sin, nach bhfuil aon fhoireann sannta dóibh faoi láthair laistigh de AS ENER. D'fhéadfadh sé go soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

## 2. Costas caiteachais riaracháin eile

X Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe riaracháin

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **CEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | **Bliain N**[38] | **Bliain N+1** | **Bliain N+2** | **Bliain N+3** | **Bliain N+4** | **Bliain N+5** | **Bliain N+7** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sa cheanncheathrú nó laistigh de chríoch an Aontais:** | | | | | | | | |
| 20 02 06 01 - Costas misin agus ionadaíochta | | | | | | | | |
| 20 02 06 02 - Costas a bhaineann le comhdhálacha agus cruinnithe | | | | | | | | |
| 20 02 06 03 - Coistí[39] | | | | | | | | |
| 20 02 06 04 Staidéir agus comhairliúcháin | | | | | | | | |
| 20 04 – Caiteachas TF (corparáideach)[40] | | | | | | | | |
| Línte buiséid eile nach mbaineann le hAcmhainní Daonna (*sonraigh i gcás inár gá*) | | | | | | | | |
| **I dtoscaireachtaí de chuid an Aontais** | | | | | | | | |
| 20 02 07 01 – Costas misin, comhdhálacha agus | | | | | | | | |

38 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad ‘N’ (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

39 Sonraigh an cineál coiste agus an grúpa lena mbaineann sé.

40 Teastaíonn tuairim AS DIGIT – Foireann Infheistíochtaí TF (féach na Treoirlínte maidir le Maoiniú TF, C(2020)6126 final 10.9.2020, lch. 7)

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ionadaíochta | | | | | | | | |
| 20 02 07 02 – Oiliúint bhreise a chur ar an bhfoireann | | | | | | | | |
| 20 03 05 – Bonneagar agus lóistíocht | | | | | | | | |
| Línte buiséid eile nach mbaineann le hAcmhainní Daonna (*sonraigh i gcás inár gá*) | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán Eile - CEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | | | | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | **Bliain N**[41] | **Bliain N+1** | **Bliain N+2** | **Bliain N+3** | **Bliain N+4** | **Bliain N+5** | **Bliain N+7** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin (gan foireann sheachtrach a áireamh) as leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA'): | | | | | | | | |
| - sa Cheanncheathrú | | | | | | | | |
| - i dtoscaireachtaí de chuid an Aontais | | | | | | | | |
| Caiteachas eile bainistíochta le haghaidh taighde | | | | | | | | |
| Caiteachas beartais TF ar chláir oibríochtúla[42] | | | | | | | | |

41 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Caiteachas corparáideach TF ar chláir oibríochtúla[43] | | | | | | | | |
| Línte buiséid eile nach mbaineann le hAcmhainní Daonna (*sonraigh i gcás inár gá*) | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán Eile – Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | | | | | | | | |
| **Caiteachas riaracháin iomlán eile (gach Ceannteideal CAI)** | | | | | | | | |

[42] Teastaíonn tuairim AS DIGIT – Foireann Infheistíochtaí TF (féach na Treoirlínte maidir le Maoiniú TF, C(2020)6126 final 10.9.2020, lch. 7)

[43] Áirítear san ítim seo córais áitiúla riaracháin agus ranníocaíochtaí le córais chorparáideacha TF a chómhaoiniú (féach na Treoirlínte maidir le Maoiniú TF, C(2020)6126 final 10.9.2020)

## 3. Costais riaracháin iomlána (gach Ceannteideal CAI)

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Achoimre | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceannteideal 7 – Acmhainní Daonna | 0.152 | 0.304 | 0.304 | 0.456 | 0.760 | | | |
| Ceannteideal 7 – Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | |
| **Fo-Iomlán Cheannteideal 7** | 0.152 | 0.304 | 0.304 | 0.456 | 0.760 | | | |
| Lasmuigh de Cheannteideal 7 – Acmhainní Daonna | | | | | | | | |
| Lasmuigh de Cheannteideal 7 – Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | |
| **Ceannteidil Fo-Iomlána Eile** | | | | | | | | |
| **IOMLÁN CEANNTEIDEAL 7 agus Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | 0.152 | 0.304 | 0.304 | 0.456 | 0.760 | | | |

Is cúraimí nua iad sin go hiomlán. D'fhéadfadh sé go soláthrófar na hacmhainní riaracháin is gá leis an mbuiséad a d'fhéadfadh a ath-leithdháileadh laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, agus más gá, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

## 4.

# 4. Modhanna ríofa a úsáidtear chun costais a mheas

## 4.1 Acmhainní daonna

*Leagtar amach sa chuid seo an modh ríofa a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar na hacmhainní daonna a mheastar a bheith riachtanach (toimhde maidir le hualach oibre, lena n-áirítear poist ar leith (próifílí oibre Sysper 2), catagóirí foirne agus na meánchostais chomhfhreagracha)*

| **CEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil |
| --- |
| Nóta: Tá na meánchostais le haghaidh gach catagóire foirne ag an gCeanncheathrú le fáil ar BudgWeb: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/pre/legalbasis/Pages/pre-040-020_preparation.aspx |
| • Oifigigh agus pearsanra sealadach<br>Ó 1 go 5 phost AD chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin:<br>- Maoirseacht agus comhordú le ACER<br>- Creat rialála a fhorbairt le haghaidh fhorbairt mhargadhbhunaithe na hearnála hidrigine agus na ngréasán hidrigine<br>- An creat dlíthiúil is gá a fhorbairt chun feabhas a chur ar dhálaí trádála trasteorann sa ghás, agus ról méadaitheach na ngás in-athnuaite agus ísealcharbóin á gcur san áireamh, mar aon le cearta breise le haghaidh tomhaltóirí.<br>- A áirithiú go bhfuil eintitis uile-Eorpacha oibreoirí gréasán i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais<br><br>Is ón nóta Ares(2020)7207955 a thagann na meánchostais. |
| • Foireann sheachtrach |

| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil |
| --- |
| • Na poist a fhaigheann maoiniú ón mbuiséad taighde agus na poist sin amháin |
| • Foireann sheachtrach |

## 4.2 Caiteachas riaracháin eile

*Tabhair sonraí maidir leis an modh ríofa a úsáidtear le haghaidh gach líne bhuiséid*

*agus go háirithe an toimhde bhunúsach (e.g. líon na gcruinnithe in aghaidh na bliana, meánchostais, etc.)*

| **CEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil |
| --- |
| |

| |
|---|
| |

| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil |
|---|
| |